

# ANNUAL REPORT

## TUARASCÁIL BHLIANTÚIL

Comhairle Contae Mhuineacháin

Monaghan County Council

Comhairle Contae Mhuineacháin
Monaghan County Council

2024

www.monaghan.ie

# Clár Ábhar


Réamhrá ........ 1

Léarscáil den Cheantar / Ár bhFís, ár Misean agus ár Luachanna ........ 3

Ionadaithe Tofa ........ 4

Airgeadas ........ 5

Tithíocht agus Tógáil ........ 7

An tAonad Sláinte agus Sábháilteachta ........ 11

Seirbhísí Uisce ........ 13

Cosaint an Chomhshaoil ........ 17

An tAonad um Ghníomhú ar son na hAeráide ........ 24

Oifig Oidhreachta an Chontae ........ 28

Bithéagsúlacht ........ 31

Cosaint in aghaidh Dóiteáin agus Cosaint Shibhialta ........ 34

Forbairt Pobail ........ 39

Pleanáil ........ 45

Tionscadail Chaipitil ........ 50

Athnuachan Bailte ........ 57

Seirbhísí Leabharlainne Contae Mhuineacháin ........ 62

Iarsmalann Chontae Mhuineacháin ........ 72

An Oifig Ealaíon ........ 75

An Rannóg Turasóireachta ........ 77

Oifig Fiontair Áitiúil ........ 80

Córais Faisnéise ........ 85

Bóithre agus Iompar ........ 90

Seirbhísí Corparáideacha ........ 94

Acmhainní Daonna ........ 100

Ceantar Bardasach Bhéal Átha Beithe-Chluain Eois ........ 104

Ceantar Bardasach Mhuineacháin ........ 110

Ceantar Bardasach Charraig Mhachaire Rois-Bhaile na Lorgan ........ 116

Soláthar Corparáideach ........ 119

Coistí um Beartais Straitéiseacha ........ 121

Ionadaíocht Comhairleoirí ar Choistí Seachtracha agus Comhairle ........ 123

Comhdhálacha/Oiliúint ar Fhreastail Baill orthu in 2024 ........ 129

Aguisín I Costais na gComhaltaí ........ 130

Aguisín II Ráiteas Airgeadais 2024 ........ 131

Aguisín III Ráiteas Rialachais ........ 137

# Réamhrá

Tá áthas orainn Tuarascáil Bhliantúil Chomhairle Contae Mhuineacháin a chur i láthair do 2024. Tá an dúrud seirbhísí a chuireann Comhairle Contae Mhuineacháin ar fáil le sonrú sa Tuarascáil Bhliantúil seo. Ina measc siúd tá na príomhsheirbhísí — tithíocht, bóithre, seirbhísí dóiteáin agus éigeandála — mar aon leis an tacaíocht a thugaimid do phobail áitiúla i réimsí na n-ealaíon, na leabharlann, na hoidhreachta, an chaomhantais, na haoisbhá agus na forbartha geilleagraí.

Rinne an Chomhairle an-dul chun cinn arís in 2024. Chuir sí nuálaíocht agus éifeachtúlachtaí suntasacha ar fáil agus dhírigh sí ar a ról ceannaireachta chun forbairt áitiúil, forbairt pobail agus forbairt gheilleagrach a spreagadh. De réir Phlean Corparáideach 2019-2024 agus, go deimhin, Phlean Corparáideach 2024-2029 (nuashonraithe), is é an sprioc is mó atá againn a chinntiú go mbíonn Muineachán ina áit tharraingteach le maireachtáil ann, le hoibriú ann, le gnó a dhéanamh ann agus le cuairt a thabhairt air.

D'óstáil Comhairle Contae Mhuineacháin na Gradaim Mórtais Ceantair de chuid IPB i mí na Samhna 2024. Comórtas ardghradaim is ea é a thugann ómós don obair a dhéanann pobail ar fud na hÉireann. Bhí os cionn leathmhíle duine i láthair ag oíche ceiliúrtha gradam in Hillgrove Hotel. Bhuaigh sráidbhaile Eoroma i gContae Mhuineacháin an chéad duais sa chatagóir don daonra is lú. Cuireann an Chomhairle an iliomad seirbhísí forbartha pobail ar fáil, rud a léiríonn gur comhpháirtí láidir iontaofa sinn.

Bliain bhisiúil ab ea 2024 i dtaca le soláthar tithíochta. Chuir an Chomhairle 120 teach úr ar fáil do dhaoine aonair agus do theaghlaigh a bhí ar an liosta tithíochta sóisialta. Shínigh Comhairle Contae Mhuineacháin ceann de na conarthaí tithíochta is mó dá gcuid i mí na Nollag 2024 — conradh ab ea é le haghaidh forbairt ar 72 teach ag dá shuíomh i mbaile Mhuineacháin. Tá súil ag an gComhairle go gcuirfear na tithe sin i gcrích taobh istigh de 12 mhí ach leas a bhaint as conradh deartha agus tógála luathaithe agus modhanna nua-aimseartha tógála.

Sa bhliain 2024, réitigh an Chomhairle Straitéis Turasóireachta uaillmhianach 5 bliana agus bhunaigh sí Fóram Turasóireachta agus Áineasa ar fud an chontae. Tá cathaoirleach neamhspleách ina bhun agus tá sé mar sprioc aige cuspóirí na straitéise a chur i bhfeidhm ach leas a bhaint as cur chuige comhpháirtíochta. Bronnadh an duais 'Ag Tacú leis an Turasóireacht' ar Rannóg Turasóireachta na Comhairle ag na Gradaim um Fheabhas sa Rialtas Áitiúil, 2024. Tugadh aitheantas sa duais úd do na dianiarrachtaí a rinne sí chun sár-áis caithimh aimsire a dhéanamh de Pháirc Foraoise Ros Mór.

Bliain mhór ba ea 2024 maidir le tacaíocht a thabhairt don fhiontraíocht agus don fhorbairt gheilleagrach sa chontae. Osclaíodh Mol Fiontraíochta nua C:TEK II i gCarraig Mhachaire Rois i dtreo dheireadh na bliana seo a chuaigh thart. Ba iad an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Comhairle Contae Mhuineacháin a mhaoinigh an t-ionad gnó úrscothach sin ar fiú €3.9 milliún é. Tá sé de chuspóir ag an Mol tallann ghnó agus nuálaíochta sóisialta a choimeád agus a mhealladh i nDeisceart Mhuineacháin agus spás nua-aimseartha compordach a chur ar fáil faoi choinne na cianoibre, gnólachtaí nua-thionscanta agus gnólachtaí agus fiontair atá ag borradh. Tá spás oifige inacmhainne, leathanbhanda ardluais, fáiltiú agus seomraí cruinnithe le fáil san áis.

Osclaíodh Campas Síochána Mhuineacháin i mí na Bealtaine 2024. Tá sé i ndiaidh dul chun leasa go mór do na húsáideoirí ach fís na Comhairle a chomhall maidir le mol tiomnaithe feabhsaithe trasphobail agus trasteorann. Is sampla é an Campas Síochána d'athnuachan bhríoch i lár an bhaile. Is spás comhroinnte é i gcomhair gníomhaíochtaí cultúrtha, oidhreachta agus sóisialta, rud a chuireann aontacht chun cinn. Spreagtar inoiriúnaitheacht agus caidreamh sóisialta de thairbhe an dearaidh agus cuireann sé sin go mór le móreispéireas an phobail.

I mí Feabhra 2024, ghlac comhairleoirí an Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide don chontae, de chuid na Comhairle, d'aon toil. Cuireadh an plean cúig bliana le chéile de thoradh cuid mhór comhairliúcháin le páirtithe leasmhara. Tá de bhreis ar 150 gníomh aeráide ann faoi chúig théama, mar atá, rialachas, timpeallacht thógtha agus iompar, timpeallacht nádúrtha, pobail agus inbhuanaitheacht. Léiríonn an tionscnamh sin go bhfuil rún daingean ag an gComhairle dul i ngleic leis an athrú aeráide agus todhchaí inbhuanaithe a chinntiú do chónaitheoirí, do phobail agus do ghnólachtaí Mhuineacháin.

Osclaíodh Céim 2 den tionscadal, Athchóiriú Chanáil Uladh, go hoifigiúil i gCluain Eois i mí an Mheithimh 2024. Díríodh sa chéim sin ar athchóiriú na canála idir Cluain Eois agus Cluain Fada i gContae Mhuineacháin, lenar áiríodh muiríne in abhantrach na canála agus limistéar taitneamhachta i gCluain Eois. Uiscebhealaí Éireann a bhí i gceannas ar an

tionscadal. Fuarthas €24 milliún chun an chéim seo a chríochnú ó Chiste an Oileáin Chomhroinnte, ón Roinn Forbartha Tuaithe agus ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

Bliain chinniúnach ab ea 2024 don daonlathas áitiúil sa chontae. Bhí toghcháin áitiúla ar siúl Dé hAoine, an 7 Meitheamh 2024. Bhí 36 iarrthóir ag iarraidh ceann de na 18 suíochán a shaothrú sna trí thoghcheantar — Béal Átha Beithe-Cluain Eois, Carraig Mhachaire Rois-Baile na Lorgan agus Muineachán. Atoghadh ceithre bhall déag reatha chun Comhairle Contae Mhuineacháin. Toghadh ceathrar Comhairleoirí úra fosta — Sinéad Flynn i dtoghcheantar Bhéal Átha Beithe-Chluain Eois, Paul Gibbons i dtoghcheantar Charraig Mhachaire Rois-Bhaile na Lorgan agus Pauric Clerkin agus Bronagh McAree i dtoghcheantar Mhuineacháin. Is tábhachtach fosta aitheantas a thabhairt do na Comhairleoirí sin a d'éirigh as a bpost nó nár atoghadh anuraidh agus don obair a rinneadar ar son na seirbhíse poiblí, mar atá, Brian McKenna, Hugh McElvaney, Podge Connolly agus Aoife McCooey.

Toisc gur toghadh Cathy Bennett agus David Maxwell chun na Dála i mí na Samhna 2024, roghnaigh a bpáirtithe faoi seach an Comhairleoir Niamh McCooey agus an Comhairleoir Alan Johnston le bheith comhthofa chuig Comhairle Contae Mhuineacháin chun na folúntais a líonadh.

Chomh maith leis sin, ba mhaith linn freisin Baill na gCoistí um Beartais Straitéiseacha, an Grúpa um Beartas Corparáideach agus an Coiste Forbartha Pobail Áitiúil a mholadh agus aitheantas a thabhairt don obair go léir a dhéantar ag leibhéal an Cheantair Bhardasaigh agus d'obair na gcoistí dícheallacha éagsúla eile. Is mór againn na coistí seo thar ó thaobh cúnamh a thabhairt don Chomhairle tabhairt faoina cuspóirí agus dul chun cinn a dhéanamh trína gnó. Tá tiomantas na gComhairleoirí agus na gcomhaltaí seachtracha le feiceáil ó na gníomhaíochtaí atá leagtha amach sa tuarascáil.

Gabhaimid ár mbuíochas as dúthracht agus as obair chrua na gComhaltaí Tofa, na Foirne Bainistíochta agus Fhoireann na Comhairle, agus as a dtacaíocht leanúnach chun seirbhís ardchaighdeáin a chur ar fáil don phobal in 2024. Is beag a bhainfimis amach i ndáiríre gan comhoibriú ár bpáirtithe leasmhara éagsúla agus ba mhaith linn an fhaill seo a ghlacadh chun buíochas a ghabháil le gach duine acu as a dtacaíocht agus a gcomhar seasta.

Táimid buíoch den Chomhairleoir David Maxwell, an Cathaoirleach atá ag dul as oifig, agus den Chomhairleoir Pat Treanor, an Leas Chathaoirleach atá ag dul as oifig, as a dtiomantas agus a gcomhoibriú maidir le spriocanna ardleibhéil na Comhairle a bhaint amach in 2023/2024. Táimid muiníneach go gcuirfidh obair na Comhairle agus an dul chun cinn atá déanta feabhas ar chaighdeán na beatha do mhuintir Mhuineacháin.

Ar deireadh, ba dheas linn buíochas a ghabháil le bunadh Chontae Mhuineacháin. Is iad bhur mbród, bhur spiorad pobail, bhur gceannaireacht, bhur bhfiontraíocht agus bhur saorálaíochas a chuireann ár gcuid tionscnamh chun tosaigh. Téann an obair a dhéanann sibh i gcion go mór ar ár bpobail.

Molaimid an Tuarascáil Bhliantúil seo lena glacadh ag na Comhaltaí Tofa. Tugtar achoimre chuimsitheach inti ar éachtaí na Comhairle in 2024 agus leagtar béim inti ar an lear mór gníomhaíochtaí a rinneadh ar mhaithe le Contae Mhuineacháin agus níos faide i gcéin.



**Paul Gibbons**
**Cathaoirleach Chomhairle Contae Mhuineacháin**



**Robert Burns**
**Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Mhuineacháin**

# District Map




# Our Vision

**A thriving, entrepreneurial, and vibrant community supported by a prosperous economy and a sustainable environment.**

# Our Mission

**Delivering high-quality people-centred services**

# Our Values

**DIGNITY & RESPECT**
We treat everyone with dignity and respect

**PEOPLE-CENTRED**
We put people at the heart of all that we do

**INTEGRITY**
We do the right things in the right way

**INNOVATION & EXCELLENCE**
We work to do things better

**LEADERSHIP**
We bring others on our journey

**DEMOCRACY**
We represent and serve the people

**SUSTAINABILITY**
We protect the future for Monaghan

**WELLBEING**
We look after our people

# Comhaltaí Tofa

Is iad seo a leanas na Comhaltaí Tofa do Chontae Mhuineacháin:

## CEANTAR BARDASACH BHÉAL ÁTHA


Clr Seamus COYLE (FF)


Clr Richard TRUELL (FG)


Clr Sinéad FLYNN (SF)


Clr Sean GILILAND (FG)


Clr Pat TREANOR (SF)

## CEANTAR BARDASACH MHUINEACHÁIN


Clr Raymond AUGHEY (FF)


Clr Seamus TREANOR


Clr Seán CONLON (SF)


Clr Pauric CLERKIN (FG)


Clr Bronagh MCAREE (SF)


Clr Alan JOHNSTON (FG)


Clr Niamh MCCOOEY (SF)

## CEANTAR BARDASACH CHARRAIG MHACHAIRE ROIS/BHAILE NA LORGAN


Clr Noel KEELAN (SF)


Clr Aidan CAMPBELL (FG)


Clr PJ O'HANLON (FF)


Clr Colm CARTHY (SF)


Clr Paul GIBBONS (SF)


Clr Peter CONLON (FG)

# Airgeadas

### Réiteach an Ráitis ar Staid an Airgeadais (SoFP) agus athbhreithniú an Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach (SoCI)

Déanann an rannóg Airgeadais réitigh agus athbhreithnithe rialta ar iarmhéideanna ar an SoFP, agus ar an gcaoi sin cloítear le moltaí dea-chleachtais. Cinntíonn sé seo go mbailítear fiacha chomh tapa agus is féidir, go n-aithnítear maoiniú do thionscadail chaipitil agus go ndéantar monatóireacht agus athbhreithniú ar idirbhearta ar bhonn tráthúil, go ndéantar iasachtaí a réiteach le ráitis agus go ndéantar sócmhainní seasta a réiteach le cláir eile atá ar fáil mar iHouse agus an Clár Sócmhainní Réadmhaoine. Ina theannta sin, déanann an rannóg Airgeadais anailís ráithiúil ar chaiteachas agus ioncam iarbhír i gcomparáid le hioncam agus caiteachas buiséadaithe chun a chinntiú go ndéantar gach caiteachas agus ioncam a phostáil go cruinn agus go n-aithnítear sa tréimhse cheart iad.

### Barrachas Carnach

Bhain an Chomhairle barrachas carnach €531,313 amach in 2023. Tá súil ag an gComhairle barrachas a choinneáil amach anseo. Baintear barrachas bliantúil amach trí ullmhúchán cruinn buiséid, feasacht ar laghdú costas agus monatóireacht chúramach ar chaiteachas iarbhír i gcoinne an bhuiséid.

### Bainistíocht an Státchiste

D’fhonn ús infhaighte ar chistí breise a uasmhéadú, déanann baill foirne na rannóige Airgeadais monatóireacht ar an iarmhéid bainc agus aistríonn siad cistí breise chuig HFA, a íocann 1.5% ar infheistíochtaí suas le trí mhí agus 2% ar infheistíochtaí thar thrí mhí.

### Bailiú Rátaí

Bhí bailiúchán Rátaí Chomhairle Contae Mhuineacháin thar a bheith maith arís in 2024. Meastar gurb é 99% an ráta bailiúcháin deiridh. Is a bhuí le billeáil luath agus chruinn, baill foirne a bhfuil taithí acu, roghanna íocaíochta iolracha do chustaiméirí agus úsáid sainghnólachtaí dlí atá ráta bailithe Chomhairle Contae Mhuineacháin chomh hard sin.

### Díscríobh Rátaí a laghdú

Mar iarracht chun aghaidh a thabhairt ar leibhéal na réadmhaoine folmha i gceantair uirbeacha, ghlac na Comhaltaí Tofa rún ag cruinniú Bhuiséad 2023 chun an díscríobh Rátaí ar réadmhaoin tráchtála a laghdú ó 100% go 80% le haghaidh 2023 (agus 2024 freisin). Tá laghdú tagtha ar fholúntais dá bhrí sin. Ó tugadh isteach an laghdú díscríofa, rinneadh roinnt réadmhaoine a dhíliostú, a athshocrú, a thiontú le haghaidh úsáide baile nó tá athchóiriú á ndéanamh orthu.

### Tionchar Chostas an Oifigigh Dóiteáin ar Áirithíocht

Bhí cur i bhfeidhm mholtaí an choimisiúin um chaidreamh san áit oibre do chomhraiceoirí dóiteáin ar áirithíocht le cur i bhfeidhm le héifeacht ón timthriall pá seachtainiúil/coicíse is gaire don 1 Iúil 2023. Chuir an comhaontú ioncam seasta ar fáil do chomhraiceoirí dóiteáin ag tosú ag €18,050 in aghaidh na bliana d'earcaigh nua. Beidh criú de 12 ar a laghad i ngach stáisiún dóiteáin. Mar gheall air sin, ba ghá 12 comhraiceoir dóiteáin nua agus príomhoifigeach dóiteáin cúnta i gContae Mhuineacháin a earcú. Cuireadh tús le feachtas earcaíochta sa 4ú Ráithe de 2023 agus lean sé ar aghaidh in 2024. Meastar gurb ionann na costais bhreise don tseirbhís dóiteáin ar áirithíocht do 2025 agus thart ar €609,904.

### Uisce Éireann – Costais Thréigthe

D'eisigh DHLGH Meabhrán Tuisceana le linn 2023 maidir le híocaíochtaí le hÚdaráis Áitiúla ar chostais tréigthe a d'eascair as an gclár Seirbhísí Uisce a Chlaochlú. Maidir leis an tréimhse idir 2024 agus 2026, arb í an tréimhse a thuartar sa chreat chun foireann údaráis áitiúil a tharraingt siar ó sholáthar seirbhísí uisce í, déantar Costais Bhainistíochta Lárnacha (CMC) a bhaineann le seirbhísí Uisce a fháil ar ais ó DHLGH in ionad Uisce Éireann mar a bhí amhlaidh roimhe seo. Mar thoradh air sin, tá laghdú tagtha ar an sruth ioncaim seo toisc go mbeidh formhór an fhorchúitimh sin bunaithe ar chostais CMC ó 2022.

## Ullmhú Buiséid

I rith R3/R4 2024, d'ullmhaigh an rannóg Airgeadais buiséad bliantúil Ioncaim 2025. Tá foráil anseo le haghaidh €93m d'ioncam agus caiteachas. Déantar ioncam ó rátaí a bhuiséadú ag €16.7 milliún (ARV 0.2518) agus déantar maoiniú ón gCáin Mhaoine Áitiúil a bhuiséadú ag €13.242 milliún, lena n-áirítear méadú 15% ar an mbonnráta. Tá méadú 5% tagtha ar mhaoiniú Bhuiséad 2025 le taobh bhuiséad 2024. Is ionann é sin agus €4.1 milliún d'ioncam agus de chaiteachas sa bhreis do Chomhairle Contae Mhuineacháin le haghaidh 2025. Ullmhaíodh an Buiséad agus é mar chuspóir maoiniú a chur ar fáil chun leanúint leis na leibhéil seirbhíse atá ann cheana in ainneoin na ndúshlán a bhaineann le costais atá ag ardú.

## Deontas um Chostas Méadaithe Gnó (ICOB) agus Deontas *Power Up*

Mar chuid de Bhuiséad 2024, chuir an Rialtas a shéala le pacáiste €257 milliún don Deontas um Chostas Méadaithe Gnó (ICOB) mar bheart ríthábhachtach do ghnólachtaí beaga agus meánmhéide. Rinne Comhairle Contae Mhuineacháin, arna maoiniú tríd an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (DETE), bainistiú ar fheidhmiú céimneach an deontais do ghnólachtaí incháilithe. Rinneadh íocaíocht deontais aonuaire leis na gnólachtaí incháilithe. Bhí méid an deontais a íocadh leis na gnólachtaí incháilithe bunaithe ar luach an bhille do Rátaí Tráchtála a fuair na gnólachtaí in 2023. Phróiseáil Comhairle Contae Mhuineacháin 1,823 deontas ICOB, arbh fhiú €3.158 milliún iad, in 2024.

Chuidigh an deontas *Power Up* le gnólachtaí incháilithe costais na ngnólachtaí atá ag dul i méid a sheasamh. Bhí sé i gceist go dtabharfadh an deontas cúnamh do ghnólachtaí, seachas an uile mhéadú ar phá, nó ar chostais eile, a chúiteamh go díreach.

Phróiseáil Comhairle Contae Mhuineacháin 761 deontas *Power Up*, arbh fhiú €3.044 milliún iad, in 2024.

# Tithíocht & Foirgneamh

## Soláthar Tithíochta 2024

Cuireadh 117 aonad tithíochta sóisialta breise ar fáil in 2024. Seachadadh na tithe seo trí mheascán tithe nuathógtha agus ceannacháin nua.

Ba é 57 aonad tithíochta sóisialta sprioc na Roinne Tithíochta a socraíodh do Chomhairle Contae Mhuineacháin le haghaidh 2024. Sáraíodh an sprioc faoi 105%. Ba iad na tionscadail tógála nua príomhfhócas an chláir caiteachais chaipitiúil le haghaidh 2024.

Chuir Comhairle Contae Mhuineacháin na tithe úra seo i gcrích: 40 teach in Knockcarrick, Eanaigh Gheala; 17 dteach i gCoill an Rí, Carraig Mhachaire Rois; agus 4 theach i gCnoc na Gréine, Tigh Damhnata. Tá ceithre theach úra i nGleann Droimnín, Carraig Mhachaire Rois faighte ag Comhairle Contae Mhuineacháin faoi idirbheartaíocht Chuid IV.

Mar údarás áitiúil, tá caidreamh oibre den scoth againn le Comhlachtaí Tithíochta Ceadaithe agus leanaimid orainn ag comhoibriú leo le haonaid tithíochta sóisialta a chur ar fáil. I gcomhar le Tuath Housing, tá 16 theach curtha ar fáil i gCoill na Cloiche, Muineachán agus tá 2 theach curtha ar fáil i Radharc an Bhrí i mBaile na Lorgan. Chuir North & East Housing Association seacht dteach úr ar fáil i Sráid an Halla, Baile na Lorgan, mar aon le deich dteach i gCúil Seannach, Muineachán.

Chuir Comhairle Contae Mhuineacháin ceannachán 13 theach i gcrích in 2024 — 4 cinn le haghaidh Tionóntaí *in Situ* agus 9 gcinn le haghaidh Imeacht ó easpa dídine/easpa dídine a chosc.

Tríd an scéim, Morgáiste go Cíos, tá ceithre theach eile á mbainistiú anois ag “Home for Life”. Taifeadtar na réadmhaoine seo go hoifigiúil faoin gceannteideal “Léasú” nó is féidir go mbeidh siad faoi úinéireacht na n-áititheoirí arís sa deireadh. Tá siad faoi úinéireacht “Home for Life” faoi láthair, áfach, chun ligean d’áititheoirí fanacht ina dtithe in ainneoin saincheisteanna airgeadais.

## Folúntais Ócáideacha / Tithe Folmha

Dhéileáil Comhairle Contae Mhuineacháin le 78 Folúntas Ócáideach in 2024 ar chostas €1,322,539 agus
fuair sí €648,628 faoi chomhair na gcostas ar ais ón Roinn Tithíochta agus ó Chomhlachtaí Poiblí na hÉireann. Ullmhaíodh na tithe lena n-athligean ar mheánchostas €16,955.63 an ceann agus críochnaíodh iad taobh istigh de thart ar 16.67 seachtain ar an meán. Méadú beag é sin ar 16.22 seachtain in 2023. I measc na ngnáthoibreacha athligin tá cistin nua, urlárlach, an córas leictreachais, péintéireacht, córas teasa, uasghráduithe ar an seomra folctha agus fálú. Níl aon tithe folmha fadtéarmacha ag Comhairle Contae Mhuineacháin.

## Cothabháil Tithe

Caitheadh €1,217,405 ar Chothabháil Tithe sa bhliain 2024, ar figiúr é atá os cionn an bhuiséid (€1,075,000) a leagadh amach faoi choinne cothabháil ghinearálta freagartha agus phleanáilte ar stoc tithíochta na Comhairle. Fuarthas €102,645 ar ais ón Roinn Tithíochta agus chlúdaigh Fáltais Chaipitil Inmheánacha an t-iarmhéid a bhí fágtha. Bhí cuid den locht as an méadú sin ar an Stoc Tithíochta atá ag dul i méid. Fáth eile ná na hoibreacha breise práinneacha nach raibh súil leo agus a tháinig chun solais de bharr cigireachtaí.

Fuair, agus logáil, an Rannóg Tithíochta 2,026 iarratas ar dheisiú in 2024, ar méadú beag é ar 1,904 iarratas in 2023. Tá siad seo a leanas ar na príomhréimsí cothabhála tithe le haghaidh teaghaisí a bhfuiltear ina gcónaí iontu:

1. Cothabháil Freagartha ina ndéileáiltear le héigeandálaí tionóntaí agus le hiarratais ar dheisiú a thuairiscítear. Leanann an Rannóg Tithíochta ag dul i dteagmháil le tionóntaí chun faisnéis chuí a sholáthar maidir leis na freagrachtaí seo.

2. Is éard atá i gceist le Cothabháil Phleanáilte cláir spriocdhírithe a sheachadadh le haghaidh oibreacha feabhsúcháin agus athsholáthair ar leith.

Maidir le hoibreacha cothabhála pleanáilte spriocdhírithe in 2024, díríodh ar oibreacha seachtracha, lena n-áirítear

córais cóireála dramhuisce, athsholáthar teorainneacha, athsholáthar fuinneog agus doirse agus athsholáthar dín.

## Tionóntachtaí na Comhairle Contae

In 2024 cuireadh tús le 172 tionóntacht nua ag Comhairle Contae Mhuineacháin agus tairgeadh tionóntachtaí le Comhlacht Ceadaithe Tithíochta do 23 duine breise ó liosta tithíochta na Comhairle.

Féach na táblaí thíos le haghaidh Leithdháiltí Chomhairle Contae Mhuineacháin in 2024.

**Leithdháiltí de réir Ceantar Bardasach**

| Réadmhaoin Chomhairle Contae Mhuineacháin — 2024 | |
|---|---|
| Cluain Eois/Béal Átha Beithe | 42 |
| Muineachán | 51 |
| Carraig Mhachaire Rois/Baile na Lorgan | 79 |
| IOMLÁN | 172 |

**Leithdháiltí de réir an Chineáil Réadmhaoine**

| Réadmhaoin Chomhairle Contae Mhuineacháin — 2024 | |
|---|---|
| 1 Seomra Leapa | 15 |
| 2 Sheomra Leapa | 72 |
| 3 Sheomra Leapa | 68 |
| 4 Sheomra Leapa | 15 |
| 5+ Sheomra Leapa | 2 |
| IOMLÁN | 172 |

## Seirbhísí do Dhaoine gan Dídean:

In 2024, fuair Comhairle Contae Mhuineacháin 185 fiosrúchán go díreach ó theaghlaigh iad féin nó ó dhaoine eile ar a son, á rá go rabhadar gan dídean. Tugadh faoi deara go raibh tionchar aige sin ar 91 páiste go hindíreach.

Tar éis Measúnú um Dhaoine gan Dídean a dhéanamh, measadh go raibh 33 teaghlach gan dídean, lenar áiríodh beirt pháistí a raibh tionchar aige sin orthu go hindíreach, agus ba ghá iad a cur i gCóiríocht Éigeandála do Dhaoine gan Dídean. Bhí deacrachtaí a bhaineann le cóiríocht i gceist leis na 152 fiosrúchán eile nó bhí siad i mbaol gan dídean a bheith acu, ach ní raibh siad gan dídean.

Maidir le gach fiosrú faoi dhaoine gan dídean, chuir Seirbhísí na Comhairle do Dhaoine gan Dídean tacaíocht agus treoir ar fáil. Tá 6 dhuine aonair ag plé leis an gClár, Tús Áite don Tithíocht, i gContae Mhuineacháin faoi láthair. Tá siad ag fanacht i meascán d'aonaid tithíochta Údaráis Áitiúil agus Cheadaithe agus faigheann siad tacaíocht ó thimseirbhís tacaíochta a chuireann Iontaobhas Peter McVerry ar fáil dóibh.

## Cóiríocht don Lucht Siúil

Tá Comhairle Contae Mhuineacháin i ndiaidh a Clár Cóiríochta don Lucht Siúil, 2025 go 2029, a ullmhú. Cuirfear tacaíocht tithíochta sóisialta don Lucht Siúil ar fáil trí Thithíocht Shóisialta, Comhlacht Ceadaithe Tithíochta, cóiríocht a bhaineann go sonrach leis an Lucht Siúil agus cúnamh ÍCT a sholáthar.

Meastar go raibh 168 teaghlach de chuid an Lucht Siúil ina gcónaí i gContae Mhuineacháin in 2024. Tá 108 teaghlach ina gcónaí i dteach ar cíos ón Údarás Áitiúil, tá 20 teaghlach ina gcónaí i dteach a ceannaíodh le cúnamh ón Údarás Áitiúil, tá 2 theaghlach ina gcónaí i dteach a fuarthas gan aon chúnamh ón Údarás Áitiúil, tá 11 teaghlach ina gcónaí i gcóiríocht phríobháideach ar cíos, faigheann 10 gcinn de na teaghlaigh sin tacaíocht faoi choinne a gcíosa, tá 2 theaghlach ina gcónaí i dtithíocht Comhlachtaí Ceadaithe, tá 2 dhuine aonair ina gcónaí i gcóiríocht eile a fhaigheann tacaíocht ón stát, tá 11 teaghlach ag roinnt cóiríochta, tá 11 teaghlach ina gcónaí i gcóiríocht a bhaineann go sonrach leis an Lucht Siúil, tá teaghlach amháin ar thaobh an bhóthair. Déanfaidh an tÚdarás Áitiúil na riachtanais chóiríochta reatha agus réamh-mheasta a mheas sa Chlár Cóiríochta don Lucht Siúil, 2025-2029.

## Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (ÍCT)

Tá ról tábhachtach ag ÍCT fós mar chineál tacaíochta tithíochta sóisialta dóibh siúd a bhfuil riachtanas fadtéarmach tithíochta acu. Cuireadh tús le 104 tionóntacht in 2024 agus bhí 474 tionóntacht ghníomhach le tacaíocht ÍCT san iomlán amhail an 31 Nollaig 2024.

Tá Ionad Seirbhísí Comhroinnte ÍCT atá lonnaithe i gComhairle Cathrach agus Contae Luimnigh freagrach as gach idirbheart airgeadais, bailiú cíosa ó thionóntaí agus íocaíocht tiarna talún ag deireadh na míosa. Scéim Cóiríochta Cíosa. Is éard atá sa Scéim Cóiríochta Cíosa (RAS) ná tacaíocht do dhaoine a bhfuil gá acu le tithíocht fhadtéarmach.
Ba é 216 líon iomlán na dtionóntachtaí a raibh tacaíocht chíosa RAS á fáil acu amhail an 31 Nollaig 2024: bhí 66 teaghlach i gcóiríocht phríobháideach ar cíos agus bhí 150 teaghlach i réadmhaoin Comhlachta Cheadaithe Tithíochta.
Agus na tionóntachtaí uile le chéile, ba é €87,396.25 cíos na dtiarnaí talún in aghaidh na míosa amhail an 31 Nollaig 2024.

## Deontais Tithíochta — Príobháideach

Fuair Comhairle Contae Mhuineacháin leithdháileadh tosaigh de €1,199,930 in 2024 agus, tar éis iarratais a dhéanamh chuig an Roinn, méadaíodh é sin go dtí €1,953,903 mar gheall ar an dúrud daoine a ghlac le deontais tithíochta sa

chontae. Cheadaigh an Rannóg Tithíochta 352 iarratas ar dheontas tithíochta, ag íoc amach ar 258 iarratas agus ag cúiteamh ina n-iomláine ar 253 iarratas. Tá Comhairle Contae Mhuineacháin fós ag barr 'tábla tarraingthe anuas' na Roinne le haghaidh 2024, fianaise ar an obair iontach atá á déanamh ag gach duine a bhfuil baint acu leis na scéimeanna éagsúla deontais a chur chun cinn agus a sheachadadh.

### Deontais do Dhaoine faoi Mhíchumas — Réadmhaoin LA

Sa bhliain 2024, thug Comhairle Contae Mhuineacháin faoi oibreacha lucht míchumais i 26 réadmhaoin. Ar an hoibreacha a rinneadh bhí cithfholcadán boinn leibhéalta, rampaí, lámhráillí, cathaoireacha staighre agus síneadh. De dheasca na n-oibreacha sin, beidh na tionóntaí ábalta fanacht neamhspleách, aire a thabhairt dóibh féin agus fanacht ina dtithe.

### Athrú Aeráide

Tá Comhairle Contae Mhuineacháin tiomanta d'éifeachtaí diúltacha an Athraithe Aeráide ar a stoc tithíochta sóisialta a laghdú. Tá an fhoireann i Rannóg Tithíochta Chomhairle Contae Mhuineacháin meáite ar na gníomhartha a shainaithnítear sa cháipéis, Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide, de chuid Chomhairle Contae Mhuineacháin (2024-2029) a chur i gcrích.

Tá gach tionscadal tithíochta sóisialta á dhearadh chun maolú ar thionchair an athraithe aeráide nó chun oiriúnú dóibh.

Fostaíonn Comhairle Contae Mhuineacháin sainchomhairleoirí chun tuarascálacha Scagtha maidir leis an Treoir maidir le Gnáthóga, scagadh maidir le Tionchar Timpeallachta, suirbhéanna Mamach Talún agus suirbhéanna Éaneolaíochta a dhéanamh ag céim na réamhphleanála a chuireann bonn eolais faoi na pleananna Bainistíochta Timpeallachta de bharr Tógála agus na pleananna Bainistíochta Acmhainní agus Dramhaíola i gcomhair forbairtí tithíochta.

Tá bearta gníomhaithe ar son na haeráide á gcur san áireamh i bhforbairtí nua tithíochta sóisialta, lena n-áirítear conairí bithéagsúlachta, bogaigh, draenáil thar cholbhaí isteach i gclaiseanna reatha/in imchuacha coinneála, pábháil phóiriúil, Grasscrete, struchtúir coinneála an ghlais, móinéir bláthanna fiáine agus soláthar glas.

Baineann ár gcuid ceardaithe agus conraitheoirí úsáid as táirgí agus as ábhair nach ndéanann díobháil don timpeallacht, macasamhail earraí glantacháin, péinteanna agus líonaigh, díobhaigh mhúscáin agus réitigh ar bheagán carbón corpraithe le haghaidh ábhair thógála ar nós painéil dín.

Rinne McCloy Consulting Measúnú Scagtha maidir le Baol Tuile ar thithíocht shóisialta i 15 limistéar i mí na Samhna 2024.

### Oibreacha Éifeachtúlachta Fuinnimh

Ag tógáil ar rath an Chláir Éifeachtúlachta Fuinnimh sna blianta roimhe seo, sháraigh Comhairle Contae Mhuineacháin a leithdháileadh (68 réadmhaoin) ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta do 2024 agus chuir sí oibreacha uasghrádaithe i gcrích i 127 réadmhaoin ar chostas €4,379,779.

Mhaoinigh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta 98% de na costais seo (€4,318,000). I measc na n-oibreacha bhí fuinneoga agus doirse nua, insliú ballaí inmheánacha nó seachtracha (más gá) agus suiteáil teaschaidéil. I measc na n-oibreacha freisin, bhí seanchórais téimh neamhéifeachtúla a bhaint, insliú dín comhréidh a uasghrádú, simléir atá ann cheana a dhúnadh agus gach obair eile is gá chun Rátáil Fuinnimh Foirgnimh B2 (RFF) ar a laghad a bhaint amach.

I ndiaidh fheabhas 2024, tá méadú tagtha ar an leithdháileadh don bhliain 2025 go 101 réadmhaoin, ach tá sé ar intinn ag Comhairle Contae Mhuineacháin an líon sin a shárú le clár uaillmhianach eile. Maidir le clár oibreacha 2025, díreofar arís ar an stoc tithíochta is lú feidhmíocht, ach beidh meascán áitreabh ó raon Rátálacha Fuinnimh Foirgnimh i gceist lena chinntiú go mbeidh idir thithe ar gá cuid mhór airgid a chaitheamh orthu agus tithe nach gá an oiread céanna airgid a chaitheamh orthu ann. Dá bhrí sin, bainfear an leas is mó agus is féidir as an meánmhaoiniú a chuirfear ar fáil.

## An Grúpa Stiúrtha Tithíochta agus Míchumais (HDSG)

Mar chuid de ról an Ghrúpa Stiúrtha Tithíochta agus Míchumais, lean Comhairle Contae Mhuineacháin ar aghaidh ag obair leis na gníomhaireachtaí go léir chun seirbhísí a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas.

Mar Údarás Tithíochta, díríodh ar thithíocht fhóirsteanach ardchaighdeáin a chur ar fáil do na hiarratasóirí agus na tionóntaí sin ar mian leo a bheith i gcóiríocht níos feiliúnaí. Bunaíodh foghrúpaí HDSG i gcomhar le rannóga Míchumais Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, i.e. Meabhairshláinte, Míchumas Fisiciúil/Céadfach agus Míchumas Intleachtúil.

Thug Comhairle Contae Mhuineacháin faoi fhardal iomlán ar an Liosta Feithimh um Thithíocht Shóisialta agus eagraíodh slám cruinnithe leis na Foghrúpaí Míchumais éagsúla de chuid Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte chun na daoine/teaghlaigh sin atá i ngátar tithíocht ar leith a shainaithint agus tús áite a thabhairt dóibh le gur féidir freastal ar a gcuid riachtanais mhíchumais. Mar thoradh air sin, chríochnaigh an Rannóg Tithíochta 58 leithdháileadh úr dár stoc féin do dhaoine faoi mhíchumas agus rinneadh freastal ar 15 eile i stoc Comhlachta Cheadaithe Tithíochta. Méadú nach beag é sin ar 2023 agus sháraigh sé an sprioc a bhí againn, is é sin, idir 20% agus 37% de thionóntachtaí nua (Comhairle Contae Mhuineacháin agus Comhlacht Ceadaithe Tithíochta).

# An tAonad Sláinte agus Sábháilteachta

### Plean Oibriúcháin:

I gcomhréir leis an bPlean Seachadta Seirbhíse Bliantúil (ASDP) a ceapadh don bhliain 2024, d’fhorbair Ceann an Aonaid Sláinte agus Sábháilteachta Plean Oibriúcháin an Aonaid Sláinte agus Sábháilteachta, 2024. Leagtar amach sa phlean seo na spriocanna oibre atá le baint amach in 2024. Rinne Ceann an Aonaid Sláinte agus Sábháilteachta athbhreithniú ar an bPlean Oibriúcháin ar bhonn seachtainiúil chun a chinntiú go mbainfí an plean amach. Cuireadh an plean oibriúcháin i gcrích go rathúil (cuireadh obair ní ba thábhachtaí nach raibh coinne léi in ionad cuid den obair a bhí sa phlean bunaidh).

### Seo a leanas achoimre ar phríomhghnéithe na hoibre a rinne Ceann an Aonaid Sláinte agus Sábháilteachta in 2024:

- Forbraíodh an Plean Seachadta Seirbhíse Bliantúil in am agus cuireadh i bhfeidhm é.
- Forbraíodh an Plean Oibriúcháin in am agus seachadadh é.
- Eisíodh an Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn maidir leis an bPlean Corparáideach in am.
- Rinneadh Clár Riosca Corparáideach a athbhreithniú, a nuashonrú go ráithiúil agus eisíodh tuarascáil.
- Rinneadh athbhreithniú mionsonraithe ar HSMS i mí an Mheithimh agus i mí na Nollag 2024.
- Athbhreithníodh/nuashonraíodh Ráiteas um Shábháilteacht Chorparáideach trí huaire in 2024.
- Rinneadh athbhreithniú/nuashonrú ar dhá Nós Imeachta Sláinte agus Sábháilteachta.
- Forbraíodh agus eisíodh HSSP29 (Nós Imeachta um Rothair Leictreacha).
- Forbraíodh HSSP06 (Nós Imeachta um Fhoréigean agus Ionsaitheacht san Ionad Oibre) agus

  eisíodh chuig an bhFoireann Bainistíochta é lena athbhreithniú/lena cheadú.
- Tugadh faoi dhá Iniúchadh Sláinte agus Sábháilteachta de Láimh in 2024 (an Rannóg Airgeadais agus an Rannóg Teicneolaíochta Faisnéise). Eisíodh miontuarascálacha agus tuairiscí achoimre do gach iniúchadh.
- Tuarascálacha Míosúla HSU eisithe in am
- Freastalaíodh ar chúig Chruinniú LASOG (lenar áiríodh an Chomhdháil Náisiúnta).
- Forbraíodh agus seachadadh 15 x Faisnéisiú Sábháilteachta do gach fostaí.
- Bhí Lá Cuimhneacháin Náisiúnta na nOibrithe, 2024 ar siúl Dé Domhnaigh, an 28 Aibreán 2024. Eisíodh eolas chuig an bhfoireann agus chuig an bpobal trí na meáin shóisialta agus trí ríomhphost (Dé Luain, an 29 Aibreán 2024) chun an lá a chomóradh.
- Reáchtáladh imeachtaí laethúla faoi choinne Sheachtain na Sláinte agus na Sábháilteachta i mí Dheireadh Fómhair 2024.
- Rinneadh tástáil, cothabháil agus glanadh ar dhífhibrileoirí ar bhonn démhíosúil.
- Cuireadh dífhibrileoir úr sa Champas Síochána.
- Forbraíodh nuachtlitreacha Safety Link *(Nasc Sábháilteachta)* agus eisíodh iad i mí an Mheithimh agus i mí na Nollag 2024; fuarthas aiseolas dearfach ó fhostaithe ina leith.
- Rinne an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta cigireacht gan choinne ar Oifigí an Chontae sa Ghleann i mí Lúnasa. Eisíodh Tuarascáil Chigireachta chuig Comhairle Contae Mhuineacháin i ndiaidh do chigire an Údaráis Sláinte agus Sábháilteachta cuairt a thabhairt ar an ionad. Rinne Ceann an Aonaid Sláinte agus Sábháilteachta an freagra ar an gcigire a chomhordú agus rinneadh miontuairisc a eisiúint.

### Clár Cigireachta:

Tugtar breac-chuntas sa tábla thíos ar na spotseiceálacha a rinne Ceann an Aonaid Sláinte agus Sábháilteachta (níor leagadh sprioc ar bith

amach cionn is go ndearnadh na seiceálacha de réir mar a bhí am ann). Sonraítear sa tábla thíos na cigireachtaí a rinneadh:

| **Cigireachtaí a Rinneadh:** | **An Líon a Rinneadh:** |
|---|---|
| Oibreacha Bóthair/Cóiriú Droichead | 21 |
| Cothabháil Fálta/Féir | 07 |
| Tógáil Sconsaí | 05 |
| Tógáil Tithe | 03 |
| Tógáil Clós Súgartha | 03 |
| Piocadh agus Bailiú Bruscair | 02 |
| Láithreán Líonadh Talún | 01 |
| **Iomlán:** | **42** |

Rinneadh measúnú tógála le haghaidh an Champais Síochána nua. Measúnú ab ea é ar caitheadh
cuid mhór ama air ach tháinig Tuarascáil Mheasúnaithe Guaiseacha agus Rioscaí as, ar thuarascáil leathan mhion í. Is éard a bhí sa mheasúnú úd an príomhfhoirgneamh (lena n-áirítear tailte agus carrchlóis), leabharlann úr agus iarsmalann úr.

### Measúnú Guaiseacha agus Rioscaí:

Tugtar breac-chuntas sa tábla seo a leanas ar Mheasúnuithe Guaiseacha agus Rioscaí a chríochnaigh an tAonad Sláinte agus Sábháilteachta in 2024:

| **Cineál Measúnaithe:** | **An Líon a Rinneadh:** |
|---|---|
| Clóis Súgartha agus Trealamh Aclaíochta | 29 |
| Foirgnimh | 15 |
| Iosta | 03 |
| Páirceanna agus Cúirt Chispheile | 03 |
| Reilig | 01 |
| Páirc Madraí | 01 |
| **Iomlán:** | **52** |

# Seirbhísí Uisce

## Claochlú Uisce Éireann

Tá Uisce Éireann freagrach as na seirbhísí uisce phoiblí agus dramhuisce uile a oibriú, lena n-áirítear:

- Bainistíocht ar shócmhainní uisce agus dramhuisce náisiúnta
- An córas uisce agus dramhuisce a chothabháil
- Infheistíocht agus pleanáil
- Tionscadail chaipitil a bhainistiú
- Cúram agus billeáil do chustaiméirí.

Chomh maith leis sin, tá freagracht ar Uisce Éireann as na cinntí uile i dtaobh infheistíocht chaipitil agus as an gclár caipitil a chur chun feidhme ar fud na tíre.

Leis an Máistir-Chomhaontú Comhoibrithe a shínigh Comhairle Contae Mhuineacháin agus Uisce Éireann sa bhliain 2023, tá freagracht glactha ag Uisce Éireann as bainistiú agus stiúradh gach baill foirne seirbhísí uisce incháilithe i gComhairle Contae Mhuineacháin.

Tá mórán baill foirne i ndiaidh aistriú go buan chuig Uisce Éireann agus ba dheas le Comhairle Contae Mhuineacháin buíochas a ghabháil leis na baill foirne sin as a gcuid oibre crua thar na blianta agus guímid gach rath orthu ina ngairmeacha.

Tá Comhairle Contae Mhuineacháin i gceannas ar an gClár Uisce Tuaithe i rith an ama. Ní dhearna aistriú na seirbhísí poiblí chuig Uisce Éireann difear ar bith dó sin.

## An Clár Uisce Tuaithe

Tá an Clár Uisce Tuaithe i gContae Mhuineacháin á riar ag Comhairle Contae Mhuineacháin. Cuireann an clár bearta ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar easnaimh sna nithe seo a leanas:

- Grúpscéimeanna Uisce
- Grúpscéimeanna Séarachais
- Soláthairtí Uisce Príobháideacha nuair nach bhfuil aon ghrúpa malartach ná soláthar poiblí ar fáil.
- Córais Cóireála Dramhuisce Tí (DWWTSanna) Phríobháideacha trína gcáilíonn an t-iarratasóir faoi Rialacháin na dTithe (Cúnamh Airgeadais le haghaidh Córais Cóireála Dramhuisce Tí), 2020.
- Soláthairtí Uisce Príobháideacha trína gcáilíonn an t-iarratasóir faoi Rialacháin na dTithe (Deontas um Leasúchán Luaidhe Baile), 2022.

## Fóirdheontais

Tá 12 ghrúpscéim uisce sa chontae. Freastalaíonn an 12 Ghrúpscéim Uisce ar thart ar 43% de dhaonra Chontae Mhuineacháin. Bunchuid de chaighdeán agus d'iontaofacht an tsoláthair uisce tuaithe a choinneáil agus a fheabhsú is ea an fóirdheontas bliantúil, arna riar ag Comhairle Contae Mhuineacháin, faoi chomhair chostais oibriúcháin agus bhainistíochta na ngrúpscéimeanna uisce a sholáthraíonn uisce le haghaidh úsáid tí. Is é cuspóir an fhóirdheontais a chinntiú go gcaitear go cothrom le teaghlaigh a úsáideann soláthar uisce phoiblí (Uisce Éireann) agus teaghlaigh atá i ngrúpscéim uisce agus go gcuirtear tacaíocht airgeadais choibhéiseach ar fáil dóibh.
Rinne Comhairle Contae Mhuineacháin íocaíochtaí fóirdheontais ar luach €4.5 milliún le dhá ghrúpscéim uisce dhéag in 2024.


Grúpscéim Uisce an Locha Bháin-Shraith Nuadáin

## An Clár Ilbhliantúil Uisce Tuaithe (MARWP) 2024-2026

Go luath in 2024, d'fhógair an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta seoladh an chéad

timthrialla eile den Chlár Ilbhliantúil Uisce Tuaithe a chlúdaíonn na trí bliana idir 2024 agus 2026.

Tá infheistíocht chaipitil ar fiú €125 milliún é á cur ar fáil sa Chlár le haghaidh bonneagar uisce tuaithe faoi ocht mbeart maoiniúcháin éagsúla.

Léiríonn bearta an timthrialla maoiniúcháin do 2024-2026 na príomhdhúshláin atá roimh earnáil an uisce tuaithe faoi láthair — ó dhobharcheantar go tomhaltóirí (foinse – cóireáil – dáileadh). Cuspóir mór is ea éilliú uisce a chosc agus a chinntiú go bhfuil uisce óil sábháilte agus go gcomhlíonann sé paraiméadair cháilíochta na Rialachán maidir le hUisce Óil ar bhonn comhsheasmhach fadtéarmach.

Chuir Rannóg Uisce Tuaithe Chomhairle Contae Mhuineacháin 56 tairiscint isteach faoi iarratas MARWP 2024-2026 dá cuid. D'fhéach sí le maoiniú a fháil faoi choinne bearta éagsúla, lena n-áirítear Cosaint Foinse, Athsholáthar Caipitil, Feabhsúcháin Cóireála Uisce, Feabhsúcháin ar Bhonneagar Líonra, Síntí le Líonraí agus Tionscadail Taispeána Nuálacha.

Déanann Painéal Saineolaithe arna bhunú ag an Roinn iarratais MARWP a mheasúnú agus tugann sé moltaí don Roinn faoina oiriúnaí atá tionscadail le haghaidh maoiniú, bunaithe ar na critéir a leagtar amach sa Chreatcháipéis. Go dtí seo, tá an obair le haghaidh cúig cinn de na hocht mbeart sa chlár curtha i gcrích ag an bPainéal Saineolaithe. Fógraíodh go bhfaigheadh Contae Mhuineacháin €685,471, mar fhreagairt ar chuid de na tairiscintí ní ba lú a cuireadh isteach. Cuideoidh an t-airgead sin le Grúpscéimeanna Uisce Measúnuithe Táirgeachta Sábháilte ar a bhfoinsí a dhéanamh, pleananna cosanta foinse a dhéanamh, measúnuithe riosca Cripteaspóiridiam a dhéanamh agus cuideoidh sé le hathsholáthar caipitil in ionaid chóireála.

Lena chois sin, tá sciar de na tairiscintí níos mó de chuid Chomhairle Contae Mhuineacháin á mbreithniú fós ag an bPainéal Saineolaithe. Chuir an Rannóg Uisce Tuaithe, i gcomhar le Grúpscéimeanna Uisce agus Cónaidhm Náisiúnta na nGrúpscéimeanna Uisce, eolas breise isteach a bhí á lorg ag an bpainéal, agus táthar ag fanacht anois le cinntí an Phainéil Saineolaithe. Tá na hiarratais a fuair sé faoi na trí bheart eile á meas ag an bPainéal i rith an ama.



**Taiscumair Uisce Chóireáilte Ghrúpscéim Uisce na Coirre Duibhe/na Corrchora; is gá deis a chur ar na taiscumair agus cuireadh le MARWP 2024-2026 iad.**

## Deontais Tobair

Sa bhliain 2024, d'fhéadfadh iarratasóirí €1,000 a éileamh faoi chomhair chóireáil a soláthair uisce phríobháidigh, €3,000 a éileamh faoi chomhair na n-oibreacha uasghrádaithe/feabhais agus €5,000 a éileamh le tobar nua/soláthar uisce príobháideach a shuiteáil.

Tá sé de chuspóir ag scéim deontais na dToibreacha cuidiú le teaghlaigh i gceantair thuaithe atá ag brath ar sholáthar uisce príobháideach (tobar aonair) i gcomhair úsáid tí. Tugann an scéim cúnamh airgeadais dóibh má thabhaíonn siad caiteachas caipitiúil agus an soláthar á fheabhsú acu lena chinntiú go bhfuil an soláthar uisce sábháilte le hól.

Rinne an Rannóg Uisce Tuaithe 21 deontas tobair a scrúdú, a athbhreithniú agus a cheadú in 2024.

Íocadh cúnamh deontais ar luach €22,552 le hiarratasóirí in 2024 chun oibreacha uasghrádaithe/deisiúcháin a dhéanamh nó chun córais chóireála a shuiteáil ar a soláthar uisce príobháideach.

## Córais Cóireála Dramhuisce Tí

Faoin Acht um Sheirbhísí Uisce (Leasú), 2012, tugann Comhairle Contae Mhuineacháin faoi chigireachtaí ar Chórais Cóireála Dramhuisce Tí (DWWTSanna). Nuashonraíodh na scéimeanna deontais le haghaidh Córais Cóireála Dramhuisce Tí an 1 Eanáir 2024. Tháinig méadú ar an deontas ó €5,000 go €12,000 agus tháinig athrú ar na critéir cháilitheachta, is é sin go bhfuarthas réidh leis an gceanglas a bhíodh ann maidir le córais tí a chlárú. Tá an deontas ann chun córais cóireála dramhuisce tí áirithe a dheisiú, a uasghrádú nó a athsholáthar. Is ionann an maoiniú deontais agus 85% de chostas na ndeisiúchán ar an gcóras nó de chóras úr, suas go dtí €12,000 ar a mhéad. Is ann do trí chineál

scéimeanna deontais um dhabhcha séarachais in Éirinn.

**Ní deontas uilíoch é an deontas um dhabhcha séarachais. Caithfidh teaghlach na critéir do cheann amháin de na catagóirí thíos a chomhlíonadh chun cáiliú don deontas:**

- Deontas DWTTS faoin bPlean Cigireachta Náisiúnta — D'fhonn a bheith incháilithe don deontas seo, caithfidh oibreacha ar an DWWTS teacht go díreach as cigireacht arna déanamh faoin bPlean Cigireachta Náisiúnta, agus as Fógra Comhairleach arna eisiúint ina dhiaidh sin ag an údarás áitiúil chuig an sealbhóir tí. Éilítear ar Chomhairle Contae Mhuineacháin 41 cigireacht, ar a laghad, a dhéanamh gach bliain, faoi Phlean Cigireachta Náisiúnta na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil. Díríonn cigireachtaí na Comhairle ar cheantair ina bhfuil an baol is mó do shláinte an duine agus do chaighdeán an uisce ó DWWTS. Déanfaidh Comhairle Contae Mhuineacháin cigireachtaí breise más rud é go mbíonn fianaise ann go bhfuil DWWTS aonair nó braislí DWWTSanna ag cruthú fadhbanna ar leith i gceantar maidir le caighdeán an uisce.

- Deontas DWTTS i Limistéir Thosaíochta le haghaidh Gníomhaíochta — D'fhonn a bheith incháilithe don deontas seo, caithfidh DWWTS atá ag freastal ar theach a bheith suite i Limistéar Tosaíochta le haghaidh Gníomhaíochta i gcomhréir leis an bPlean Bainistíochta Abhantraí reatha d'Éirinn, agus níor mhór go mbeadh litir faighte ag an iarratasóir ó Oifig Chlár Uiscí na nÚdarás Áitiúil (LAWPRO) á dheimhniú go bhfuil sé nó sí i dteideal iarratas a dhéanamh ar dheontas.

- Deontas DWTTS i Limistéir Ghabhála Cuspóra Ard-Stádais — D'fhonn a bheith incháilithe don deontas seo, caithfidh DWWTS atá ag freastal ar theach a bheith suite i Limistéar Gabhála Cuspóra Ard-Stádais i gcomhréir leis an bPlean Bainistíochta Abhantraí reatha d'Éirinn. Tig leis an iarratasóir iarratas ar dheontas DWWTS a dhéanamh chun an údaráis áitiúil.

Sa bhliain 2024, rinne baill foirne sa Rannóg Uisce Tuaithe 48 cigireacht ar chórais cóireála dramhuisce tí (DWWTSanna) faoin bPlean Cigireachta Náisiúnta (NIP). Mar thoradh air sin, eisíodh 16 bhfógra comhlíontachta agus 32 fógra comhairleach chuig sealbhóirí tí. Íocadh 8 ndeontas dar luach €74,149 le hiarratasóirí incháilithe le haghaidh oibreacha deisiúcháin/feabhsúcháin ar DWTTS in 2024.

Leanfaidh sealbhóirí tí le hiarratais ar dheontais a bhaineann le ceanglais maidir le fógra comhairleach 2024 a chur isteach in 2025 de réir mar a bheidh oibreacha feabhsúcháin críochnaithe agus iniúchta.



Sampla d'oibreacha a rinneadh ar Chóras Cóireála Dramhuisce Tí

## Comhlíontacht maidir le hUisce Óil

In 2024, b'ionann an ráta comhlíontachta i Muineachán do ghrúpscéimeanna príobháideacha uisce agus do sholáthairtí beaga príobháideacha agus 99.1% i gcás 1,621 paraiméadar a ndearnadh anailís orthu.

Tugadh 22 sárú faoi deara i soláthairtí uisce príobháideacha sa bhliain agus chuathas i gcomhairle le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte nuair a bhí sé ábhartha. Ba iad tríhalaimeatáin (THManna) agus mangainéis na príomhsháruithe. Aithníodh na 22 sárú tríd an gclár samplála atá ag Comhairle Contae Mhuineacháin. Thug an tsaotharlann fógra ina leith ina dhiaidh sin agus tugadh an t-eolas don scéim ansin. I measc na ngníomhartha ceartaitheacha a rinne na scéimeanna chun deireadh a chur le sáruithe bhí athshampláil chun comhlíontacht a fhíorú, imscrúduithe ar phróisis ionad cóireála agus iniúchadh láithreáin má bhí gá leis.

Chomh maith leis an gclár samplála rialála, is ann freisin do chlár monatóireachta amhuisce ar fhoinsí na ngrúpscéimeanna uisce. Déantar sin sa bhreis ar na samplaí laethúla a thógann na scéimeanna féin. Soláthraíonn gach sampla amhuisce a thóg

Comhairle Contae Mhuineacháin in 2024 faisnéis bhreise maidir le substaintí arb ábhair spéise iad amhail luibhicídí agus hidreacarbóin il-timthriallacha aramatacha (PAHanna). Ina theannta sin, críochnaíodh monatóireacht bhreise amhuisce i gcás dhá scéim in 2024, ar scéimeanna iad a bhfuil measúnú á dhéanamh orthu i gcomhair uasghrádú. Bainfear leas as na sonraí sin chun cur le tuairisciú nuair is gá.

Eisíodh fógra 'Ná hÓltar' amháin chuig bunscoil bheag i mí na Nollag 2024 i leith soláthar príobháideach beag. Fanfaidh an fógra sin i bhfeidhm go dtí go ndéanfar oibreacha deisiúcháin ar an tobar. Baineann an fógra le barraíocht mangainéise agus iarainn; tá siad os cionn na dtreoirluachanna sláinte poiblí.

Chomh maith leis an obair shamplála agus mhonatóireachta a leagtar amach thuas, rinne Comhairle Contae Mhuineacháin ceithre iniúchadh ar ionaid cóireála grúpscéimeanna uisce príobháideacha agus tugadh roinnt cuairteanna ar lear soláthairtí beaga príobháideacha le linn 2024. Roghnaíodh na cuairteanna ar bhonn tosaíochta bunaithe ar a ndáta deireanach cigireachta nó ar shaincheist ar leith maidir le caighdeán an uisce.

Tugadh dornán saincheisteanna oibriúcháin faoi deara sna hiniúchtaí, ar saincheisteanna iad a bhaineann le feidhmíocht ionad, próisis ionad agus an chóireáil atá ar fáil. Tá siad seo a leanas ar na moltaí a shonraítear sna tuarascálacha iniúchóra agus atá á gcur i bhfeidhm ag na grúpscéimeanna uisce:

- Rialuithe breise um théachtadh, flocasú agus gléghlanadh (CFC) a shuiteáil.
- Aláraim agus baic a athbhreithniú.
- An mhonatóireacht a athbhreithniú san ionad agus sa líonra.

Rinneadh athbhreithniú cuimsitheach in 2024 ar fhoirgnimh phoiblí (scoileanna, naíolanna, árais phobail) agus ar áitribh thráchtála an chontae chun Soláthairtí Beaga Príobháideacha (SPSanna) breise nach bhfuil ar chlár an údaráis áitiúil a aithint. Aithníodh dhá áitreabh agus cuireadh le clár samplála SPS iad. Déanfar athbhreithniú agus nuashonrú rialta ar chlár SPS.

### Aistriú Sócmhainní

Foráiltear le hAlt 12 den Acht um Sheirbhísí Uisce (Uimh. 2), 2013 d'aistriú Sócmhainní Seirbhísí Uisce chuig Uisce Éireann. Tugadh éifeacht do na forálacha reachtacha le hOrdú ón Aire. Go dtí seo tá 90 uimhir fóilió aistrithe chuig Uisce Éireann. Tá 22 ceann eile ag fanacht le hOrdú Dílseacháin ón Aire.

Tá thart ar 46 fóilió fós le haistriú mar go bhfuil níos mó ná fóilió amháin i roinnt sócmhainní.

Tá obair mhionsonraithe ar siúl an t-am ar fad chun ábhar tacaíochta a ullmhú chun na sócmhainní sin a aistriú, lena n-áirítear foroinnt fóiliónna agus mapáil ghaolmhar, láithreáin neamhchláraithe a chlárú, cearta slí dlíthiúla a bhunú agus aimhrialtachtaí teidil gan réiteach go fóill a réiteach.

# Cosaint an Chomhshaoil

Le linn 2024, cuireadh de chúram arís ar Rannóg na Seirbhísí Comhshaoil i gComhairle Contae Mhuineacháin reachtaíocht agus Beartas Comhshaoil AE agus Náisiúnta a chur i bhfeidhm atá dírithe ar chur chun cinn an Chomhshaoil.

De réir Sprioc a Ceathair "Todhchaí Inbhuanaithe" i bPlean Corparáideach Chomhairle Contae Mhuineacháin, 2024-2029, bhí obair Aonad na Seirbhísí Comhshaoil in 2024 dírithe ar chláir oibre feasachta, rialála agus forfheidhmithe a chur chun feidhme sna réimsí a bhaineann le caighdeán an uisce, caighdeán an aeir, bruscar, agus bainistíocht dramhaíola i gcomhréir le tosaíochtaí náisiúnta forfheidhmithe comhshaoil.

## Cáilíocht Uisce

Bhí cúigear oifigeach comhshaoil lánaimseartha ag obair i réimse chaighdeán an uisce le linn 2024. Bhí dhá cheann de na poist sin á maoiniú ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta faoin gClár Cigireachta Talmhaíochta Náisiúnta (NAIP), 2024. I mí na Nollag 2023, cuireadh na hoibreacha tosaíochta Uisce Náisiúnta i dtaca le caighdeán an uisce in iúl do gach údarás áitiúil trí chomhfhreagras a d'eisigh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil.

Tá siad seo a leanas ar na tosaíochtaí uisce a raibh ár gcuid oibre um chaighdeán an uisce in 2024 dírithe orthu:

- Brúnna ó Thalmhaíocht (bailiú agus stóráil sciodair/uisce salaithe)
- Brúnna ó Thalmhaíocht (leathadh sciodair agus leasacháin)
- Córais Chóireála Fuíolluisce Tí / Dabhcha Séarachais
- Ceadúnais Sceite/Mícheangail
- Tosaíochtaí Áitiúla agus Monatóireacht ar Cháilíocht Uisce

Faoi phlean forfheidhmithe agus cigireachta RMCEI (Íoschritéir Mholta le haghaidh Cigireachtaí Comhshaoil), 2024 a ullmhaíodh i mí Feabhra de réir na dtosaíochtaí náisiúnta sin, lean foireann Chomhairle Contae Mhuineacháin um chaighdeán an uisce lena gclár samplála cáilíochta uisce in aibhneacha agus lochanna ainmnithe i gcomhar leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, rinne siad obair mheasúnaithe imscrúdaitheach ar dhobharlaigh eile abhann agus locha a roghnaíodh, thug siad faoi chlár cuimsitheach cigireachta feirme, rinne siad monatóireacht ar uiscí snámha neamhainmnithe sa chontae, rinne siad imscrúdú ar líon mór teagmhais truaillithe uisce, rialáil siad sceitheadh eisiltigh trí cheadúnú, agus d'oibrigh siad le hOifig Chlár Uiscí na nÚdarás Áitiúil (LAWPRO) agus é mar aidhm acu caighdeán an uisce a fheabhsú i limistéir a ainmníodh mar limistéir thosaíochta le haghaidh gníomhaíochta faoin bplean, *An Plean Gníomhaíochta Uisce 2024: An Plean Bainistíochta Abhantraí d'Éirinn*. Leagtar amach sa phlean náisiúnta sin na gníomhartha atá á ndéanamh ag Éirinn chun feabhas a chur ar chaighdeán an uisce agus stádas 'maith' éiceolaíochta a bhaint amach i ndobharlaigh (aibhneacha, lochanna, inbhir agus uiscí cósta).



**Caighdeán an uisce in abhainn á meas ag an bhFoireann um Chaighdeán an Uisce**

I measc cuid den obair chigireachta a rinne ár bhfoireann uisce in 2024 bhí an méid seo a leanas:

- Fiosraíodh 131 gearán maidir le truailliú uisce.
- Rinneadh 117 cigireacht feirme maidir le Dea-Chleachtas Talmhaíochta (GAP).
- Tógadh 240 sampla mar chuid de mhonatóireacht na Creat-treorach Uisce ar aibhneacha agus ar lochanna.
- Tógadh 251 sampla imscrúdaitheach abhann.
- Tugadh faoi 78 cigireacht ar cheadúnais sceite.

- Rinneadh measúnú ar thimpeall 150 cigireacht phleanála ó thaobh chaighdeán an uisce de.
- Rinneadh 42 cigireacht ar uisce snámha i láithreacha neamhainmnithe uisce snámha sa chontae.

Le linn 2024, rinne ár bhfoireann um chaighdeán an uisce dul chun cinn breise ar thionscadal Téarnaimh Loch Mucnú. Faoin gcéim sin den tionscadal, ba é an aidhm staidéar paiiléilinneolaíoch ar dhríodar an locha a chur i gcrích chun tagairt a dhéanamh d'athruithe trófacha agus amanna téarnaimh locha a thuar. Cuireadh obair shamplála ar thionscadal Loch Mucnú i gcrích le linn 2024 agus eiseofar tuarascáil deiridh faoi na torthaí sa chéad ráithe de 2025.

Tugtar le fios i dtorthaí tosaigh an tionscadail, fiú tar éis na hualaí seachtracha fosfair a laghdú a dhóthain ó chraobh-aibhneacha a théann isteach i Loch Mucnú, go meastar go dtógfaidh sé 12 bhliain ar a laghad sula bhfeicfear feabhas ar bith ar chaighdeán an uisce, i bhfianaise ualú dhríodar an locha atá ann cheana féin.

I ndiaidh iarratas foirmiúil a rinne Comhairle Contae Mhuineacháin chuig an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, áirítear Loch Mucnú anois mar "Limistéar le haghaidh Gníomhaíochta (Tionscadal Dobharcheantair)" sa Phlean Náisiúnta Bainistíochta Abhantraí nua.




## Rialacháin agus Forfheidhmiú Dramhaíola

Le linn 2024, ullmhaíodh plean oibre comhshaoil RMCEI dár gcuid maidir le dramhaíl i gcomhréir leis na tosaíochtaí forfheidhmithe náisiúnta (NEPanna) a cuireadh in iúl do gach údarás áitiúil trí chomhfhreagras a d'eisigh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil i mí na Nollag 2023.

Leagadh na tosaíochtaí dramhaíola seo a leanas don bhliain 2024 amach sa chomhfhreagras úd:

- Dul i ngleic le gníomhaíocht shuntasach dramhaíola atá neamhdhleathach.
- Dramhaíl Tógála agus scartála.
- Feithiclí Ré Caite agus miotail.
- Dramhaíl Tí agus Tráchtála.
- Freagrachtaí Táirgeora.

Le linn 2024, bhí triúr Oifigeach Forfheidhmithe Dramhaíola lánaimseartha ann agus fuair Comhairle Contae Mhuineacháin €192,000 ar ais ón Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide as costais a bhain le gníomhaíochtaí forfheidhmithe dramhaíola, lena n-áirítear costais foirne. Ina theannta sin, bhí maor patróil timpeallachta lánaimseartha ann.

Bíodh is gur bhain cuid shuntasach d'ualach oibre na foirne forfheidhmiúcháin le réimsí oibre na dTosaíochtaí Forfheidhmithe Náisiúnta (NEPanna), bhí baill foirne ag plé le gníomhaíochtaí eile freisin ar nós gearáin dramhaíola a imscrúdú, iarratais ar Dheimhniú Clárúcháin agus Ceadanna Saoráide Dramhaíola a phróiseáil, measúnú a dhéanamh ar iarratais phleanála chun comhlíonadh bainistíochta dramhaíola a chinntiú, agus a chinntiú go raibh gníomhaíochtaí dramhaíola a bhí ar siúl laistigh de Chontae Mhuineacháin á ndéanamh i gcomhréir le reachtaíocht bainistíochta dramhaíola tríd an gcóras deimhniúcháin agus ceadaithe cuí.



**Suíomh dramhaíola neamhúdaraithe a ndearna an fhoireann dramhaíola imscrúdú air**

Agus na tosaíochtaí seo á gcomhlíonadh in 2024, chríochnaigh Comhairle Contae Mhuineacháin an méid seo a leanas:

- Tugadh faoi níos mó ná 1,000 cigireacht, lenar áiríodh 99 cigireacht ar cheadanna saoráide dramhaíola agus 28 cigireacht ar Dheimhniú Clárúcháin, 74 cigireacht um Thionscnamh Freagrachta Táirgeoirí, agus 18 gCigireacht Ilghníomhaireachtaí i gcomhar leis an nGarda Síochána.
- Rinneadh imscrúdú ar 375 gearán dramhaíola.
- Tionscnaíodh 257 gníomh forfheidhmiúcháin, lena n-áirítear eisiúint 114 litir rabhaidh, 37 fógra faoin Acht um Bainistiú Dramhaíola, agus 8 bhFógra Pionóis Sheasta faoi na Rialacháin um Cheadanna Bailithe Dramhaíola.
- Measúnaíodh tuairim is 150 iarratas pleanála ó thaobh bainistíocht dramhaíola de.



**An Fhoireann Forfheidhmithe Dramhaíola i mbun Cigireacht Ilghníomhaireachtaí.**

Le linn 2024, ceist achrannach a bhí i ndumpáil dramhaíola sciúrtha díosail i gcónaí agus taifeadadh 20 eachtra níocháin díosail le linn na bliana, i ndeisceart an chontae gar do theorainn Thuaisceart Éireann go príomha.  B'ionann an costas a tabhaíodh chun déileáil le dramhaíl níocháin díosail in 2024 agus €99,940 a fuarthas ar ais ón Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide ina dhiaidh sin.

Cuireadh tógáil compúin stórála nua i gCoirnéal na nAlbanach i gcrích in 2024, áit ar féidir dramhaíl níocháin díosail a stóráil go sealadach go dtí go mbainfear den láthair í lena cóireáil ina dhiaidh sin i saoráid cheadúnaithe dramhaíola guaisí. Mar thoradh

ar an gcompún stórála a bheith tógtha, táirgfear níos lú dramhaíl leachtach éillithe ar an láthair a mbeidh laghdú ar na costais chóireála fhoriomlána mar thoradh air.  Fuarthas maoiniú faoi choinne an champúin de bharr iarratas rathúil ar dheontas a



rinne Rannóg na Seirbhísí Comhshaoil chuig an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide.

Le linn 2024, fuair Rannóg na Seirbhísí Comhshaoil €110,000 freisin chun tionscadail éagsúla a chur i gcrích faoin Tionscnamh in aghaidh Dumpála. Áirítear na tionscadail seo a leanas ar na tionscadail a cuireadh i gcrích:

- Glanadh dramhaíola a dumpáladh san Abhainn Mhór in Moybridge.



**Dramhaíl san Abhainn Mhór roimh an Tionscadal Glantacháin**

- Glantachán in eastát Foxfield.

- Mí um Bailiú Earraí Builc Fóirdheontais ag Ionaid Athchúrsála Charraig Mhachaire Rois agus Choirnéal na nAlbanach.

- Imeacht um bailiú dramhaíola guaisí talmhaíochta i gCoirnéal na nAlbanach.



**Dramhaíl ghuaiseach talmhaíochta á bailiú i gCoirnéal na nAlbanach**

## Obair Rialála Aeir

Maidir le forfheidhmiú aeir in 2024, rinneadh os cionn 60 gnáthchigireacht ar chaighdeán an aeir faoi na Rialacháin um Breoslaí Soladacha, na Rialacháin um Ghal Peitriliam, na Rialacháin um Thuaslagóirí, an tAcht um Thruailliú Aeir agus na Rialacháin um Péinteanna Maisiúla. Faoi dheireadh 2024 rinneadh na saoráidí seo a leanas a rialáil faoi na rialacháin aeir seo a leanas.

- Údaraíodh 27 ath-chríochnaitheoir gluaisteáin faoi na Rialacháin um Péinteanna Maisiúla.
- Údaraíodh 5 shaoráid tirimghlanta agus foirgneamh tionsclaíoch amháin faoi na Rialacháin um Thuaslagóirí.
- Údaraíodh 27 stáisiún peitril faoi na Rialacháin um Ghal Peitriliam.
- Ceadúnaíodh saoráid déantúsaíochta macadaim amháin faoin Acht um Thruailliú Aeir.




**Baill foirne ón Rannóg Comhshaoil a bhí ar *The Wider View* ar Northern Sound chun na Rialacháin um Breoslaí Soladacha a phlé.**

## Saoráidí Bainistíochta Dramhaíola.

Le linn 2024, lean Comhairle Contae Mhuineacháin ar aghaidh ag oibriú líonra cuimsitheach bonneagair de shaoráidí athchúrsála sa chontae ina bhfuil dhá ionad athchúrsála ag Coirnéal na nAlbanach agus Carraig Mhachaire Rois agus 26 ionad beir leat atá suite go straitéiseach inár mbailte agus sráidbhailte contae.



**Saoráid Beir Leat Charraig Mhachaire Rois**

Oibrítear an dá ionad athchúrsála faoi chonradh lamháltais, rud a ghineann ioncam don Chomhairle. Beidh an conradh seo i bhfeidhm go dtí 2027.

Maidir leis an láithreán líonta talún ag Coirnéal na nAlbanach cuireadh tuilleadh feabhsuithe bonneagair ar mhionscála chun cinn, lena n-áirítear oibreacha bainistíochta uisce dromchla, oibreacha bainistíochta láisteáite, agus imscrúduithe breise screamhuisce agus uisce dromchla.

Leanadh ar aghaidh le hoibreacha monatóireachta agus samplála le linn 2024 lena chinntiú go rabhthas ag comhlíonadh ár gceadúnais dramhaíola don tsaoráid i gCoirnéal na nAlbanach. Thug drong cigirí ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil cuairt ar an tsaoráid i mí Dheireadh Fómhair 2024 chun iniúchadh comhshaoil bliantúil a dhéanamh. Iniúchadh dearfach ab ea é, agus thrácht an Ghníomhaireacht ar an tsárobair atá á déanamh ag ár bhfoireann líonta talún chun comhlíonadh iomlán ár gceadúnais a chinntiú. Níor aithníodh aon chás neamh-chomhlíontachta le linn an iniúchta.

D'oibrigh ár bhfoireann, i gcomhar le gairneoir na comhairle, go dlúth le Coillte agus leis an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara in 2024 chun tionscadal cuir crann dúchasach a chur chun cinn ar thimpeall 8 n-acra talún i gCoirnéal na nAlbanach. Ullmhaíodh iarratas cuir ag deireadh 2024 lena chur faoi bhráid na Roinne Talmhaíochta, Bia agus Mara ina dhiaidh sin. Ag an am céanna, rinneadh Leasú Teicniúil a thaisceadh leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil maidir leis an tionscadal cuir crann atá beartaithe. Táthar ag súil go gceadófar an dá iarratas in 2025 agus go bhféadfaí tús a chur leis an gcur ar an láthair sa cheathrú ráithe de 2025.

## Láithreáin Líonta Talún Stairiúla.

Le linn 2024, fuair Comhairle Contae Mhuineacháin maoiniú €50,000 ón Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide chun tuilleadh oibreacha a chur chun cinn faoi na Rialacháin um Bainistiú Dramhaíola (Gníomhaíocht Stairiúil Neamhcheadúnaithe Diúscartha agus Aisghabhála Dramhaíola a Dheimhniú), 2008.

Baineann na rialacháin le láithreáin líonta talún dhúnta a bhí á n-oibriú ag údaráis áitiúla roimhe seo idir 1977 agus 1997. Faoi na rialacháin sin, éilítear ar údaráis áitiúla measúnú comhshaoil a dhéanamh ar na láithreáin líonta talún dhúnta, údarú dramhaíola a iarraidh ar an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil do gach láithreán agus

oibreacha feabhsúcháin a dhéanamh ag gach láithreán ina dhiaidh sin. Tig leis na húdaráis áitiúla na costais a thabhaíonn siad a fháil ar ais ón Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide.

Tá an méid seo a leanas ar an dul chun cinn a rinneadh in 2024 i dtaca leis na láithreáin líonta talún dhúnta sin:

- Fuarthas cead pleanála faoi alt 177AE ón mBord Pleanála faoi choinne oibreacha feabhsúcháin ag láithreán líonta talún dúnta Chill na Cruithneachta taobh amuigh de na Mullaí.
- Cuireadh oibreacha imscrúdaithe láithreáin i gcrích agus réitíodh dréachtiarratas um Dheimhniú Údarúcháin do láithreán líonta talún dúnta Thír an Gharbháin taobh amuigh de Charraig Mhachaire Rois.
- Cuireadh iarratas pleanála faoi alt 177AE chuig an mBord Pleanála faoi choinne oibreacha feabhsúcháin ag láithreán líonta talún dúnta Choillidh Chairn taobh amuigh de Bhaile na Lorgan.
- Freagraíodh iarratas ar fhaisnéis bhreise ón nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil maidir leis an seanláithreán líonta talún dúnta atá suite cóngarach don láithreán líonta talún ceadúnaithe i gCoirnéal na nAlbanach.

## Rialú Bruscair agus Feasacht Chomhshaoil

Lean an Maor Patróil Comhshaoil agus an tOifigeach Feasachta Comhshaoil orthu in 2024 ag patrólú, ag imscrúdú agus ag maoiniú tionscnaimh chomhshaoil nua agus tionscnaimh chomhshaoil sheanbhunaithe i gcomhar le bailte slachtmhara, scoileanna, grúpaí pobail, agus páirtithe leasmhara eile. Ina theannta sin, chuir siad na tionscnaimh sin chun cinn, thug siad tacaíocht dóibh agus spreag siad feasacht orthu. I measc na dtionscadal a rolladh amach in 2024 bhí:

#ReloveFashion

Comórtas faisin inbhuanaithe é **Relove Fashion** *(Faisean Athláimhe).* Féadann daoine óga ar fud Phoblacht na hÉireann atá in aois na meánscoile páirt a ghlacadh ann.

Is é aidhm an chláir feisteas inbhuanaithe a d'fhéadfaí a chaitheamh a chruthú trí úsáid a bhaint as éadaí ó shiopaí carthanais, as éadaí ó shiopaí malairte nó as earraí athúsáidte atá sa bhaile cheana féin. Bhí an-tóir ar an gcomórtas agus cuireadh oiliúint innill fuála ar 71 scoláire.

**Tacaíocht do na Bailte Slachtmhara**
Coinníonn Rannóg na Seirbhísí Comhshaoil uirthi ag soláthar uirlisí pioctha bruscair, málaí agus scipeanna bruscair do ghrúpaí pobail a ghlac páirt i gcur chun cinn imeachtaí glantacháin, mar shampla Glantachán an Earraigh agus Glantachán an Fhómhair.

**Ciste Comhshaoil 2024**
Thugamar tacaíocht do ghrúpaí pobail áitiúla chun spásanna poiblí a fheabhsú agus a chothabháil. Ba é €70,000 an maoiniú iomlán do 2024 agus fuair 86 grúpa maoiniú faoin scéim.

**An Taisce – Scoileanna Glasa**
Leanamar orainn ag tacú le bunscoileanna agus le meánscoileanna araon agus lena gcur chun cinn trí Chlár na Scoileanna Glasa. Bronnadh bratacha ar na scoileanna ar éirigh leo in 2024 ag searmanas bronnta gradam réigiúnach i nDún Dealgan.

**RepairMyStuff.ie**
Tá Comhairle Contae Mhuineacháin ag comhoibriú leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil i rith an ama maidir leis an suíomh gréasáin, repairmystuff.ie, tríd an gcomhlacht náisiúnta páirtithe leasmhara ar a dtugtar an Líonra Náisiúnta Athúsáide agus Deisiúcháin, a bhfuil mar aidhm aige:

- Scileanna athúsáide agus deisiúcháin a fhorbairt i measc an phobail
- Bacainní ar athúsáid agus ar dheisiúchán a bhaint
- Tacú le cumarsáid éifeachtach maidir le hathúsáid agus deisiúchán.

**Suirbhé IBAL, 2024**
Tá an rath a bhí orainn in 2023 fós linn agus tá Baile Mhuineacháin fós ar na cúig cinn is fearr ar dhréimire IBAL. Faoi láthair, tá sé sa tríú háit as an 40 Baile agus Cathair a ndearnadh suirbhé orthu in 2024.
Rangaíodh Baile Mhuineacháin mar "Níos Glaine ná Noirm na hEorpa" sa suirbhé.

**Mol na nGnólachtaí Glasa**
Roghnaíodh Muineachán ar threoirchlár chun idirghabháil a sholáthar tríd an tionscadal, Mol na nGnólachtaí Glasa, Muineachán. Is é aidhm an tionscadail oibriú le gnólachtaí agus le

meánscoileanna chun tacaíocht a thabhairt don fhoireann sna heintitis sin:

- Dramhaíl a ghintear, lena n-áirítear dramhaíl bhia, a chosc agus a laghdú;
- Dramhaíl a scaradh go héifeachtúil, i.e. dramhaíl ghinearálta, ábhar athchúrsála agus dramhaíl bhia;
- Caitheamh bruscair a laghdú.

### Deontas Reilige 2024

Rinne an tOifigeach Oidhreachta seicliosta úr chun ceadú maoiniúcháin do 10 reilig i gContae Mhuineacháin a athchóiriú chun éifeachta a dhréachtú agus a fhormheas in 2024. Bhain an EAO leas as an seicliosta úr sin chun leithdháiltí ó Dheontas Reilige 2024 a chinneadh. Scaipeadh an leabhrán, *Care and Conservation of Graveyards (Cúram agus Caomhnú Reiligí)*, orthu siúd uile a fuair deontas in 2024 d'fhonn feasacht a spreagadh ar a gcuid oibleagáidí i dtaca le caomhnú reilige.

### An Tionscnamh "D'Fhéile a Dhéanamh Glas"

Tá Comhairle Contae Mhuineacháin i ndiaidh a tionscnamh "D'Fhéile a Dhéanamh Glas" a rolladh amach. Tá comharthaíocht curtha ar fáil againn chun féilte a spreagadh le stáisiúin dramhaíola trí bhealach a sholáthar ag láithreacha éagsúla le linn féilte. Triaileadh an scéim ag Féile Muckno Mania *(Mucnú ar Mire)* i mí Iúil 2024. Cuireadh i bhfeidhm í freisin ag

Seó Bhaile na Lorgan, ag Féile Fág an Bealach, Baile na Lorgan agus ag Féile Bia Sráide Mhuineacháin. Amach anseo, beidh ar an uile fhéile atá faoi chúram Chomhairle Contae Mhuineacháin stáisiúin dramhaíola, seachas boscaí bruscair aonuaire, a sholáthar i gcaitheamh na féile.



### Ógtheagmháil Chluain Eois

Tá an tOifigeach Feasachta Comhshaoil agus Foireann Innealtóireachta Cheantar Bardasach Bhéal Átha Beithe-Chluain Eois ag obair go dlúth le Grúpa Ógtheagmhála Chluain Eois chun bosca bruscair lasmuigh um dhiúscairt galtoitíní a dhearadh agus a tháirgeadh ar mhaithe le dul i ngleic le fadhb an bhruscair arb iad galtoitíní is cúis léi agus diúscairt shábháilte a spreagadh.

Fuarthas maoiniú i gcomhair an tionscadail sin trí shruth maoiniúcháin Fhéile Eolaíochta an Chabháin/Mhuineacháin atá tar éis dul i dteagmháil le grúpaí pobail agus iad a spreagadh le bheith níos rannpháirtí san fhéile.

Tá an grúpa ag obair ar an tionscadal sin le seal anuas agus bhí a chuid torthaí mar chuid de Lá ETIM do Theaghlaigh le linn Sheachtain Eolaíochta Mhuineacháin i mí na Samhna 2024.

### An Clár "Picker Pals" *(Pacaí Piocairí)*

Tá lúcháir ar Chomhairle Contae Mhuineacháin a fhógairt go bhfuil 22 scoil sa chontae i ndiaidh clárú le haghaidh an tionscnaimh "Picker Pals" do 2024/2025. Tá an clár dírithe ar pháistí atá idir 6 agus 9 mbliana d'aois agus leagtar béim ann ar an maoirseacht, ar an bhfoghlaim agus ar an spraoi. Tá trí chéim i gceist leis an rolladh amach:

- Faigheann seomraí ranga Pacáiste na bPiocairí
- Beireann páiste difriúil Pacáiste na bPiocairí abhaile leis/léi gach seachtain
- Roinneann na páistí a gcuid scéalta lena bpáirtithe ranga

Is ábhar bróid dúinn a rá gur freastalaíodh ar gach scoil sa chontae ar spéis leo páirt a ghlacadh sa chlár a bhuí le maoiniú na Roinne agus Chomhairle Contae Mhuineacháin.

### Feachtas Feasachta Bruscair

Tá feachtas feasachta idir lámha ag Rannóg na Seirbhísí Comhshaoil chun béim a leagan ar na fadhbanna a bhaineann le dumpáil neamhdhleathach agus diúscairt mhídhleathach ar fud an chontae.

Scaipeadh an fógra seo a leanas ar na meáin agus ar shuíomhanna na meán sóisialta agus táimid ag spreagadh an phobail go gníomhach teacht chun tosaigh agus aon dumpáil neamhdhleathach a fheiceann siad a thuairisciú.




Liostaítear thíos feachtais feasachta bhreise ar fiú iad a lua don bhliain 2024:

- Rolladh amach stáisiún scartha dramhaíola chuig an uile Fhoirgneamh Corparáideach de chuid Chomhairle Contae Mhuineacháin
- Feachtas Feasachta maidir le Dramhaíl Talmhaíochta a Dhó — sheol Comhairle Contae Mhuineacháin feachtas chun an uile fheirmeoir a chur ar an eolas faoin toirmeasc ar dhó dramhaíola talmhaíochta.

### Seirbhís Rialaithe Madraí agus Tréidliachta

Fostaíonn an Chomhairle Maor Madraí lánaimseartha amháin don chontae. Cuireann Carrick Dog Shelter saoráidí dídine ar fáil thar ceann Chomhairle Contae Mhuineacháin chun madraí fáin agus madraí nach bhfuil duine ag bith ag iarraidh a choinneáil agus aire a thabhairt dóibh i Lios Dúnáin.

Tógadh 456 madra isteach sa Phóna Madraí in 2024. Taobh amuigh de phéire, fuair a n-úinéirí ar ais iad nó fuarthas úinéir úr dóibh i measc an phobail nó i measc lucht tarrthála madraí. Cuireadh dhá mhadra síos ar amhras go ndearna siad ionsaí ar chaoirigh.

Ba é 5,888 líon na madraí a ceadúnaíodh i Muineachán in 2024, ar méadú beag é ar an líon a ceadúnaíodh in 2023 (5,847). Ceannaíodh thart ar aon trian de na ceadúnais ar líne. Lean an Chomhairle lena feachtas fógraíochta chun aird a tharraingt ar an gcontúirt atá ann do chaoirigh nuair a bhíonn madraí ar strae.

Ar deireadh, aistríodh Seirbhísí Tréidliachta an Údaráis Áitiúil chuig an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (DAFM) an 1 Eanáir 2025. Tháinig deireadh leis an gconradh seirbhíse idir Comhairle Contae Mhuineacháin agus Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann chun rialuithe bia oifigiúla a sholáthar an 31 Nollaig 2024. Thug Brendan Smyth, Cigire Tréidliachta an Chontae, seirbhís ar dóigh do Chomhairle Contae Mhuineacháin le breis agus scór blianta agus guímid gach rath air ina phost úr sa Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara.

# An tAonad um Ghníomhú ar son na hAeráide

**Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide de chuid Chomhairle Contae Mhuineacháin (2024-2029)**




Ghlac comhairleoirí an Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide d'aon toil ag cruinniú na comhairle iomláine i mí Feabhra 2024. Ullmhaíodh an plean, a forbraíodh trí chomhairliúchán fairsing le páirtithe leasmhara, chun dul i ngleic le dúshlán méadaitheach an athraithe aeráide dár gcontae.

Chun todhchaí inbhuanaithe a chinntiú do mhuintir Mhuineacháin, sa phlean cúig bliana tá níos mó ná 150 gníomh aeráide ar fud cúig théama: Rialachas, Timpeallacht Thógtha agus Iompar, Timpeallacht Nádúrtha, Pobail agus Inbhuanaitheacht.

Seo a leanas ceithre phríomhsprioc sa phlean:

- Feabhsú 50% in éifeachtúlacht fuinnimh na Comhairle faoi 2030.
- Laghdú 51% in astaíochtaí gás ceaptha teasa na Comhairle faoi 2030.
- Féachaint leis go mbeadh Muineachán ina Chontae atá seasmhach ó thaobh na haeráide trí laghdú a dhéanamh ar na tionchair a bheidh ag teagmhais a bhaineann leis an athrú aeráide amach anseo; agus
- Páirt ghníomhach a thabhairt dár bpobail maidir leis an athrú aeráide agus iad a chur ar an eolas

Tá siad seo a leanas ar na gníomhartha a chuir an chomhairle i gcrích in 2024:

- Gníomhú ar Son ar hAeráide a dhaingniú i bpleananna, i mbeartais agus i straitéisí uile na Comhairle.
- Leictreachas in-athnuaite 100% a sholáthar.
- Staidéar Indéantachta a dhéanamh maidir le Breoslaí Malartacha d'Fheithiclí Earraí Troma na Comhairle.
- Tithíocht shóisialta a iarfheistiú d'fhonn Rátáil Fuinnimh Foirgnimh B2 a bhaint amach ar a laghad.
- Tascfhórsa tras-rannach na gCriosanna Dícharbónaithe (DZ) a bhunú chun plean forfheidhmithe na gCriosanna Dícharbónaithe a threorú agus a chur chun cinn.
- Imeacht bliantúil ilfhreastail a reáchtáil chun iarfheistiú foirgneamh príobháideach a chur chun cinn.
- A chur ar chumas pobal a gcuid spriocanna inbhuanaitheachta agus aeráide a bhaint amach trí

chláir oideachais agus feasachta a bhaineann leis an aeráid.



**Foireann um Ghníomhú ar son na hAeráide ar fud na Comhairle**

Déanann an tAonad um Ghníomhú ar Son ar hAeráide monatóireacht ar chur i bhfeidhm an Phlean um Ghníomhú ar Son ar hAeráide trí chóras monatóireachta inmheánach lena chinntiú go ndéanfar é a sholáthar go tráthúil. Tagann an Fhoireann thras-rannach um Ghníomhú ar Son ar hAeráide le chéile gach ráithe chun cur i bhfeidhm an Phlean um Ghníomhú ar Son ar hAeráide de chuid na Comhairle a chur chun cinn. Bíonn an lucht ardbhainistíochta, mar aon le hionadaithe ón uile fheidhmeannas Comhairle a phléann le gníomhú ar son na haeráide, i láthair ag na cruinnithe sin.

Tosaíocht chorparáideach don Chomhairle is ea cur i bhfeidhm an Phlean agus tá sé ag brath ar chomhiarrachtaí gach rannóige den eagraíocht. Leanfaidh spiorad an chomhoibrithe ar aghaidh de réir mar a thagann an fhoireann le chéile gach ráithe chun dul chun cinn a athbhreithniú, dul i ngleic le constaicí agus breith ar fhailleanna úra.

## Bailiú Sonraí na PTFanna maidir le Gníomhú ar Son ar hAeráide de chuid na Gníomhaireachta Bainistíochta Rialtais Áitiúil, 2024




Baintear úsáid as bailiú sonraí na bPríomhtháscairí Feidhmíochta (PTFanna) maidir le Gníomhú ar son na hAeráide de chuid na Gníomhaireachta Bainistíochta Rialtais Áitiúil (LGMA) chun dul chun cinn a rianú, a thomhas agus a thuairisciú maidir le gníomhú éifeachtach ar son na haeráide a sholáthar ar leibhéal an údaráis áitiúil ar fud na tíre.

Chríochnaigh an tAonad um Ghníomhú ar Son ar hAeráide tuarascáil 2024 faoi dheireadh an spriocdháta (Eanáir 2025). Léiríodh sa tuarascáil a cuireadh isteach go ndearnadh dul chun cinn suntasach maidir leis na bearta agus na gníomhartha atá sa Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide a chur chun tosaigh.

Ag deireadh 2024, bhí 60 ceann de na 153 gníomh sa Phlean curtha i gcrích, bhí 51 ceann díobh fós ar siúl agus bhí 42 ceann díobh fós le tosú. (Is gníomhartha bliantúla iad 47 cinn de na gníomhartha a cuireadh i gcrích. Is é is ciall leis sin gur cuireadh i gcrích iad do bhliain 1 agus go n-oibreofar orthu go leanúnach gach bliain).

## An Ciste Pobail um Ghníomhú ar son na hAeráide



**Cumann Forbartha Ghlaslocha — suiteáil painéal gréine**

Tá seacht ngrúpa dhéag sa chontae á maoiniú mar chuid de chlár an phobail um ghníomhú ar son na haeráide. Fuarthas maoiniú €392,000 in 2024 chun tacaíocht a thabhairt do 11 tionscadal áitiúla um ghníomhú ar son na haeráide ar fud Chontae Mhuineacháin.

Chomh maith leis sin, fuarthas chóir a bheith €398,000 faoi choinne an tionscnaimh, Gníomhú an Oileáin Chomhroinnte ar Son ar hAeráide, chun tacú le comhoibriú idir sé phobal i gContae Mhuineacháin agus a gcomhphobail i dTuaisceart Éireann, ar mhaithe le comhiarrachtaí a chothú le spriocanna aeráide agus fuinnimh a ghnóthú ar fud an oileáin.

Díríonn na tionscadail, atá á maoiniú ag an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide, ar na téamaí seo a leanas a bhaineann le gníomhú ar son na haeráide: fuinneamh; iompar; bia agus dramhaíl; siopadóireacht agus athchúrsáil; agus an timpeallacht áitiúil agus gníomhú ar son na haeráide.

Is é mórchuspóir Chlár an Phobail um Ghníomhú ar Son ar hAeráide tacaíocht agus cumhacht a thabhairt do phobail, i gcomhar le Comhairle Contae Mhuineacháin, pobail inbhuanaithe ísealcharbóin a mhúnlú agus a thógáil ar bhealach stuama ar mhaithe le cur le spriocanna náisiúnta aeráide agus fuinnimh.



**CLG Uí Néill, Cluain Tiobrad — suiteáil stáisiúin athlíonta uisce**

Chuir Comhairle Contae Mhuineacháin an chéad éileamh ar tharraingt anuas faoin gciste chuig an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide i mí na Nollag.

Bhí codanna dá gcuid tionscadal um ghníomhú ar son na haeráide curtha i gcrích ag cúig ghrúpa faoin tráth sin.

I measc na n-oibreacha bhí suiteáil painéal gréine agus stórála ceallraí, stáisiúin athlíonta uisce, araidí múirín, insliú ballaí agus ceannach trealaimh faoi choinne garraí pobail.


**Comhairle Buirge Chathair Ard Mhacha, Dhroichead na Banna agus Craigavon — gnéithe de gharraí pobail**

## Seachtain um Ghníomhú ar son na hAeráide, 2024




D'óstáil Comhairle Contae Mhuineacháin a céad Seachtain um Gníomhú ar Son ar hAeráide idir an 14 agus an 18 Deireadh Fómhair.

Le linn na Seachtaine um Ghníomhú ar Son ar hAeráide i Muineachán, bhí mórán deiseanna ag daoine nascadh, foghlaim, roinnt agus páirt a ghlacadh i dtionscnaimh agus i ngníomhaíochtaí a raibh mar aidhm acu todhchaí níos fearr a chruthú do chách.



Seoladh na Seachtaine um Ghníomhú ar Son ar hAeráide le comórtas póstaer scoileanna

Bhí scór imeachtaí ar siúl i gcaitheamh na seachtaine agus bhí os cionn 600 duine i láthair. Ar na himeachtaí a bhí ann bhí ceardlanna bithéagsúlachta agus inbhuanaitheachta, eolas faoi thacaíochtaí agus faoi dheontais do ghnólachtaí glasa agus comhráite aeráide le daoine de gach aois.

Ceapadh an tSeachtain um Ghníomhú ar Son ar hAeráide i Muineachán chun gníomhaíocht a spreagadh agus athruithe dearfacha a chur chun tosaigh go háitiúil agus chun béim a leagan ar sciar de na tionscnaimh atá ar siúl ar fud ár gcontae.

Bhí sé mar aidhm ag imeachtaí na Seachtaine an pobal a chur ar an eolas faoi na gníomhartha agus na bearta aeráide a thig linn uile a dhéanamh, go pearsanta agus go háitiúil.

## Seó Bóthair maidir le hIarfheistiú i mBaile Mhuineacháin


Íomhánna ón Seó Bóthair maidir le hIarfheistiú

Chuaigh an tAonad um Ghníomhú ar Son ar hAeráide i mbun comhpháirtíochta le hInstitiúid Mhuineacháin (CMETB) chun an Seó Bóthair maidir le hIarfheistiú a óstáil idir an 30 Meán Fómhair agus an 2 Deireadh Fómhair. Is bunchuid den Phlean um Ghníomhú ar Son ar hAeráide de chuid Chomhairle Contae Mhuineacháin é rannpháirtíocht agus feasacht an phobail a mhúscailt i dtaobh Athrú Aeráide.

Chuir an pobal mór an-suim sa chomhairle phraiticiúil dhíreach a cuireadh ar fáil ag an Seó Bóthair maidir le hIarfheistiú. Bhí aonad soghluaiste lánfheistithe, arbh Fhoirgneamh atá nach mór Neodrach ó thaobh an Fhuinnimh De (NZEB) é, (tionscnamh de chuid LOETB agus áis oiliúna Mount Lucas) i gceist leis an seó bóthair agus cuireadh comhairle agus oiliúint ar an bpobal mór i dtaca le huasghrádú fuinnimh agus iarfheistiú.

Bhí an rige iarfheistithe lonnaithe i gcarrchlós Institiúid Mhuineacháin, áit a raibh deis ag na rannpháirtithe foghlaim faoi na prionsabail agus na cleachtais a bhfuil gá leo chun tithe a iarfheistiú go héifeachtach ar mhaithe leis an éileamh ar fhuinneamh agus astaíochtaí carbóin a laghdú, compord a fheabhsú agus airgead a shábháil.

Bhí an-ráchairt ar na clinicí poiblí buail isteach agus bhain 30 duine breise leas as ceardlanna le linn an imeachta trí lá. Ar na ceardlanna sin bhí Tús Eolais ar an nGeilleagar Ciorclach, Iarfheistiú d'Úinéirí Tí agus Bunphrionsabail NZEB.

# Oifig Oidhreachta an Chontae

Chuir an tOifigeach Oidhreachta úr tús leis an bpost ag tús 2024. Is é cur i bhfeidhm Phlean Straitéiseach Bithéagsúlachta agus Oidhreachta Mhuineacháin, 2020-2025 an chloch is mó ar a paidrín i rith 2024. Tugann an Chomhairle Oidhreachta tacaíocht do ghníomhaíochtaí na Rannóige Oidhreachta trí mhaoiniú faoi chomhair chur i bhfeidhm na ngníomhartha atá i bPlean Oidhreachta an Chontae, tacaíocht for-rochtana agus feasachta agus comhordú imeacht na Seachtaine Oidhreachta Náisiúnta.

Tá Oifigeach Cléireachais san Oifig Oidhreachta a thugann tacaíocht riaracháin don Oifigeach Bithéagsúlachta agus don Oifigeach Oidhreachta.




Tá an oifig Oidhreachta suite laistigh den Stiúrthóireacht um Ghníomhú ar son na hAeráide, Comhshaoil agus Seirbhísí Uisce.

Lean an Oifig Oidhreachta uirthi ag soláthar seirbhísí oidhreachta, ag cur beartas agus cleachtas oidhreachta agus bithéagsúlachta i bhfeidhm go háitiúil agus ag comhordú agus ag seachadadh feasacht agus imeachtaí oidhreachta agus bithéagsúlachta sa chontae chomh maith le tionscadail oidhreachta agus bhithéagsúlachta mhaoinithe a riar agus a sheachadadh.

Bronnadh maoiniú ó fhoinsí éagsúla, lena n-áirítear an Chomhairle Oidhreachta, an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, agus Muineachán Ildánach chun na tionscadail seo a leanas a chur i bhfeidhm.

## Fóram Oidhreachta

Is fóram ilpháirtithe leasmhara é Fóram Oidhreachta Chontae Mhuineacháin le hionadaithe ón tsochaí shibhialta, comhaltaí tofa, gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí stáit agus foireann Chomhairle Contae Mhuineacháin. Is í Oifig Oidhreachta Mhuineacháin a chuireann an rúnaíocht ar fáil. Is é Kevin Mulligan an cathaoirleach.

Tugann an fóram comhairle maidir le forbairt agus cur i bhfeidhm Phlean Straitéiseach Bithéagsúlachta agus Oidhreachta Chontae Mhuineacháin agus is cinnte go mbeidh sé ar thús cadhnaíochta agus Plean Oidhreachta nua an Chontae á chruthú don tréimhse 2026-2030. Tháinig an fóram le chéile ar bhonn ráithiúil in 2024, mar is iondúil dó.

## Ciste na Séadchomharthaí Pobail

Tá an scéim seo ó Sheirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta, ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta á riar ag an Oifig Oidhreachta.

Tá an ciste freagrach as cúram, caomhnú, cothabháil, cosaint agus cur chun cinn séadchomharthaí seandálaíochta. D'éirigh le dhá iarratas ar mhaoiniú in 2024.

1. Seaneaglais Aireagail

Is in ómós Naomh Meallán, naomh ón seachtú haois ó Chontae an Dúin, atá an fothrach den tseaneaglais ag Aireagal. Tá an eaglais agus séadchomharthaí gaolmhara eile ar thaifead na séadchomharthaí agus na n-áiteanna atá i seilbh Sheirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta de chuid na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus, dá réir sin, tá siad cosanta faoi Reachtaíocht na Séadchomharthaí Náisiúnta.

I ndiaidh na n-oibreacha caomhnaithe a rinneadh faoi Chiste na Séadchomharthaí Pobail in 2022 agus in 2023, maoiníodh céim oibre eile chun fásra a ghlanadh ó imfháluithe adhlactha Singleton (de Singealtún) agus Anketell (Ancoitil) agus chun tuarascáil staide agus sonraíochtaí a chur ar fáil maidir lena ndaingniú agus lena gcaomhnú.

Bhain láthair adhlactha Singleton agus Anketell le dhá theaghlach thábhachtacha úinéirí talún sa cheantar. Téann siad chomh fada siar leis an 19ú haois agus tá iarannobair mhionsonraithe le feiceáil iontu.

2. Plean Bainistíochta Caomhnaithe Sheanreilig Thigh Damhnata

Cuireadh maoiniú ar fáil fosta chun plean bainistíochta caomhnaithe a chruthú faoi choinne Sheanreilig Thigh Damhnata. Reáchtáladh ceardlann phobail chun tuairimí an phobail áitiúil a fháil faoi chruthú an phlean.




### Tionscnamh na mBailte Stairiúla (HTI)

Thug an Chomhairle Oidhreachta €50,000 don Rannóg Oidhreachta trí Thionscnamh na mBailte Stairiúla chun Plean Athnuachana atá á Threorú ag an Oidhreacht a fhorbairt do Bhaile Mhuineacháin.

Ceapadh John McLaughlin Architects Ltd chun an plean sin a chur i gcrích agus, i ndlúthchomhar leis an Oifigeach Oidhreachta agus leis an bhFoireann Athnuachana, rinne siad anrud comhairliúcháin d'fhonn plean cuimsitheach a chruthú, lena n-áirítear sraith gníomhartha atá curtha in ord tosaíochta.







### Maoiniú na Comhairle Oidhreachta le haghaidh Phlean Oidhreachta an Chontae

Chuir an tOifigeach Oidhreachta isteach ar mhaoiniú ón gComhairle Oidhreachta agus fuarthas €37,500 chun Plean Oidhreachta an Chontae a chur i bhfeidhm. A bhuíochas leis sin, bhí an Rannóg Oidhreachta ábalta slám tionscadal a chur i gcrích, lena n-áirítear Scéim Deontais Sheachtain na hOidhreachta, Treoirthionscadal Ainmneacha Páirceanna, Leabhar na dToibreacha Beannaithe a chur i gcló, an cúigiú sraith de Phodchraoltaí Oidhreachta agus feasacht agus for-rochtain phobail.

### Treoirthionscadal Ainmneacha Páirceanna

D'éirigh thar barr leis an treoirthionscadal sin. Reáchtáladh roinnt ceardlann agus bhí mórán gníomhaíochtaí for-rochtana agus bailiúcháin ar siúl ar fud an chontae. Ceapadh Grace Moloney ó Chumann Staire an Chlochair ina comhordaitheoir agus rinne sí maoirseacht ar obair na ngrúpaí pobail sa Chorr Dhubh/Ráth Fiachrach, i nDúthamhlacht agus i dTigh Thaláin. Bailíodh níos mó ná 1,300 ainm sa treoirchéim; rinneadh iad sin a uaslódáil ar Mheitheal Logainm agus cuireadh tuarascáil le chéile. Táthar ag súil go leanfaidh an tionscadal seo ar aghaidh sna blianta amach romhainn, ag brath ar chistiú a bheith ar fáil.




### For-rochtain

Podchraoltaí - Oidhreacht sa Chroí.

Arna maoiniú ag an gComhairle Oidhreachta, chuir an Oifig Oidhreachta an cúigiú sraith podchraoltaí ar an oidhreacht agus ar an dúlra i Muineachán i láthair agus déantar iad a thaifeadadh ar an láthair. Cuireann siad agallaimh i láthair le daoine áitiúla, caomhnóirí, agus speisialtóirí oidhreachta, le go leor plé bríomhar agus scéalta faoi na háiteanna agus an luach atá leo. Tá ceol a choimisiúnaigh an cumadóir iomráiteach as Muineachán, Michael Gallen, ag gabháil le gach podchraoladh. Tá na podchraoltaí ar fáil ar gach gnáth-ardán podchraolta agus ar shuíomh gréasáin Rannán Oidhreachta na comhairle.


**Sraith 4:**

Eagrán 1 — Tuama Phluincéid-Uí Chionaoith le Larry McDermott
Eagrán 2 — Muilte an Mhuilinn
Eagrán 3 — Séipéal an tSeanchuaich
Eagrán 4 — Bealach caillte idir an Clochar agus Cluain Eois
Eagrán 5 — Mainistir Chill Laobháin

## Toibreacha Beannaithe

Rinneadh suirbhé agus tuarascáil faoi thoibreacha beannaithe do Chontae Mhuineacháin le Patrick Reid, a coimisiúnaíodh roimhe seo, a fhoilsiú mar an tríú himleabhar i Sraith Oidhreachta Mhuineacháin. Cuireann sé go mór leis an tsraith agus seolfar é i mí Feabhra 2025.




## Seachtain na hOidhreachta, 2024

Reáchtáil an Oifig Oidhreachta Seachtain na hOidhreachta thar a bheith rathúil idir an 17 agus an 25 Lúnasa. Chomhordaigh agus d'eagraigh an Oifig Oidhreachta clár iomlán; cuireadh os cionn caoga imeacht ar siúl i gcaitheamh an dá sheachtain. Ba é Naisc, Bealaí agus Líonraí téama na bliana seo. Thacaigh Comhairle Contae Mhuineacháin agus an Chomhairle Oidhreachta le mórán de na himeachtaí sin go díreach trí Scéim Deontais Sheachtain na hOidhreachta — tugadh níos mó ná €6,000 do ghrúpaí pobail éagsúla chun cuidiú leo a gcuid imeachtaí a chur ar siúl.



Bhuaigh an Oifig Oidhreachta, in éineacht le Déaglán Ó Doibhlin and Brian Mac Domhnaill, an duais le haghaidh an imeachta Gaeilge is fearr i nGradaim na Seachtaine Oidhreachta Náisiúnta mar gheall ar ár n-imeacht, Ar Thóir Airghíalla.



# Bithéagsúlacht

Chuir an tOifigeach Bithéagsúlachta tús leis an bpost i lár 2023 agus ba é mórchuspóir an róil in 2024 comhordú a dhéanamh ar fhreagairt na Comhairle ar dhúshlán na géarchéime bithéagsúlachta domhanda don chontae, agus feasacht ar chailliúint na bithéagsúlachta a chur chun feabhais, i gcomhar le comhghleacaithe ar fud na heagraíochta. Is tosaíocht i rith an ama é feasacht ar an mbithéagsúlacht a dhaingniú san uile ghné d'fheidhm na Comhairle. Riarann an tOifigeach Bithéagsúlachta ciste €100,000 ón tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra agus €20,000 ón gComhairle Oidhreachta.

### An Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta nua de chuid Chomhairle Contae Mhuineacháin (2025-2030) a dhréachtú

Mar ghníomh faoin 4ú Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht, tá oibleagáid ar údaráis áitiúla Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta a ullmhú agus a ghlacadh faoi dheireadh na bliana 2026, agus is éigean é a nuashonrú gach cúig bliana.

Foilsíodh Plédhoiciméad i mBealtaine 2024 agus cuireadh ar fáil faoi choinne comhairliúchán poiblí é i Mí Mheáin an tSamhraidh. Cuireadh na seisiúin comhairliúcháin phoiblí ar siúl i ngach ceann de na cúig leabharlann i mí Mheáin an tSamhraidh.




Cuireadh cuir i láthair faoi bhráid gach Ceantair Bhardasaigh i mí na Samhna. Fuarthas maoiniú ón gComhairle Oidhreachta in 2024 chun cuidiú le soláthar tosaigh an dréachtphlean (€20,000).

### Seachtain na Bithéagsúlachta — Bealtaine 2024






Ócáid thábhachtach i mí na Bealtaine is ea **Seachtain na Bithéagsúlachta** agus trí imeacht déag fhíor-rathúla á reáchtáil ag an Oifigeach Bithéagsúlachta ar fud an chontae. Baineann an tSeachtain le bithéagsúlacht de gach aon sórt. Tugtar deis don phobal dlúthaithne a chur ar an dúlra, dul i dtaithí air agus nascadh leis an mbithéagsúlacht atá mórthimpeall orthu.



### Comhdháil Bhithéagsúlachta na hÓige — Bealtaine 2024










Bhí Comhdháil Bhithéagsúlachta na hÓige ar siúl i mí na Bealtaine. Ba í an chomhdháil sin an chéad cheann dá leithéid i gcontae ar bith in Éirinn. Tugadh guth don aos óg i Muineachán maidir le saincheisteanna bithéagsúlachta ina gcontae. Ghlac deich scoil páirt sa chomhdháil agus bhí trí scór scoláirí i láthair aici. Rinneadh plé ar lear topaicí agus chuir na páistí a gcuid smaointe agus a n-imní faoi thopaicí bithéagsúlachta i láthair an ghrúpa iomláin. Thug na scoileanna rannpháirteacha uile aiseolas den chéad scoth faoin gcomhdháil sin.

### Grúpa Oibre Bithéagsúlachta (BWG)



I mí Iúil, cuireadh Grúpa Oibre Bithéagsúlachta ar bun mar shainghrúpa faoin bhFóram Oidhreachta atá bunaithe le fada an lá. Tá páirtithe leasmhara, idir inmheánach agus seachtrach, sa Ghrúpa agus tá a gcuid á déanamh acu chun Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta an Chontae a mhúnlú agus a chur i bhfeidhm. Bhí an chéad chruinniú den Ghrúpa ar siúl an 18 Iúil agus buaileann siad le chéile gach trí mhí.

### Boscaí Neadaireachta do Ghabhláin Ghaoithe



Suiteáladh ceithre bhosca dhéag do ghabhláin ghaoithe sa Champas Síochána ag deireadh mhí na Bealtaine díreach sular tháinig na gabhláin ghaoithe ar ais ón Afraic. Speiceas cosanta é an gabhlán gaoithe agus tá méadú mór ag teacht ar a líon ar fud an chontae. Is sampla rímhaith é sin den dóigh a bhféadfaidh tionscadail ailtireachta freastal ar an mbithéagsúlacht gan aon chur isteach ar an dearadh ginearálta, rud a théann chun tairbhe go mór do speicis atá ar an liosta dearg, macasamhail an ghabhláin ghaoithe.



**Gabhlán gaoithe *(Apus apus)***

## Seachtain na hOidhreachta — Lúnasa



Rith an tOifigeach Bithéagsúlachta roinnt imeachtaí oidhreachta nádúrtha le linn Sheachtain na hOidhreachta agus d'éirigh go geal leo. Ar na himeachtaí a eagraíodh bhí siúlóid feirme, lá uisce an phobail agus caint faoin scréachóg reilige.



Bhí na sluaite i láthair ag na himeachtaí agus fuarthas aiseolas iontach ina leith.

## Comhdháil Bhithéagsúlachta Mhuineacháin — Samhain

Bhí an dara hócáid de Chomhdháil Bhithéagsúlachta Mhuineacháin ar siúl in Ionad Bogach Bhéal Átha Beithe, áit atá an-ghalánta ar fad. Bhí scata mór i láthair ar an lá. Chuaigh cainteoirí éagsúla ar an ardán chun labhairt faoin mbithéagsúlacht agus faoin dúlra a bhaineann le Muineachán. Labhraíodh faoin scréachóg reilige, froganna, gairdíní portaigh uirbeacha agus feirmeoireacht don dúlra mar aon le heolaíocht saoránach, mapáil Abhainn an Droma



Mhóir agus flóra an chontae. Bronnadh Gradam Cuimhneacháin Fheargail Uí Dhufaigh, an chéad cheann dá leithéid, ar an Dr Rory Sheehan as an taifeadadh leathan atá déanta aige ar an mbithéagsúlacht sa chontae.



**Lucht freastail an dara hócáid de Chomhdháil Bhithéagsúlachta Mhuineacháin**



## Gradaim um Fheabhas sa Rialtas Áitiúil

Bhí lúcháir ar Oifigeach Bithéagsúlachta agus ar Ghairneoir na Comhairle a bheith ainmnithe le haghaidh a gcomhthionscadail, an 'Gairdín Portaigh', sna Gradaim um Fheabhas sa Rialtas Áitiúil. Cé nár bhain an tionscadal, leag sé béim ar an tionscadal ar leith sin i gcomhar le Ceantar Bardasach Mhuineacháin chun radhairc agus fuaimeanna Shliabh Beatha a thabhairt go coirnéal uirbeach i mBaile Mhuineacháin.






# Cosaint Dóiteáin & Shibhialta

Is iomaí dúshlán a bhí roimh Chosaint in aghaidh Dóiteáin agus Cosaint Shibhialta, Muineachán (MFCP) sa bhliain 2024, go háirithe mar gheall ar chur i bhfeidhm chomhaontú an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre (WRC) le haghaidh comhraiceoirí dóiteáin ar áirithíocht. B'éigean córais riaracháin a choigeartú go mór dá bharr, lenar áiríodh iarrachtaí earcaíochta, oiliúint, comhréiteach beartas acmhainní daonna, caighdeánú pá, agus aistriú chuig tréimhsí íocaíochta coicíse. Chuir na hathruithe sin go mór leis an ualach oibre agus beidh tionchar acu ar an mbuiséad amach anseo.

In ainneoin na ndúshlán sin, lean MFCP ar aghaidh ag soláthar seirbhísí riachtanacha do mhuintir Mhuineacháin. I measc na seirbhísí sin bhí freagairt do ghlaonna éigeandála, tacaíocht phobail, agus comhoibriú le seirbhísí éigeandála eile chun pleanáil d'éigeandálaí móra a fheabhsú, mar aon le feidhmeanna sábháilteachta dóiteáin agus rialaithe foirgníochta, cigireachtaí um chomhlíonadh na rialachán sábháilteachta dóiteáin, cigireachtaí ceadúnaithe, agus cur chun cinn sábháilteachta dóiteáin pobail.




Rang na gComhraiceoirí Dóiteáin Earcaithe, Iúil 2024

Thug Seirbhís Dóiteáin Mhuineacháin aghaidh ar 364 teagmhas in 2024. Méadú 15% é sin ar líon na bhfreagairtí céadfhreastail in 2023. Bhí imbhuailtí tráchta bóthair, gníomhachtuithe aláraim, tinte tí agus tinte beaga ar na teagmhais ba choitianta. Rud suntasach ná gur tháinig laghdú ar líon na dtinte simléir.

Seo a leanas miondealú ar na glaonna iomlána in 2024 in aghaidh ceantar stáisiúin:

| Stáisiún Dóiteáin | 1ú Turas Freastail | 2ú Turas Freastail |
|---|---|---|
| Béal Átha Beithe | 49 | 8 |
| Carraig Mhachaire Rois | 70 | 2 |
| Baile na Lorgan | 73 | 18 |
| Cluain Eois | 39 | 3 |
| Muineachán | 133 | 11 |



Teagmhais na Seirbhíse Dóiteáin in 2024 le hais 2023

Ba iad Imbhuailtí Tráchta Bóthair an glaoch amach ba choitianta in 2024 (25% de na teagmhais ar freastalaíodh orthu).



Gradam Ceannródaithe 2025 á bhronnadh ar MFCP

Tugadh aitheantas do Chosaint in aghaidh Dóiteáin agus Cosaint Shibhialta, Muineachán in 2024 ag Gradaim Cheannródaithe an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre as an obair a rinneadh le scoláirí idirbhliana chun sábháilteacht ar bhóithre a chur chun cinn. Tugtar teachtaireacht láidir do scoláirí sa seó bóthair agus is cuspóir é líon na mbásanna agus na ngortuithe ar bhóithre Mhuineacháin a laghdú.

## Oiliúint

Sa chlár oiliúna in 2024 bhí Cúrsaí um Earcaigh Thosaigh agus Gaireas Análaithe do chomhraiceoirí dóiteáin nua, mar aon le cúrsaí um Chéadfhreagróir Tuilte, Caighdeán Tiomána Seirbhísí Éigeandála (ESDS), agus Céadfhreagróir Éigeandála.


Comhraiceoirí dóiteáin le linn Oiliúint Feasachta Uisce, Aibreán 2024

Thug Comhairle Contae Mhuineacháin faoi oiliúint ar Ábhar Guaise i Stáisiún Dóiteáin Mhuineacháin. Áirítear ar fhorbairt oiliúna cúrsa creidiúnaithe QQI (Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann) arna chur le chéile ag Grúpa Oiliúna Náisiúnta na Seirbhísí Údaráis Áitiúil (LASNTG) i gcomhar leis an Stiúrthóireacht Náisiúnta um Bainistíocht Dóiteáin agus Éigeandála (NDFEM).



Oiliúint QQI ar Ábhair Ghuaiseacha, Muineachán, Márta 2024

Cuimsíonn measúnú ar riachtanais oiliúna MFCP an ceanglas ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil, agus cuimsíonn sé an clár oiliúna stáisiúin atá ag dul ar aghaidh, agus déantar athbhreithniú air go tréimhsiúil chun ailíniú le córas bainistíochta sábháilteachta MFCP, agus chun treochtaí agus tosaíochtaí atá ag teacht chun cinn a ghabháil.

**Sláinte & Sábháilteacht:** Tá Córas Bainistíochta MFCP um Shláinte agus Sábháilteacht Cheirde á rialú ag Creidiúnú ISO 45001. Tá feabhsúcháin ó thaobh bainistíocht sócmhainní de aitheanta cheana féin sa phróiseas iniúchta a bhaineann le ISO 45001.

**Cur i bhfeidhm Chomhaontú WRC:** Eagraíodh feachtas earcaíochta rathúil go luath in 2024 chun comhraiceoirí breise a mhealladh i mBéal Átha Beithe, i gCarraig Mhachaire Rois, i mBaile na Lorgan agus i gCluain Eois, mar chuid de chomhaontú WRC.

Ba é Muineachán an chéad údarás áitiúil a thug caighdeánú náisiúnta phá na gcomhraiceoirí dóiteáin ar áirithíocht isteach, mar aon leis an aistriú ó phá míosúil go pá coicísiúil in 2024. Tá comhraiceoirí dóiteáin ar áirithíocht ar aon dul le foireann uile an údaráis áitiúil anois ó thaobh beartais agus nósanna imeachta a bhaineann le luach saothair.



Cuairt Chomhairle Ceantair Fhear Manach agus na hÓmaí ar Stáisiún Dóiteáin Mhuineacháin, Samhain 2024

## Sábháilteacht Dóiteáin:

**Cosc Dóiteáin:** Rinne ár Rannóg um Chosc ar Dhóiteán athbhreithniú agus próiseáil ar gach iarratas bailí ar dheimhniú um shábháilteacht ó dhóiteán a fuarthas agus thug sí comhairle maidir le comhlíonadh Chuid B de na Rialacháin Foirgníochta (Sábháilteacht ó Dhóiteán) a bhaint amach. Rinneadh cigireachtaí sábháilteachta ó dóiteáin ar raon cineálacha foirgneamh, lena n-áirítear áitribh cheadúnaithe, tithe cúraim cónaithe, réamhscoileanna, árasáin, stáisiúin pheitril agus foirgnimh phobail.

Bhí an méadú le déanaí ar athchóiriú cineálacha éagsúla foirgnimh go foirgnimh chónaithe iláitithe le sonrú arís in 2024, ach bhí moilliú suntasach ar iarratais den saghas sin ag deireadh 2024.

Dhírigh an tSeachtain um Shábháilteacht ó Dhóiteán ar shábháilteacht dóiteáin sa bhaile agus mhol sí do gach teaghlach aláram deataigh feidhmiúil a bheith acu. Reáchtáladh roinnt dianfheachtas sábháilteachta ó dhóiteáin i rith na bliana, ag díriú ar dhaoine scothaosta agus leochaileacha, chomh maith le feachtais shéasúracha ag an gCáisc, Oíche Shamhna, an Nollaig agus Seachtain um Shábháilteacht ó Dhóiteáin.

Rinneadh 186 cigireacht ar Shábháilteacht Dóiteán agus Rialú Foirgníochta san iomlán in 2024, agus críochnaíodh 141 tuarascáil atreoraithe pleanála. Rinne oifigeach dóiteáin gach atreorú ceadúnaithe a fógraíodh le haghaidh tithe tábhairne, clubanna, hallaí damhsa, etc. a mheas agus eisíodh moltaí chuig an tSeirbhís Cúirteanna.
Rinneadh anrud Ceadúnas um Shubstaintí Contúirteacha a phróiseáil agus a eisiúint arís in 2024.

## Rialú Tógála

Fuair Údarás Rialaithe Tógála Mhuineacháin 210 Fógra Tosaithe bailí in 2024, ar laghdú 9% é ar 2023. Baineadh amach ráta cigireachta de 34% de na foirgnimh nua i mbliana. Ina theannta sin, rinneadh 90 iarratas ar Dheimhnithe um Shábháilteacht ó Dhóiteán agus 52 iarratas ar Dheimhnithe Rochtana

do Dhaoine faoi Mhíchumas faoin reachtaíocht um Rialú Foirgníochta.

Reáchtáil Cosaint in aghaidh Dóiteáin agus Cosaint Shibhialta, Muineachán Ceardlann rathúil um Rialú Tógála i mí na Bealtaine 2024. Bhí sé i gceist leis an gceardlann plé le páirtithe leasmhara faoi shaincheisteanna reatha agus deiseanna foghlama a éascú.



Ceardlann Gníomhairí um Rialú Tógála, Aibreán 2024

Tá leibhéal na dtithe aonuaire 'a dhiúltaíonn' do dheimhniú reachtúil fós réasúnta ard. Agus iad ag diúltú do na ceanglais maidir le deimhniú reachtúil, tá an t-úinéir tí ag déanamh an chinnidh gan a n-áit chónaithe a chur san áireamh ar an gclár Deimhnithe um Chomhlíonadh ar Chríochnú.



Cigireacht um Rialú Tógála, Scoil Náisiúnta Mhuire, Buíochar, Iúil 2024.

## Sábháilteacht ó Dhóiteáin sa Phobal

Cuireadh réimse tionscnamh sábháilteachta dóiteáin ar fáil a dhírigh ar scoileanna agus ar ghrúpaí pobail araon. Dáileadh brathadóirí deataigh mar chuid den Scéim Aláraim Deataigh Pobail agus cuireadh príomhtheachtaireachtaí na Seachtaine Feasachta Aonocsaíde Carbóin agus na Seachtaine um Shábháilteacht ó Dhóiteán chun cinn ar ardáin áitiúla agus meán sóisialta. Cuireadh Clár na mBunscoileanna ar fáil arís le físeán réamhthaifeadta agus eisíodh faisnéis maidir le feasacht ar shábháilteacht ó dhóiteán don Lucht Siúil.



Caint faoi Shábháilteacht ó Dhóiteán le Grúpa Pobail Bhaile na Lorgan, Bealtaine 2024

## Bainistíocht Éigeandála:

Rinne an Fhoireann Measúnaithe Aimsire Crua monatóireacht ar roinnt imeachtaí drochaimsire a d'fhéadfadh a bheith ann le linn na bliana le faisnéisiú rialta ó Met Éireann, go háirithe Stoirm Darragh in 2024.

**Bainistíocht Móréigeandála:** Lean MFCP ar aghaidh in 2024, le cabhair an Gharda Síochána agus FSS araon, chun ár gcumas freagartha a bhaineann le nósanna imeachta a thástáil chun freagairt éifeachtach idirghníomhaireachta, próisis chumarsáide agus meán, agus idir-inoibritheacht a chinntiú.
Is éard atá i gceist le Bainistíocht Móréigeandála Ilghníomhaireachta ná pleananna, córais, nósanna imeachta agus oiliúint a chothabháil, agus cumas na bpáirtithe leasmhara go léir a fheabhsú.



Beart Réigiúnach MEM, Eanáir 2024

**Pleanáil Éigeandála Trasteorann:** Leanann an Grúpa Bainistíochta Éigeandála Trasteorann (CBEMG) ar aghaidh ag athbhreithniú agus ag feabhsú rannpháirtíocht ilghníomhaireachtaí chun a chinntiú go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun freagairt éifeachtach ó ghníomhaireachtaí ar an dá thaobh den teorainn a chumasú.

Sheol Comhairle Contae Mhuineacháin, mar an t-údarás ceannais, tuarascáil faoi theachtaireachtaí sábháilteachta poiblí Trasteorann. Sheol an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, Darragh O'Brien, 'Advancing a Focused Cross-Border Approach to Public Service Messaging in Emergency Management' *(Cur Chuige Dírithe Trasteorann i leith Teachtaireachtaí Seirbhíse Poiblí i mBainistíocht Éigeandála a Chur chun Cinn)* i

Stáisiún Dóiteáin Chluain Eois i gContae Mhuineacháin.



Seoladh Tuarascála Oileáin Chomhroinnte i Stáisiún Dóiteáin Chluain Eois, Meitheamh 2024

De thairbhe aighneacht rathúil eile, bhíothas ábalta tús a chur le tionscadal taighde lena chinntiú go bhfuil gníomhaireachtaí Trasteorann ábhartha ullmhaithe a dhóthain le haghaidh chéim an téarnaimh i gcás éigeandálaí.

### Infheistíocht chaipitil i bhflít agus i dtrealamh:

Rinneadh cuid mhór infheistíocht chaipitil arís in 2024 — cuireadh Fearas Dóiteáin nua d'Aicme B ar fáil do Stáisiún Dóiteáin Charraig Mhachaire Rois, mar aon le Caidéil Intumtha, Cláir ECO, TICanna, Sorcóirí Gairis Análaithe agus feithicil phearsanra 4 x 4, arna maoiniú ag an Stiúrthóireacht Náisiúnta um Bainistíocht Dóiteáin agus Éigeandála.

**Oibreacha caipitiúla:** Cuireadh na hoibreacha i gcrích ar shuiteáil taisceadán comhtháite nua i Stáisiún Dóiteáin Charraig Mhachaire Rois agus i Stáisiún Dóiteáin Chluain Eois. Cuireadh foscadh fearas in airde i Stáisiún Dóiteáin Mhuineacháin d'fhonn feithiclí a chosaint ar an aimsir.

Leanadh ar aghaidh le tógáil Stáisiúin Dóiteáin nua i mBéal Átha Beithe in 2024 agus tá sé beartaithe go mbeidh sé críochnaithe agus ag feidhmiú go hiomlán i lár 2025.



Stáisiún Dóiteáin nua Bhéal Átha Beithe á thógáil Samhain 2024

## Cosaint Shibhialta Mhuineacháin

Rinne Cosaint Shibhialta Mhuineacháin an-dul chun cinn in 2024 agus thaispeáin sí a thiomanta atá sí do sheirbhís pobail agus d'ullmhacht i gcomhair éigeandálaí.



Oibrithe Deonacha Cosanta Sibhialta ag mórshiúl Lá Náisiúnta na Seirbhísí i nDroichead Átha i mí Mheán Fómhair 2024

Bhí an méid seo a leanas ar na gníomhaíochtaí agus na héachtaí móra i gcaitheamh na bliana:

### Tionscnaimh Tacaíochta Pobail

- Cuireadh tacaíocht leighis ríthábhachtach ar fáil ag imeachtaí éagsúla amuigh faoin spéir.
- Thug oibrithe deonacha bia agus cógas dóibh siúd a bhí i ngátar, lena chinntiú go bhfuair daoine leochaileacha an chabhair a bhí uathu.
- Bhíothas réamhghníomhach le linn crua-aimsire, tugadh tacaíocht do phobail áitiúla agus maolaíodh tionchar na n-éigeandálaí.

### Oiliúint agus Forbairt Scileanna:

Dhírigh oiliúint Chosaint Shibhialta Mhuineacháin, ag a bhfuil 52 oibrí deonach iloilte, ar réimsí ríthábhachtacha, mar shampla:

- Garchabhair Taismí
- Cuardach agus Tarrtháil, lena n-áirítear teagmhais bhádóireachta agus uisce
- Seirbhís Dóiteáin Chúnta
- Leas agus Cumarsáid
- Monatóireacht Radaíochta & Cumarsáid Raidió




Cúram leighis á chleachtadh ag oibrithe deonacha Cosanta Sibhialta ag RTA: Nollaig 2024

Eagraíodh cúrsaí oiliúna ar leibhéil éagsúla. Feabhsaíodh scileanna trí dheiseanna a chur ar fáil ag saoráidí oiliúna áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta.

I gcomhar leis an nGarda Síochána, chuardaigh na hoibrithe deonacha daoine a bhí ar iarraidh. Bhí éifeachtacht a gcuid oibríochtaí i bhfad níos fearr de bharr scanadh sonóra agus sainoiliúna.



**Oibrithe deonacha Chosaint Shibhialta Mhuineacháin ag a gcomhdháil bhliantúil**

**Earcaíocht:** Tháinig méadú ar líon na n-oibrithe deonacha i gCosaint Shibhialta Mhuineacháin in 2024 ar na fáthanna seo a leanas:

- Cláir oiliúna chuimsitheacha
- Deiseanna le haghaidh forás pearsanta agus obair bhuíne
- Forbairt scileanna i réimsí ar nós Tarrtháil Theicniúil agus Céadfhreagairt Éigeandála
- Plé leis an bpobal trí imeachtaí áitiúla agus náisiúnta

**Feabhsú Flít:** Fuarthas Feithicil Iompair Othar nua in 2024 a chuirfidh leis an inrochtaineacht do dhaoine éagsúla sa phobal. Beidh an soláthar seirbhíse trí chéile níos fearr dá bharr.




**An Fheithicil Iompair Nua de chuid Cosaint Shibhialta: Iúil 2024.**

B'ionad fíorthábhachtach é ceanncheathrú Chosaint Shibhialta Mhuineacháin, mar is gnách, chun tacaíocht áitiúil agus comhoibriú le Príomhghníomhaireachtaí Freagartha a chomhordú. Cinntíonn sé sin bainistíocht éigeandála éifeachtach.

Mar achoimre, mar gheall ar a cur chuige réamhghníomhach in 2024, rinne Cosaint Shibhialta Mhuineacháin cinnte de go raibh sí ullmhaithe go maith do dhúshláin amach anseo. Léiríonn sé sin a thiomanta atá sí do leas an phobail agus d'fhorbairt oibrithe deonacha. Is príomhpháirtí sa phráinnfhreagairt agus san ullmhacht sa réigiún í de thairbhe a dhírithe atá sí ar an oiliúint, ar an gcomhoibriú agus ar an tacaíocht.



**Oibrithe deonacha de chuid Cosaint Shibhialta ag Mórshiúl Lá Fhéile Pádraig, 2024 i Muineachán**

# Forbairt Pobail

## COISTE FORBARTHA POBAIL ÁITIÚIL (CFPÁ)

Tá ról comhordúcháin ag CFPÁ Mhuineacháin ar leibhéal an chontae. Féachann sé le cinnte a dhéanamh de go bhfuil cur chuige comhleanúnach ann maidir le forbairt áitiúil agus pobail sa chontae. In 2024, tháinig CFPÁ le chéile 8 n-uaire agus d'oibrigh sé go héifeachtach chun cláir éagsúla a bhainistiú, lena n-áirítear SICAP, LEADER, PEACE, an Ciste Feabhsúcháin Pobail, an Ciste Aitheantais Pobail agus an Ciste um Éire Shláintiúil.

## PLEAN ÁITIÚIL EACNAMAÍOCHTA AGUS POBAIL (LECP)

Seoladh LECP Mhuineacháin, 2023-2029 i mí an Mheithimh 2024. Cuireadh grúpaí oibre ar bun chun maoirseacht a dhéanamh ar sholáthar agus ar mhonatóireacht an Phlean.

## PEACEPLUS

In 2024, ceadaíodh iarratas Chomhairle Contae Mhuineacháin ar mhaoiniú faoi Théama 1.1 Pleananna Gníomhaíochta Pobail Áitiúil. Mar thoradh ar an iarratas ar €4.57 milliún, cuirfear lear tionscadal i gcrích sna cúig bliana amach romhainn faoi na téamaí 'Athnuachan agus claochlú pobail', 'Pobail faoi rath agus faoi shíochán' agus 'Meas ar gach traidisiún cultúrtha a chothú'. Déanfaidh CFPÁ maoirseacht ar an bplean gníomhaíochta síochána áitiúil agus déanfaidh Bord Comhpháirtíochta PEACEPLUS bainistíocht air. Cuirfidh Comhairle Contae Mhuineacháin, Bord Oideachais agus Oiliúna an Chabháin agus Mhuineacháin, Forbairt Chomhtháite Mhuineacháin agus Plean Gníomhaíochta Domhanda *(Global Action Plan)* tionscadail i gcrích.

## AN CLÁR UM CHUIMSIÚ SÓISIALTA AGUS GNÍOMHACHTÚ POBAIL (SICAP)

Cuireann an Clár um Chuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail (SICAP), 2024-2028maoiniú ar fáil chun dul i ngleic le bochtaineacht agus cuimsiú sóisialta go háitiúil trí rannpháirtíocht áitiúil agus comhpháirtíochtaí idir daoine faoi mhíbhuntáiste, eagraíochtaí pobail agus gníomhaireachtaí san earnáil phoiblí.

Cheadaigh CFPÁ Mhuineacháin maoiniú €863,692.27 chun gníomhartha a leagtar amach i bPlean Bliantúil SICAP, 2024 a chur i gcrích.

## Clár LEADER Mhuineacháin 2014-2022

Ba é CFPÁ Mhuineacháin an Grúpa Áitiúil Gníomhaíochta (LAG) sa chlár seo agus ba é a rinne na cinntí maidir le hiarratais tionscadail. Tháinig LAG le chéile ocht n-uaire in 2024 agus cheadaigh sé tionscadail a mhol na baill de IEC.

Ba é €7,790,508.19 an leithdháileadh iomlán do Chlár LEADER 2014-2022 do Chontae Mhuineacháin. Cuireadh maoiniú ar fáil do 134 tionscadal. Bhí cruinniú deireanach LAG ar siúl i mí na Nollag 2024.

## CLÁR AOISBHÁ MHUINEACHÁIN

Leanann Clár Aoisbhá Mhuineacháin leis an obair chun rochtain ar sheirbhísí agus ar dheiseanna tábhachtacha a thabhairt do dhaoine scothaosta le páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí pobail.

## LÁ NA hAFRAICE 2024

Tá Lá na hAfraice ainmnithe ag an Aontas Afracach mar cheiliúradh bliantúil ar aontacht na mór-roinne, agus bíonn sé ar siúl an 25Bealtaine gach bliain.

Déantar ceiliúradh maith ar Lá na hAfraice i Muineachán i gcónaí. Bíonn imeachtaí ar siúl i Muineachán agus i mBaile na Lorgan.

## AN tSEACHTAIN UM CHUIMSIÚ SÓISIALTA I MUINEACHÁN

D'eagraigh an Foghrúpa Comhionannais den Choiste Forbartha Pobail Áitiúil (CFPÁ) an tSeachtain um Chuimsiú Sóisialta i Muineachán, 2024.

Ba é téama na Seachtaine um Ionchuimsiú Sóisialta "Meas agus Ceangal".

Tugadh deis iontach do ghrúpaí áitiúla le linn na Seachtaine aird a tharraingt ar an éagsúlacht, ar an neart agus ar an aontacht atá inár bpobail.

## CISTE FORBARTHA POBAIL 2024

Tugann an Ciste Forbartha Pobail maoiniú do ghrúpaí pobail áitiúla i rith an ama. Cuidíonn an maoiniú sin lena dtionscadail a chuireann a

gceantar áitiúil chun feabhais. Leithdháileadh €90,000 ar shé ghrúpa pobail is nócha in 2024.

## TAISPEÁNTAS BHANLAOCHRA NA SÍOCHÁNA

Thug Comhairle Contae Mhuineacháin tacaíocht do Thaispeántas Bhanlaochra na Síochána agus ba mhór an onóir dí é sin a dhéanamh.
Rinne WCI (Blayney Blades) ceiliúradh ar Lá Idirnáisiúnta na mBan, 2024 tríd an taispeántas, Banlaochra na Síochána, a oscailt. Tugann an taispeántas léargas ar scéal inspioráideach — an ról ríthábhachtach a bhí ag mná i bPróiseas Síochána Thuaisceart Éireann.




**Sa phictiúr: Seoladh Thaispeántas Bhanlaochra na Síochána**

## SCÉIMEANNA MAOINITHE NA ROINNE FORBARTHA TUAITHE AGUS POBAIL

Tá ról ríthábhachtach ag an maoiniú a fhaightear ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail (DRCD) agus ó Chomhairle Contae Mhuineacháin maidir le caighdeán na beatha a fheabhsú do chónaitheoirí inár mbailte agus sráidbhailte tuaithe.

## CLÁR

Is clár infheistíochta spriocdhírithe do cheantair thuaithe é CLÁR a bhfuil sé mar aidhm aige maoiniú a chur ar fáil do thionscadail bhonneagair bheaga a raibh leibhéil shuntasacha dídhaonraithe iontu.

Leithdháileadh **€620,491.51** ar Chomhairle Contae Mhuineacháin faoi Bheart 1 le haghaidh 15 thionscadal faoi stiúir an phobail.

**MUGA Bhunscoil Naomh Tiarnach**



**Scéim um Bonneagar Caithimh Aimsire Lasmuigh**

Is é is aidhm don mhaoiniú tacaíocht a thabhairt don turasóireacht a bhaineann le caitheamh aimsire lasmuigh, a bhfuil tairbhí eacnamaíocha ag baint léi dár mbailte agus dár sráidbhailte faoin tuath.

Leithdháileadh **€1,179,296** ar Chomhairle Contae Mhuineacháin in 2024 do dheich dtionscadal faoi Bhearta 1, 2 agus 3 faoin Scéim um Bonneagar Caithimh Aimsire Lasmuigh, 2023.

Fógraíodh scéim 2024/2025 le haghaidh Léirithe Spéise an 14 Samhain 2024.

**Tionscadail na Scéime um Bonneagar Caithimh Aimsire Lasmuigh a críochnaíodh in 2024**
**Uasghrádú áiseanna slatiascaireachta ag Loch Nagarnaman**



**Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte**

Tacaíonn an Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte le hathbheochan cheantair thuaithe na hÉireann agus dírítear ar athchóiriú lár na mbailte agus feabhsú na beochta eacnamaíche agus sóisialta i gcomhréir leis an mbeartas, Lár Bailte ar dTús.

Fuair Comhairle Contae Mhuineacháin maoiniú arbh fhiú **€100,000** é faoi choinne dhá Bheart Forbartha Tionscadail. Beifear ábalta tionscadail straitéiseacha a phleanáil agus a dhearadh de dheasca an mhaoiniúcháin sin agus beifear ullmhaithe i gcomhair infheistíocht chaipitil amach anseo.

### Tionscadail Bailte agus Sráidbhailte a críochnaíodh in 2024

### Clós Súgartha Chorr Uí Bhraonáin



### Sráid-dreach agus Micreaghairdín Shráid Fhear Manach



**Ciste Aitheantais Pobail**

Bhí sé mar aidhm ag an gciste seo tacú le bonneagar agus áiseanna pobail a fhorbairt mar aitheantas ar an méid atá á dhéanamh ag pobail ar fud na tíre chun fáilte a chur roimh líon suntasach daoine nua atá ag teacht isteach ón Úcráin agus ó thíortha eile agus iad a óstáil. Fuair Comhairle Contae Mhuineacháin maoiniú dar luach **€545,378** le haghaidh sé tionscadal sa bhliain 2024.

**Athchóiriú Pháirc na Beilge**



## CLÁR FEABHSÚCHÁIN ÁITIÚIL

Bhainistigh CFPÁ Mhuineacháin an ciste thar ceann na Roinne Forbartha Tuaithe agus Pobail. Bhí an ciste ar fáil do ghrúpaí a raibh maoiniú do mhiontionscadail chaipitil agus do cheannach trealaimh á lorg acu. Tugadh maoiniú do 102 grúpaí agus bronnadh €130,960 san iomlán.

Bhronn an tAire Heather Humphreys ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail a Litir Thairisceana ar gach grúpa ar éirigh leo. Bhí an bronnadh ar siúl ag ócáid speisialta in Ionad Pobail Chorr Cheachan i mí Aibreáin.

## FOIREANN ÚDARÁIS ÁITIÚIL UM IMEASCADH, MUINEACHÁN

Tá an tsamhail áitiúil úr maidir le himeascadh bunaithe ar líonra náisiúnta d'Fhoirne Údaráis Áitiúil um Imeascadh (LAIT) (ar a bhfuil ceathrar), arna maoiniú ag an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (DCEDIY), i ngach ceann de na 31 Údarás Áitiúil.

Tugann na foirne tacaíocht do na daoine seo a leanas:

- Iarratasóirí ar Chosaint Idirnáisiúnta (IPAnna)
- Daoine ag a bhfuil stádas mar Dhídeanaí, Cosaint Choimhdeach nó Cead chun Fanacht
- Dídeanaithe Cláir i gClár na hÉireann um Dhídeanaithe a Chosaint (IRPP)
- Tairbhithe de Chosaint Shealadach (BOTP)

Chuaigh LAIT Mhuineacháin, ina bhfuil Comhordaitheoir Imeasctha, Beirt Oibrithe Tacaíochta Imeasctha agus Oifigeach Cúnta Foirne, i mbun dualgais i mí an Mhárta agus i mí Aibreáin 2024. Tugann an fhoireann tacaíocht trí chlinicí for-rochtana ar fud an chontae, trí ríomhphost agus tríd an nguthán. D'fhreagair an fhoireann os cionn 1,000 iarratas ar thacaíocht ó dhaoine aonair, ó theaghlaigh agus ó ghrúpaí in 2024 agus chuir sí treoir, tacaíocht duine le duine, treoracha chuig seirbhísí eile, ceardlanna agus gníomhaíochtaí ar fáil. Lena chois sin, reáchtáil LAIT Mhuineacháin ceardlanna faoi théamaí éagsúla do ghníomhaireachtaí áitiúla.

## FÓRAM IMEASCTHA POBAIL MHUINEACHÁIN

Tá an Fóram faoi chathaoirleacht an Stiúrthóra Seirbhísí um Fhorbairt Pobail agus Tuaithe. Tá ionadaithe ó sholáthraithe seirbhísí sa chontae ar an bhFóram. Tháinig an Fóram le chéile faoi cheathair in 2024.

## CUIR BAILE AR FÁIL

Le linn na bliana 2024, cuireadh 58 Tairbhí breise de Chosaint Shealadach i 25 réadmhaoin gheallta de bharr na scéime, Cuir Baile ar Fáil. Athnuadh na léasanna uile a síníodh in 2023.

Ag deireadh mhí na Nollag 2024, bhí 177 Tairbhí de Chosaint Shealadach i 59 réadmhaoin gheallta de chuid na scéime, Cuir Baile ar Fáil, ar fud Chontae Mhuineacháin.

## MUINEACHÁN SLÁINTIÚIL

Clár atá bunaithe ar thorthaí é an Ciste um Éire Shláintiúil, 2022-2025 (Babhta 4). Sainaithníodh péire torthaí tosaíochta i gContae Mhuineacháin.
Ghlac níos mó ná 2,500 rannpháirtí páirt i dtionscnaimh arna maoiniú ag Éire Shláintiúil in 2024, lenar áiríodh cláir do pháistí agus do dhaoine óga, do dhaoine faoi mhíchumas, do mhionlaigh eitneacha, do bhaill de phobal LADT, do thuismitheoirí úra, do dhaoine fásta níos sine, mar aon le lear tionscnaimh eile a bhí dírithe ar gach cohórt den phobal.
Cuireadh aon chlár déag ar fáil agus cuireadh ar fáil iad, den chuid is mó, de bharr comhoibriú idir roinnt gníomhaireachtaí a bhí ag obair i dtreo na sprice céanna, is é sin, gníomhaíocht choirp a mhéadú agus meabhairshláinte dhiúltach a laghdú i measc daoine de gach aois ar fud an chontae.




## CLÁR CHOMHAIRLE NA nÓG

Bhronn an Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige €25,000 ar Chomhairle Contae Mhuineacháin le haghaidh chlár oibre Chomhairle na nÓg áitiúil, 2024. Ba é "Easpa Bonneagair" an phríomhthopaic ar phléigh an t-aos óg léi in 2024.

D'éascaigh Comhairle na nÓg, Muineachán imeacht "Labhraímis" roimh na toghcháin áitiúla. Bhí os cionn trí scór daoine óga i láthair ag an imeacht chun páirt a ghlacadh i bplé agus i gceardlanna le daoine atá le bheith ina n-iarrthóirí.

D'fhreastail baill den Chomhairle ar chruinniú na Comhairle i mí na Samhna agus rinne siad cur i láthair os comhair na gcomhaltaí.

Thug Comhdháil Bhliantúil na nÓg deis do Chomhairle na nÓg, Muineachán aird a tharraingt ar an lear mór oibre a rinne sí. Ina theannta sin, thug sí deis don aos óg i Muineachán an phríomhthopaic ar mhaith leo plé léi in 2025 a phiocadh, is é sin, "Meabhairshláinte na nÓg".

Public Participation Network Monaghan

Lean Líonra Rannpháirtíochta Pobail Mhuineacháin, le tacaíocht ó Chomhairle Contae Mhuineacháin, ag forbairt mar an príomhnasc trína nascann an tÚdarás Áitiúil leis na hEarnálacha Pobail, Ionchuimsithe Sóisialta agus Comhshaoil ar fud an chontae. Chuir MPPN tús leis an bpróiseas athchlárúcháin do na 680 grúpa PPN dár gcuid lena chinntiú go bhfuil na sonraí teagmhála cothrom le dáta.

## Ionadaíocht

Rinne 54 ionadaí pobail ionadaíocht ar an líonra thar 16 choiste cinnteoireachta éagsúla, rud a chuir an pobal go daingean i gcroílár na cinnteoireachta áitiúla. Toghadh seisear déag ionadaithe nua PPN ar na Coistí um Beartais Straitéiseacha de chuid na Comhairle in 2024.

## Oiliúint

Chuir an Líonra Rannpháirtíochta Pobail oiliúint saor in aisce ar fáil dár mbaill maidir leis an méid seo a leanas:

- Iarratais ar Mhaoiniú a Scríobh
- Na Meáin Shóisialta agus Dearadh Grafach
- Bithéagsúlacht agus Athrú Aeráide

Chomh maith leis sin, d'óstálamar maidineacha caife chun deis a thabhairt do dhaoine aithne a chur ar fhoireann áitiúil PPN.



## Bronnadh ar Ionadaithe PPN chun 10 mBliana de PPNanna a Cheiliúradh

Rinne Rúnaíocht agus Foireann PPN Mhuineacháin ceiliúradh ar Dheich mBliana de PPNanna.

Rinne an Príomhfheidhmeannach, an tUasal Robert Burns, bronnadh ar iar-ionadaithe PPN agus ar ionadaithe reatha PPN ag an ócáid sin.



## Comhairliúcháin Phoiblí

Bíonn MPPN i gcomhairle le rannóga éagsúla faoi comhairliúcháin phoiblí, bídís áitiúil, réigiúnach nó náisiúnta, agus bhí baint aige leis na comhairliúcháin seo a leanas in 2024:

- Plean Corparáideach 2024-2029
- Staidéar Indéantachta le haghaidh Linn Snámha agus Ionad Fóillíochta atá Beartaithe i gCarraig Mhachaire Rois
- Scéim chun Coistí um Beartais Straitéiseacha a bhunú

D'eagraigh Tionól na mBan, Muineachán, i gcomhar le Foghrúpa Comhionannais an Choiste Forbartha Pobail Áitiúil, sraith Iniúchtaí um Shábháilteacht Ban chun béim a leagan ar an imní ar leith atá ar mhná faoina sábháilteacht i lár ár mbailte móra. Is é an mórchuspóir atá ann spásanna níos sábháilte a chruthú inár mbailte do mhná, idir óg agus aosta.
Rinneadh Iniúchtaí um Shábháilteacht Siúil i gCluain Eois, i mBéal Átha Beithe, i Muineachán, i mBaile na Lorgan agus i gCarraig Mhachaire Rois in 2024.
Tabharfar torthaí na suirbhéanna do na Ceantair Bhardasacha ábhartha lena bhfiosrú.

## COMHPHÁIRTÍOCHT SPÓIRT MHUINEACHÁIN

Chuir MSP os cionn 300 clár gníomhaíochta, imeacht, tionscnamh agus cúrsa oiliúna ar fáil in 2024 chun ár bpobail a choinneáil gníomhach agus rannpháirteach, agus ghlac os cionn 10,000 duine páirt ann, lena n-áirítear páistí agus daoine óga, daoine fásta, daoine scothaosta, daoine faoi mhíchumas agus pobail imirceacha.

### Cláir Phobalbhunaithe:

Éascaíodh gníomhaíochtaí do Dhaoine Fásta Gníomhacha (50+) in ionaid phobail áitiúla ar fud an chontae. Eagraíodh idir imeachtaí istigh agus imeachtaí amuigh.



### Ag Tacú le hImeachtaí/Tionscnaimh Náisiúnta:

Eagraíodh agus soláthraíodh imeachtaí i rith 2024 (ina raibh os cionn 300 rannpháirtí) chun tionscnaimh náisiúnta a cheiliúradh ar leibhéal áitiúil, mar shampla:
Seachtain um Mná sa Spórt, Seachtain Sláinte na bhFear, an tSeachtain Náisiúnta Rothar, an tSeachtain um Chuimsiú Sóisialta, Seachtain Amuigh Faoin Aer HER, an tSeachtain um Aosú Dearfach, Seachtain Eorpach an Spóirt.



## Páistí agus Daoine Óga:

Cláir ghníomhaíochta éagsúla chun tacú le piarfhoghlaim agus gníomhaíocht choirp scoilbhunaithe agus phobalbhunaithe. Chuathas i dteagmháil le níos mó ná leathchéad bunscoil.

## Spórt agus Gníomhaíochtaí Coirp Ionchuimsitheacha — ag tacú le spórt agus gníomhaíocht choirp do dhaoine faoi mhíchumas

Cuireadh sainchláir ar fáil do pháistí a bhí ag freastal ar ranganna inar tugadh tacaíocht don uathachas maidir le gníomhaíochtaí amhail rothaíocht, gleacaíocht, sacar agus gníomhaíochtaí pobail ilspórt. Bhíothas ag obair i gcomhar le grúpaí áitiúla míchumais, agus tháinig breis agus 150 páiste i dtír ar dheiseanna nua.

Thug MSP tacaíocht do sheirbhísí lae do dhaoine fásta faoi mhíchumas d'fhonn rochtain ar ghníomhaíochtaí spóirt a sholáthar.



## Oideachas agus Oiliúint:

Chuir MSP 19 gcúrsa oiliúna agus oideachais ar fáil do 239 rannpháirtí (lenar áiríodh 14 cheardlann um Chosaint sa Spórt do 165 oibrí deonach i gclubanna spóirt). Lena chois sin, chuir MSP seacht gcúrsa um cheannaireacht spóirt ar fáil do 170 scoláire bunscoile agus iar-bhunscoile.

## Clár Maoinithe Deontas do Chlubanna Spóirt, 2024:

Riar MSP €25,600 i dtacaíocht mhaoinithe do 56 club spóirt faoi 2 bheart le haghaidh trealamh spóirt agus oiliúna agus oideachais.

## Moil Ghníomhaíochta Spóirt

Ceantair shonracha de rannpháirtíocht spóirt pobail timpeall na Coille Móire-Dhroim Shneachta agus Dhúthamhlachta/Thulaigh Charbaid. Ghlac os cionn 600 rannpháirtí uathúil, duine fásta agus páiste páirt in imeachtaí spóirt.

## Tob-linn Snámha (Carraig Mhachaire Rois)

Tionscnamh Chumann Snámha na hÉireann in 2024 a bhfuil Comhairle Contae Mhuineacháin ag tacú leis. Tá sé lonnaithe i gCarraig Mhachaire Rois. Osclaíodh an tob-linn snámha i mí Mheán Fómhair 2024 agus faoi dheireadh na bliana, bhí os cionn 400 duine i ndiaidh leas a bhaint aisti faoi choinne ceachtanna snámha, ranganna aclaíochta, gníomhaíocht speisialta agus athshlánúcháin. Rinne MSP a chuid chun deiseanna a thabhairt do dhaoine scothaosta agus do dhaoine faoi mhíchumas leas a bhaint as gníomhaíochtaí linne.

## Coiste MSP

Tháinig an Coiste Comhpháirtíochta Spóirt le chéile faoi shé in 2024. Rinne sé maoirseacht ar dhul chun cinn na ngníomhartha sa phlean oibriúcháin agus ar chur i gcrích na dtionscadal mar a shonraítear thuas.

## MÓRTAS CEANTAIR

D'óstáil Comhairle Contae Mhuineacháin an 22ú hócáid de chomórtas bliantúil IPB, Mórtas Ceantar, i bpáirt le Comhar Éireann. Bhí os cionn leathmhíle duine ó phobail ó thuaidh agus ó dheas i láthair ag oíche ceiliúrtha gradam in Hillgrove Hotel chun torthaí na moltóireachta a fháil amach. Bhuaigh sráidbhaile Eoroma i gContae Mhuineacháin an chéad duais sa chatagóir don daonra is lú.

Imeacht amháin ab ea na gradaim le linn deireadh seachtaine speisialta d'imeachtaí a raibh mar aidhm aige iontais Mhuineacháin a chur os comhair an phobail. Reáchtáladh ceardlann faoina thairbhí atá sé páirt a ghlacadh sa chomórtas, Mórtas Ceantair, i bhfoirgneamh úr an Champais Síochána. Cuireadh dráma úr Pat McCabe, 'Little White Lies' i láthair ina dhiaidh sin.



# Pleanáil

## Pleanála

Soláthraíonn an Plean Forbartha Contae straitéis fhoriomlán do phleanáil chuí agus d'fhorbairt inbhuanaithe Chontae Mhuineacháin agus tá sé ag teacht le beartais agus cuspóirí pleanála spásúla náisiúnta agus réigiúnacha araon. Leagtar amach ann cuspóirí agus beartais úsáide talún, infreastruchtúir, comhshaoil, taitneamhachta agus forbartha údarás pleanála an Chontae ar feadh tréimhse sé bliana. Clúdaíonn Plean Forbartha Contae Mhuineacháin reatha an tréimhse 2019-2025. Déanann pleanáil spásúlachta, trí chuspóirí agus beartais an phlean forbartha, iarracht cothromaíocht a bhaint amach idir leas an phobail agus leasanna daoine aonair.

Ar an 11 Bealtaine 2023, thug Comhairle Contae Mhuineacháin fógra go raibh sé beartaithe athbhreithniú a dhéanamh ar Phlean Forbartha Contae Mhuineacháin 2019-2025 atá ann cheana, agus Plean Forbartha Contae Mhuineacháin nua a ullmhú don tréimhse 2025-2031 do limistéar feidhme Chomhairle Contae Mhuineacháin. Tógfaidh an t-athbhreithniú suas le dhá bhliain agus tiocfaidh deireadh leis an bpróiseas tráth a ghlacfar Plean Forbartha Contae Mhuineacháin don tréimhse 2025-2031 i lár 2025.

Tar éis réamh-chomhairliúchán an Dréachtphlean Forbartha a rinneadh thar ocht seachtaine i lár 2023, ceapadh Dréachtphlean Forbartha bunaithe ar na freagraí a fuarthas le linn na tréimhse comhairliúcháin réamh-Dhréachta agus ar na treoracha straitéiseacha arna n-eisiúint ag na comhaltaí tofa. Tháinig an Dréachtphlean Forbartha ar an bhfód de thairbhe anrud comhairliúcháin agus plé leis na comhaltaí tofa.

Cuireadh an Dréachtphlean Forbartha ar taispeáint don phobal ar feadh deich seachtaine idir an 5 Meán Fómhair agus an 14 Samhain 2024. Ní hamháin gur cuireadh an Dréachtphlean Forbartha ar taispeáint don phobal i leabharlanna agus in oifigí na Comhairle sa chontae, ach foilsíodh ar an leathanach gréasáin tiomnaithe é chomh maith, ar leathanach gréasáin é a bunaíodh ar shuíomh gréasáin Chomhairle Contae Mhuineacháin chun eolas a óstáil agus a chur ar fáil go poiblí, agus chun feidhmiú mar ‘mol’ le haghaidh caidrimh i rith an phróisis déanta plean dhá bhliain. Rud eile de, cuireadh tairseach chomhairliúcháin nua ar bun le gur féidir aighneachtaí agus tuairimí a chur isteach ar líne. Féadtar tuairim a nochtadh trí ríomhphost agus aighneachtaí a chur sa phost fosta.

Rinneadh comhairliúchán maidir leis an Dréachtphlean Forbartha le comhlachtaí forordaithe agus neamh-fhorordaithe, soláthraithe seirbhísí, bunscoileanna agus meánscoileanna, agus gníomhairí pleanála ar an liosta seoltaí pleanála. Choimisiúnaigh Comhairle Contae Mhuineacháin sraith fógraí raidió rialta ar Northern Sound a craoladh faoi dhó gach lá chun taispeáint Dhréachtphlean Forbartha an Chontae a phoibliú agus chun cuireadh a thabhairt don phobal chuig na ceardlanna comhairliúcháin phoiblí. Foilsíodh fógraí go rialta ar leathanach Facebook agus Twitter/X na Comhairle freisin. Reáchtáladh deich dtráthnóna eolais don phobal i mí Mheán Fómhair agus i mí Dheireadh Fómhair i Muineachán, i gCarraig Mhachaire Rois, i mBaile na Lorgan, i gCluain Eois agus i mBéal Átha Beithe. D’fhreastail ceathracha a sé duine ar na seisiúin, agus taifeadadh an tinreamh is airde i gCarraig Mhachaire Rois, i mBaile na Lorgan agus i gCluain Eois.

Mheall an próiseas comhairliúcháin don Dréachtphlean Forbartha céad daichead a naoi aighneacht ó réimse leathan comhlachtaí poiblí, eagraíochtaí eile agus daoine aonair. Chlúdaigh na tuairimí a fuarthas raon leathan saincheisteanna laistigh de na hábhair Measúnacht & Monatóireacht Timpeallachta, Croí-Straitéis, Straitéis Tithíochta, Athrú Aeráide agus Tuilte, Comhshaol agus Oidhreacht, Gníomhaíocht Eacnamaíoch, Bonneagar agus Seirbhísí, Seirbhísí / Áiseanna Pobail, chomh maith le raon saincheisteanna eile nach raibh laistigh de na hábhair sin roimhe seo agus áiríodh iontu aighneachtaí maidir le criosú tailte. Ullmhaíodh Tuarascáil an Phríomhfheidhmeannaigh ar na haighneachtaí a fuarthas i rith na tréimhse comhairliúcháin don Dréachtphlean Forbartha ina dhiaidh sin lena heisiúint chuig na comhaltaí tofa lena mbreithniú ag tús 2025.

## Léarscáiliú Cháin ar Thalamh Criosaithe Cónaithe

Tugadh Cáin ar Thalamh Criosaithe Cónaithe (RZLT) isteach i mBuiséad 2022 faoi fhorálacha an Achta Airgeadais, 2021 agus arna leasú faoin Acht Airgeadais (Uimh. 2), 2023. Is é cuspóir an bhirt bheartaithe ná ceadanna pleanála agus criosuithe reatha a ghníomhachtú áit a bhfuil tithíocht ceadaithe agus áit a bhfuil an talamh nasctha le, nó rochtain ar sheirbhísí (bonneagar bóithre, cosáin, soilsiú poiblí, uisce dromchla, fuíolluisce & soláthar uisce), ach atá fós neamhfhorbartha. Leagann an reachtaíocht amach go soiléir go mbeidh talamh atá laistigh de scóip na cánach criosaithe d’fhorbairt chónaithe nó do mheascán úsáidí lena n-áirítear úsáid chónaithe.

Cé gurb iad na Coimisinéirí Ioncaim a dhéanfaidh Cáin ar Thalamh Criosaithe Cónaithe a riar, tá gá le gach údarás áitiúil dul faoi léarscáiliú chun tailte a aithint i raon cháin ina réimse feidhme faoi seach. Tá gá le léarscáiliú RZLT a dhéanamh ar bhonn bliantúil.

Ba é an dáta infheidhme le tailte a chriosú agus a sheirbhísiú le bheith faoi dhliteanas cánach ná an 1 Eanáir 2022 agus an dáta deiridh chun tailte a chuimsiú ar an gcéad Dréacht-Léarscáil ná an 1 Deireadh Fómhair 2022. Ceanglaíodh ar údaráis áitiúla léarscáiliú a dhéanamh chun na tailte a bhí i scóip na cánach ina limistéir feidhme faoi seach a aithint agus an chéad Dréacht-Léarscáil a fhoilsiú faoin 1 Samhain 2022.

Tar éis tréimhse chomhairliúcháin agus tráchta ar thailte a áireamh ar Dhréacht-Léarscáiliú a chríochnaigh an 1 Eanáir 2023, rinne an t-údarás pleanála cinntí maidir le haighneachtaí ar shaincheisteanna a ardaíodh sna haighneachtaí faoin 1 Aibreán 2023. Tar éis tréimhse go dtí an 1 Lúnasa 2023 chun achomharc a dhéanamh ar chinntí an údaráis pleanála chuig an mBord Pleanála, foilsíodh an Léarscáil Deiridh inar sonraíodh na réadmhaoine sin faoi dhliteanas RZLT a íoc in 2024 ar an 1 Nollaig 2023. Ceanglaítear ar an údarás pleanála an léarscáil seo a athbhreithniú, a nuashonrú agus a fhoilsiú go bliantúil.

Foilsíodh an Dréacht-Léarscáil inar sonraíodh na réadmhaoine sin faoi dhliteanas RZLT a íoc in 2025 ar an 1 Feabhra 2024. Bhí páirtithe leasmhara (úinéirí talún agus daoine den phobal) in ann tuairimí a thabhairt ar na léarscáileanna foilsithe faoin 1 Aibreán 2024 ag léiriú earráidí nó easnaimh nó ag sonrú cén fáth ar cheart nó nár cheart go mbeadh na tailte faoi raon feidhme RZLT.

| **Iarratais Phleanála a Fuarthas in 2024** | |
|---|---|
| Cead Iomlán | 489 |
| Cead Imlíneach | 13 |
| Cead Iarmhartach | 1 |
| Coinneáil | 105 |
| Síneadh ar Fhad Ama | 24 |
| Iarratais Forbartha Díolmhaithe | 142 |
| Tograí Cuid VIII | 6 |
| **Iarratais Iomlána a Fuarthas** | **780** |

Fuarthas ceithre aighneacht agus rinne an t-údarás pleanála cinntí ina leith sin faoin 1 Iúil 2024, maidir le cé acu ba cheart nó nár cheart go bhfanfadh na tailte faoi raon feidhme RZLT. Fágadh tailte ar lár ón Léarscáil Deiridh do 2025 atá le foilsiú ar an 31 Eanáir 2025 tar éis cinneadh amháin. Ní dhearnadh achomhairc ar na cinntí eile chuig an mBord Pleanála tar éis na cinntí sin a eisiúint.

## Athbhreithniú ar Sholáthar Tithíochta

D'úsáid an Rannóg Pleanála comhairleoirí KPMG Future Analytics chun Athbhreithniú ar Sholáthar Tithíochta a dhéanamh chun na saincheisteanna a dhéanann difear do sheachadadh tithíochta príobháidí sna bailte agus sna sráidbhailte a chinneadh. Tá an tuarascáil comhdhéanta d'athbhreithniú ar sheachadadh tithíochta faoi aidhmeanna agus beartais Phlean Forbartha Chontae Mhuineacháin 2019-2025 reatha mar aon le smaointe maidir le haschuir ó HNDA agus torthaí an cheachta comhairliúcháin lena n-áirítear úinéirí talún criosaithe cónaithe beartaithe, gníomhairí pleanála, forbróirí áitiúla agus gníomhairí eastáit, comhlachtaí tithíochta faofa, institiúidí airgeadais, chomh maith le hÚdaráis Tithíochta agus Phleanála Chomhairle Contae Mhuineacháin.

Ba é cuspóir an athbhreithnithe seo faisnéis a thabhairt don Chomhairle maidir leis na príomhbhacainní a d'fhéadfadh a bheith roimh sheachadadh cónaithe na hearnála príobháidí. Ionchorpraítear sa tuarascáil athbhreithniú ar an dul chun cinn maidir le tithíocht ar thailte arna gcriosú i bPlean Forbartha an Chontae 2019-2025 a chainníochtaíonn leibhéal agus cineál na forbartha tithíochta i gContae Mhuineacháin, a shainaithníonn na saincheisteanna a dhéanann difear do thithíocht phríobháideach, agus a dhéanann moltaí do sholáthar tithíochta amach anseo i gCo. Mhuineacháin. Foilsíodh an tuarascáil deiridh i nDeireadh Fómhair 2024.

## Bainistíocht Forbartha

Fuair an tÚdarás Pleanála 608 iarratas pleanála, 24 shíneadh ar thréimhsí ceada pleanála, agus 142 iarratas forbartha díolúnaithe le linn 2024. Tá méadú faoi dhó tagtha ar Iarratais ar Fhorbairt Dhíolmhaithe ón tréimhse chéanna anuraidh agus tá méadú faoi cheathair orthu ón tréimhse chéanna in 2022, go príomha mar thoradh ar Scéim na nDeontas Croí Cónaithe a thabhairt isteach a éilíonn dearbhú ón údarás pleanála go bhfuil na hoibreacha atá beartaithe chun an foirgneamh a fheabhsú díolmhaithe ó chead pleanála a éileamh. Tháinig méadú thart ar 12% ar líon na n-iarratas i gcomparáid le líon na n-iarratas a fuarthas in 2023.

Cé gur le haghaidh teaghaisí aonair, síntí tithe agus forbairt talmhaíochta a bhí formhór na n-iarratas a fuarthas, cuireadh isteach roinnt iarratais shuntasacha agus chasta, (a raibh Tuarascálacha Measúnaithe Tionchair Timpeallachta agus/nó Ráitis Tionchair Nádúrtha ag gabháil le go leor díobh) in 2024. Ar na hiarratais in 2024 a cuireadh isteach bhí;

- 2460130 – Aldi Stores (Ireland) Limited, Cead d'fhorbairt comhdhéanta de shiopa bia lascaine aon urláir a thógáil, Bóthar Mhic Cairthinn, Muineachán.

- 2460270 – Mullan Lighting, Cead chun síneadh a chur leis an monarcha atá ann cheana agus athrú úsáide chuig bialann/caifé lena n-áirítear cistin agus limistéir tholglainne, Sráidbhaile an Mhulláin, Scairbh na gCaorach.
- 2460390 – IJM Timber Engineering Limited, Cead chun 2 Aonad thionsclaíocha a thógáil le háiseanna foirne coimhdeacha, Seanbhóthar Ard Mhacha, Leacht Lorcáin.
- 2460254 – TD Freight Ltd, Cead chun trádstóras agus oifigí, carrchlós, agus clós tráchtála a thógáil chun feithiclí lastais agus leantóirí a stóráil, Loch Éigis, Baile na Lorgan.
- 2460012 – A&M Commercials, Cead chun seomra taispeántais d'fheithiclí nua a thógáil, Coill Chró, Cluain Tiobrad.
- 2460070 – ASI Cumann Alzheimer na hÉireann, Cead d'ionad nua cúram lae, Gleann Rúscaí, Muineachán.
- 2460427 – Bord Oideachais agus Oiliúna an Chabháin agus Mhuineacháin, Cead chun síneadh nua dhá urlár agus oibreacha Athraithe a dhéanamh le foirgneamh scoile reatha, Coláiste Inbhir, Carraig Mhachaire Rois.
- 2460309 – GEDA Construction Company Ltd, Cead d'fhorbairt tithíochta comhdhéanta de 49 aonad cónaithe, An Tulaigh, Muineachán.
- 2460265 – Garvagh Homes Ltd, Cead d'fhorbairt tithíochta nua comhdhéanta de 24 aonad cónaithe, Cúil Seannach, Muineachán.
- 2460437 – Tullylagan Properties Ltd., Cead chun 51 Aonad Cónaithe a thógáil, Bóthar Dhroim Conrach, Carraig Mhachaire Rois.
- 2460456 – Clarlan Limited, Cead chun 34 teach cónaithe a thógáil, Coill an Ghabhann, Muineachán.
- 2460478 – Colm Herron, Tógáil 37 teach cónaithe dhá urlár, Teach Dhroim Biúir, Muineachán

| **Staitisticí um Iarratais Phleanála in 2024** | |
|---|---|
| Neamhbhailí | 88 |
| Bronnta | 448 |
| Diúltaithe | 31 |
| Tarraingthe siar | 20 |

Rinneadh achomharc ar ocht gcinneadh chuig an mBord Pleanála in 2024, sin 1% de na hiarratais a fuarthas in 2024.

## Comhlíonadh Coinníollacha

Thug an tAcht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú), 2018 (Tosach Feidhme) Ordú 2021 (IR 714 de 2021) roinn 23(4) den Acht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú), 2018 i ngníomh an 17 Nollaig 2021. Éilíonn an reachtaíocht seo ar an Údarás Pleanála plé le haon aighneacht chomhlíonta maidir le coinníoll(acha) in éineacht le cead pleanála óna dteastaíonn comhaontú scríofa den Údarás Pleanála laistigh de thréimhse ama ocht seachtaine. Fuair an tÚdarás Pleanála 103 aighneacht chomhlíontachta in 2024, ar méadú de bheagán é ó 2023. Bhí 220 iarratas ar chuardach pleanála ann in 2024, laghdú 11 ón mbliain roimhe sin.

## Tairseach Ríomhphleanála

Fuarthas 79% de na hiarratais phleanála ar líne in 2024, is méadú suntasach é seo ó 56% in 2023 de réir mar atá níos mó gníomhairí ag úsáid na tairsí. Tá an Rannóg Pleanála ag déileáil go fóill le déchóras d'iarratais mar chóip chrua agus iarratais ar líne araon ó mhí Feabhra 2023 nuair a chuaigh an córas ar líne beo. Leanann an Ghníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil le tacaíocht laethúil a chur ar fáil maidir le hoibriú na tairsí.

## Ceadanna pleanála deonaithe do thithíocht

Tá scagadh ar na cineálacha tithíochta a deonaíodh in 2024 leagtha amach anseo thíos. Anuas ar na figiúirí thíos, toilíodh 72 theach eile trí alt 179A den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú).

| **Ceadanna Pleanála deonaithe do 2024** | |
|---|---|
| Tithe (seachas tithe aonuaire) | 29 |
| Árasáin | 14 |
| Tithe Aonuaire | 138 |
| Iomlán | 181 |

## Tógáil i gCúram

Tógadh deich n-eastát i gcúram in 2024, agus rinneadh fógra poiblí maidir le roinnt eastát eile a d'fhéadfaí a thógáil go foirmiúil i gcúram in 2025. Cuireadh líon suntasach eastát chun cinn trí chéimeanna éagsúla den phróiseas measúnaithe maidir le tógáil i gcúram in 2024.

Leanfaidh an Rannóg Pleanála le dul chun cinn a dhéanamh ar Thógáil i gCúram d'fhorbairtí cónaitheacha in 2025.

## Forfheidhmiú Pleanála

Nuair a chuirtear an tÚdarás Pleanála ar an eolas faoi shárú ar chead pleanála nó forbairt neamhúdaraithe, is leor plé a dhéanamh le ciontóir(í) chun réiteach a fháil. Más rud é, áfach, nach dtéann an ciontóir i ngleic le fadhbanna glactar leis an ngníomh forfheidhmithe foirmeálta. Mar gheall ar ghníomhaíocht forbartha leanúnach ar fud an Chontae, tá méadú tagtha ar líon na ngearán forfheidhmiúcháin ó 2023. Tá staitisticí forfheidhmithe le haghaidh 2024 leagtha amach anseo thíos.

| **Staitisticí Forfheidhmithe 2024** | |
|---|---|
| Cásanna nua a osclaíodh | 122 |
| Cásanna a dúnadh | 142 |
| Cásanna forfheidhmithe leanúnacha | 147 |

Dúnadh líon suntasach cásanna ó bhlianta roimhe seo mar aon le cásanna ó 2024. Tá líon suntasach cásanna forfheidhmithe ag céim an ionchúisimh.

## Oidhreacht Thógtha

Riarann Rannóg Pleanála Chomhairle Contae Mhuineacháin
dhá scéim deontais oidhreachta
go bliantúil, an Scéim Infheistíochta don Oidhreacht Thógtha (BHIS) agus Ciste na Struchtúr Stairiúil (HSF).

## Scéim Infheistíochta don Oidhreacht Thógtha

Tugann an Scéim Infheistíochta don Oidhreacht Thógtha (BHIS) spreagadh le hinfheistíocht a dhéanamh i gcaipiteal príobháideach ar scála beag, tograí dlúth-shaothair chun struchtúir stairiúla a dheisiú agus a chaomhnú agus chun tacú le gairmithe caomhantais, ceardaithe agus daoine ceirde. Fuair Contae Mhuineacháin leithdháileadh iomlán de €96,000 in 2024.
In 2024 bronnadh maoiniú ar naoi dtogra
faoi BHIS, agus bhain seacht gcinn díobh leas as mar a leanas:

- Eaglais Naomh Síoláin, Tigh Thaláin
- Freame Mount Demense, Dartraí, Muinchille
- Seanreilig Naomh Seosamh, Leacht Lorcáin
- Séipéal Naomh Pádraig, Domhnach Maighean
- Séipéal Naomh Pádraig, Achadh an Bhrúim
- Teach Hilton, Páirc Hilton, Cluain Eois
- John Anderson's, an Droim

Bronnadh €82,645.45 san iomlán ar sheachtar iarratasóirí.



Teach Hilton sular glanadh an obair chloiche MF '24



Teach Hilton tar éis gur glanadh an obair chloiche in DF '24

## Ciste na Struchtúr Stairiúil

Tá sé mar phríomhchuspóir ag Ciste na Struchtúr Stairiúil (HSF) struchtúir agus foirgnimh stairiúla a chaomhnú agus cur leo ar mhaithe leis na pobail agus na daoine. Tá sé mar aidhm aige cur ar chumas oibreacha caomhantais a dhéanamh ar struchtúir oidhreachta a mheastar a bheith suntasach agus a dteastaíonn tacaíocht phráinneach uathu. Ba é €205,000 an maoiniú iomlán faoi Chiste na Struchtúr Stairiúil le haghaidh 2024.

In 2024 bronnadh maoiniú ar sé thionscadal faoi Chiste na Struchtúr Stairiúil mar a leanas:

- Ardeaglais San Macartan, Muineachán
- Eaglais na hÉireann, an Droim
- Eaglais an tSeanchuaich, Scairbh na gCaorach
- Seanscoil Mhachaire Airne
- Ionad Patrick Kavanagh
- Teachín Greenan, Buíochar (curtha siar ó 2023)



Ardeaglais San Macartan, Muineachán

## Dearbhuithe Alt 57

Faoin Acht um Pleanáil agus Forbairt 2000 (arna leasú) maidir le hoibreacha a mheasfaí a bheith díolmhaithe faoi Alt 4(1)h den Acht d'fhéadfadh sé nach bhfuil siad díolmhaithe maidir le Déanmhas Cosanta nó Déanmhas Cosanta Molta.

Ligeann Alt 57 den Acht d'úinéir nó áititheoir an Déanmhais Chosanta nó an Déanmhais Chosanta Mholta iarratas scríofa a dhéanamh chuig an Údarás Pleanála dearbhú a eisiúint maidir leis na cineálacha oibre a mheasann sé a chuirfeadh isteach nó nach gcuirfeadh isteach ar charachtar an déanmhais nó aon ghné den déanmhas, ag soiléiriú mar sin cé na hoibreacha a mheasfaí a bheith mar fhorbairt díolmhaithe agus iad siúd óna dteastódh cead pleanála. Fuair Comhairle Contae Mhuineacháin ceithre Dhearbhú Alt 57 in 2024.

# Tionscadail Chaipitil

## Campas SÍOCHÁNA Mhuineacháin

Osclaíodh Campas Síochána Mhuineacháin i mí na Bealtaine 2024. Tá sé i ndiaidh dul chun leasa go mór do na húsáideoirí ach fís na Comhairle a chomhall maidir le mol tiomnaithe feabhsaithe trasphobail agus trasteorann. Baineadh amach an t-éacht seo trí mheascán de halla ilúsáide, seomraí cruinnithe, agus spásanna coitianta. Is sampla é an Campas Síochána d'athnuachan bhríoch i lár an bhaile. Is spás comhroinnte é i gcomhair gníomhaíochtaí cultúrtha, oidhreachta, agus sóisialta, rud a chuireann aontacht chun cinn. Spreagtar inoiriúnaitheacht agus caidreamh sóisialta de thairbhe an dearaidh agus cuireann sé sin go mór le móreispéireas an phobail.



**MPC – Ag Oscailt i mBealtaine 2024**

Reáchtáladh imeacht ceiliúrtha Dé hAoine an 10 Bealtaine chun comóradh a dhéanamh ar an éacht seo, agus d'fhreastail os cionn 200 duine air chun aitheantas a thabhairt do na leibhéil shuntasacha tacaíochta ó gach duine a raibh baint acu le seachadadh an tionscadail.



**MPC – Bealtaine 2024**

Ó mhí Bealtaine, thosaigh Leabharlann Bhaile Mhuineacháin, Músaem Chontae Mhuineacháin, agus roinnt príomhthionóntaí ag soláthar réimse seirbhísí cultúrtha agus pobail nua.



**MPC – Leabharlann Bhrainse**

## Bóthar Rochtana Beartaithe ar Thailte Rúscaigh

Cheadaigh na Comhaltaí Tofa an tIarratas Pleanála Chuid 8 ar Bhóthar Rochtana Beartaithe ar Thailte Rúscaigh in Aibreán 2024.

Tá an dearadh curtha i gcrích, agus fógraíodh an Bóthar Rochtana beartaithe ar eTenders i mí na Nollag 2024. Tá athbhreithniú á dhéanamh ag Comhairle Contae Mhuineacháin ar thograí tairisceana d'fhonn an conradh oibreacha a bhronnadh in R2 2025.



**Bóthar Rochtana ar Thailte Rúscaigh agus Naisc Taistil Ghníomhaigh**

## Ceanncheathrú nua na hOifige Cathartha Beartaithe

Cheadaigh na Comhaltaí Tofa an tIarratas Pleanála Chuid 8 do Cheanncheathrú Oifig Chathartha Chomhairle Contae Mhuineacháin ag Rúscaigh in

Aibreán 2024. Ina theannta sin, ceadaíodh freisin an Deimhniú um Shábháilteacht Dóiteáin agus an Deimhniú um Rochtain do Dhaoine faoi Mhíchumas.

Cuireadh tús leis an bpróiseas soláthair in R2 2024, agus tá gearrliosta déanta ag foireann an tionscadail de chonraitheoirí oibreacha féideartha. Tá bailchríoch á cur ar dhoiciméid mhionsonraithe dearaidh agus tairisceana le fógairt ar eTenders in R2 2025.



**Radharc ón spéir d'Íomhá CGI 3T de na hOifigí Cathartha beartaithe nua ag Rúscaigh**



**Íomhá CGI aghaidhchló de na hOifigí Cathartha beartaithe nua ag Rúscaigh**

## Tionscadal Athnuachana ar Shráid Bhaile Átha Cliath agus an Talamh Cúil

### Tionscadal Athnuachana Shráid Bhaile Átha Cliath Theas

Rinne Comhairleoirí Dearaidh RPS dul chun cinn ar thograí dearaidh don scéim athnuachana le linn 2024. I mí na Nollag 2024, thug an Bord Pleanála (ABP) cead pleanála don tionscadal, garsprioc shuntasach i ndul chun cinn na Comhairle ar uaillmhianta athnuachana straitéisí do thimpeallacht Shráid Bhaile Átha Cliath.

Lean Avison Young (an Oifig Luachála) den rannpháirtíocht agus chaibidlíocht le húinéirí réadmhaoine lena mbaineann i rith 2024 agus leanfar den chaibidlíocht in 2025. Tá an Chomhairle ag súil go gcuirfear chun cinn an próiseas maidir le hOrdú Ceannaigh Éigeantaigh (CPO) i rith 2025 maidir le réadmhaoine nach bhfuarthas trí chomhaontú.

Tá ullmhúchán na ndearaí mionsonraithe deiridh agus an dréacht-doiciméadacht tairisceana sceidealta le dul chun cinn ag tús 2025.



**Íomhá Ailtireachta – Radharc ar an bPlás Cathartha Coisithe atá beartaithe ó Shráid Bhaile Átha Cliath**



**Íomhá Ailtireachta – Radharc ar an bPlás Cathartha Coisithe atá beartaithe i dtreo Shráid Bhaile Átha Cliath**

### Tionscadal Athnuachana Shráid Bhaile Átha Cliath Thuaidh

Tá an tAonad um Thionscadail Chaipitil ag cur tograí chun cinn go fóill freisin maidir le hathnuachan cheantar Shráid Bhaile Átha Cliath Thuaidh Bhaile Mhuineacháin. Forbraíodh an dearadh mar ullmhúchán d'Iarratas Pleanála. Cuireadh gach iniúchadh agus suirbhé i gcrích in 2024 chun an Tuarascáil um Measúnacht Tionchair Timpeallachta a ullmhú. Tá gach doiciméad pleanála críochnaithe anois roimh iarratas a dhéanamh ar Chead chuig an mBord Pleanála in R1 2025, faoi réir cead ón Roinnt Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil.



Radharc an phlean ar thograí Athnuachana Shráid Bhaile Átha Cliath Thuaidh



Radharc 3T ón Spéir ar thograí Athnuachana Shráid Bhaile Átha Cliath Thuaidh agus acmhainneacht d'fhorbairt amach anseo

## Athnuachan Chearnóg Mhargaidh Bhaile na Lorgan Céim II - Teach Margaidh agus Cearnóg Mhargaidh Bhaile na Lorgan

Cuireadh iarratas ar dheontas Chatagóir 1 RRDF isteach i mí Feabhra 2024 do chéim forfheidhmithe an tionscadail. Cheadaigh DRCD maoiniú deontais díreach os cionn €10.7m i mí Bealtaine 2024. Shlánaigh an tionscadal *Geata Cinnidh 1 – Faomhadh i bPrionsabal* in R3 2024 agus tá sé ag céim *Geata Cinnidh 2 – Faomhadh Réamhthairisceana* faoi láthair.

Cuireadh i gcrích Céim 1 den phróiseas soláthair i ndáil le réamhcháiliú conraitheoirí trí mheasúnú oiriúnachta in R4 2024. Faoi réir comhlíontacht shásúil le faomhadh DRCD ag céim tionscadal, táthar ag súil go gcuirfear tús le hoibreacha tógála in R3 2025.



Íomhá Ailtireachta – Teach Athchóirithe an Mhargaidh



Íomhá Ailtireachta – Bunurlár Íochtarach

## Caisleán Hope, Fortheach agus Teach Amuigh in aice láimhe i Loch Mucnú

Cuireadh iniúchtaí struchtúracha i gcrích ar Chaisleán Hope, Fortheach agus Teach Amuigh in aice láimhe in R2 2024. Tar éis na n-iniúchtaí, d'úsáid an Chomhairle conraitheoir d'oibreacha glanta, inar áiríodh smionagar inmheánach a bhaint agus aon ghnéithe neamhchobhsaí agus bailchríocha a bhaint ón 3 fhoirgneamh. Cuireadh na hoibreacha glanta don 3 fhoirgneamh i gcrích i mí na Samhna 2024. Tar éis na n-oibreacha glanta a chur i gcrích, fuarthas cuideachtaí suirbhéireachta ag deireadh 2024 chun suirbhéanna ábhartha a dhéanamh ar na foirgnimh ag tús 2025 chun bonn eolais a chur faoi thograí d'oibreacha cosanta feabhsúcháin.



Foirgneamh Chaisleán Hope



Foirgneamh Forthí

### Coimpléasc Linn Snámha agus Fóillíochta Beartaithe i mBaile Charraig Mhachaire Rois

Úsáideadh comhairleoirí S3 Solutions in R2 2024 i ndáil le Staidéar Indéantachta agus Measúnú Straitéiseach a ullmhú maidir le Coimpléasc Linn Snámha agus Fóillíochta i gCarraig Mhachaire Rois. Cuireadh suirbhéanna um chomhairliúchán poiblí i gcrích in R3 2024, agus athbhreithníodh sonraí ábhartha i ndáil leis an anailís ar riachtanais agus éileamh. Rinne na comhairleoirí breithmheas airgeadais agus eacnamaíoch freisin ar roghanna tionscadail féideartha. Cuireadh an dréacht-Staidéar Indéantachta agus Tuarascáil um Measúnú Straitéiseach i gcrích in R4 2024. Tá coinne leis go gcuirfear an tionscadal ar aghaidh in 2025 chuig an gcéad chéim eile de thimthriall an tionscadail, forbairt an réamhcháis ghnó.

### Mol Fiontraíochta agus Digiteach RRDF Chúil Darach

Shlánaigh Comhairle Contae Mhuineacháin maoiniú RRDF ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail chun Mol Fiontraíochta agus Digiteach Chúil Darach a sheachadadh. Sa tionscadal claochlaitheach seo déanfar iar-Theach na Cúirte i gCúil Darach a thiontú ina mhol cianoibre, fiontraíochta, agus digiteach úrscothach.



Cúil Darach – Cúl

Tá an Mol ar tí bheith mar bhunchloch d'athnuachan inbhuanaithe Shráidbhaile Chúil Darach. Trí líon na ndaoine a bheidh ann a mhéadú agus aghaidh a thabhairt ar láithreáin thréigthe trí athchóiriú a dhéanamh ar fhoirgneamh liostaithe folamh, feidhmeoidh sé mar chatalaíoch do théarnamh geilleagrach sa cheantar. Arna bhainistiú agus arna oibriú ag Enterprising Monaghan.



Cúil Darach – Staighre & Léibheann

Roghnaíodh Lowry Construction Ltd. mar Chonraitheoir rathúil agus cuireadh tús le tógáil i Meitheamh 2023. Táthar ag súil le críochnú suntasach in R1 2025.

### Mol Fiontraíochta Tuaithe Ghleann na hAbhann Móire

Is éard a bheidh sa tsaoráid ná limistéar cianoibre / le sealaíocht deisce a dhéanamh, seomra cruinnithe, cistin tráchtála, caifé/siopa, spás pobail ilchuspóireach, 2 sheomra oiliúna, 6 oifig le fáil ar cíos, dhá sheomra chliniciúla le fáil ar cíos. (Is é 920m2 an t-achar urláir iomlán).

Fuarthas cead pleanála don tionscadal i mí Feabhra 2024 agus tharla an chéim dearaidh mhionsonraithe ina dhiaidh sin. Fuarthas cead Roinne chun dul ar aghaidh chuig an tairiscint ag deireadh R1 2024.

Fuarthas cead Roinne chun an conradh a bhronnadh i mí Dheireadh Fómhair 2024. Bronnadh an conradh ina dhiaidh sin ar McKelvey Construction Ltd. Tá na hoibreacha le tosú in R1 2025.







## Tionscadal Mhol Athnuachana Chluain Eois

I Lúnasa 2024, fuair CCM deimhniú maoinithe maidir le Tionscadal Mhol Athnuachana Chluain Eois.

Bhí an tionscadal comhdhéanta d'fhorbairt dhá mhol sa bhaile, ceann ar shuíomh na Seanphictiúrlainne ar Shráid Fhear Manach agus an ceann eile ar shuíomh Lennard Arms.

Tá Foireann an Tionscadail Caipitil freagrach as Mol Gnó Shráid Fhear Manach a sheachadadh. Nuair a bheidh an foirgneamh críochnaithe, cuirfidh sé timpeall 632m cearnach de spás ar fáil d'úsáid oifige agus saoráidí lena mbaineann ar dhá urlár. Áirítear ann páirceáil do charranna a sholáthar chomh maith le forbairt spáis réimse poiblí nua, ar a bhfuil tógáil rampa inrochtana agus staighre ó thuaidh den suíomh agus an bealach reatha poiblí do choisithe chuig Sráid Fhear Manach, gar don suíomh a choinneáil.

I mí na Samhna 2024, bronnadh an conradh ar Craftstudio Architecture chun an tionscadal a thabhairt trí na céimeanna deiridh den Chreat Bainistíochta Oibreacha Caipitil.



Athnuachan Shráid Fhear Manach

## Ionad Pobail Bhuíochair

I mí Bealtaine 2024, fuair Comhairle Contae Mhuineacháin Litir Thairisceana ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail (DRCD) i ndáil le saoráid Ionaid Pobail nua a thógáil i mBuíochar tríd an gCiste Infheistíochta Ionad Pobail (CCIF).

Nuair a bheidh an tIonad Pobail críochnaithe, áireofar ann halla mór ilúsáide, cistin bheag do lónadóireacht, mar aon le seomraí beaga-meánmhéide oiriúnach do chruinnithe/ilúsáidí éagsúla a bheidh ar fáil don phobal d'aon chruinniú/fheidhm a theastaíonn ón bpobal. Beidh sé lonnaithe ar shuíomh CLG Bhuíochair.

I mí Lúnasa 2024, fuarthas Foireann Dearaidh chun an tionscadal a thabhairt trí na céimeanna deiridh den Chreat Bainistíochta Oibreacha Caipitil. Bunaíodh freisin Coiste stiúrtha comhdhéanta de Chomhalta Tofa de Chomhairle Contae Mhuineacháin, 3 Ionadaí Pobail agus 4 Chomhalta Foirne ó fheidhmeannas Chomhairle Contae Mhuineacháin chun cuidiú le seachadadh an tionscadail.

Ó shin, tá an Fhoireann Dearaidh ag obair i gcomhar leis an gCoiste Stiúrtha chun an tionscadal seo a sheachadadh.

Táthar ag súil go mbeidh an tógáil críochnaithe in R3 2026.

## Tionscadal na nOileán Comhroinnte – Braislí nuálaíochta FBManna a fhorbairt ar fud cúig Údarás Áitiúla

Tá Comhairle Contae Mhuineacháin mar cheannaire ar chomhpháirtíocht le ceithre Údarás Áitiúla eile, Comhairle Buirge Ard Mhacha, Droichead na Banna agus Craigavon, Comhairle Ceantair Lár Uladh, Comhairle Contae an Chabháin agus Comhairle Ceantair Fhear Manach agus na hÓmaí ar Thionscadal na nOileán Comhroinnte chun imscrúdú a dhéanamh ar a indéanta atá sé páirceanna nuálaíochta FBManna a fhorbairt i ngach ceantar údaráis áitiúil agus chun na sineirgí is féidir a chur i gcrích trí chomhpháirtíocht tionscadail a fhiosrú. I mí na Samhna 2024 sheachaid Comhairle Contae Mhuineacháin an Staidéar Indéantachta agus na Máistirphleananna críochnaitheacha thar ceann na 5 gcomhpháirtí údaráis áitiúil le heisiúint agus le breithniú ag Roinn an Taoisigh. Díríonn suíomh Chomhairle Contae Mhuineacháin ar shuíomh 49 Heicteár soir ó thimpeallán Eanach Átha ar an N2 i Muineachán.


**Plean Féidearthachta Chomhairle Contae Mhuineacháin do Staidéar Féidearthachta Thionscadal an Oileáin Chomhroinnte ag Eanach Átha agus Cnoc an Chonnaidh.**

## Tailte Criosaithe Tionsclaíocha, Eanach Átha, Muineachán

I mí na Samhna 2024, chuir Comhairle Contae Mhuineacháin Pleananna Indéantachta i gcrích do thailte arna gcriosú mar thailte tionsclaíocha/Fiontair/Fostaíochta ar shuíomh 15 Heicteár siar ó Thimpeallán Eanach Átha ar an N2 i Muineachán. Thug na Pleananna sin an bunús deartha maidir le bonneagar a chur ar fáil chun freastal ar shuíomhanna tionsclaíocha. Cheap Comhairle Contae Mhuineacháin Foireann Deartha chun Iarratas Pleanála Chuid 8 a ullmhú le breithniú ag na Comhaltaí Tofa maidir le bonneagar bóithre agus seirbhísí in R2 2025. Ag an am céanna, d'fhógair Comhairle Contae Mhuineacháin chun Léirithe Spéise a fháil ó ghnólachtaí a raibh spéis acu ceapacha a cheannach ar na tailte atá ar fáil le haghaidh forbairt eacnamaíoch.


**Plean Féidearthachta d'fhorbairt suíomhanna tionsclaíocha ag Eanach Átha, Muineachán**

## Coimpléasc Fóillíochta Mhuineacháin

Bainistíonn Coral Leisure Ltd Coimpléasc Fóillíochta Mhuineacháin thar ceann Chomhairle Contae Mhuineacháin. Tá an tsaoráid á feidhmiú ag Coral Leisure ó 2006 agus tá siad ar cheann de phríomhsholáthraithe seirbhíse na hÉireann – ag bainistiú ocht saoráid fóillíochta faoi úinéireacht phoiblí ar fud na tíre. In 2024, bhí bunús ballraíochta 1,211 ball ag an gcoimpléasc agus taifeadadh 199,303 cuairt aonair.




Sa phictiúr thíos: Foireann Chomhairle Contae Mhuineacháin ag glacadh páirte i dtionscnamh 8 seachtaine folláine san ionad oibre i gCoimpléasc Fóillíochta Mhuineacháin.




## Fuinneamh

**Léargas Ginearálta:** Déanann rannóg na dTionscadal Caipitiúil i gComhairle Contae Mhuineacháin monatóireacht ar úsáid fuinnimh i gcomhréir leis an Straitéis Oiriúnaithe don Athrú Aeráide 2019-2024, arna glacadh i mí Mheán Fómhair 2019. Ailíníonn an straitéis seo leis an Acht um Ghníomhú Aeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin, 2015 agus leis an gCreat Náisiúnta Oiriúnaithe 2018.

**Tuairisciú Bliantúil:** Ní mór do gach comhlacht poiblí sonraí fuinnimh bliantúla a thuairisciú trí ardán Monatóireachta agus Tuairiscithe de chuid SEAI, arna bhainistiú ag an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (DECC). Cinntíonn sé seo comhlíontacht leis na spriocanna aeráide náisiúnta agus AE, ag díriú ar laghdú 51% in astaíochtaí gás ceaptha teasa agus feabhsú 50% in éifeachtúlacht fuinnimh faoi 2030.



**Tuarascáil M&T SEAI 2023 – Sprioc um Éifeachtúlacht Fuinnimh de 50% bainte amach roimh an sprioc**



**Tuarascáil M&T SEAI 2023 – Sprioc iomlán CO2 de 42% bainte amach go dáta**

**Éachtaí:**

- **Éifeachtúlacht Fuinnimh:** Tá feabhsú fuinnimh **52%** bainte amach ag Comhairle Contae Mhuineacháin faoi dheireadh 2023, a chiallaíonn go bhfuil sé ar cheann de na húdaráis áitiúla is fearr atá ag feidhmiú.
- **Iarfheistiú Soilsithe Phoiblí:** An chéad cheann le hiarfheistiú iomlán LED a chur i gcrích, ag laghdú fuinnimh agus carbóin faoi 54%. Ar an ngearrliosta do Dhámhachtainí Pobail & Comhairle LAMA Uile-Éireann 2024.
- **Comhpháirtíochtaí:** Comhoibríonn siad le SEAI agus CARO maidir le fuinneamh glan agus forbairt bainistíochta fuinnimh.
- **Aonad Fuinnimh Teorann:** Bunaithe in 2022 i gcomhpháirtíocht le Comhairlí Contae Liatroma agus an Chabháin le dul i ngleic le saincheisteanna fuinnimh.
- **Tionscadal Pathfinder:** Dírítear anseo ar réitigh iarfheistithe do Lárionad Fóillíochta Mhuineacháin, Oifigí Cathartha Charraig Mhachaire Rois, agus Ceanncheathrú Leabharlann Chluain Eois, ag díriú ar laghdú 33% in astaíochtaí iontaise CO2.


Tá Comhairle Contae Mhuineacháin tiomanta do sprioc 2030 a bhaint amach de laghdú 51% in astaíochtaí carbóin trí na tionscnaimh seo.

## Bainistíocht Sócmhainní Réadmhaoine

Taifeadann agus rianaíonn Clár Leasanna Maoine (PIR) na Comhairle gach sócmhainn talún agus foirgníochta atá faoi rialú na Comhairle. Cinntíonn sé seo dea-Rialachas agus bainistíocht éifeachtach ar ár bpunann réadmhaoine agus naisc le Clár na Sócmhainní Airgeadais (FAR).

Amhail Nollaig 2024, tá 2,144 Sócmhainn sa Chlár Leasanna Maoine ag Comhairle Contae Mhuineacháin faoi láthair, lena n-áirítear 85 foirgneamh.

| Cineál Sócmhainne | Clár PIR ag Deireadh 2024 |
|---|---|
| Tithíocht | 880 |
| Bóithre | 687 |
| Seirbhísí Uisce | 150 |
| Áis | 141 |
| Foirgneamh Údarás Áitiúil | 85 |
| Carrchlós | 54 |
| Eile | 45 |
| Talamh | 37 |
| Foirgneamh Campais Údarás Áitiúil | 22 |
| Ceannach ar Siúl | 11 |
| Cúlsoláthar Talún | 10 |
| Iosta | 8 |
| Láithreán Líonadh Talún | 6 |
| Oidhreacht | 5 |
| Reiligí | 1 |
| Clóis Shúgartha | 1 |
| Cairéal | 1 |
| | **2,144** |



# An Rannóg Athnuachana Baile

### Plean Lár Bailte ar dTús Charraig Mhachaire Rois

Choimisiúnaigh Comhairle Contae Mhuineacháin The Paul Hogarth Company i Lúnasa 2023 chun Plean Lár Bailte ar dTús a fhorbairt do Charraig Mhachaire Rois.

Lár Bailte ar dTús
Town Centre First

Tar éis sraith imeachtaí comhairliúcháin cuireadh an chéad dréacht de Phlean Lár Bailte ar dTús do Charraig Mhachaire Rois ar fáil i lár mhí na Samhna 2023 agus reáchtáladh tuilleadh comhairliúchán poiblí, ina measc bhí imeachtaí ar an láthair agus suirbhéanna ar líne i rith mhí na Nollag 2023.

Seoladh an plean críochnaithe i Márta 2024. Déanann an plean sraith tionscadal claochlaitheach a mhapáil atá curtha in oiriúint go sonrach do Charraig Mhachaire Rois, ina gcuimseofar réimse scálaí agus uaillmhianta. Doiciméad beo is ea an Plean Lár Bailte ar dTús, a bheidh fós freagrúil d'ionchur agus aiseolas leanúnach, rud a chinnteoidh go mbeidh sé inoiriúnaithe do riachtanais agus uaillmhianta Charraig Mhachaire Rois a thiocfaidh chun cinn.

### Plean Lár Bailte ar dTús Mhuineacháin

Rinneadh iarratas Shnáithe 1 ar chúnamh deontais faoi THRIVE – Scéim Chlár Athbheochana Oidhreachta Lár Bailte ar dTús in Aibreán 2024. Tugadh fógra do CCM i Meitheamh 2024 gur bronnadh €199,341 orthu chun Plean Lár Bailte ar dTús Mhuineacháin a fhorbairt, tograí a fhorbairt d'fhoirgnimh oidhreachta folmha faoi úinéireacht phoiblí le tabhairt ar ais in úsáid, agus rannpháirtíocht saoránach a dhéanamh i gcomhar leis na tionscadail seo.


Tar éis próiseas tairisceana, ceapadh comhairleoirí John McLaughlin, agus tosaíodh an obair i mí Iúil 2024.

Reáchtáladh tús an phróisis rannpháirtíochta, lena n-áirítear laethanta oscailte, suirbhéanna ar líne, rannpháirtíocht le Foireann an Bhaile, grúpaí spriocdhírithe, ionadaithe tofa agus rannóga den Chomhairle Contae i Lúnasa/Meán Fómhair 2024.



Tar éis comhairliúchán tosaigh a dhéanamh, cuireadh i láthair dréachtphlean athnuachana do Bhaile Mhuineacháin agus máistirphlean do shuíomh Lughaidh i mí na Samhna 2024. Áiríodh anseo imeacht lae buail isteach, ceantar cur i láthair in Oifigí Chomhairle Contae Mhuineacháin ar feadh coicíse, tairseach ar líne chun faisnéis a dháileadh agus barúlacha a fháil, agus tuilleadh cruinnithe le foireann an Bhaile, spriocghrúpaí agus ionadaithe tofa Chomhairle Contae Mhuineacháin.




Tá coinne leis go mbeidh an doiciméad deiridh críochnaithe i mí Feabhra 2025 agus go gcuirfear isteach iarratas ar dheontas ina dhiaidh maidir le Tailte Chlocha Lughaidh faoi shruthanna maoinithe THRIVE Snáithe 2 agus ORIS.

### Plean Lár Bailte ar dTús Bhéal Átha Beithe

Cuireadh tús in R4 2024 leis an bpróiseas soláthair chun comhairleoir a cheapadh chun plean Lár Bailte ar dTús a ullmhú do Bhéal Átha Beithe. Ceapadh an comhairleoir rathúil, The Paul Hogarth Company (Ireland) Ltd, agus cuireadh tús leis an bpróiseas comhairliúcháin i Meán Fómhair 2024 agus tá coinne leis go n-eiseofar an dréachtphlean in Aibreán 2025.




Tá an tionscadal seo á mhaoiniú le leithdháileadh ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail.

### Plean Athnuachana do thailte i lár an bhaile i mBaile na Lorgan, Co. Mhuineacháin

Ceapadh Shaffrey Associates in Aibreán 2024 chun Plean Athnuachana do Thailte i Lár an Bhaile i mBaile na Lorgan do na tailte a shainaithnítear thíos



Ba é aidhm an staidéir sraith réiteach deartha a sheachadadh ina sainaithnítear deiseanna forbartha sa cheantar seo chomh maith le doiciméad treorach a sholáthar d'fhorbairt amach anseo sa cheantar seo.

Cuireadh tús le céimeanna éagsúla lena n-áirítear dhá thréimhse chomhairliúcháin le príomhúinéirí talún, foireann an Bhaile, agus Comhairleoirí i mBealtaine agus Nollaig 2024.

Sainaithníodh sa phlean na cásanna deartha éagsúla a bhfuil coinne leis go soláthróidh siad creat chun an ceantar a athnuachan agus go dtabharfaidh siad treoir don earnáil phoiblí agus phríobháideach chun timpeallacht fhisiciúil bhreisithe a chruthú agus úsáid níos gníomhaí foirgneamh agus spásanna a chruthú.

Ina theannta sin, cuirfidh sé timpeallacht níos deise agus níos éasca le nascadh ar fáil





Tá coinne leis go gcuirfear an plean críochnaitheach i láthair comhaltaí i Márta 2025.

### Forbairtí Thodhchaí Lár an Bhaile agus Forbairt Acmhainneachta Fhoireann an Bhaile

Bronnadh maoiniú €10,000 ar Chomhairle Contae Mhuineacháin le tabhairt faoi Fhorbairtí Thodhchaí Lár an Bhaile agus Forbairt Acmhainneachta Fhoireann an Bhaile i ndáil le Cluain Eois, Baile na Lorgan agus Muineachán.

Ceapadh Ollscoil na Banríona, faoi choimirce Scoil na Pleanála le tabhairt faoi Fhorbairtí Thodhchaí Lár an Bhaile don trí bhaile. Cuireadh tús i Meán Fómhair 2024 leis an obair thosaigh shuirbhéireachta comhdhéanta de cheistneoirí ar líne agus suirbhéanna duine le duine.







Samhlaítear go gcuirfear na forbairtí todhchaí i gcrích i Márta 2025.

Tá MCA Consulting ag tabhairt faoi thógáil Acmhainneachta Fhoireann an Bhaile do Chluain Eois, Baile na Lorgan agus Muineachán faoi láthair agus beidh siad ag leanúint ar aghaidh trí R1 2025.

## An Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach (URDF) - Gairm 3

Tá an t-aonad seo ag cur chun cinn an Chiste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach (URDF) – Gairm 3 do Bhaile Mhuineacháin. Baineann sé seo le rannpháirtíocht ghníomhach le húinéirí réadmhaoine, i gcás inar féidir, chun aghaidh a thabhairt ar fhoilmhe fhadtéarmach agus tréigean 50 réadmhaoin laistigh den bhaile. Cheadaigh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta fáil fhéideartha na réadmhaoine agus chuir siad acmhainní ar fáil do na réadmhaoine seo, go héigeantach nó trí chomhaontú, chun iad a chur ar an margadh oscailte lena ndíol le ceannaitheoirí a thabharfaidh na réadmhaoine ar ais in úsáid ghníomhach. Tá an maoiniú seo geallta a fhad le 2030.

Faoi fhoráil URDF – Gairm 3, tá réadmhaoin amháin anois dílsithe agus faoi úinéireacht CCM. Cuireadh an réadmhaoin ar an margadh oscailte lena díol agus tá suim mhór inti.

Bhí an Chomhairle in ann freisin réadmhaoin a fháil faoin Acht um Láithreáin Thréigthe, 1990 chun tosú thionscadal Athnuachan Shráid Bhaile Átha Cliath Theas a chumasú arna mhaoiniú faoi URDF – Gairm 2.

Faoi fhorálacha na scéimeanna URDF – gairm a trí, tá uastairseacha praghais a bhfuil gá réamhcheadú a fháil ón Roinn Tithíochta roimh cheannach má théitear os a gcionn. Mar gheall ar fhoirm, cineál, agus méid na Seomraí Tionóil ar Shráid Dawson sháraigh an luacháil na tairseacha, mar sin lorgaíodh agus fuarthas cead chun an réadmhaoin a fháil.



**Tá na seomraí tionóil tréigthe le níos mó ná 20 bliain agus ceannófar anois iad trí chomhaontú**

Sainaithníodh réadmhaoin amháin do Ghníomhachtú CPO a thosóidh in R1 2025.

Tá 2 réadmhaoin curtha ag Comhairle Contae Mhuineacháin ar chlár na láithreán tréigthe, atá díolta ó shin. D'oibríomar leis na húinéirí nua sin, agus tá clár oibreacha eisithe acu chun na réadmhaoine a úsáid arís.

Liostaíodh 11 réadmhaoin le díol/díol curtha i gcrích. Tugadh roinnt ama do na húinéirí réadmhaoine chun an díolachán a chur i gcrích. Cuirfear iad seo ar chlár na láithreán tréigthe mura gcuirtear an díolachán i gcrích faoi R2 in 2025

Trí idirghabháil, tugadh 2 réadmhaoin thréigthe anois ar ais in úsáid agus tá siad ag feidhmiú mar ghnólachtaí tráchtála agus rinne 2 réadmhaoin iarratas ar an Deontas Athchóirithe Réadmhaoine Folmha Croí Cónaithe (Bailte).



**24-26 Sráid an Mhargaidh. Rinne tine damáiste don réadmhaoin in 2017. Tá CCM dulta ar aghaidh chuig imeachtaí um Ordú Ceannaigh Éigeantaigh**

**Nuashonrú ar an gClár Tréigthe ar fud na Tíre**

D'eisigh Comhairle Contae Mhuineacháin 117 bhfógra Alt 8(2) (lena n-áirítear clár URDF) in 2024. Deirtear leis an úinéir réadmhaoine san fhógra seo go measann an Chomhairle go bhfuil a réadmhaoin tréigthe agus tugtar cuireadh dóibh tograí a chur isteach laistigh d'amfhráma réasúnta chun aghaidh a thabhairt ar shaincheist an tréigthe.

Ag eascairt as an rannpháirtíocht seo, in 2024, cuireadh 43 réadmhaoin eile ar Chlár na Láithreán Tréigthe mar a leagtar amach thíos:

Bhí 30 réadmhaoin stairiúil ar Chlár na Láithreán Tréigthe. Tar éis suirbhé a dhéanamh ar na réadmhaoine seo, bhí an Chomhairle in ann 11 a bhaint den chlár, rud a fhágann 62 réadmhaoin ar Chlár na Láithreán Tréigthe faoi láthair.

**Clár Gníomhachtaithe CPO**


Anuas ar Scéim URDF Bhaile Mhuineacháin – Gairm 3, tá dhá réadmhaoin faighte ag an gComhairle trí úsáid a bhaint as a cumhachtaí mar a leagtar amach san Acht um Láithreáin Thréigthe, 1990. Ceannaíodh an dá réadmhaoin don Rannóg Tithíochta le forbairt.


Cuireadh tús leis an bpróiseas CPO ar réadmhaoin bhreise amháin, agus tá cead faighte againn ón bhFoireann Bainistíochta Sinsearaí chun tús a chur leis an bpróiseas CPO ar ocht réadmhaoin thréigthe eile i gContae Mhuineacháin agus cuirfear tús leis an bpróiseas seo in R1 2025


**Athchóiriú Réadmhaoine Croí Cónaithe**


Is é an deontas iomlán a ceadaíodh go dtí Nollaig 2024 €10,764,555 le meánmhéid deontais ceadaithe €60,817. Tarraingíodh anuas 45 deontas le méid iomlán €2,688,690.

Fuarthas 279 deontas Croí Cónaithe agus ceadaíodh 182 deontas, gan ach 13 diúltaithe.



### Samplaí de Réadmhaoin a fuair an Deontas Croí Cónaithe

1)





2)





3)





# Leabharlanna Contae Mhuineacháin

**Uimhreacha 2024**

| | |
|---|---|
| Cuairteoirí | 348,343 |
| Imeachtaí for-rochtana | 1,531 |
| Freastal ar imeachtaí | 24,443 |
| Earraí tógtha ar iasacht | 156,632 |
| Iasachtaí ar líne | 43,572 |
| Fiosruithe staire áitiúla | 2,151 |

### Cuireann leabharlann feabhas ar bheatha

D'fhoilsíomar 'Cuireann leabharlann feabhas ar bheatha' Plean Forbartha Leabharlanna Contae Mhuineacháin 2024-2028. Leagtar amach sa phlean na tosaíochtaí d'fhorbairt seirbhísí leabharlainne i gContae Mhuineacháin sna cúig bliana amach romhainn. Forbraíodh é thar 18 mí in 2023 agus 2024; tréimhse d'athrú suntasach don tseirbhís leabharlainne. Sainaithnítear sa phlean ceithre aidhm ardleibhéil a threoróidh seachadadh seirbhísí leabharlainne le cur ar chumas gach duine, agus le tacú le gach duine a bheith ar an eolas, nasctha, liteartha agus oilte don saol. Cuireadh an plean i láthair ag Cruinniú na Comhairle i mí na Nollag 2024.




### Nuashonruithe ó na brainsí

Seachadtar seirbhísí leabharlainne ó chúig bhrainse ar fud na tíre. Seo roinnt de na buaicphointí ó gach brainse.

### LEABHARLANN BHAILE MHUINEACHÁIN

### Bhog Leabharlann Bhaile Mhuineacháin chuig láthair nua ag an gCampas Síochána

D'oscail Leabharlann Bhaile Mhuineacháin ar an gCampas Síochána i mBealtaine 2024 agus tá an-tóir ag an bpobal ar an spás nua. Thug níos mó ná 100,000 duine cuairt sna chéad chúig mhí agus tá líon ard cuairteoirí ag teacht go comhsheasmhach.




### Grúpaí Yarney Army agus Cniotáil agus Comhrá

Bhunaigh Leabharlann Bhaile Mhuineacháin dhá ghrúpa cniotála/cróise an-ghnóthach gach Céadaoin. Bíonn freastal an-mhaith ar an dá ghrúpa agus meallann siad daoine de gach aois.



### Tummy, Toddler & Teatime

Bíonn an-tóir ar an ngrúpa seo i measc tuismitheoirí nua. Tugann sé deis dóibh teacht le chéile i spás sábháilte i suíomh neodrach, comhairle a roinnt agus cupán tae a ól in atmaisféar suaimhneach agus cairdiúil.



### Cluichí boird do dhaoine fásta

Reáchtáiltear oícheanta cluichí seachtainiúla do dhaoine fásta ar spéis leo cluichí boird, dísle, rólimirt agus iad siúd a bhfuil paisean acu d'eispéiris bhoird

duine le duine.  Tá siad an-rathúil, tá an-tóir acu agus an rud is tábhachtaí, tá siad spraíúil!




### Ranganna Fichille

Reáchtáiltear ranganna fichille seachtainiúla i Leabharlann Bhaile Mhuineacháin a fhreastalaíonn ar aoisghrúpaí agus leibhéil scileanna éagsúla, ag soláthar timpeallacht foghlama chuimsitheach agus deis d'idirghníomhú sóisialta.




### Clubanna Leabhar

Freastalóidh Leabharlann Bhaile Mhuineacháin ar 9 gClub Leabhar mhíosúla do leanaí agus do dhaoine fásta, lena n-áirítear Authorly, Women's Book Club, Chapters at the Castle, Monday Night Book Club, U3A, Reading between the Spines, Inkwell Explorers, Classics Book Club agus Club Leabhar.

## LEABHARLANN CHARRAIG MHACHAIRE ROIS



I mí Feabhra, bhunaigh Leabharlann Charraig Mhachaire Rois a Ciorcal Comhrá chun an Ghaeilge a chur chun cinn agus a fhás i gCarraig Mhachaire Rois. Tagann an grúpa le chéile go seachtainiúil agus freastalaíonn 18 nduine air ar an meán.
Sheolamar freisin ár sraith Leabhar na Míosa. Feidhmíonn an tsraith mhíosúil choimeádaithe mar chlub leabhar neamhfhoirmiúil dóibh siúd a dteastaíonn uathu leabhar maith a léamh. Dá thoradh tá méadú tagtha ar iasachtaí agus spéis ó bhaill.




Seirbhís a bhfuil an-tóir uirthi go fóill is ea Mo Leabharlann Oscailte, go háirithe do dhaltaí na hArdteistiméireachta a úsáideann an brainse lasmuigh d'uaireanta ina bhfuil an fhoireann i láthair dá gcuid staidéar.



Faoi Cháisc, d'óstáil brainse Charraig Mhachaire Rois a céad Quiz Leabharlainne. Chuir ocht bhfoireann de cheathrar isteach ar an lá agus rinne gach duine go maith roinnt ceisteanna deacra a fhreagairt!



Don tseachtain um ionchuimsiú sóisialta bhí sé de phléisiúr ag Leabharlann Charraig Mhachaire Rois ár mbaill rialta ó *Steadfast House* a óstáil ar maidin do cheardlann ealaíon agus ceardaíochta Nollag.



Shlánaigh brainse Charraig Mhachaire Rois maoiniú le haghaidh péinteáil agus athchóiriú an bhrainse. Tharla oibreacha le linn bhriseadh na Nollag ag deireadh na bliana.

### LEABHARLANN BHAILE NA LORGAN

I Meán Fómhair, rinneamar ceiliúradh ar ár gcéad bhreithlá inár n-áitreabh; Lóiste an Gheata 2 ag an mbealach isteach chuig Páirc Loch Mucnú. Bhí deireadh seachtaine ceiliúrtha againn le cáca!




Ó bhogamar táimid gnóthach ag bunú grúpaí, gníomhaíochtaí agus acmhainní nua do phobal Bhaile na Lorgan agus an ceantar máguaird. Áirítear ar ár ngníomhaíochtaí rialta míosúla anois Crosfhocail agus Croissants, Dathúchán aireach do dhaoine fásta, Club leabhar leanaí, cainteanna stairiúla áitiúla agus clubanna leabhar. Áirítear ar ghníomhaíochtaí seachtainiúla eile spás staidéir tiomanta Dé Céadaoin, club Pokémon agus Ciorcal Comhrá. Tá spás céadfach is féidir a chur in áirithe ag an leabharlann anois freisin.



I Márta, rinneamar ceiliúradh ar Lá Domhanda na Leabhar go snasta trí ghléasadh suas! Don Cháisc, d'oibríomar le roinnt gnólachtaí i mBaile na Lorgan le haghaidh cuardach leabhar Cásca. Ghlac os cionn 150 leanbh páirt san imeacht seo. Thug gnólachtaí áitiúla ardú faoi deara ina líon custaiméirí le linn an amfhráma seo. I mí Bealtaine, ghlacamar céim chun deiridh chuig ré na ndineasár. Tugadh cuireadh do scoileanna agus don phobal casadh le roinnt dineasáir bheaga agus féachaint ar dhineasár beag ag teacht amach as ubh.

Bhí bolcán againn agus cuardach dineasáir agus tochailt iontaise sa leabharlann freisin!

I mí Iúil bhí comóradh 25 bliain d'Fhéile Muckno Mania i mBaile na Lorgan. Reáchtáil an leabharlann comórtas



dathúcháin i gcomhar leis an bhféile agus ghlac sí páirt sa pharáid tríd an mbaile.

I mí Lúnasa d'óstálamar taispeántas *Naisc Bhaile na Lorgan* mar chuid de sheachtain na hOidhreachta. Iarradh ar an bpobal pictiúir agus déantáin a bhaineann le Baile na Lorgan a chur isteach. Bhí freagairt iontach againn ón bpobal agus bhailíomar méid ollmhór ábhair a taispeánadh thar dhá lá. Mar aon le cuairteoirí áitiúla, bhí grúpa againn ó SAM.



Ba é an t-am is iontaí den bhliain an Nollaig ag Baile na Lorgan. Bhí lucharachán dána ar iarradh ar na páistí é a aimsiú mar go raibh sé ag déanamh scrios ar na seilfeanna. Bhí ceardaíocht againn do dhaoine fásta agus do leanaí. Rugamar ar Dhaidí na Nollag ar na ceamaraí fiú, agus é ag tabhairt litreacha aonair chuig na leanaí a phostáil a litir inár mbosca poist.



D'óstáil Leabharlann Bhaile na Lorgan roinnt comórtas le linn na bliana lena n-áirítear comórtais dathúcháin do gach seisiún. Reáchtálamar comórtas Lego le linn an tsamhraidh le téamaí leabhair, agus quiz an-iomaíoch maidir le Harry Potter a raibh críoch neirbhíseach leis le ceist réitigh!

## LEABHARLANN CHLUAIN EOIS

Lean Leabharlann Chluain Eois ag óstáil gníomhaíochtaí rialta sa bhrainse i gcomhpháirt le grúpaí pobail agus daoine eile lena n-áirítear CMETB, Music Generation, Muineachán Ildánach agus an tSeirbhís Eolas do Shaoránaigh.

Bhí an-áthas orainn ár ngrúpaí rialta a óstáil i Leabharlann Chluain Eois lena n-áirítear Crafts and Chatters, ranganna i Scríbhneoireacht Chruthaitheach agus Grúpa Ealaíon Chluain Eois agus Trasteorann. Leanadh lenár seirbhís 'Tóg Leabharlann ar Iasacht' a bhfuil an-tóir air le linn na bliana.

I mí Lúnasa, bhí áthas orainn ceoltóirí a óstáil ó Classical Kids mar chuid den chlár samhraidh.



I mí Dheireadh Fómhair agus i mí na Samhna, d'óstálamar sraith ranganna ióga Tuismitheora agus Linbh saor in aisce, arna seachadadh ag Yoga Buds Ireland. Fuair gach rannpháirtí teastas ióga agus d'fhoghlaim siad faoi na tairbhí iontacha a bhaineann le ióga do gach aois.



Bhí áthas orainn leanúint ag óstáil clár Fáilte Isteach ag Leabharlann Chluain Eois (a reáchtáiltear ag leabharlanna eile freisin ar fud an chontae). Tá freastal maith fós air mar ionad coinní don fhoghlaim neamhstruchtúrtha agus idirmhalartú idirchultúrtha.

fáilte isteach
Welcoming Migrants through Conversational English Classes

## LEABHARLANN BHÉAL ÁTHA BEITHE

D'oscail Leabharlann Bhéal Átha Beithe i láthair nua sa bhaile agus bhí áthas ar ár mbaill nuair a thosaigh na seirbhísí arís tar éis dúnadh gairid. Táimid uile ag súil lenár seirbhísí a shíneadh le foirgneamh leabharlainne úrnua ag teacht go gairid trí thionscadal athchóirithe Theach Margaidh Bhéal Átha Beithe.

## FOR-ROCHTAIN AGUS RANNPHÁIRTÍOCHT

### An Clár um Cheart chun Léamh

- **Éire ag Léamh**

Rinne Leabharlanna Contae Mhuineacháin ceiliúradh ar Éire ag Léamh 2024 le sraith ceardlann údair agus maisitheora. Thug Úna Woods, Niamh Sharkey, Fiona Longmuir agus Sadhbh Devlin cuairt orainn agus chuir siad leabhair ina mbeatha do shean agus óg.

- **Réaltaí an tSamhraidh**

Chláraigh beagnach 3,000 leanbh as gach cearn den chontae le tabhairt faoi Dhúshlán Léitheoireachta an tSamhraidh 2024. Thacaigh clár imeachtaí le linn mhíonna an tsamhraidh leis an dúshlán léitheoireachta inar áiríodh sraith eolaíochta Roald Dahl, ceolchoirmeacha Classical Kids, ceardlanna Scileanna Sorcais, ceardlanna gluaiseachta agus litearthachta Core Kids, amanna scéalta, clubanna leabhar agus go leor eile.

- **Féile Leabhar Leanaí**

Is í an Fhéile Leabhar Leanaí buaicphointe ár mbliana. In 2024, d'óstálamar 29 imeacht ar an láthair agus 4 imeacht ar líne le húdair agus maisitheoirí as gach cearn d'Éirinn agus an RA, lena n-áirítear an t-iriseoir David McCullagh a thug cuairt ar leabharlann Charraig Mhachaire Rois le labhairt faoina leabhar do leanaí, 'The Great Irish Politics Book'. Ghlac 4,185 duine páirt in imeacht Féile Leabhar Leanaí, lena n-áirítear ár gcéad Comic Con.



### TechKnow

Leanamar ag obair le CMETB agus Europe Direct Chluain Eois chun seisiúin scileanna litearthachta digití duine le duine a sholáthar do dhaoine fásta. Bhí ardéileamh ar na ceardlanna seo, agus thairgeamar níos mó ná 300 coinne le tacú le daoine leis an gcumarsáid dhigiteach, siopadóireacht ar líne, baincéireacht ar líne agus ceisteanna eile.

### Tacaíochtaí agus seirbhísí céadfacha

D'oscail leabharlann Bhaile na Lorgan seomra céadfach tiomanta sa leabharlann in 2024. Iarbheart is ea é seo ó fhorbairt an tseomra chéadfaigh i leabharlann Chluain Eois. Cuireann spásanna céadfacha leabharlainne timpeallacht oiriúnach ar fáil do dhaoine néara-éagsúla, dóibh siúd le héagsúlachtaí próiseála céadfacha, agus aon duine a bhaineann tairbhe as atmaisféar socair. Tá soilsiú inathraithe agus rudaí tadhlacha sna háiteanna seo a dearadh go machnamhach a cheadaíonn d'úsáideoirí a n-eispéiris chéadfacha a fhéinrialú fad is féidir leo rochtain a fháil ar acmhainní na leabharlainne.

### Leathanaigh Féidearthachta

In 2024, bronnadh maoiniú ar Leabharlanna Contae Mhuineacháin ón *gCiste Comhair agus Nuálaíochta i Straitéis Litearthachta Aosach don Saol (ALL)* chun sraith imeachtaí litearthachta teaghlaigh a fhorbairt atá dírithe ar léitheoireacht don phléisiúr a spreagadh agus a fhorbairt mar nós sa bhaile. Luaitear i Straitéis ALL "Tá níos mó i gceist le litearthacht seachas an cumas le léamh agus scríobh". Baineann sé le labhairt, éisteacht,

léamh, scríobh, cumarsáid, tuiscint, agus roghanna eolasacha a dhéanamh.

Is féidir na gnéithe sin uile a chur le chéile i gclár Litearthachta Teaghlaigh chun gníomhaíocht dhearfach agus rannpháirteach a dhéanamh den fhoghlaim. Léireoidh an tionscadal Litearthachta Teaghlaigh don dá ghlúin go bhfuil an litearthacht ag croílár gach a ndéanaimid ag Leabharlanna Contae Mhuineacháin. Reáchtálfar an clár Leathanaigh Féidearthachta ar bhonn píolótach i mbrainse leabharlann Bhaile Mhuineacháin sula gcuirfear ar fáil é ar fud ár líonra leabharlainne in 2025.

### Féile Eolaíochta an Chabháin agus Mhuineacháin 2024

Reáchtáladh Féile Eolaíochta an Chabháin agus Mhuineacháin ón 11-17 Samhain 2024. Ba í seo an 9ú bliain den fhéile, arna maoiniú ag Taighde Éireann (Fondúireacht Eolaíochta Éireann roimhe seo). Ba é 'Athnuachan' an téama do 2024. Áiríodh sa chlár níos mó ná 50 imeacht do dhaoine fásta agus leanaí ag cumhdach éagsúlacht leathan ábhar eolaíochta, teicneolaíochta, innealtóireachta agus matamaitice (ETIM). Buaicphointe an chláir ba ea Lá Mór Teaghlaigh ETIM ag Instiiúid Mhuineacháin, ar fhreastail os cionn 1,700 duine air. Eagraíonn Leabharlanna Contae Mhuineacháin Féile Eolaíochta an Chabháin agus Mhuineacháin i gcomhpháirtíocht le Leabharlanna an Chabháin.


### Comic Con 2024

Reáchtáladh an chéad Comic Con riamh i Muineachán Dé Sathairn, an 26 Deireadh Fómhair ag an gCampas Síochána, Baile Mhuineacháin. Bhí go leor gníomhaíochtaí do gach aois ann lena n-áirítear aíonna ó scannáin, feistimirt, ceardlanna, cainteanna, greannáin, ealaíontóirí agus airnéisí bailitheora. D'eagraigh Leabharlanna Chontae Mhuineacháin an t-imeacht le LCYP an Chabháin agus Mhuineacháin agus Mini-Con Ireland.



### STAIR AGUS GINEALAS ÁITIÚIL

Leanamar ag freagairt d'fhiosrúcháin faoin stair áitiúil agus faoin nginealas as gach cearn den domhan. Nuashonraíodh ár dtreoir an-úsáideach maidir le seirbhísí ginealais ag Leabharlanna Contae Mhuineacháin. Seiceáil amach an leagan nua de 'Conas do shinsir a rianú i gcontae Mhuineacháin' ar ár suíomh gréasáin nó buail isteach in aon bhrainse chun cóip phriontáilte a phiocadh suas.




### COMHPHÁIRTÍOCHT LE CUMANN PEILE NA hÉIREANN




Leanamar ár gcomhpháirtíocht le Cumann Peile na hÉireann trí leabhar gníomhaíochta a fhorbairt chun ceiliúradh a dhéanamh ar Chraobhchomórtais na hEorpa in 2024. Cuirtear litearthacht agus léitheoireacht chun cinn sa chlár litearthachta rathúil seo ar bhealach spraíúil idirghníomhach mar chuid den chlár náisiúnta Ceart chun Léamh. Le maoiniú ón FAI dáileadh 10,000 cóip den leabhar i measc údaráis leabharlainne ar fud na tíre le húsáid mar chuid dá bhfeachtas Réaltaí an tSamhraidh.

## EUROPE DIRECT CHLUAIN EOIS

EUROPE DIRECT
Clones

Leanann Leabharlann Chluain Eois le bheith mar bhaile Europe Direct do réigiún an Chabháin, Lú agus Mhuineacháin. Tugann an líonra eolas, comhairle, cúnamh agus freagraí ar cheisteanna faoin AE agus faoi chearta shaoránaigh an AE, tosaíochtaí, reachtaíocht, beartais, cláir agus deiseanna maoinithe an AE go háirithe. In 2024, d'óstálamar líon imeachtaí trí chlár Europe Direct, lena n-áirítear:

### Comórtas óráidíochta poiblí Europe Direct

Reáchtáladh comórtas Soapbox Europe Direct 2024 an 15 Samhain ag an gCampas Síochána, Baile Mhuineacháin. Imeacht bliantúil é seo a ardaíonn feasacht ar shaincheisteanna tráthúla san Eoraip agus tugann sé deis do dhaoine a gcuid a rá.

Ba é an téama don óráidíocht phoiblí i mbliana ***"Ní bagairt ar an daonnacht an IS".*** Chuir níos mó ná 50 dalta isteach ar an gcomórtas i mbliana, a raibh Maria Walsh MEP mar chathaoireach air. Chuaigh na buaiteoirí ar aghaidh san iomaíocht sa Chraobh Náisiúnta i gColáiste Ríoga na Lianna, Baile Átha Cliath Dé Máirt, an 26 Samhain 2024. Bhuaigh ár mbuaiteoir réigiúnach, Cian Smyth, an duais náisiúnta €1,000. Comhghairdeas le Cian faoin éacht iontach seo!




### Ceardlanna um dhramhbhia Europe Direct

I mí na Nollag 2024, d'óstálamar sraith ceardlann saor in aisce maidir le dramhbhia a laghdú sa bhaile le linn na Nollag i leabharlanna ar fud an chontae. Chuir Voice Ireland na ceardlanna i gcrích, agus maoiníodh iad trí Europe Direct Chluain Eois, mar chuid dár dtiomantas chun saoránaigh na hEorpa a spreagadh le féachaint go gníomhach ar bhealaí ina mbíonn tionchar ag a n-iompair ar an timpeallacht, agus tionchair an athraithe aeráide ar a gcomharsanacht. Díríodh sna seisiúin ar chomhairle agus leideanna praiticiúla a thabhairt, agus bhí an t-aiseolas ó rannpháirtithe an-dearfach.

### Cumarsáid don Eoraip

In 2024, shlánaigh Leabharlanna Contae Mhuineacháin maoiniú le haghaidh raon imeachtaí agus acmhainní tríd an Tionscnamh Cumarsáid don Eoraip. Is é fócas an tionscnaimh seo cumarsáid a dhéanamh ar shaincheisteanna Eorpacha, ról an Aontais Eorpaigh agus áit na hÉireann san Eoraip. Bhí sé seo tábhachtach i mbliain ghnéithe Pharlaimint na hEorpa.

D'éascaigh brainsí ar fud an chontae clár fairsing ag díriú ar gach ball den phobal. Áiríodh ar roinnt buaicphointí iar-Cheannasaí Oifig Eolais na hEorpa, an tUasal Francis Jacobs, ag láithriú caint agus plé tarraingteach maidir leis an méid a bhí i gceist le toghcháin Pharlaimint na hEorpa 2024. Thug sé deis iontach don lucht freastail plé a dhéanamh ar oibríochtaí an Aontais Eorpaigh.



I mí Iúil 2024, d'éascaigh ArtsEkta, a bhfuil go leor gradam buaite aige, ceiliúradh ar chultúr na hEorpa ag Campas Síochána Mhuineacháin a osclaíodh le déanaí. Ghlac os cionn 40 leanbh bunscoile páirt i gceardlanna ealaíon agus ceardaíochta inar seachadadh oideachas freisin do leanaí maidir le traidisiúin, luachanna agus cultúir i dtíortha eile.





I mí Dheireadh Fómhair, thugamar cuireadh do dhaltaí ó na meánscoileanna i gCo. Mhuineacháin le páirt a ghlacadh inár maidin Eorpach. Arna reáchtáil ag Campas Síochána Mhuineacháin, rinne Alex Donovan, aoichainteoir ó Pharlaimint Eorpach na nÓg cur i láthair. Rinne Alex cur i láthair maidir le hobair pharlaimint na n-óg agus an chaoi a bhféadfadh daltaí páirt ghníomhach a ghlacadh. Ina dhiaidh sin, reáchtáladh quiz iomaíoch maidir le gach rud a bhaineann leis an Aontas Eorpach agus bhronn an t-iar-Fheisire Eorpach Matt Carthy duaiseanna ar na buaiteoirí. Thug an Teachta Carthy caint freisin maidir leis an ról a bhíodh aige san AE agus an tábhacht a bhaineann leis an Aontas Eorpach in Éirinn.


Monaghan Library Service EU Schools Quiz



## TIONSCADAL EORPACH MAIDIR LE DAONLATHAS AGUS COMHPHÁIRTEACHAS POIBLÍ

Comhpháirtithe iad Leabharlanna Contae Mhuineacháin ar thionscadal Eorpach (dar teideal FUTU4U) a bhfuil sé mar aidhm leis cabhrú le daoine fásta óga a nascadh lena bpobail, tuiscint a fháil ar an gcaoi a n-oibríonn an tsochaí, agus scileanna litearthachta criticiúla a fhorbairt chun comhpháirteachas poiblí níos fearr a chumasú. I gcaitheamh shaolré an tionscadail, oibreoimid le comhpháirtithe tionscadail san Fhionlainn, san Iodáil agus sa tSlóivéin chun sraith ceardlann a dhearadh agus a sheachadadh do dhaoine óga maidir le daonlathas agus comhpháirteachas poiblí mar shaoránaigh Eorpacha. Go háitiúil, táimid ag oibriú le raon leathan comhpháirtithe lena n-áirítear Ógtheagmháil CMETB, Institiúid Mhuineacháin, Institiúid an Chabháin, Forbairt Chomhtháite Mhuineacháin agus an Líonra Náisiúnta Foghlama.

I mí na Samhna 2024, sheachadamar roinnt ceardlann inar díríodh ar dhaoine óga a spreagadh le vótáil. Shroich an cheardlann níos mó ná 50 duine óg ar fud thoghcheantar an Chabháin-Mhuineacháin ag obair le CMETB, Institiúid an Chabháin agus Institiúid Mhuineacháin. Díreofar i gceardlanna amach anseo sa chlár ar aird a tharraingt ar dheiseanna don

chomhpháirteachas poiblí agus daonlathach iarthoghcháin.



### Tionscadal SCRAP

Seoladh Tionscadal SCRAP i gCarraig Mhachaire Rois Dé Céadaoin, an 16 Deireadh Fómhair 2024 mar chuid de ghníomhaíochtaí na Seachtaine um Ghníomhú ar son na hAeráide de chuid Chomhairle Contae Mhuineacháin. Tionscadal faisin inbhuanaithe is ea SCRAP atá dírithe ar dhaoine óga agus an pobal i gcoitinne. Cuirfear chun cinn sa tionscadal éicea-faisean, faisean inbhuanaithe, athchúrsáil, uaschúrsáil, athearraíocht mar mhalairtí inláimhsithe don 'mhearfhaisean' a dhéanann damáiste mór don chruinne agus a dhéanann dúshaothrú ar oibrithe. Rachaidh SCRAP i ngleic le daoine cruthaitheacha áitiúla chun sraith ceardlann a fhorbairt agus a sheachadadh a spreagfaidh daltaí meánscoile chun éadaí ar athlámh a ghearradh, a fhuáil, a stialladh, a bhróidniú, a mhaisiú, a priontáil agus a dhathú chun píosaí faisin uathúla agus inchaite a chruthú. Beidh na hábhair a úsáidfear do na ceardlanna éiceabhách.

Mar chuid den tionscadal bunóidh Muineachán Ildánach agus Leabharlanna Contae Mhuineacháin moil do mheaisíní fuála i mbrainsí leabharlainne ar fud an chontae le tacú le scoileanna áitiúla atá ag glacadh páirte i gComórtas Revolve Fashion. Forbraíodh an comórtas seo mar fhreagairt ar thionchair uafásacha chomhshaoil agus shóisialta thionscal an fhaisin, an gá le hathrú, agus aitheantas ar ról lárnach daoine óga chun cruth a chur ar réiteach nuálach.



### Buann Leabharlanna Contae Mhuineacháin agus Muineachán Ildánach dámhachtain náisiúnta maidir le nuálaíocht phobail aoisbháúil

Bhí sé d'onóir ar Leabharlanna Contae Mhuineacháin agus Muineachán Ildánach dámhachtain náisiúnta a bhuachan dá dtionscadal *Caiféanna Ildánacha* i mí na Samhna 2024. Bhí an tionscadal *Caiféanna Ildánacha* ar an ngearrliosta sa chatagóir an-iomaíoch 'Nuálaíocht Phobail' agus rinne an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail urraíocht air.

Deis atá i gCaiféanna Ildánacha do dhaoine scothaosta agus baill aonraithe dár bpobal tabhairt faoi ghníomhaíochtaí ildánacha amhail péinteáil, ceardaíocht, grianghrafadóireacht, scríbhneoireacht chruthaitheach, ceol agus damhsa. Comhoibriú atá sa tionscadal idir Leabharlanna Contae Mhuineacháin agus Muineachán Ildánach, agus tacaíocht ann ó Mhuineachán Sláintiúil, tionscnamh an Oileáin Chomhroinnte agus Comhairle Contae Mhuineacháin.



# Muineachán Ildánach 2024

In 2024, fuair Chomhairle Contae Mhuineacháin maoiniú €374,319 ó Éire Ildánach. Tríd an gclár Muineachán Ildánach fuarthas 274 Cleachtóir Ildánach chun raon éagsúil tionscadal, imeachtaí agus gníomhaíochtaí a fhorbairt agus a sheachadadh.

Thacaigh 11 thionscadal le daoine aonair atá leochaileach agus imeallaithe. Áirítear ar shamplaí 'Lullaby Leaf', clár céadfach do leanaí a bhfuil riachtanais chasta acu. 'Memories and Melodies', seó ceoil agus scéalaíochta cuimhní cinn do thithe cúraim cónaithe comhdhéanta de 18 gcuairt ar 6 shuíomh cúraim i gContae Mhuineacháin. Tionscadal drámaíochta, scéalaíochta agus scannánaíochta do dhaoine óga ó phobail nua (lena n-áirítear iad sin a chónaíonn i soláthar díreach), ag rith thar 6 lá. Is féidir breathnú anseo ar ghearrscannán a rinne na daoine óga:
https://www.facebook.com/CreativeMonaghan/videos/425139866566110

Rannchuidigh 8 dtionscadal a d'fhreagair go díreach le gníomhaíochtaí arna leagan amach i bPlean um Ghníomhú ar son na hAeráide de chuid Chomhairle Contae Mhuineacháin. Áirítear ar shamplaí an tsraith ceardlann 'Capturing Nature Through Eco- Art' arna éascú ag an ealaíontóir áitiúil Grace Haynes agus an Dr Patricia McCreesh, Oifigeach Bithéagsúlachta CCM. Tugadh deis do mhná sa tsraith ceardlann 'Creative Roots' arna forbairt ag an ealaíontóir áitiúil Dervla McElvaney fiosrú a dhéanamh ar théamaí an nádúir tríd an ealaín teicstílí.

Tugadh deis do 1,794 leanbh agus duine óg trí chlár pacáilte do Chruinniú na nÓg dul i ngleic le raon leathan tionscadail agus imeachtaí ildánacha. Seo nasc dár mbróisiúr maidir le Cruinniú Mhuineachán Ildánach 2024:
https://issuu.com/monaghancountylibraries/docs/cruinni_booklet_2024

D'éirigh le Muineachán Ildánach maoiniú a fháil maidir le 2 thionscadal trasteorann faoi Thionscnamh an Oileáin Chomhroinnte. Thug tionscadal Cruinniú Border Beats isteach leanaí agus daoine óga ó Chontae Mhuineacháin agus Contae Fhear Manach i sraith gníomhaíochtaí le téamaí an cheoil. Tugann an tionscadal Caiféanna Ildánacha deiseanna don rannpháirtíocht ildánach do phobail i réigiún theorainn Mhuineacháin/Fhear Manach. Is féidir breathnú ar fhíseán gairid faoinár n-imeacht trasteorann Caiféanna Ildánacha ag Campas Síochána Mhuineacháin anseo:
https://www.facebook.com/CreativeMonaghan/videos/968676288423338

Anuas ar na tionscadail tacaíochta ag bunleibhéal ár bpobail, thacaigh Muineachán Ildánach le tionscadail le scóip shuntasach idirnáisiúnta. Áirítear leo sin an gearrscannán 'The Wilde Sisters', arna stiúradh ag Táine King as Muineachán agus 'Ways of Disappearing', ceoldráma comhaimseartha de chuid an chumadóra Michael Gallen as Baile na Lorgan.

In 2024, bhí figiúr rannpháirtíochta lucht féachana foriomlán **11,757** ag Muineachán Ildánach.

**Audrey Wilson (Oifigeach Rannpháirtíochta Phobail Ildánacha)**







# Músaem Chontae Mhuineacháin

## Ag Ullmhú le Bogadh chuig an gCampas Síochána

Sular oscail sé, theastaigh pleanáil eagraíochtúil agus lóistíochta chúramach chun an músaem a bhogadh chuig a bhaile nua. Ba mhaith linn roinnt íomhánna a roinnt ón tréimhse seo.





Teacht ár gcásanna nua taispeána chuig an gCampas Síochána

B'éigean dár bhFoireann Bailiúchán gach réad a láimhseáil agus a phacáil. Bhí 5,000 réad agus déantán le bogadh mar chuid de seo chun na cásanna taispeántais agus an stór saincheaptha nua a líonadh. Táimid sásta a thuairisciú gur tháinig gach réad go rathúil. Bhí fiúntas leis an bpleanáil straitéiseach seo agus bhí gach rud go breá.



Cros an Chlochair á baint as foirgneamh an tsean-mhúsaeim agus í pacáilte go cosanta lena hiompar.

## Osclaíonn an Campas Síochána

Tar éis blianta agus míonna d'eagrú, táimid inár mbaile nua ag Campas Síochána Mhuineacháin. Ar an 24 Meitheamh 2024, d'oscail Músaem Chontae Mhuineacháin don phobal, agus sheol siad a dtaispeántais nua lena n-áirítear an taispeántas, ***Réaltachtaí ar an Teorainn – Muintir agus Scéalta Mhuineacháin.*** Tá sé seo á phleanáil ag an bhfoireann agus iad ag súil go mór leis le roinnt blianta.



Lá oscailte don mhúsaem nua: (clé go deas) Pauline Tilson, Helen Doherty, Denise Henry, Theresa Loftus (Foireann Mhúsaem Chontae Mhuineacháin), Olga Mc Connon; Stiúrthóir Seirbhísí Chomhairle Contae Mhuineacháin, Liam Bradley; Coimeádaí Mhúsaem Chontae Mhuineacháin, Robert Burns, Príomhfheidhmeannach, Comhairle Contae Mhuineacháin, Anna McCann agus Patricia Barbour (Foireann Mhúsaem Chontae Mhuineacháin).

## Réaltachtaí ar an Teorainn

Fiosraítear sa taispeántas nua *Réaltachtaí ar an Teorainn* scéal an tsaoil ar an teorainn atá ag éabhlóidiú. Arna insint tríd an smaoineamh go dtagann scéal Mhuineacháin as línte a tharla go nádúrtha agus a cuireadh i bhfeidhm araon. Línte a lúb, a d'imigh agus a cheangail mar fhreagairt ar athruithe le himeacht ama, agus trína dhéanamh sin, chruthaigh siad mósáic álainn d'éagsúlacht chultúrtha agus saibhreas stairiúil Chontae Mhuineacháin an lae inniu. Cuireann an taispeántas dúshlán ar chuairteoirí stopadh agus smaoineamh faoi na rudaí a mharcálann a saolta féin, agus chun an cheist a fhiosrú: An sainmhíníonn ár dteorainneacha muid nó an sainmhíníonn muid ár dteorainneacha?

### Áirítear ar bhuaicphointí an taispeántais:

**Scéal na hUltaise** – ag oibriú le comhpháirtithe trasteorann i nGníomhaireacht na hUltaise chomh maith le heagraíochtaí ag déanamh ionadaíochta ar scéal na hUltaise nó Gàidhlig i SAM. Coinnítear cuntas sa spás tiomanta seo de thuras na smaointe agus na n-aitheantas cultúrtha comhroinnte agus fiosraítear scéal agus cultúr saibhir phobal na hUltaise i Muineachán.



**Taispeántas den Ultais lena n-áirítear roinnt de na sloinnte is coitianta sa réigiún.**

**Agallaimh físe le daoine aitheanta as Muineachán**, lena n-áirítear Caitríona Balfe, Barry McGuigan, Ardal O'Hanlon agus Tommy Bowe, ina labhraíonn siad go macánta faoina n-eispéireas uathúil, pearsanta féin ag fás aníos ar an teorainn.



**An gailearaí le taifeadtaí físe de dhaoine aitheanta as Muineachán.**

### Comóradh 50 Bliain Mhúsaem Chontae Mhuineacháin

An 21 Meán Fómhair 2024 rinne Músaem Chontae Mhuineacháin ceiliúradh ar a chaogadú bliain. Óna thionscnamh ag Teach Cúirte Mhuineacháin in 1974, ba é aidhm an mhúsaeim freastal ar mhuintir an chontae trí chultúr agus oidhreacht shaibhir Mhuineacháin a thaispeáint. Leis na deicheanna de bhlianta anuas bhogamar go sealadach chuig an tseanscoil CBS agus ansin chuig ár mbaile ag Sráid an Chnoic i mí Lúnasa 1986, ag éagsúlú i gcónaí chun oiriúnú do riachtanais athraitheacha ár bpobail. Anois ag a bhaile nua ag Campas Síochána Mhuineacháin leanann an músaem ag coineáil an phobail ina chroílár, agus dár gcéad phríomhimeacht roghnaigh siad ceiliúradh a dhéanamh ar a leathchéad bliain le muintir an cheantair trí chóisir mhór a reáchtáil.



**Foireann Músaem Chontae Mhuineacháin le Tommy Bowe a ghearr an cáca ar an lá.**



**Baill den phobal ag fanacht le bualadh le Tommy Bowe**

### Cuairteoirí Gailearaí




**An saol ag aithris ar ealaín – nó taispeántas!**
**Tommy Bowe ar cuairt chuig rannán 'Trasnú Teorann' an mhúsaem ina bhfuil sé féin le feiceáil.**



**Josie McCusker ag féachaint uirthi féin ar fhíseán ag labhairt faoina cuimhní cinn faoin timpiste eitleáin.**



**Cuairteoirí sa mhúsaem**






## Múrphictiúir Mhuineacháin

Cruthaíodh an saothar ealaíne is déanaí ó Mhúrphictiúir Mhuineacháin ‘Teorainneacha’ ar Bhóthar na Plandála i mBaile Mhuineacháin ag tús an tsamhraidh. Ba é an coincheap taobh thiar den mhúrphictiúr nua píosa ealaíne poiblí a fhorbairt ina meastar na teorainneacha cearta agus teibí a chuimsíonn ár saolta. Suite in aice le foirgneamh Champas Síochána Mhuineacháin, cuireann an múrphictiúr i láthair an croísmaoineamh taobh thiar den Champas mar spás chun pobail a thabhairt le chéile gan beann ar theorainneacha. Fuair an t-ealaíontóir freagrach as an múrphictiúr álainn seo, Friz, inspioráid ó smaoineamh na dteorann. Áirítear ar a dearadh íomhánna de dhaoine d’aoiseanna éagsúla ag breathnú i dtreonna éagsúla, chun ionadaíocht a dhéanamh ar shaol a bhfuil an bhreith agus an bás mar theorainn leis. D’áirigh sí freisin éin imirceacha agus bláthanna nach bhfuil srianta orthu de bharr teorainneacha agus a bhogann go saor ar fud an domhain. Léiríonn an úsáid a bhaineann sí as dathanna a éiríonn doiléir agus a chruthaíonn imreacha nua nuair a thagann siad le chéile na féidearthachtaí gur féidir rud éigin uathúil agus álainn a chruthú san áit a dtagann teorainneacha le chéile.



**Múrphictiúr Bhóthar na Plandála**

Faigheann Múrphictiúir Mhuineacháin maoiniú ó Mhuineachán Ildánach trí chlár Éire Ildánach. Míle buíochas le Kieran McMahon Tyres as cead a thabhairt a mballa a úsáid don saothar ealaíne seo.

# Oifig Ealaíon

Is é an ról atá againn cuidiú le hEalaíontóirí sa Chontae agus iad a chothú agus leanann an Oifig Ealaíon ag **cuidiú le hEalaíontóirí aonair** e.g. Scríbhneoirí, Cleachtóirí Amharclainne agus Amharcealaíontóirí. Fuair roinnt acu deontais ón gComhairle Ealaíon agus ó Chultúr Éireann. Ina measc bhí cúnamh taistil agus ceannacháin ábhar agus maoiniú díreach meaitseáilte le maoiniú a fuarthas ón gComhairle Ealaíon. Tairgimid saoráidí Theach an Mhargaidh d'Ealaíontóirí i rith na bliana.

Lean an Oifig Ealaíon ag glacadh cur chuige réamhghníomhach lena gClár do na hEalaíona 2024.

### Cuspóirí Forbartha Ealaíon: 2024

Bhí sé mar phríomhchuspóir arís in 2024 ár múnla Clársceidealaithe agus maoinithe a choinneáil do na 3 sprioc straitéiseacha dár gcreat-chomhaontú leis an gComhairle Ealaíon 2020-2027, sa tuiscint gur féidir le seachadadh agus tiomantas na Comhairle do na healaíona i gContae Mhuineacháin a bheith níos inbhuanaithe ar an mbealach seo. Bhí na trí phríomhchuspóir seo mar bhunchloch dár n-iarrachtaí ról sásúil a choinneáil do na hEalaíona i bpobal ildánach Mhuineacháin.

Sliocht SPC ón gCreat-Chomhaontú 2020-2027

Seo a leanas cuid de na nuashonruithe inár seachadadh in 2024:

1. **Ag Tacú leis an Ealaíontóir:** Luach a chur ar shaothar ealaíontóirí agus tacú leis agus raon deiseanna d'ealaíontóirí a leathnú chun a gcleachtas a fhorbairt.

Chuir ár Scéim Bhreisluacha 2020-2027 maoiniú ar fáil do 4 Ealaíontóir. Tá an tiomantas ag croílár na scéime tacú leis na hEalaíontóirí Gairmiúla ar bronnadh **sparánacht** orthu ó chomhlachtaí amhail **An Chomhairle Ealaíon/Cultúr Éireann.**

https://monaghan.ie/arts/value-added-scheme-2020-2027

Ina theannta sin, bhronn Scéim Tacaíochta Ealaíontóirí, a reáchtáladh in 2024, **€15,000** ar **17 nEalaíontóir,** mar Thallann ag Teacht Chun Cinn & Ealaíontóirí Bunaithe araon.

https://monaghan.ie/arts/2024/12/19/artist-support-scheme-tacaiocht-do-ealaiontoiri-2025/

D'éascaíomar Seoladh Leabhar "**Our Dear Dark Mountain with The Sky Over it"** – Bailiúchán James Whiteside i Márta anseo i dTeach an Mhargaidh, leabhar nua tábhachtach maidir leis an gCeol Traidisiúnta, leis an Dr Seán McElwain as Béal Átha an Fhóid. Fiosraíodh ann
saol agus gníomhaíochtaí ceoil James Whiteside agus cuireadh sracfhéachaint i láthair ar thraidisiún saibhir ceoil agus amhrán an réigiúin.

Chomhaoiníomar freisin leis an gComhairle Ealaíon agus i gcomhar leis an gcumann oifigeach ealaíon an sparánacht leathbhliantúil Platform 31 a bhronntar i bhfoirm comórtais d'ealaíontóir atá i lárghairme ar mian leis/léi dul i bpáirt le saothar nua agus corraitheach ar fiú **€8,000** é.

https://monaghan.ie/arts/2022/02/28/platform-31-artist-support-scheme

Is é Stiúideonna Ealaíontóirí Chluain Eois an infheistíocht phoiblí is mó de chuid na Comhairle a thacaíonn leis an méid a chuireann ealaíontóirí lenár gcomharsanacht. Chuir na healaíontóirí sna stiúideonna ceardlanna faoi stiúir ealaíontóra ar fáil in 2024 mar aon le himeachtaí eile níos inrochtana go poiblí agus bhí siad mar dhroichead do roinnt tionscadail lárnacha laistigh den cheantar. Bhí tiomantais na Comhairle d'ealaíontóirí in 2024 iontach.

https://www.facebook.com/ClonesArtStudios

2. **Daoine Óga agus na hEalaíona**; deiseanna do leanaí agus do dhaoine óga chun ealaín iontach a chruthú, rochtain a fháil uirthi agus páirt a ghlacadh inti.

Rannchuidiú le **Music Generation** in 2024 dar luach 30K arb é an tSeirbhís Oideachais Ceoil é a chuireann deiseanna ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga rochtain a bheith acu ar theagasc uirlise ceoil go háitiúil agus ar dheiseanna iontacha. Baineann go leor dár scoileanna agus dár ndaoine óga an-tairbhe as páirt a ghlacadh sa tionscnamh seo.

Seoladh **Sparánacht Ealaíona Óige an Chabháin agus Mhuineacháin** do 2024 i Márta agus tacaíonn sí le daoine óga chun páirt a ghlacadh i dTionscadail Ealaíon Óige gearra i gcomhar le hEalaíontóir Gairmiúil agus laistigh d'obair Óige agus Socrúcháin Oideachais neamhfhoirmiúla. Bronntar 6 Sparánacht ar fiú €1,600 an ceann iad, 3 cinn do Chontae Mhuineacháin.

https://www.youth.ie/articles/cavan-monaghan-youth-arts-bursary-call-for-applications/

Cuirimid araon maoiniú ar fáil don oibríocht a chabhraíonn dá réir sin le scoileanna sa dá chontae stádas faoi **Chlár na Scoileanna Ildánacha** a bhaint amach faoi scáth na Comhairle Ealaíon. Tá sé mar aidhm againn tacú leo agus a gClár a bhreisiú, agus anois tá go leor scoileanna againn i gContae Mhuineacháin a bhain an clár amach agus a ghlac páirt sa chlár.

Chuireamar €6,500 ar fáil d'Fhéile Tradoodle freisin, Féile Ealaíon thraidisiúnta ina bhfuil Ceol agus Ceardlanna do lucht féachana óg in 2024.

Reáchtáladh os cionn 60 Imeacht Ealaíon agus Cultúrtha Saor in Aisce ar fud na tíre mar chuid d'**Oíche Chultúir** na bliana seo agus bhí Contae Mhuineacháin mar chuid mhór di ag ionaid éagsúla le tacaíocht ónár n-oifig.

Comhthiomantas is ea ár **gComhpháirtíocht um Ealaíona Áitiúla san Oideachas** (LAEP) do na hEalaíona, le béim ar leith ar dhaoine óga agus deiseanna dóibh, a roinnimid le Comhairle Contae an Chabháin & CMETB.

Taispeánadh **Video Nasty**, an tsraith nua – **arna thifeadadh i gContae Mhuineacháin** agus á léiriú ag an **Léiritheoir as Muineachán** Ailish McElmeel ar TV3 le déanaí. Dráma le greann an-dorcha is ea an léiriú seo de chuid Deadpan Pictures le beagán den Dúrún Dúnmharaithe. Chuidíomar leis an gCriú Léirithe agus Taighde le húsáid ár bhfoirgnimh agus thugamar comhairle maidir le Láithreacha áitiúla don scannánaíocht.

Agus go leor ionad Ealaíon, Féilte agus Ionaid eile sa Chontae á maoiniú againn freisin iarraimid orthu trínár gcláir mhaoinithe leanúint leis an gclár abhcóideachta a bhfuilimid tiomanta dó chun acmhainneacht gach linbh a bhaint amach agus tiomantas do thacú le daoine óga sna hEalaíona.

3. **Cumas a Chruthú** Infheistiú i bhforbairt ghairmiúil na n-ionad, na bhféilte agus na n-eagraíochtaí a chuireann eispéiris ealaíon ar ardchaighdeán ar fáil.

Bhronn an Chomhairle trí **Scéim na gComhpháirtithe Ealaíon €75,000** ar fad ar an ochtar faighteoirí a ainmnítear thíos.

Amharclann The Garage

Féile Oriel

Amharclann Íontas

Féile Patrick Byrne

Muckno Mania

Féile Dhrámaíochta Bhaile na Lorgan

Féile Scannán Chluain Eois

Cumann Ceoldrámaíochta agus Drámaíochta an Oirthuaiscirt

# An Rannóg Turasóireachta

Is é ról an Aonaid Turasóireachta laistigh de Chomhairle Contae Mhuineacháin:

- Feasacht custaiméirí a ardú ar cheantar Mhuineacháin mar cheann scríbe turasóireachta
- Táirge turasóireachta an chontae a fhorbairt agus cur lena fhorbairt

Ar na **Príomhthionscnaimh Forbartha Turasóireachta** a tugadh chun cinn in 2024 tá siad seo a leanas:

***Fóram Turasóireachta & Fóillíochta a Bhunú***

Ag deireadh 2023, ghlac Comhairle Contae Mhuineacháin Straitéis Turasóireachta nua agus uaillmhianach (2023-2028) do Chontae Mhuineacháin, chun cabhrú le haghaidh a thabhairt ar easnaimh, deiseanna a thapú, agus comhpháirtíochtaí nua a fhás laistigh d'earnálacha turasóireachta agus áineasa an chontae. Príomhghníomhaíocht sa straitéis ba ea Fóram Turasóireachta & Fóillíochta de pháirtithe leasmhara a bhunú le tacú lena cur i bhfeidhm agus lorgaíodh ainmniúcháin ó earnálacha éagsúla agus eagraíochtaí dírithe ar an turasóireacht. I mí Aibreáin, reáchtáladh an chéad chruinniú den Fhóram, le cruinnithe ráithiúla ina dhiaidh sin.





### FORBAIRT TURASÓIREACHTA

In 2023/2024 d'éirigh leis an rannóg maoiniú a fháil ó roinnt foinsí agus rinneadh pleanáil/dearadh agus/nó oibreacha caipitil chun roinnt tionscadal a thabhairt chun cinn.

### Tionscadail Chríochnaithe

**Spás Taibhithe Chearnóg na hEaglaise** - Fuarthas €497,962 ó Fháilte Éireann chun spás imeachtaí ilúsáide a sheachadadh i gCearnóg na hEaglaise, Muineachán le maoiniú a meaitseáladh ó Chomhairle Contae Mhuineacháin. Reáchtáladh an seoladh oifigiúil an 20 Meán Fómhair. Áiríodh ar oibreacha forbartha tírdhreachú crua agus bog, soláthar nasc seirbhísí agus gné-shoilsiú.

**Tionscadal Réamhfhorbartha Ghormbhealach**





**Abhainn an Droma Mhóir** – bronnadh €50,000 faoi chlár maoinithe ORIS chun pleananna a dhéanamh chun Gormbhealach beartaithe a fhorbairt ó Bhéal Átha Beithe go Lios na Long. Ina dhiaidh sin, slánaíodh €500,000 faoi chlár ORIS 2023 d'oibreacha caipitil agus ní rachaidh sé seo ar aghaidh ach nuair a dhéanann an Bord Pleanála cinneadh pleanála.

**<u>Bealach siúil Shlí Mhuineacháin – Inis Caoin go hEanach Dromainne (Baile na Lorgan)</u>** – Cuireadh i gcrích oibreacha athchóirithe ar Shlí Mhuineacháin ó Inis Caoin go hEanach Dromainne agus d'athoscail an tAire Heather Humpjreys an tslí go hoifigiúil ag imeacht seolta an 22 Márta, áit ar fógraíodh Scéim Siúlóidí nua don tslí freisin. Bhí Slí Mhuineacháin mar chuid de Tracks and Trails (sraith teilifíse RTÉ) in 2024.

**<u>Soláthraí Gníomhaíochta ag Muiríne Chluain Eois</u>** – D'oibrigh Turasóireacht Mhuineacháin i gcomhpháirt le hUiscebhealaí Éireann agus Fáilte Éireann chun soláthraí gníomhaíochta a bhunú ag Muiríne Chluain Eois. Feidhmíonn an soláthraí seo Ulster Canal Adventures, ag soláthar gníomhaíochtaí uiscebhunaithe a bhreisíonn fóillíocht allamuigh sa cheantar seo. Leanann an t-aonad Turasóireachta ag cur chun cinn agus ag tacú le Ulster Canal Adventures gach deis a bhíonn acu.









## Tionscadail Tugtha Chun Cinn

**<u>Feabhsuithe ar Fhoraois Dhartraí</u>** – fuarthas maoiniú ORIS ar luach €400,000 le haghaidh feabhsuithe áineasa i bhForaois Dhartraí, agus cuireadh tús le tógáil ar an suíomh in R2 2024, leis na hoibreacha uile críochnaithe i mí na Nollag.





**<u>An tOileán Dubh, Loch Mucnú</u>** – fuair CCM maoiniú ORIS ar luach €500,000 chun na háiseanna áineasa ar an oileán a fheabhsú. Deonaíodh cead pleanála do na hoibreacha uasghrádaithe seo i Meán Fómhair agus tugadh faoi phróiseas soláthair ina dhiaidh sin. Cuirfear **tús** le hoibreacha tógála ar an suíomh in R1 2025.

**<u>Síneadh le Páirc Spraoi Ros Mór</u>** – bronnadh €150,000 ar CCM faoin gCiste Aitheantais Pobail chun síneadh a chur leis an bpáirc spraoi ag Ros Mór agus chun trealamh spraoi a chur ar fáil atá oiriúnach do leanaí níos sine. Cuireadh tús le hoibreacha ar an suíomh i Meán Fómhair agus osclaíodh an síneadh nua don phobal i mí na Nollag.



**<u>Sliabh Beatha</u>** – Tar éis staidéar indéantachta arna mhaoiniú ag Oileán Comhroinnte in 2023, úsáideadh an tuarascáil chríochnaitheach agus na staidéir lena mbaineann mar bhunús le maoiniú a lorg do na hoibreacha beartaithe. Slánaíodh maoiniú caipitil €6M anois faoi chlár an Oileáin Chomhroinnte agus tosóidh seachadadh an tionscadail in 2025.

## GNÍOMHAÍOCHTAÍ CUR CHUN CINN TURASÓIREACHTA

Bhí an rannóg an-ghníomhach i gcur chun cinn na turasóireachta in 2024 agus sheachaid roinnt tionscnaimh rathúla, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

***C'Mon to Monaghan –*** Forbraíodh sraith físeáin uathúla agus aisteacha (20 san iomlán) chun tairiscint éagsúil turasóireachta agus bia i gcontae Mhuineacháin




a thaispeáint, arna seoladh trí shuíomhanna meán sóisialta.

***Feachtais Raidió*** – Eagraíodh trí chraoladh allamuigh chun na féilte a leanas a chur chun cinn agus tacú leo in 2024:

- Féile Muckno Mania, 5-7 Iúil



- Féil Cheol Tuaithe Bhaile Mhuineacháin, 18-21 Iúil
- Féile Scannán Chluain Eois, 24-27 Deireadh Fómhair





***Postálacha Tionchairí*** – Chomhoibrigh an tAonad Turasóireachta leis an tionchaire Helen Drumm chun príomhghníomhaíochta ar fud an chontae a thaispeáint, a cuireadh faoi bhráid a leantóirí feadh TikTok, Instagram agus Facebook lena gcur chun cinn ina dhiaidh sin.



***Imeacht Líonraithe Gnó Mhuineacháin Bhaile Átha Cliath (MDBN)*** – Chun tacaíocht a léiriú dá dhiaspóra, chuidigh an t-aonad turasóireachta chun imeacht MDBN a eagrú ag an gCampas Síochána an 20 Meán Fómhair lenar thacaigh Comhairle Contae Mhuineacháin. Le comhtharlú leis an Oíche Chultúir, bhí téama cultúrtha ag an imeacht agus bhain daoine an-taitneamh as, le freastal maith ar an oíche.



***Pointe Faisnéise Digiteach do Chuairteoirí*** – Suiteáladh both faisnéise digiteach do thurasóirí anois i bpríomh-halla an Champas Síochána agus tá litríocht turasóireachta ghinearálta ann.



**Pointe Faisnéise Digiteach do Chuairteoirí Fáilte Éireann i príomh-halla an Champas Síochána**

***Imeachtaí ar Tacaíodh leo*** – Chuir Turasóireacht Mhuineacháin a Scéim Maoinithe Féile chun cinn i mí Bealtaine 2024, ag tacú le réimse imeachtaí áitiúla. Leithdháileadh maoiniú do phríomhfhéilte, ag breisiú ceiliúradh cultúrtha, ceoil agus séasúrach ar fud na tíre. Bhí ról ríthábhachtach ag na himeachtaí seo chun cuairteoirí a mhealladh agus rannpháirtíocht an phobail a chothú.



***Ceardlanna Trádála*** – D'óstáil an tAonad Turasóireachta trí cheardlann trádála in 2024, ag tabhairt príomhpháirtithe leasmhara le chéile ó na hearnálacha éagsúla. Chuir na ceardlanna seo deiseanna líonraithe luachmhara ar fáil, chothaigh siad comhoibriú agus thaispeáin siad tairiscint turasóireachta Mhuineacháin. Tá pleananna ag an Aonad Turasóireachta do rannpháirtíocht trádála leanúnach in 2025.

# Oifig Fiontair Áitiúil

### Réamhrá

In 2024, cheiliúir OFÁ (Mhuineacháin) deich mbliana ar an bhfód. I gcomhpháirt le Fiontraíocht Éireann, leanann sé ag imirt ról lárnach chun fás eacnamaíoch inbhuanaithe a éascú trí thacú le micrifhiontair agus cultúr dearfach i leith fiontair a chur chun cinn laistigh d'Údaráis Áitiúla.

Déanann an Oifig Fiontair Áitiúil an méid a leanas:

- cuireann sí chun cinn fiontraíocht,
- cothaíonn sí gnólachtaí nuathionscanta agus cuidíonn sí ar bhonn airgeadais le micreaghnólachtaí agus gnólachtaí beaga chun cruthú poist a thiomáint.
- seachadann sí gníomhaíochtaí geilleagracha faoin bPlean Forbartha Eacnamaíoch agus Pobail Áitiúil, agus faoi Phlean Forbartha an Chontae.
- Tugann sí faoi ghníomhaíochtaí chun cuspóirí a bhaint amach faoin bPlean um Ghníomhú ar son na hAeráide trí chláir amhail an Bhraisle ESG (Rialachas Sóisialta Comhshaoil).

### Tacaíochtaí Airgeadais & Cruthú Post

I rith na bliana, d'fhaomh OFÁ Mhuineacháin cúnamh deontais €583,774 le 109 FBM áitiúil a fhostaíonn 1,006 duine san iomlán.

Cheadaigh na deontais seo do chuideachtaí tabhairt faoi staidéir indéantachta d'fhorbairt táirgí agus margaí nua, fiontair nua a thosú le deontais phrapála agus chabhraigh siad chun gnó nua a bhunú trí Dheontais um Leathnú Gnó.



LEO Monaghan 2024 Highlights

### Oiliúint

In 2024, ba é ár bpríomhchuspóir tacaíocht agus seirbhísí feabhsaithe a thairiscint atá saincheaptha chun fás gnólachtaí nuathionscanta nua a chur chun cinn.

Bhí OFÁ Mhuineacháin tiomanta go fóill do chúnamh a thabhairt do ghnólachtaí seanbhunaithe leathnú

agus aghaidh a thabhairt ar dhúshláin amhail inbhuanaitheacht agus digitiú.



Seisiún Faisnéise maidir le Tacaíochtaí Maoinithe

Thug 1,053 duine comhdhéanta de Dhaoine gnó, fiontraithe agus daoine aonair a dteastaíonn uathu gnólacht nua a thosú nó a fhás faoi sheisiúin oiliúna agus ceardlanna a d'eagraigh OFÁ Mhuineacháin, lena n-áirítear sainchúrsaí "Tosaigh do Ghnó Féin", Airgeadais, Margaíochta Digití agus ceardlanna saincheaptha eile.

### Meantóireacht

Meaitseálann an Clár Meantóireachta eolas, scileanna, léargais, agus cumas fiontraíochta cleachtóirí a bhfuil taithí acu le húinéirí / bainisteoirí gnólachtaí beaga óna dteastaíonn comhairle agus treoir rúnda phraiticiúil agus straitéiseach.

Tá tacaíocht mheantóireachta duine le duine ar fáil do chuideachtaí seanbhunaithe agus i roinnt cásanna do ghnólachtaí nuathionscanta chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais bhainistíochta ar leith ar bhonn cuideachta aonair.

In 2024, bhí an t-éileamh ar sheisiúin mheantóireachta níos airde ná riamh agus cuireadh meantóireacht ar fáil do 336 cliant ag clúdach téamaí cosúil le TF, AD, Díolacháin, agus Margaíocht.

## Lean for Micro

Ailínithe le ceann de phríomhcholúin straitéiseacha OFÁ Mhuineacháin, 'Iomaíochas' – dearadh Lean for Micro chun tacaíocht a chur ar fáil chun prionsabail LEAN a chur i bhfeidhm, coigiltis agus feabhsúcháin a bhaint amach i dtaobh acmhainneachta.

Ba é an sprioc a bhí ann do 2024 13 thionscadal a sheachadadh – ach sáraíodh é seo le 18 dtionscadal arna seachadadh le tiomantais €88,656.

## Dearbháin

## Trádála Ar Líne

Chuir an Dearbhán Trádála Ar Líne maoiniú ar fáil do ghnólachtaí cáilitheacha chun suíomh gréasáin nua ríomhthráchtála a fhorbairt nó ceann atá ann cheana féin a fheabhsú. I rith 2024, bhí éileamh láidir ar an gclár sin go fóill, rud a chiallaigh gur ceadaíodh 35 dearbhán. Tá deireadh leis an scéim seo anois agus tá an clár um Fhás Digiteach ina áit.

## Tús Digiteach – Clár um Fhás Digiteach

Ní mór do ghnólachtaí beaga gach buntáiste a uasmhéadú agus is féidir fíor-bhuntáiste a thabhairt do ghnólachtaí ach straitéis dhigiteach a chur i bhfeidhm.




Tacaíonn Tús Digiteach le cliaint déantúsaíochta agus seirbhíse trádála idirnáisiúnta. Fuair 5 chliantchuideachta tacaíocht airgeadais ar luach €23,584 in 2024 faoin gclár Tús Digiteach.

Cuidíonn an tacaíocht seo leo glacadh uirlisí agus teicnící digiteacha a ullmhú agus a chur i bhfeidhm feadh a ngnólachta.




Chun tacú leis an digitiú, tugadh isteach scéim an Dearbháin "Fás Digiteach" in 2024. Cuirtear deontas ar fáil sa scéim a chlúdaíonn 50% de na costais incháilithe, suas le €5,000 chun ríomhthráchtáil, bainistíocht caidrimh custaiméirí (CRM), bogearraí cuntasaíochta agus costais oiliúna a chlúdach.

## Gnó Glas

Le fócas leanúnach ar ghníomhú ar son na haeráide agus ar inbhuanaitheacht, tá OFÁ Mhuineacháin chun tosaigh maidir le straitéisí oiriúnaithe a fhorbairt agus feasacht a chothú i measc gnólachtaí áitiúla i Muineachán.

Is é is aidhm ná aistriú gnólachtaí i dtreo a bheith ina n-eintitis ísealcharbóin a chur chun cinn.

Tar éis na Sraithe Líonra Téigh Glas, sheachaid OFÁ Mhuineacháin clár píolótach rathúil in 2024 le 21 ghnó beag agus micreaghnó trí Bhraisle ESG (Rialachas Sóisialta Comhshaoil). Tríd an gclár seo cuireadh "ESGo" ar fáil do ghnólachtaí áitiúla, uirlis dhigiteach éasca le húsáid a chuidíonn leo a n-aistear Comhshaoil, Sóisialta & Rialachais (ESG) freagrach a rianú agus a bhainistiú.



Searmanas Bronnta Iarratasóirí ESG




Ina theannta sin, ceadaíodh 11 ghnólacht don Deontas Éifeachtúlachta Fuinnimh in 2024, rud a chuir ar chumas gnólachtaí tacaíocht airgeadais a fháil i dtreo bearta atá tíosach ar fhuinneamh a chur i bhfeidhm.

I mí Iúil, d'fhógair Fiontraíocht Éireann athruithe leis an leibhéal maoinithe atá ar fáil d'fhiontair faoin Deontas um Éifeachtúlacht Fuinnimh.

Tacaíonn an Deontas um Éifeachtúlacht Fuinnimh nuashonraithe le hinfheistíocht i dtionscadail inbhuanaitheachta fiontar Éireannach. Is féidir tacú le suas le 75% de chostais incháilithe suas chuig uasdeontas €10,000 tar éis Iniúchadh Glas do Ghnó, Tús Glas nó Fuinneamh SEAI a chur i gcrích.

Reáchtáladh dhá imeacht leis an Rannóg Comhshaoil mar chuid den tseachtain um Ghníomhú ar son na hAeráide 2024 i mí Dheireadh Fómhair. Reáchtáladh é



seo an chéad uair i gCoill Chonchró agus an dara ceann i gCumann Gailf Ros Mór. D'fhreastail os cionn 70 gnólacht ar na himeachtaí seo chun faisnéis a fháil maidir leis an Deontas um Éifeachtúlacht Fuinnimh agus maidir leis an bhfeachtas Mywaste.ie.

### Clár *Get Exporting*

Díríonn an beartas Rialtais seo ar an líon onnmhaireoirí céaduaire a mhéadú faoi 2000 cuideachta faoin mbliain 2030.




In 2024, bhain 4 fhiontar áitiúla leas as clár Get Exporting a dearadh chun tacú le cuideachtaí ag gach céim dá dturas chun díolacháin onnmhairithe nua a bhaint amach. Tá sé mar aidhm leis an gclár an turas onnmhairithe a shimpliú agus cabhrú chun an t-eolas, muinín agus straitéisí a fhorbairt is gá le bheith rathúil i margaí domhanda.

In 2024, chuidigh OFÁ Mhuineacháin le 9 gcuideachta áitiúla le maoiniú chun a dtáirgí a thaispeáint ag imeacht trádála idirnáisiúnta.

### Dámhachtainí Fiontair Scoláirí

Gach Meán Fómhair, tríd an Oifig Fiontair Áitiúil i Muineachán, téann scoláirí meánscoile a bhfuil spiorad fiontraíochta iontu ar thuras gnó san fhíorshaol mar chuid den Chlár Fiontair Scoláirí.

Tugann an tionscnamh seo, atá ag teacht leis an gcuraclam staidéir ghnó ag leibhéil Shóisearacha agus Shinsearacha araon, deis luachmhar do scoláirí taighde a dhéanamh, agus a ngnólachtaí féin a bhunú agus a fheidhmiú. Tá an tsolúbthacht ag rannpháirtithe a gcoincheapa gnó a fhorbairt ina n-aonar nó mar chuid d'fhoireann.

In 2024, ghlac os cionn 311 scoláire ó scoileanna ar fud Chontae Mhuineacháin páirt sa chlár.

Le tacaíocht ón Oifig Fiontair Áitiúil i Muineachán, bhuaigh na scoláirí duaiseanna d'iontrálacha ar an gcomórtas dar teideal "Mo Thuras Fiontraíochta" sna catagóirí Sóisearacha agus Idirmheánacha agus Gradam Gnó CLISTE sa chatagóir Shóisearach.



**Dámhachtainí Fiontair Scoláirí 2024**

Tacaíonn an clár le daltaí a ngnólacht féin a chruthú, a dhearadh agus a mhargú, leis an aidhm chun an Craobh Náisiúnta a bhaint amach.

Sa Chatagóir Idirmheánach, rinne Clodagh Carey, Kamile Virganaviciute agus Emma McCaul, CKE Candles ó Choláiste Learga ionadaíocht thar ceann an chontae sa Chraobh.

I gCatagóir Shinsearach an chomórtais, rinne Alex McVicar ó Drip Feed ag Coláiste Mhic Cairthinn ionadaíocht thar ceann Mhuineacháin.

Sa chatagóir "Mo Thuras Fiontraíochta" atá oscailte do dhaltaí sóisearacha agus idirmheánacha, rinne Áine Carragher agus Bella O'Neill ó Mheánscoil Mhuire, Baile na Lorgan ionadaíocht thar ceann Mhuineacháin sa Chraobh Náisiúnta.

### Dámhachtainí Fiontair Áitiúil

Roghnaíodh Nomad Counters ón gCorr Dhubh mar bhuaiteoirí Dámhachtainí Fiontair Áitiúil Mhuineacháin 2024 agus rinne siad ionadaíocht thar ceann Mhuineacháin ag na Dámhachtainí Fiontair Áitiúla. Soláthraí ceannasach de threalamh comhairimh uathoibrithe coisithe agus feithicle don timpeallacht uirbeach agus tuaithe is ea an chuideachta faoi cheannas Allen & Julie McAdam.




Áirítear ar a gcustaiméirí comhlachtaí stáit, údaráis áitiúla, ranna rialtais agus oibríonn a gcliaint sna hearnálacha turasóireachta, siamsaíochta, fóillíochta agus forbartha áitiúil.

### Seachtain na Fiontraíochta Áitiúla

Rinneadh ceiliúradh le linn Sheachtain na Fiontraíochta Áitiúla 2024 ar spiorad na nuálaíochta agus na hinbhuanaitheacht le díriú ar leith ar an nGeilleagar Ciorclach, arna eagrú i gcomhar le líonra Geilleagar Ciorclach IMR, CIRCULÉIRE, RevolveFleet (Baile na Lorgan), mar aon le hOifig Fiontair Áitiúil Mhuineacháin.



Bhí an t-imeacht mar ardán chun eolas a chomhroinnt agus comhoibriú i measc saineolaithe tionscail, gnólachtaí áitiúla, agus ceannairí pobail, agus é mar aidhm leo luas a chur leis an aistriú chuig geilleagar ciorclach nialasach ó thaobh carbóin i gContae Mhuineacháin.

Bhí deis ag os cionn 50 duine a d'fhreastail dul i ngleic le saineolaithe CIRCULÉIRE, cuideachtaí áitiúla amhail IJM agus Revolve, agus léargais a fháil ar iarrachtaí Bhraisle ESG OFÁ Mhuineacháin chun inbhuanaitheacht, prionsabail an gheilleagair chiorclaigh, agus nuálaíocht a chur chun cinn.

### Monaghanhubs

In 2024, Chuir OFÁ Mhuineacháin feachtas margaíochta i gcrích chun léiriú a thabhairt ar na gnéithe agus na tairbhí uathúla atá le baint as moil chianoibre i gContae Mhuineacháin agus rinne siad é sin tríd an Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhaile.




Leis an bhfeachtas sin cuireadh Contae Mhuineacháin chun cinn mar cheann scríbe don chianobair agus chun gnó a bhunú ann agus tugadh ábhar margaíochta digití do na moil laistigh den chontae, rudaí cosúil le físghrafaíocht agus grianghrafadóireacht a bheidh acu le haghaidh feachtais mhargaíochta amach anseo.

### An Comórtas Náisiúnta Treabhdóireachta

Rinneadh ionadaíocht ar OFÁ Mhuineacháin laistigh den Sráidbhaile Fiontair Áitiúil ag an gComórtas Náisiúnta Treabhdóireachta in 2024. Is iad Tec West agus Tigercomb a rinne an ionadaíocht sin ag Láthair Nuálaíochta Fhiontraíocht Éireann.





Táirgeann TecWest leasacháin saor ó cheimiceáin agus is aoileach ó shicíní an príomh-chomhábhar ina dtáirge. Díoltar agus dáiltear a gcuid táirgí trí ionaid ghairdín, plandlanna, siopaí crua-earraí agus stórtha talmhaíochta.

## Imeacht Tacaíochta d'Fhostóirí

I mí an Mheithimh, d'óstáil OFÁ Mhuineacháin i gcomhpháirtíocht le Bord Oideachais agus Oiliúna an Chabháin agus Mhuineacháin, an Roinn Coimirce Sóisialaí, agus Scileanna Réigiúnacha, imeacht Tacaíochtaí d'Fhostóirí a raibh an-rath air in Institiúid Mhuineacháin agus ar ar fhreastail 70 gnólacht.



Imeacht Tacaíochta d'Fhostaithe Mhuineacháin 2024

Léiríodh leis an éileamh thar cuimse a bhí ar an imeacht an tábhacht atá le tionscnaimh den sórt sin ó thaobh tacú le riachtanais fostaíochta agus oiliúna an phobail gnó áitiúil.

## Líonra na mBan i nGnó Mhuineacháin

Sheol Mná i mbun Gnó Mhuineacháin a líonra i gcomhair 2024 le linn Sheachtain na Fiontraíochta.



Bhí roinnt imeachtaí ar siúl ag an líonra ar feadh 2024 lena n-áirítear an t-imeacht suaitheanta le haghaidh Lá Náisiúnta Fiontraíochta na mBan ar an 17 Deireadh Fómhair i gcomhar le líonra Mná i mbun Gnó an Chabháin.




D'éirigh thar cionn leis an ócáid seo ar ar fhreastail os cionn 120 duine ón dá chontae agus iad ag teacht le chéile le haghaidh tráthnóna inar tugadh óráidí a thug spreagadh dóibh agus ócáid líonraithe a bhí ann freisin chun ceangail agus teagmhálacha nua a chothú.

Bhí imeacht Taispeána na Nollag ar siúl i mí na Samhna agus bhí aon duine is fiche i mbun taispeána ann.



Ba chruinniú bríomhar agus spreagúil a bhí ann, a chothaigh atmaisféar beo a thug an líonra le chéile. Ba dheis iontach a bhí ann don lucht taispeána agus do na daoine a d'fhreastail chun tacaíocht a thabhairt dá chéile trí cheannach agus líonrú, agus iad ag neartú na gceangal laistigh den phobal.

# Córais Faisnéise

Tá Rannóg na gCóras Faisnéise freagrach as TFC agus as Claochlú Digiteach i gComhairle Contae Mhuineacháin. Soláthraímid bonneagar, córais, agus réitigh TFC atá nua-aimseartha agus slán chun seirbhís éifeachtach a chur ar fáil.

## Feidhmchláir agus Claochlú Digiteach

Tá an t-aonad Feidhmchlár agus Claochlú freagrach as claochlú digiteach agus as sraith fhairsing feidhmchlár bogearraí na Comhairle. Lean an fhoireann ar aghaidh ag athdhearadh agus ag uathoibriú próisis pháipéarbhunaithe láimhe agus ag forbairt foirmeacha ar líne do roinnt seirbhísí atá os comhair an phobail, lena n-áirítear:

- Tionscnamh Glas Siúlóide Madraí
- Clár Maoinithe Féilte & Imeachtaí
- Cruinniú na nÓg
- Ciste Forbartha Pobail
- Ciste Forbartha Comhshaoil
- Foirm Iarratais ar Scoláireacht Ghaeltachta
- Foirm Réamhdhréachta do Phlean Forbartha an Chontae
- Comhair pháipéir Brennan ar an tairseach phoiblí
- Iarratas ar araidí salainn
- Measúnú um Dhaoine gan Dídean i Réigiún an Oirthuaiscirt

Rinneamar uasghrádú ar roinnt feidhmchlár gnó freisin, lena n-áirítear an córas speansas ar líne, iReg, iHouse agus iPlan.

## Deais um Thionscadal Caipitil

Bhíothas ag brath ar scarbhileoga roimhe seo chun tionscadail a rianú, agus bhí go leor ama agus dua i gceist le dul chun cinn a bhainistiú agus a thuairisciú i measc na Ranna agus ba dheacair léargas fíor-ama a fháil maidir leo. Chun dul i ngleic leis sin, forbraíodh Deais *Power BI* don Chlár Caipitil, rud a thug réiteach láraithe, idirghníomhach, agus so-úsáidte chun faireachán a dhéanamh ar thionscadail. Ach comhtháthú le Agresso le haghaidh nuashonruithe airgeadais beo agus chun a chinntiú go bhfuiltear ag comhlíonadh RGCS, cuireann an deais ar chumas na foirne nuashonrú agus rianú éifeachtúil a dhéanamh ar shonraí tionscadail, rud lena bhfeabhsaítear an mhaoirseacht, an comhoibriú, agus an chinnteoireacht ar fud na heagraíochta.



## Uasghrádú ar Bhogearraí um Ghearáin Chomhshaoil agus Imscrúduithe

Chun an teicneolaíocht is déanaí a ghiaráil agus a chinntiú go bhfuil córais slán agus láidir, d'athraíomar bogearraí Korec um Ghearáin Chomhshaoil agus Imscrúduithe agus rinneamar réiteach néalbhunaithe den réiteach ar an áitreabh. Rinneamar cleachtadh glanta sonraí sula ndearnamar na sonraí athscagtha a aistriú chuig an néal. Mar chuid den uasghrádú seo tá feidhmchlár deisce feabhsaithe chomh maith le feidhmchlár soghluaiste níos láidre d'oibrithe allamuigh. Leis an néalréiteach nua éascaítear freisin an fhorbairt ar dheiseanna saincheaptha, rud lena dtugtar modh níos éasca agus níos éifeachtúla don úsáideoir chun anailís a dhéanamh ar shonraí agus iarrataí ar thuairisceáin sonraí ón Roinn a chomhlíonadh.




## Uisce Éireann

Cuireadh cleachtadh glanta sonraí i gcrích maidir leis na sonraí a bhí i seilbh Rannán na Seirbhísí Uisce agus ansin aistríodh na sonraí sin go rathúil agus go slán chuig

Uisce Éireann. Chinntíomar freisin go raibh foireann CCM uile cláraithe agus ábalta na sonraí sin a rochtain ansin ar líonra Uisce Éireann, óna dtrealamh féin sa Chomhairle.

### iPlan

Chun sláine slándála a fhorfheidhmiú agus a chinntiú, uasghrádaíodh táirge iPlan LGMA chuig V5 (Leagan 5). Leis an uasghrádú sin tugadh aghaidh ar leochaileachtaí a bhaineann le Internet Explorer agus cinntíodh gur bhain an feidhmchlár leas as na feidhmchláir bhrabhsála is déanaí, cosúil le Chrome agus Edge.



### Uasghrádú ar Bhonneagar do Chruinnithe Hibrideacha Sheomra na Comhairle

Thug an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta scéim phíolótach isteach chun tacaíocht a thairiscint chun an réiteach maidir le Cruinnithe Hibrideacha arna sholáthar ag Údaráis Áitiúla dá gComhaltaí Tofa a fheabhsú. Chuir Comhairle Contae Mhuineacháin an scéim phíolótach seo i bhfeidhm agus d'éirigh go maith leo. Ceann de phríomhghnéithe an tionscadail ná go raibh an réiteach a suiteáladh inrite ar chineálacha éagsúla ríomhairí ionas go bhféadfaí é a chur isteach sna hOifigí Cathartha nua, ach a mbeidh siad tugtha chun críche. Chun réiteach cliste a chinntiú, lorgaíomar tairiscint agus shuiteálamar réiteach físchomhdhála agus réiteach closchomhdhála iniompartha, atá thar a bheith áisiúil agus éasca a úsáid. Mar chuid den réiteach, cheannaíomar callairí agus micreafóin RoadBuddy iniompartha saorsheasaimh freisin ar féidir leis an bhfoireann ar fad iad a úsáid chun cruinnithe eile lasmuigh de Sheomra na Comhairle a éascú.



### Leathanbhanda agus Nascacht i gContae Mhuineacháin

In 2024, lean an tOifigeach Leathanbhanda ag spreagadh rolladh amach an Phlean Náisiúnta Leathanbhanda (NBP) ar fud an chontae. Faoi dheireadh 2024, níl ach Ceantar Imlonnaithe amháin – C. I. Bhaile na Lorgan fós le suiteáil faoin bPlean Náisiúnta Leathanbhanda.

I rith na bliana, thugamar aghaidh ar bhreis is seasca fiosrúchán a bhain le leathanbhanda a chuir gnólachtaí, baill den phobal, agus ionadaithe tofa isteach.

Faoin bPlean Náisiúnta Leathanbhanda, tá 12,006 teach cónaithe, gnó, agus feirm i gCo. Mhuineacháin ar féidir leo leathanbhanda iontaofa ar ardluas a réamhordú anois. Go dtí seo, rinneadh 4,544 nasc leis an líonra NBI™. Léiríonn sé sin go bhfuil 38% de gach áitreabh atá ar fáil tar éis glacadh le leathanbhanda agus tá sé ar cheann de na rátaí is mó sa tír anois.

Tríd is tríd, tá beagnach 16,000 teach, feirm, gnó agus scoil i gCo. Mhuineacháin a bheidh in ann leathanbhanda snáthoptaice ar ardluas a rochtain faoin bPlean Náisiúnta Leathanbhanda.

### Pointí Nasctha Leathanbhanda

Lean Comhairle Contae Mhuineacháin ag tabhairt tacaíochta don seachadadh leathanbhanda thar 17 bPointe Nasctha Leathanbhanda laistigh den chontae.

Lean an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail ag maoiniú 75% de na costais nascachta don líonra BCP, agus chumhdaigh Comhairle Contae Mhuineacháin an 25% eile, ag cinntiú go raibh nascacht inbhuanaithe ann do na moil riachtanacha sin.

### Soláthraithe Seirbhíse Eile

Chuir SIRO rolladh amach a gcuid líonraí snáthoptaice i gcrích i gCarraig Mhachaire Rois agus i mbaile Mhuineacháin agus tá na seirbhísí sin ar fáil anois le hordú ag úinéirí tí agus ag úinéirí gnó. Lean Eir/ Openeir ag infheistiú ina líonra IFN agus á leathnú.

Cuireadh tacaíocht ar fáil freisin don Aonad um Thionscadail Chaipitil chun bonneagar teileachumarsáide a chur i bhfeidhm i dtionscadail faoi stiúir Chomhairle Contae Mhuineacháin, lena n-áirítear: Mol C:TEK 2 agus Newbliss.

## VEX Robotics agus Forbairt ETIM

Bhí tiomantas níos láidre i Muineachán maidir le litearthacht dhigiteach agus rannpháirtíocht le ETIM in 2024. Ag obair i ndlúthchomhar leis an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, chuir an tOifigeach Leathanbhanda gníomhaíochtaí digiteacha chun cinn laistigh den líonra BCP agus i mbunscoileanna agus i meánscoileanna.

Tá roinnt cláir dhigiteacha théamacha ann atá ar fáil don líonra BCP uile tríd an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail. Bhí trí cheardlann códúcháin againn sna Pointí Nasctha Leathanbhanda trínár gclár *Our Kids Code* le linn 2024, agus chuireamar códú ríomhairí i láthair na dteaghlach, agus leis sin b'éigean do thuismitheoirí a bheith rannpháirteach in éineacht lena gcuid leanaí. Bhí ceardlanna eile ar líne ar siúl freisin trí The Ark agus Leabhair Pháistí Éireann i roinnt Pointí Nasctha Leathanbhanda.

I bhFómhar na bliana 2024, sheol Microsoft an chéad chlár Dreamspace TV laistigh den chontae trí líonra na bunscoile. Thug Comhairle Contae Mhuineacháin tacaíocht don chlár sin agus leis sin táimid rannpháirteach sa tionscnamh Dreamspace TV in éineacht le líon beag contaetha eile. Dírítear sa tionscnamh ar scoláirí agus daltaí a bheith ag forbairt smaointe agus réitigh inbhuanaitheachta, agus modhanna digiteacha in úsáid acu chun na tionscadail inbhuanaithe éagsúla a thástáil agus a chur ar taispeáint. Cuirfear na tionscadail sin ar taispeáint i gceanncheathrú Microsoft One Dreamspace i mí an Mheithimh 2025.

D'oibrigh Comhairle Contae Mhuineacháin i ndlúthchomhar le MTU Chorcaí chun an clár VEX Robotics a rolladh amach, ag comhoibriú le Bord Oideachais agus Oiliúna an Chabháin agus Mhuineacháin chomh maith le tairbhe a bhaint as saineolas agus as tacaíocht MTU chun torthaí foghlama a fheabhsú do scoláirí Mhuineacháin. Tionscnamh praiticiúil é seo a raibh an chéad chomórtas contae mar thoradh air, agus comóradh á dhéanamh ar an gcruthaitheacht agus ar an gcomhoibriú a bhí i measc na scoileanna a bhí páirteach. D'fhreastail na múinteoirí a bhí rannpháirteach ar sheisiúin traenála ag Pointí Nasctha Leathanbhanda áitiúla, ag cur ar a gcumas scoláirí a threorú chun róbait a thógáil agus a ríomhchlárú i gcomhar lena chéile. Tugann an clár VEX Robotics deis luachmhar do scoláirí ar réimsí ETIM, agus an nuálaíocht, an chumarsáid agus an comhoibriú a chothú.

Tar éis seoladh rathúil ar thionscnamh bunscoile in 2023, leathnaíodh clár róbataice VEX IQ chuig 16 bhunscoil in 2024. I mí Aibreáin bhí an chéad chomórtas Vex Robotics IQ riamh againn. An mhí chéanna, chuireamar an chéad chomórtas Vex Robotics V5 ar bun den chéad uair do mheánscoileanna - tionscnamh a raibh roinnt grúpaí Ógtheagmhála as Muineachán agus Cabhán páirteach ann freisin.

Bhí rannóg TF Chomhairle Contae Mhuineacháin rannpháirteach freisin i bhféile Eolaíochta an Chabháin-Mhuineacháin i mí na Samhna, ina raibh taispeántas Vex Robotics, ceardlann a léiríonn an chaoi a n-úsáidtear comhpháirteanna ríomhaire chun ríomhairí deisce agus ríomhairí glúine a thógáil, agus bhí taispeántas VR agus ceardlanna breise ar fhorbairt ETIM ar siúl freisin.



## Tionscnaimh Chibearshlándála

Tá Comhairle Contae Mhuineacháin an-dáiríre i gcónaí faoin gcibearshlándáil. De réir mar a athraíonn an tírdhreach bagartha, tá sé ríthábhachtach a bheith chun cinn ar bhagairtí nua. Bhí siad seo a leanas mar chuid de na feabhsúcháin ar ár gclár slándála in 2024:

- **Ionsamhlúcháin Fioscaireachta agus Oiliúint Mhíosúil:** Rinneadh iad ar feadh na bliana chun feasacht foirne a fheabhsú ionas go mbeifí in ann an ceann is fearr a fháil ar chibearbhagairtí.
- **Mí Feasachta na Cibearshlándála (Deireadh Fómhair):** Físeáin oiliúna sheachtainiúla, ionsamhlúcháin fioscaireachta, agus leideanna slándála a roinneadh ar an inlíon.
- **Gnéithe Slándála Démhíosúla:** Cuireadh píosaí i nuachtlitir na foirne chun gach duine a choinneáil ar an eolas.
- **Cur i Láthair ar Chibearshlándáil:** Rinneadh dhá chur i láthair d'fhostaithe nua a thosaigh i

gComhairle Contae Mhuineacháin le dhá bhliain anuas.

- **Iniúchadh ar Chaighdeáin Bonnlíne Cibearshlándála san Earnáil Phoiblí:** Rinneadh é seo le cúnamh ó thríú páirtí chun rioscaí cibearshlándála a bhainistiú agus bearnaí inár seasamh slándála a aithint.

- **Coiste Stiúrtha na Cibearshlándála:** Bunaíodh an coiste chun bualadh le ceannairí tionscadal faoi dhó sa tseachtain, daoine as réimsí Líonraí, Feidhmchlár, agus GIS chun cur is cúiteamh a dhéanamh maidir le saincheisteanna slándála, leochaileachtaí, agus réitigh atá ar eolas.

- **Coiste Slándála Faisnéise:** Bunaíodh é seo chun bualadh le chéile go ráithiúil chun ár gclár slándála faisnéise a mhaoirsiú agus a threorú.

- **Uirlis Monatóireachta Líonra:** Cuireadh i bhfeidhm é chun monatóireacht a dhéanamh ar bhonneagar TF, cuidiú chun fadhbanna a réiteach, agus cumrú fearas líonraithe a bhainistiú.

- **Bainisteoir Pasfhocal:** Cuireadh ar bun é chun dintiúir a dhéanamh slán don Rannóg TF.

- **Bréagionsaí Tástála agus Athbhreithniú ar an bhFreastalaí:** Soláthraíodh seirbhísí tríú páirtí chun bréagionsaithe tástála inmheánacha/seachtracha a dhéanamh agus athbhreithniú freastalaí/cumraíochtaí bonnlíne a dhéanamh chun leochaileachtaí óna dteastaíonn réiteach a shainaithint.

- **Nuashonruithe Beartais agus Nós Imeachta:** Rinneadh athbhreithniú agus athnuachan ar bheartais/nósanna imeachta, lena n-áirítear an Beartas maidir le hÚsáid Inghlactha, Beartas maidir le hÚsáid Inghlactha i measc Comhaltaí Tofa, Beartas Bainistíochta Teagmhas Slándála, agus Plean Freagartha ar Theagmhais Slándála.

- **Athbhreithniú ar an mBalla Dóiteáin:** Rinneadh é sin chun a chinntiú go raibh sé ar aon dul le dea-chleachtais.

- **Bainistíocht Paistí agus Leochaileachta:** Leanadh d’iarrachtaí chun seasamh láidir slándála a choinneáil ar bun.

- **Comhoibriú le hÚdaráis Áitiúla:** Leanadh den chomhoibriú trí Ghrúpa Náisiúnta na nOifigeach Slándála Faisnéise (ISOG) chun faisnéis a roinnt agus foghlaim.

- **Cainéal Cumarsáide le NCSC:** Cuid de chainéal cumarsáide le gach Údarás Áitiúil agus NCSC chun faisnéis maidir le bagairtí, cibearfholáirimh, agus teagmhais a roinnt, rud lena rabhthas in ann freagraí tapa a fháil ar bhagairtí nua.

Léiríonn na tionscnaimh sin ár dtiomantas maidir le cibirthimpeallacht shlán agus athléimneach a chothú do Chomhairle Contae Mhuineacháin.

## Líonraí agus Bonneagar

Tá an fhoireann Líonraí agus Bonneagair freagrach as córais agus seirbhísí TFC na Comhairle a bhainistiú, ar an áitreabh agus sa Néal, agus as an mbonneagar líonra ceantair áitiúil agus leathain a bhainistiú i mbreis agus 35 oifig agus foirgneamh ar fud an chontae.

Tionscadal sa réimse seo a chuir an fhoireann i gcrích in 2024:

- Cur i gCrích Champas Síochána Mhuineacháin: Cúram fíordhúshlánach ar bhonn teicniúil a bhí anseo don Fhoireann Bonneagair chun na riachtanais TFC uile a bhíonn i bhfoirgneamh iláitithe a sholáthar, áit ina mbíonn an fhoireann agus gníomhaireachtaí tríú páirtí araon. Roinnt den obair a bhí i gceist:
    - Soláthraíodh réiteach wi-fi a bhí á bhainistiú go hiomlán, ag soláthar idirlíon poiblí saor in aisce ar fud an fhoirgnimh agus sna limistéir suite lasmuigh.
    - Suiteáladh naisc ardluais éagsúla san fhoirgneamh chun freastal ar Fhoireann Chomhairle Contae Mhuineacháin agus ar ghníomhaireachtaí tríú páirtí.
    - Soláthraíodh agus suiteáladh scáileáin taispeána digití agus scáileáin chliste.
    - Suiteáladh ríomhairí deisce rochtana poiblí nua agus aonaid *Lapsafe* sa leabharlann bhrainse.

- Rinneadh uasghrádú ar leabharlann Charraig Mhachaire Rois agus ar an Rannóg Pleanála agus cuireadh nasc ardluais SIRO isteach ann.
- Suiteáladh dhá réiteach wi-fi bainistithe in dhá ionad cóiríochta do lucht iarrtha tearmainn.
- Cuireadh réiteach Wi-Fi nua de chuid Uisce Éireann i bhfeidhm chun tacú le foireann Uisce Éireann.
- Rinneadh díchoimisiúnú ar roinnt svuíteanna snáthoptaice MPLS agus cuireadh SD WAN ina n-áit, rud lenar soláthraíodh feiceálacht níos fearr i ngach láthair de chuid na Comhairle agus beart sábhála costas a bhí ann don Chomhairle.

## Foireann Tacaíochta Teicniúla

Lean an fhoireann tacaíochta teicniúla ag cur seirbhís tacaíochta teicniúla ar ardchaighdeán ar fáil do bhreis is 400 ball foirne agus comhalta tofa.

Chomh maith le cúnamh a thabhairt le os cionn 500 ríomhaire glúine agus ríomhaire deisce, tá an fhoireann tacaíochta teicniúla freagrach as gach fón póca agus táibléad a chóiriú agus tacaíocht a chur ar fáil ina leith. Cóiríodh os cionn 100 fón nua don fhoireann anuraidh as féin.

Logáladh 7,562 fadhb ar an iomlán in 2024. Sin méadú 38% ar 2023.

| Staitisticí Glaonna | 2024 | 2023 | 2022 | 2021 |
|---|---|---|---|---|
| Na Glaonna Iomlána a Logáladh | 7562 | 5488 | 4417 | 5892 |
| Glaonna in aghaidh na Míosa | 630 | 457 | 368 | 491 |
| Glaonna in aghaidh an Lae (ar an meán) | 29 | 22 | 18 | 23 |
| Réitithe laistigh de 24 uair a chloig | 88% | 68% | 49% | 57% |

Bhí ríméad ar an bhfoireann tacaíochta teicniúla tacaíocht líonra/theicniúil a chur ar fáil chun na gradaim náisiúnta Mórtas Ceantair a óstáil, arna n-óstáil ag Comhairle Contae Mhuineacháin i mí na Samhna agus a ndearnadh beoshruthú orthu ar fud an domhain.

ipb pride of place 2024
in association with Co-operation Ireland

## MyCoCo

Is ardán il-thionóntach á óstáil ar an néal é MyCoCo chun seirbhísí údaráis áitiúil a sheachadadh ar líne. Tháinig an coincheap chun cinn i gComhairle Contae Mhuineacháin in 2021 agus ó shin i leith tá méadú rathúil tagtha ar MyCoCoCo. Amhail an 31 Nollaig 2024, bhí 17 n-údarás áitiúil ag feidhmiú trí MyCoCo ag seachadadh seirbhís amháin nó níos mó dá gcustaiméirí.

Tá sé de chúram ar údaráis áitiúla 90% de sheirbhísí a sholáthar ar líne faoi 2030. Cuideoidh MyCoCo le gach údarás áitiúil an sprioc seo a bhaint amach. Toisc go bhfuil aitheantas ag MyCoCo ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe mar chuid thábhachtach den athchóiriú in *Seirbhísí Poiblí Níos Fearr - Straitéis chlaochlaithe chun seachadadh don phobal agus muinín a chothú,* bhí sé in ann méadú go tapa chun an t-iarratas náisiúnta deontais Power Up a sheachadadh, ar iarratas é a eisítear leis an scéim Costas Méadaithe Gnó (ICOB) don phobal ó ardán aonair amháin. Leis sin ní raibh gá do gach údarás áitiúil iarratais a dhearadh agus a phróiseáil dá gceantar.



# Bóithre agus Iompar

## Na Mórscéimeanna

**Scéim Bóthair N2 - Cluain Tiobrad go Bóthar Teorann**

Cuireadh tús leis an tionscadal in 2018. In 2021 sainaithníodh Rogha Conaire Bealaigh 400m, agus cuireadh tús leis an bpróiseas maidir leis an gcéad chéim eile den dearadh (Céim 3; Dearadh & Meastóireacht Chomhshaoil). Ní bhfuair an togra aon mhaoiniú in 2022, agus cuireadh an obair dheartha go léir ar fionraí. Go luath in 2023 rinne Comhairle Contae Mhuineacháin iarratas ar mhaoiniú chun ciste na Saoráide um Chónascadh na hEorpa (SCE), agus fuarthas maoiniú deontais €2,335,005 ón gciste SCE i mí Dheireadh Fómhair 2023. Meaitseálfaidh an Roinn Iompair an maoiniú. Cuireadh obair dheartha agus na suirbhéanna comhshaoil ar bun arís ag deireadh 2023. Cuireadh tús le hoibreacha imscrúdaitheacha talún agus le suirbhéanna seandálaíochta i bhfómhar 2024. Táthar ag súil go mbeidh an dearadh innealtóireachta ar an tionscadal tugtha chun críche faoi dheireadh 2025.

**Scéim Bóthair N2 - Baile Átha Fhirdhia go Baile na Lorgan**

Cuireadh maoiniú don tionscadal seo ar fionraí in 2023, agus ní dhearnadh aon obair dheartha ar an tionscadal seo in 2024. Tá maoiniú iarrtha le haghaidh 2025.

## Bóithre Náisiúnta

**Scéim Athailínithe Bóthair Thulaigh Bhriain ar an N54**

Leanann an Rannóg Bóithre ag obair i gcomhpháirtíocht le BIÉ chun cuid 3.1km den N54 a uasghrádú, rud a fheabhsóidh sábháilteacht ar bhóithre agus nascacht soir-siar. Ag leanúint ó Éisteacht ó Bhéal i mí Dheireadh Fómhair 2023, deimhníodh an t-ordú ceannaigh éigeantaigh i mí Aibreáin 2024. Leanadh de na hoibreacha ar feadh 2024 chun Céim 4, Próisis Reachtúla na dTreoirlínte Bainistíochta Tionscadail a chur i bhfeidhm. Meastar go dtosóidh an obair thógála in R1 2026, ach maoiniú a bheith ar fáil.

**Droichead Bhéal Átha na Cora ar an N53**

Tá Droichead Bhéal Átha na Cora suite ar an teorainn le Tuaisceart Éireann ar an mBóthar Tánaisteach Náisiúnta N53 agus A37 i gContae Ard Mhacha. Tá sé mar phríomhaidhm ag an droichead nua seo dul i ngleic le fadhbanna sábháilteachta, trí ailíniú a fheabhsú agus leathnú bóthair a ionchorprú sa dearadh. Leanadh de na hoibreacha ar feadh 2024 de réir mar a cuireadh tuarascálacha mionsonraithe deartha agus comhshaoil i gcrích agus de réir mar a cuireadh isteach chuig Bonneagar Iompair Éireann iad in R4 2024. Bhí comhráití móra ar bun le Comhairle Ceantair an Iúir, Mhúirne agus an Dúin agus lena bpáirtithe leasmhara chun ullmhú dhoiciméid phleanála TÉ a éascú agus a threorú. Faoi réir cead a fháil ó BIÉ,
cuirfear iarratais phleanála i dTuaisceart Éireann agus i bPoblacht na hÉireann isteach in R1 2025.



Scéimreach dhearadh an droichid atá beartaithe ag Béal Átha na Cora.

**Scéimeanna Sábháilteachta (Bóithre Náisiúnta)**

Cheadaigh BIÉ Tuarascáil Féidearthachta agus Roghanna in 2024 chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist a bhaineann le sábháilteacht an bhóthair feadh an N2, ag dul isteach i Sráidbhaile Scairbh na gCaorach (ó Thuaidh). Ceapadh comhairleoir deartha chun an scéim a bhrú chun cinn trí dhearadh mionsonraithe, cead pleanála agus soláthar. Tá sé leagtha amach go dtosóidh an obair thógála in R2/R3 2025.

Fuarthas maoiniú ó BIÉ chun aghaidh a thabhairt ar fhadhb sábháilteachta bóthair ar an N12 ag Cúinne Sceith na gCeann, áit a mbíodh feithiclí ag imeacht den bhóthar go minic. Rinneadh coigeartú ar leibhéil na mbóithre atá ann agus rinneadh athphróifíliú ar an gcarrbhealach trí fhorleagan cosáin a sholáthar chun an casadh a dhéanamh níos sábháilte.

Úsáideadh leithdháileadh maoinithe €100,000 chun bearta sábháilteachta ar chostas íseal a chur i bhfeidhm feadh an N2, Baile na Lorgan go Baile Átha Fhirdhia. Ina measc sin bhí uasghráduithe ar bhacainní tuairte, athlonnaíodh comharthaíocht agus baineadh fásta ag na hacomhail.



Scéim Feabhsúcháin Sábháilteachta ar Bhóithre ar an N12, Sceith na gCeann.

**Raonta Rothaíochta ar Bhóthar Náisiúnta an N2**

Cuireadh dearadh mionsonraithe ar Raonta Rothaíochta N2 (Sráidbhaile Scairbh na gCaorach agus Corr Leacht go dtí an Scoil Choláisteach) i gcrích in 2024. Tá sé beartaithe scéim Shráidbhaile Scairbh na gCaorach a thógáil in R2 2025, agus tógáil scéim Chorr Leacht go dtí an Scoil Choláisteach beartaithe le haghaidh R4 2025.

**Athchóirithe Cosáin ar Bhóithre Náisiúnta**

Caitheadh €5.4 milliún ar an iomlán ar an ngréasán bóithre náisiúnta a athchóiriú agus a chothabháil in 2024. Rinneadh obair athdhromchlaithe freisin ar an N2 i gCraobh Mhártain go Cluain Tiobrad agus ar an N12 Lios Carnaí go Tulaigh Lis.

Rinneadh oibreacha athchóirithe cosáin ar an N2 (Scairbh na gCaorach, Achadh an Bhrúim, Tír Ní Néill agus Tulaigh Bhanrach) agus ar an N54 (Cluain Eois).

**Glasbhealach Chanáil Uladh**

Glasbhealach Chanáil Uladh (Muineachán go Teorainn TÉ) – Deimhníodh an t-ordú ceannaigh éigeantaigh do na tailte a bhí ag teastáil i mí na Bealtaine 2024. D'iarr Comhairle Contae Mhuineacháin leithdháileadh maoinithe 2025 ó BIÉ chun an scéim a bhrú chun cinn trí Chéimeanna 5 agus 6 de Threoirlínte Bainistíochta Tionscadal BIÉ. Tá sé beartaithe tosú ar thógáil na scéime in R4 2025.

Glasbhealaí Chanáil Uladh (Na Mullaí go Cluain Eois agus na Mullaí go Muineachán) – Cuireadh Measúnú ar Bhaol Tuilte (céim 3) lena n-áirítear samhaltú tuilte i gcrích in 2024, agus sainaithníodh suíomhanna mar chuid de feadh bhealaí an Ghlasbhealaigh mholta a bheadh i mbaol tuilte. Tá athbhreithniú á dhéanamh faoi láthair ar na limistéir sin a bhfuil baol tuilte ag baint leo. D'iarr Comhairle Contae Mhuineacháin leithdháileadh maoinithe 2025 ó BIÉ chun an scéim a bhrú chun cinn trí Chéimeanna 3 agus 4 de Threoirlínte Bainistíochta Tionscadal BIÉ. Beidh leagan amach an togra ag brath ar thoradh na saincheisteanna deartha teicniúla agus cead a bheith faighte.

## Bóithre Neamhnáisiúnta

Thug an Roinn Iompair €17,057,095 amach in 2024 faoi na Scéimeanna Deontais éagsúla.

## Deontas Feabhais Athchóirithe

Thug an Roinn Iompair leithdháileadh €7,810,500 faoin Deontas Feabhsúcháin Athchóirithe do Chomhairle Contae Mhuineacháin chun athchóiriú a dhéanamh ar Bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla ar tugadh rátáil PSCI idir 1 agus 4 dóibh in 2024. Leis an maoiniú a leithdháileadh bhíothas in ann athdhromchlú a dhéanamh ar os cionn 40km de Bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla in 2024.

## Cothabháil Athchóirithe

Thug an Roinn Iompair deontais arbh fhiú €2,002,500 ar an iomlán iad in 2024 chun athshéalú agus athchóiriú a dhéanamh ar an ngréasán bóithre neamhnáisiúnta in aghaidh sciorrtha. Leis an maoiniú a leithdháileadh bhíothas in ann cóiriú a dhéanamh ar dhromchla os cionn 50km de Bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla in 2024.

## Deontas Lánroghnach

Fuarthas leithdháileadh deontais €2,071,500 ón Roinn Iompair faoin Deontas Lánroghnach. Úsáideann na Ceantair Bhardasacha an maoiniú chun oibreacha cothabhála a dhéanamh agus chun tabhairt faoin gclár cothabhála geimhridh.

## Deontais Feabhsúcháin ar Leith

Fuarthas maoiniú Deontais Feabhsúcháin ar Leith le haghaidh na scéimeanna seo a leanas in 2024:

- R181 Droim Iolaird go dtí an Chrois Dhubh: €50,000
- R162 Tóchar Bhóthar an Ghleanna €900,000
- Cearnóg na Seanchroise/N2/N12 €50,000
- Athsholáthar Dhroichead Dhroim Airí €500,000

## Athshlánú Droichead

In 2024, fuair an Roinn Iompair leithdháileadh €719,275 chun droichid a athshlánú ar an ngréasán Bóithre Neamhnáisiúnta. Tá athshlánú déanta go dtí seo ar 10 gcinn de dhroichid, nó rinneadh oibreacha athsholáthair in 2024 ar chostas thart ar €820,000.

## Scéimeanna Feabhsúcháin Áitiúla ar Chostas Íseal

Fuarthas leithdháileadh €259,380 in 2024 chun deich gcinn d'oibreacha feabhsúcháin sábháilteachta ar chostas íseal a sheachadadh ar fud an chontae.

## Scéim Rannpháirtíochta an Phobail

Fuarthas leithdháileadh €354,150 ón Roinn Iompair in 2024, rud a d'éascaigh, mar aon le ranníocaíochtaí pobail, athdhromchlú a dhéanamh ar dhá bhóthar, 1.5km ar an iomlán.

## Maoiniú um Oiriúnú don Athrú Aeráide

Fuarthas leithdháileadh €435,807 in 2024 chun sé scéim oibreacha oiriúnaithe aeráide agus athléimneachta a sholáthar, rud lenar ardaíodh leibhéil na mbóithre agus lenar cuireadh cosc ar thuilleadh tuilte.

### Scéimeanna Feabhsúcháin Áitiúla

Fuarthas leithdháileadh maoinithe iomlán €564,965 ón Roinn Gnóthaí Tuaithe agus Forbartha Pobail. Cuireadh ocht lána i gcrích in 2024. Fógraíodh leithdháileadh 2025 ina raibh €373,479 i mí na Bealtaine 2024. Samhlaítear go dtabharfar thart ar 9 lána (faoi réir glacadh iarratasóra) i gcrích in 2025.



LIS roimh oibreacha agus ina dhiaidh sin

### Scéim Phíolótach RAP in 2024

Leathnaíodh scéim RAP 2024 ar bhonn réigiúnach agus CCM ar an bpríomhúdarás agus bhí Comhairlí Contae Lú, an Chabháin agus Chorcaí páirteach ann. Cuireadh bóithre i gcrích sa Chabhán, tá Glasbhealach déanta i gCorcaigh agus oibreacha ar tí a bheith críochnaithe i gCo. Lú. I measc na n-oibreacha rinneadh athdhromchlú ar os cionn 5.2km de bhóithre réigiúnacha agus áitiúla i gContae Mhuineacháin ag a raibh rátáil PSCI de 1-4.



Comhairleoirí agus an fhoireann ag saoráid RAP

### Clós Innealra

Mar chuid den ghealltanas maidir le Clóis Innealra chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, ceannaíodh 2 veain leictreacha.



Táimid chun roinnt feithiclí a aistriú chuig breosla atá neodrach ar charbón freisin. Tá 12 fheithicil ag úsáid HVO anois.

Ceannaíodh dhá fheithicil il-uirlise nua agus tá siad in úsáid faoi láthair i gCeantair Bhardasacha Bhaile na Lorgan, Charraig Mhachaire Rois agus Bhéal Átha Beithe-Chluain Eois. Baineann na trí Cheantar Bhardasacha tairbhe anois as na hil-uirlisí a thabhairt isteach agus tá siad in ann feabhas a chur ar sheachadadh éifeachtúil seirbhísí i mbailte, sráidbhailte agus i bpáirceanna sna contaetha.
Rinneadh 72 glao ar chothabháil geimhridh in 2024.

### Taisteal Gníomhach

Cuireadh roinnt scéimeanna taistil ghníomhaigh i gcrích ar feadh 2024.

**Nasc Glasbhealaigh Chanáil Uladh.** Sráid na Canálach - Cuireadh tús leis na hoibreacha i mí Lúnasa 2024 i gcomhar le hoibreacha dromchlaithe i bPoblacht na hÉireann. Dromchla comhroinnte 3 mhéadar ar leithead le soláthar agus línte lasnairde BSL le hathlonnú, bearta maolaithe tráchta, comharthaíocht, bailchríoch nua tarmac le frithchuimilt ard le soláthar.

**Glasbhealach Bhaile Mhuineacháin – Píosa Radharc na Canálach/ Bhealach Oiriall.** Tugadh oibreacha i gcrích ar phíosa de Ghlasbhealach Bhaile Mhuineacháin gar do Radharc na Canálach chun bailchríoch tarmac a chuimsiú le Soilse Sráide, cloch draenála, fál agus fál sceach breise.

**Glasbhealach Bhaile Mhuineacháin – An Lána Dubh.** Tugadh oibreacha i gcrích ar phíosa de Ghlasbhealach Bhaile Mhuineacháin gar don Lána Dubh chun bailchríoch tarmac a chuimsiú le Soilse Sráide, cloch draenála, comharthaíocht bhreise agus marcálacha bóthair.

**Scéim taistil ghníomhaigh Nasc Síochána Chluain Eois.** Tugadh oibreacha i gcrích ar an scéim seo in 2024 chun saoráidí nua do choisithe a chuimsiú, balla coinneála, cuireadh bóthar nua isteach, athlonnaíodh saoráidí lasnairde, soilsiú nua sráide agus trasbhealaí do choisithe.



Scéim um Nasc Síochána, roimh oibreacha agus ina dhiaidh sin

**Scéim taistil ghníomhaigh Chluain Eois Thír Choininse.** Cuireadh oibreacha i gcrích ar an scéim seo in 2024 chun saoráidí nua do choisithe a chuimsiú, Carrbhealach a chur ar ais, Saoráidí Lasnairde a athlonnú, soilsiú nua sráide agus trasbhealaí do choisithe.

**Scéim taistil ghníomhaigh Shráidbhaile Loch Éigis.** Tugadh oibreacha i gcrích ar an scéim seo in 2024 chun saoráidí nua do choisithe a chuimsiú, balla coinneála, athailíniú nua bóthair, soilsiú nua sráide agus trasbhealaí do choisithe.

## Sábháilteacht ar Bhóithre

Tá céim a haon de Phlean Gníomhaíochta um Shábháilteacht ar Bhóithre Chontae Mhuineacháin 2023-2024 á athbhreithniú faoi láthair chun scrúdú a dhéanamh ar stádas na 53 gníomhaíocht a leithdháileadh do na heagraíochtaí a raibh sé de chúram orthu iad a chur i bhfeidhm.

Tá Céim a Dó de Phlean um Shábháilteacht ar Bhóithre an Rialtais le foilsiú i mí Aibreáin 2025. Leis sin tabharfar an teimpléad do Phlean um Shábháilteacht ar Bhóithre Chontae Mhuineacháin 2025-2027. Is é is aidhm don phlean seachadadh a dhéanamh ar leibhéal áitiúil ar an gcuspóir sa straitéis náisiúnta um shábháilteacht ar bhóithre maidir le laghdú 50% a dhéanamh ar líon na mbásanna ar bhóithre agus líon na ngortuithe tromchúiseacha faoi 2030, bunaithe ar fhigiúirí 2017-2019 ar an meán maidir le básanna agus gortuithe tromchúiseacha.

Tá Grúpa um Oibriú Le Chéile ar Shábháilteacht ar Bhóithre Chontae Mhuineacháin freagrach as an tsábháilteacht bóthair idir gníomhaireachtaí a chomhordú agus a chur i bhfeidhm ar leibhéal áitiúil.

Léiríonn figiúirí sealadacha le haghaidh 2024, a d'eisigh an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre, laghdú ar líon na dtimpistí marfacha i gContae Mhuineacháin, tráth a bhfuair beirt bás. Sin i gcomparáid le 2023 tráth ar bhásaigh seachtar agus 2022 tráth ar maraíodh seisear ar na bóithre.

D'fhreastail thart ar 700 dalta in Amharclanna Iontas agus Garage ar na Seónna bliantúla um Shábháilteacht ar Bhóithre do scoláirí na hIdirbhliana. Is é an Garda Síochána a d'eagraigh an ócáid agus í urraithe ag Comhairle Contae Mhuineacháin, agus bhí cainteanna agus cuir i láthair ann ag baill de sheirbhísí an Gharda Síochána, Seirbhísí Dóiteáin agus Otharchairr mar aon le comhairleoir A&E i measc na gcainteoirí mar chuid den ócáid.

Fuair baill de Chosaint Dóiteáin agus Cosaint Shibhialta Chontae Mhuineacháin gradaim ag Gradaim Cheannródaithe an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre i gCaisleán Bhaile Átha Cliath i mí na Nollag 2024. Aitheantas a bhí ina ngradam ar an obair mhór a dhéanann siad gach bliain ar ócáidí na hidirbhliana i Muineachán agus i mBaile na Lorgan.

Seoladh *Operation Guide,* feachtas réigiúnach um shábháilteacht ar bhóithre faoi stiúir an Gharda Síochána i gContae Mhuineacháin i mí Iúil. Cumhdaíonn sé Rannán Gardaí Lú, an Chabháin agus Mhuineacháin agus bhí sé ar siúl go dtí deireadh Lúnasa.

Bhí freastal maith ar sheirbhís tástála suíochán cairr do leanaí 'Seiceáil an Oireann Sé' de chuid an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre, le cuairteanna ar Bhaile Mhuineacháin agus cuairt amháin ar Charraig Mhachaire Rois le linn 2024. Thug Oifigeach Fógraíochta um Shábháilteacht ar Bhóithre an Údaráis um Shábháilteacht ar Bhóithre cuairt ar scoileanna agus ar ghnóthaí áitiúla ar feadh na bliana i gcomhairle le hOifigeach um Shábháilteacht ar Bhóithre Chomhairle Contae Mhuineacháin.


Scoil Náisiúnta na gCailíní San Lughaidh
STOP

# Seirbhísí Corparáideacha

Cuireann Seirbhísí Corparáideacha tacaíocht ar fáil don Bhainistíocht Shinsearach, don Chathaoirleach agus do Chomhaltaí Tofa. Tá sé freagrach as Cruinnithe míosúla na Comhairle, Cruinnithe an Ghrúpa um Beartas Corparáideach agus Cruinnithe an Chomhchoiste Póilíneachta a eagrú agus a bhainistiú. Tá an rannóg freagrach as an bPlean Corparáideach, an Tuarascáil Bhliantúil, an Plean Seachadta Seirbhíse Bliantúil, an Tuarascáil Mhíosúil Bainistíochta agus an t-athbhreithniú ar an gClár Riosca a chomhthiomsú.

Déanann Seirbhísí Corparáideacha comhordú freisin ar thiomsú Tháscairí Feidhmíochta bliantúla an Choimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúchóireachta (NOAC) don Chomhairle agus tá ról suntasach acu i dtéarmaí rialachais, ag cinntiú go gcomhlíonann an Chomhairle an Creat Eitice, an tAcht um Thús Áite do Leanaí, na Rialacháin Ghinearálta um Chosaint Sonraí (GDPR), reachtaíocht a bhaineann le Saoráil Faisnéise agus Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaoil.

## Plean Corparáideach 2024-2029

Leis an bPlean Corparáideach 2024–2029 seo, leagtar amach an creat straitéiseach don Chomhairle do théarma na gComhairleoirí a toghadh i mí an Mheithimh 2024. Ullmhaíodh an Plean i gcomhréir le forálacha an Achta Rialtais Áitiúil, 2001, arna leasú leis an Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014. Le linn an Plean seo a fhorbairt, chuir an Chomhairle san áireamh réimse leathan de phleananna agus beartais réigiúnacha, náisiúnta agus idirnáisiúnta a bhaineann leis an gComhairle, mar a leagtar amach i dTreoirlínte Phleananna Corparáideacha an Údaráis Áitiúil do thimthriall 2024-2029 ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

Le Plean Corparáideach 2024-2029, tarraingítear le chéile uaillmhian straitéiseach na Comhairle agus leagtar amach clár oibre éachtach ar feadh na gcúig bliana atá le teacht chun ár bhfís a bhaint amach le haghaidh pobal rathúil, fiontraíoch agus beoga i Muineachán, agus geilleagar rachmasach agus timpeallacht inbhuanaithe mar thaca leis sin. Cumasaítear sin trínár misean agus trínár luachanna corparáideacha.

Tá an daonlathas áitiúil i gcroílár Chomhairle Contae Mhuineacháin agus oibreoidh na Comhaltaí Tofa agus bainistíocht agus foireann na Comhairle le chéile thar ceann mhuintir Mhuineacháin ionas go mbeidh an Contae ar an áit is fearr is féidir dóibh sin uile a chónaíonn agus a oibríonn ann, a infheistíonn ann nó a thugann cuairt air. Déanfaidh na Comhaltaí Tofa agus na Grúpaí um Beartais Straitéiseacha monatóireacht ar dhul chun cinn na ngníomhaíochtaí straitéiseacha laistigh den Phlean agus tabharfaidh siad an feidhmeannach chun cuntais chun é a chur chun feidhme go rathúil.

## Clár na dToghthóirí

D'fhág Cuid III den Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022 go bhfuil feabhas mór curtha ar an bpróiseas clárúcháin toghcháin, go bhfuil sláine agus cruinneas an phróisis méadaithe agus go bhfuil córas freagrúil, beo, agus inrochtana déanta de anois, próiseas lenar bhain timthriall bliantúil ina raibh roinnt céimeanna agus a bhí sách dolúbtha agus casta roimhe seo. Na próisis nua a bhain leis na hathruithe sin, amhail fíorú aitheantais, bailíochtú Éirchóid, agus cosc ar dhúbláil, cuireadh i bhfeidhm go hiomlán iad in 2024 agus rinneadh caighdeánú orthu.

Bhí trí imeacht toghchánaíochta le cur i gcrích ag an bhFoireann Saincheadúnais in 2024:

- 8 Márta - An Reifreann maidir leis an mBille um Chúram don Teaghlach
- 7 Meitheamh - Toghcháin Áitiúla agus Eorpacha
- 29 Samhain - Olltoghchán

Tháinig líon thar cuimse iarratas isteach mar gheall ar na himeachtaí toghchánaíochta sin, agus b'éigean méid mór iarratas a phróiseáil taobh istigh de thréimhsí ama an-ghearr, rud ar bhain dúshlán mór leis. I measc na dtosca a chuir leis sin bhí feachtais feasachta poiblí ó 2023 agus an chaoi nach raibh aon imeachtaí toghchánaíochta ann ó 2020. Dá bharr sin uilig bhí go leor daoine a bhí bogtha chuig áit éigin nua nó in aois vótála faoin am sin, agus arbh éigean dóibh a gcuid sonraí a thabhairt cothrom le dáta nó a chlárú. Ina theannta sin, d'fhág an t-aistriú chuig clár leanúnach (rollaithe), ar féidir é a thabhairt cothrom le dáta tráth ar bith, agus foirmeacha ar líne a bheith ar fáil (arna éascú ag fíorú cros-seiceála UPSP agus dáta breithe) go raibh an próiseas níos inrochtana.

Mar gheall ar na himeachtaí toghchánaíochta, cuireadh próisis nua bainistíochta toghcháin i bhfeidhm agus rinneadh caighdeánú orthu. Cuireadh bearta rialaithe i bhfeidhm freisin chun earráidí próiseála a choimeád íseal.

Chomh maith leis sin, rinneamar dul chun cinn leis an tionscnamh glantacháin sonraí a bhí dírithe ar an tacar sonraí den chaighdeán is airde is féidir a bhaint amach roimh an aistriú sceidealaithe chuig bunachar sonraí lárnach in 2026, mar a shainordaigh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Thug an Roinn maoiniú d'údaráis áitiúla chun cáilíocht sonraí a fheabhsú ar an gClár agus chun feasacht ar shuíomh gréasáin www.checktheregister.ie a chur chun cinn. Leithdháileadh formhór an mhaoinithe chun borradh a chur faoi acmhainní don Rannóg Saincheadúnais ach chuireamar amach bileog eolais chuig gach teaghlach sa chontae freisin san Aibreán agus leanamar lenár bhfeachtas ar na meáin shóisialta ar feadh na bliana.

Bunaithe ar fhaisnéis ó chártaí vótála nár seachadadh, thugamar faoi thionscadal freisin chun ainmneacha a bhaint den Chlár, i gcomhlíonadh Chuid 3, Alt 106(1) den Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022, lena gceanglaítear orainn trí iarracht dhoiciméadaithe a dhéanamh dul i dteagmháil le toghthóir sular féidir a n-ainm a bhaint. Dá bharr sin, baineadh os cionn 2,000 ainm in 2024, agus arís ba rud dúshlánach é sin dár n-acmhainní airgeadais agus foirne.

Anuas air sin, thug Oibrithe Allamuigh Clárlainne cuairteanna ar mheánscoileanna chun scoláirí idir 16-18 a chlárú agus a réamhchlárú agus tugadh cur i láthair a bhí dírithe ar rannpháirtíocht vótála, ag spreagadh scoláirí chun an tábhacht atá le clárú chun vótála, agus a gcuid sonraí a thabhairt cothrom le dáta, nó a dheimhniú ar checktheregister.ie a chur in iúl dá dteaghlaigh.

Chuireamar ár gcéad Tuarascáil Bhliantúil i dtoll a chéile freisin in 2024 maidir le bainistiú agus cothabháil an chláir toghthóirí don Choimisiún Toghcháin, a bhí bunaithe as an nua. Cuireadh an tuarascáil faoi bhráid Thithe an Oireachtais mar chuid de Thuarascáil Maoirseachta chuimsitheach ar an gClár Toghthóirí ón gCoimisiún Toghcháin.

Tá ár ndul chun cinn tríd is tríd maidir le cáilíocht sonraí a fheabhsú, mar a léiríodh sna figiúirí atá tugtha thíos, nótáilte agus ardmholadh acu ón Roinn.

| | ***Figiúirí do Thús na Bliana 2024*** | | ***Figiúirí do Dheireadh Bliana 2024*** | |
|---|---|---|---|---|
| **Toghthóirí Ar Fad** | **51,682** | **%** | **53,272** | **%** |
| **Toghthóirí le Dáta Breithe** | **39,238** | **76%** | **41,770** | **78%** |
| **Toghthóirí le Éirchód** | **23,399** | **45%** | **27,977** | **53%** |
| **Toghthóirí le Dáta Breithe agus Éirchód** | **19,350** | **37%** | **24,061** | **45%** |
| **Toghthóirí le UPSP** | **3,465** | **7%** | **9,605** | **18%** |

## Toghcháin Áitiúla 2024

Bhí an vótáil sna toghcháin áitiúla ar siúl ar an Aoine, 7 Meitheamh 2024 chun comhaltaí a thoghadh don chéad téarma eile de Chomhairle Contae Mhuineacháin. Le linn an chomhairimh a thóg dhá lá, faoi stiúir an Chinn Comhairimh Áitiúil, Carmel O'Hare le tacaíocht den scoth óna foireann toghcháin, toghadh ocht n-ionadaí phoiblí déag ó thrí limistéar toghcháin chuig Comhairle Contae Mhuineacháin. Chuir 36 iarrthóir ar an iomlán a n-ainm ar na páipéir bhallóide.

## Saoráil Faisnéise

Faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 2014
tá ceart dlíthiúil ag muintir an phobail rochtain a fháil ar thaifid atá i seilbh an Údaráis Áitiúil. Fuair an Chomhairle **59 iarratas** in 2024, ó bhaill de na meáin, ón Oireachtas, ó ionadaithe gnó agus ón bpobal i gcoitinne.

## Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol

Tugann Rochtain ar Fhaisnéis faoin gComhshaol cearta dlíthiúla dóibh siúd atá ag iarraidh rochtain a fháil ar fhaisnéis faoin gcomhshaol ó údaráis phoiblí. Fuair an Chomhairle 10 n-iarratas in 2024.

## Nochtaí Cosanta

I gcomhréir le hAlt 22 den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014, tuairiscíonn Comhairle Contae Mhuineacháin nach bhfuair sí aon nochtadh cosanta sa tréimhse dhá mhí dhéag ón 1 Eanáir 2024 go dtí an 31 Nollaig 2024.

## Nascadh

Tá Comhairle Contae Mhuineacháin nasctha go hoifigiúil leis na ceantair seo a leanas:

- Geel, an Bheilg (tá paróiste Thigh Damhnata i dTuaisceart Mhuineacháin nasctha leis an gceantar seo freisin)
- Oileán Prince Edward, Ceanada
- Miramichi, Ceanada

Thug toscaireacht ó Chomhairle Contae Mhuineacháin cuairt ar Oileán Prince Edward i mí an Mheithimh 2024 don cheiliúradh Irish Settler Days.

Thug grúpa 11 dhuine ó Oileán Prince Edward cuairt ar Mhuineachán i mí Dheireadh Fómhair 2024. Mar chuid dá gcuairt, thug siad camchuairt ar an Músaem Contae atá oscailte as an nua i bhfoirgneamh an Champais Síochána agus ghlac siad páirt i gcamchuairt siúlóide ar Mhuineachán.

## Fáiltiú Cathartha

Rinne Comhairle Contae Mhuineacháin óstáil ar 3 fháiltiú cathartha in 2024 mar chomóradh ar éachtaí iontacha, iad seo a leanas ina measc:

- An tUas. Patrick Corrigan, mar aitheantas ar a bhua i gComórtas Rince Ghaelaigh na Cruinne. Bhí an ócáid ar siúl sa Westenra Arms Hotel, Baile Mhuineacháin ar an 7 Bealtaine 2024 agus bhronn an Cathaoirleach, an Comhairleoir David Maxwell plaic chuimhneacháin ar Patrick.
- An tUas. Stephen Smyth, Comhraiceoir Dóiteáin, Comhairle Contae Mhuineacháin, an tUas. Gerard Ward, Comhraiceoir Dóiteáin, Comhairle Contae Mhuineacháin, an tUas. Jonny Nelson, SPTÉ agus an tUas. Johnny Forsythe, mar aitheantas ar a gcrógacht ar an 18 Samhain 2023 nuair a d'fhreastail siad ar eachtra éigeandála. Bhí an ócáid ar siúl i gCampas Síochána, Baile Mhuineacháin ar an 4 Meitheamh 2024 agus bhronn an Cathaoirleach, an Comhairleoir David Maxwell plaiceanna cuimhneacháin ar gach duine acu.
- An tUas. Orla Ní Chorragáin, an tUas. Saorlaith Nic Cionna, an tUas. Muireann Ni Fhearchair agus an tUas. Jack Stevely mar aitheantas ar a gcuid gaiscí ag Fleadh Cheoil na hÉireann 2024. Bhí an ócáid ar siúl sa Westenra Arms Hotel, Baile Mhuineacháin ar an 7 Deireadh Fómhair 2024 agus bhronn an Cathaoirleach, an Comhairleoir Cathy Bennett, plaiceanna cuimhneacháin ar gach duine acu.

Chosain an ócáid seo €3,733.

## Cuairt Thoscaireacht Mhuineacháin ar Nua Eabhrac le haghaidh Lá Fhéile Pádraig

Den chéad uair le cúig bliana, thug toscaireacht oifigiúil ó Chomhairle Contae Mhuineacháin cuairt ar Nua Eabhrac i mbliana le haghaidh chomóradh Lá Fhéile Pádraig. Bhí an Cathaoirleach, an Comhairleoir David Maxwell, i gceannas ar an toscaireacht in éineacht leis an bPríomhfheidhmeannach a bhuail le comhaltaí de Dhiaspóra Mhuineacháin i Nua Eabhrac.

Bhí sraith cruinnithe acu le príomh-chomhpháirtithe straitéiseacha agus bhí siad rannpháirteach in imeachtaí chun a thaispeáint do chách a bhfuil le fáil i gContae Mhuineacháin ar bhonn eacnamaíoch agus cultúrtha chomh maith leis an gcontae a chur chun cinn mar áit le cuairt a thabhairt air, le hinfheistiú ann agus le gnó a dhéanamh ann. I dteannta na toscaireachta oifigiúla ó Chomhairle Contae Mhuineacháin a raibh Liam Bradley mar chuid de freisin, Coimeádaí Músaem Chontae Mhuineacháin, bhí comhaltaí as CLG Mhuineacháin, lena n-áirítear an cathaoirleach, Declan Flanagan agus an leaschathaoirleach Brendan Casey, in éineacht le hionadaithe ó Fhiontraíocht Mhuineacháin, Finbarr Daly, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, agus an comhalta boird, Paul Shortt.
Bhí roinnt daoine mór le rá as réimse an ghnó i gContae Mhuineacháin ar an turas freisin, ina measc Martin McVicar, Stiúrthóir Bainistíochta Combilift; Ciaran Marron, POF Activ8 Energies; Sammy Leslie, Úinéir Castle Leslie agus Iontaobhaí den Fhondúireacht Leslie, Michael Mullan, Stiúrthóir Mullan Lighting, Simon Murray, Stiúrthóir CameraMatics, agus Barry Murray, Stiúrthóir Universal Graphics.

Ba é príomh-mhír na cuairte an chéad chruinniú de Líonra Gnó Mhuineacháin – Nua Eabhrac a bhí ar siúl ar an 15 Márta, áit inar tháinig ceannairí gnó agus sibhialta as Nua Eabhrac, SAM i gcoitinne, Muineachán agus codanna eile d'Éirinn le chéile chun scrúdú a dhéanamh ar dheiseanna maidir le hinfheistíocht ghnó, cruthú post agus turasóireacht i Muineachán. Deis a bhí ann freisin do ghnólachtaí atá bunaithe i Muineachán féachaint ar an bhféidearthacht maidir le hinfheistiú in SAM nó easpórtáil chun na tíre sin. Tá go leor gnólachtaí as Muineachán ag obair in SAM cheana féin agus deis a bhí san ócáid dóibh na ceangail a neartú le cliaint agus le custaiméirí agus b'fhéidir leathnú amach i margadh na Stát Aontaithe.

## Searmanas Bronnta Bliantúil

D'óstáil Comhaltaí Chomhairle Contae Mhuineacháin an 17ú Searmanas Bronnta Bliantúil ar an 8 Aibreán 2024 chun aitheantas a thabhairt do na daoine/grúpaí sin i gContae Mhuineacháin a bhain gaisce amach sna réimsí seo a leanas i rith 2024:

- Spórt agus Áineasa
- Na hEalaíona agus Cultúr
- An Óige
- Pobal
- Timpeallacht agus Oidhreacht

Tugadh aitheantas do 15 dhuine/ghrúpa as an méid a chuir siad lenár sochaí.

## Iniúchadh Inmheánach

Gníomhaíocht neamhspleách, oibiachtúil, dearbhaithe agus comhairliúcháin is ea Iniúchadh Inmheánach atá deartha chun luach a chur leis agus oibríochtaí Chomhairle Contae Mhuineacháin a fheabhsú. Ag obair

i gcomhpháirtíocht leis an lucht bainistíochta, tugann an tAonad Iniúchóireachta Inmheánaí cur chuige córasach, smachtaithe chun éifeachtacht rialuithe inmheánacha, bainistiú riosca agus próisis rialachais laistigh den eagraíocht a mheas agus a fheabhsú. Cuireann sé leibhéal cinnteachta ar fáil don Chomhairle, don Phríomhfheidhmeannach, don Fhoireann Bainistíochta agus don Choiste Iniúchóireachta maidir le socruithe rialaithe inmheánacha laistigh de Chomhairle Contae Mhuineacháin.

Cuireadh na tuarascálacha Iniúchóireachta Inmheánaí seo a leanas faoi bhráid an Choiste Iniúchóireachta in 2024: -

- Seiceáil ar Mheaisíní Bainc (lena n-áirítear stocáireamh bliantúil san Oifig Mótarchánach) don bhliain 2023.
- Tuarascáil Iniúchóireachta ar SICAP don bhliain 2022.
- Athbhreithniú ar shampla de Tháscairí Feidhmíochta NOAC don bhliain 2023.
- Stocáireamh ar an Stór Clóis do Mheaisíní 2023.
- Cód Caiteachais Phoiblí – Tionscadal Athghiniúna Sráideanna Bhaile Átha Cliath 2023.
- Cód Caiteachais Phoiblí – An Rannán Caiteachais Ioncaim C05 Riaradh an Ghrúpa & Suiteálacha Príobháideacha 2023.

Tiomsaíodh na Tuarascálacha Iniúchóireachta seo a leanas i rith na bliana freisin lena gcur ar aghaidh chuig an bhFoireann Bainistíochta Sinsearaí agus chuig an gCoiste Iniúchóireachta:

- Seiceáil ar Mheaisíní Bainc (lena n-áirítear stocáireamh bliantúil san Oifig Mótarchánach) don bhliain 2024.
- Stocáireamh Bliantúil sa Stór Clóis do Mheaisíní don bhliain 2024.
- Tuarascáil Iniúchóireachta ar SICAP don bhliain 2023.

Rinne an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú agus faomhadh ar an gCairt Iniúchóireachta Inmheánaí ar an 28 Samhain 2023 agus an 26 Samhain 2024. Cheadaigh an Coiste Iniúchóireachta an Plean Oibre don Iniúchadh Inmheánach le haghaidh 2024 ar an 30 Eanáir 2024. Bhí an tIniúchadh Inmheánach in ann deimhniú a thabhairt maidir lena neamhspleáchas agus oibiachtúlacht leanúnach don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin, don Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí agus don Choiste Iniúchóireachta in 2024, i gcomhréir le Caighdeáin Iniúchta Inmheánaigh Domhanda Institiúid na nIniúchóirí Inmheánacha agus le moltaí NOAC.

Tugann Iniúchadh Inmheánach tacaíocht freisin d'obair an Choiste Iniúchóireachta agus bíonn sé rannpháirteach sna líonraí náisiúnta agus réigiúnacha d'iniúchóirí inmheánacha an rialtais áitiúil.

## Cruinnithe in 2024

Seo a leanas achoimre ar na cruinnithe a bhí ar siúl in 2024:

| | |
|---|---|
| Cruinnithe na Comhairle (lena n-áirítear cruinniú CGB agus Buiséid) | 15 |
| An Grúpa um Beartas Corparáideach (CPG) | 13 |
| Coiste um Beartais Straitéiseacha – Forbairt Eacnamaíoch agus Tacaíocht Fiontair | 01 |
| Coiste um Beartais Straitéiseacha - Iompar, Forbairt Tuaithe agus Pobail | 02 |
| Coiste um Beartais Straitéiseacha - Gníomhú ar son na hAeráide agus an Comhshaol | 02 |
| Coiste um Beartais Straitéiseacha - Tithíocht, Sóisialta agus Cultúrtha | 02 |
| Ceantar Bardasach Mhuineacháin | 11 |
| Ceantar Bardasach Charraig Mhachaire Rois-Bhaile na Lorgan | 11 |
| Ceantar Bardasach Bhéal Átha Beithe-Chluain Eois | 11 |
| An Coiste Iniúchóireachta | 04 |
| An Coiste Comhairleach Músaem | 01 |
| Comhpháirtíocht Áitiúil Spóirt | 06 |
| An Coiste Luasteorainneacha | 03 |
| Fóram Oidhreachta | 04 |
| Coiste L.I.S. Mhuineacháin | 01 |
| An Coiste Logainmneacha | 00 |
| Comhchoistí Póilíneachta (JPC) | 00 |
| Coiste Gaeilge | 01 |
| An Coiste um Chóiríocht don Lucht Siúil | 03 |
| Coiste um Fhorbairt Pobail Áitiúil (CFPÁ) | 08 |

## Cosaint Sonraí agus RGCS (Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí)

Tá Comhairle Contae Mhuineacháin tiomanta do shonraí pearsanta a chosaint agus tá meas aici ar chearta agus saoirsí bunúsacha daoine aonair. Bailíonn agus próiseálann sí méid suntasach sonraí pearsanta agus sonraí pearsanta Catagóire Speisialta i bhformáidí éagsúla gach lá chun an tseirbhís is éifeachtaí agus is ardchaighdeáin a sholáthar chun freastal ar riachtanais na saoránach, na bpobal agus na ngnólachtaí laistigh den Chontae.

In 2024, lean Comhairle Contae Mhuineacháin ag forbairt dea-chleachtais chun comhlíonadh a chinntiú agus cuntasacht a léiriú faoi RGCS agus faoi chosaint sonraí. Áiríodh leis an obair seo na beartais, na nósanna imeachta agus na prótacail riachtanacha a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, sonraí pearsanta a phróiseáil ar bhealach oscailte agus trédhearcach, iarratais rochtana ábhair sonraí agus iarratais an Gharda Síochána a

phróiseáil, ardú feasachta agus oiliúint foirne a sheachadadh agus fógra a thabhairt faoi sháruithe slándála sonraí.

Faoi RGCS tá roinnt ceart ag daoine aonair, lena n-áirítear ceart rochtana ar na sonraí pearsanta atá ag an gcomhairle orthu. In 2024, fuair an chomhairle aon iarratas déag ar rochtain ar ábhar sonraí agus d'fhreagair iad.

Ina theannta sin, dhéileáil an Chomhairle leis na hiarratais/teagmhais seo a leanas: -

| | |
|---|---|
| Iarratais Duine ar a S(h)onraí | 11 |
| Iarratais ar TCI | 40 |
| Fógraí maidir le Sárú Sonraí chuig an gCoimisiún Cosanta Sonraí | 3 |

## Eitic

Ceanglaítear le halt 19 den Acht um Thoghcháin Áitiúla (Síntiúis agus Caiteachas a Nochtadh), 1999 ar gach comhalta tofa ráiteas síntiús a thabhairt don Údarás Áitiúil, tráth nach déanaí ná an 31 Eanáir, á rá cibé an bhfuair an comhalta síntiús níos mó ná €600 le linn na bliana féilire roimhe sin. Fuarthas 18 bhfoirm chomhlánaithe faoin dáta deiridh nó roimhe sin, an 31 Eanáir.

Ceanglaítear i gCuid 15 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001 ar gach comhalta den chomhairle agus ar an bhfoireann ábhartha foirm a chomhlánú i leith a leasanna is gá a fhógairt a shealbhaítear i rith na tréimhse forordaithe agus an dearbhú bliantúil a thabhairt don Chláraitheoir Eitice tráth nach déanaí ná an lá deireanach d'Fheabhra. Fuarthas 18 bhfoirm chomhlánaithe, ó chomhaltaí tofa, faoin dáta deiridh den lá deiridh d'Fheabhra 2024. Iarradh ar 73 ball foirne ábhartha foirm dhearbhaithe a chomhlánú. Líonadh isteach 64 foirm ar líne roimh an lá deiridh de mhí Feabhra 2024, agus líon 6 ball foirne cóip chrua isteach; i gcás 3 ball foirne a d'fhág an eagraíocht le linn 2023, níor líon siadsan foirm isteach.

Ag deireadh 2024 bhí imscrúdú leanúnach amháin ann maidir le sárú féideartha i ndáil le Cuid 15 (Creat Eiticiúil don tSeirbhís Rialtais Áitiúil) den Acht Rialtais Áitiúil, 2001 agus leis an gCód Iompair do Chomhairleoirí.

## Cumarsáid

Úsáideann Comhairle Contae Mhuineacháin meascán d'uirlisí cumarsáide digití agus traidisiúnta chun a híomhá phoiblí agus a rannpháirtíocht le príomhlucht féachana a chur chun cinn.

Chun a chinntiú go mbíonn an fhoireann ar an eolas faoi na scéalta is déanaí, úsáidimid raon modhanna cumarsáide inmheánaí, lena n-áirítear an aip Reach, a bhfuil fáil ag gach fostaí air, agus nuachtlitir mhíosúil foirne.

Coinnítear ár lucht féachana seachtrach ar an eolas trí bhealaí éagsúla, lena n-áirítear ár suíomh gréasáin, ardáin meán sóisialta, an preas áitiúil, na meáin chraolta, agus foilseacháin chorparáideacha. Bíonn an fhoireann cumarsáide rannpháirteach in imeachtaí agus seoltaí CCM, agus i ngníomhaíochtaí mar sin chun inneachar a ghlacadh agus a roinnt lenár lucht féachana.

In 2024, rinneamar uasghrádú mór ar ár suíomh gréasáin chun an inúsáidteacht a fheabhsú agus a chinntiú go bhfuil rochtain iomlán ag an bpobal air. Cuireadh an tionscadal sin i gcrích go sásúil, agus feidhmiúlacht fheabhsaithe agus dearadh úr, nua-aimseartha ann dá bharr. Is féidir an suíomh gréasáin a rochtain ag www.monaghan.ie


Social Media 2024 Stats

| Social Media Platform | Reach number of times content is displayed | Engagement - likes, shares and comments | New Followers | Total Followers 31/12/24 |
|---|---|---|---|---|
| Facebook | 543.4K (74.1% up from 2023) All organic posts. | 27.6K | 1,078 | 14,825 |
| X/Twitter | 374.7K | 14.7K | 67 | 5,407 |
| Instagram | 14K | 1.7K | 221 | 1,355 |
| LinkedIn | 32K | 5K | 718 | 2,775 |

## Nuálaíocht

I bhFómhar na bliana 2024, sheolamar ár gcéad Dúshlán Nuálaíochta don Phríomhfheidhmeannach, agus d'iarramar ar an bhfoireann ar fud na heagraíochta ar fad comhrá a chur ar bun agus teacht ar smaointe maidir leis an gcaoi *"ar féidir linn ár lorg carbóin a íoslaghdú ag an obair".* Leis an tionscnamh seo tugadh dhá réimse fócais atá tábhachtach dár n-eagraíocht le chéile, an Gníomhú ar son na hAeráide agus an Nuálaíocht. D'oibríomar leis an bhfoireann ag úsáid cumarsáid ar líne agus cruinnithe duine ar dhuine, agus óstáladh na smaointe ar ardán bogearraí ar líne.

Tá ríméad orainn leis an obair dhíograiseach a rinne ár bhfoireann, agus breis is 100 smaoineamh curtha isteach agus comhráití spéisiúla á dtosú ar feadh an dúshláin. Chun an éacht sin a cheiliúradh, d'óstálamar searmanas bronnta gradam sa Champas Síochána, áit ar thugamar aitheantas do 12 dhuine as a smaointe iontacha agus as an méid atá déanta acu don eagraíocht.



## Tuarascáil Bhliantúil Choiste na Gaeilge 2024

Díríonn Coiste na Gaeilge Chomhairle Contae Mhuineacháin ar úsáid na Gaeilge a chur chun cinn sa Chontae chomh maith lena chinntiú go gcomhlíonann an Chomhairle a dualgais faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla. Is iad an Comh. Aidan Campbell (Cathaoirleach), an Comh. Seamus Coyle, an Comh. Richard Truell, an Comh. Pat Treanor agus an Comh. Niamh McCooey atá ina gcomhaltaí den choiste

In 2024 bhí an méid seo a leanas i measc ghníomhaíochtaí an Choiste:

1. Reáchtáil an Coiste 4 chruinniú.
2. D'eagraigh an Coiste ceolchoirm do Nollaig na mBan agus Seachtain na Gaeilge
3. Bronnadh 37 scoláireacht ar mhic léinn chun freastal ar an nGaeltacht
4. Thug an Coiste tacaíocht do Fleadh Muineacháin agus tionóladh Céilí amuigh faoin aer sa Bhoth.
5. Thacaigh an Coiste le Muineachán le Gaeilge chun campa samhraidh Gaeilge a chur ar fáil.
6. Bhain ocht ngrúpa pobail déag leas as maoiniú Sheachtain na Gaeilge.

## Tuarascáil Bhliantúil Choiste na Gaeilge 2024

Díríonn Coiste na Gaeilge Chomhairle Contae Mhuineacháin ar úsáid na Gaeilge a chur chun cinn sa Chontae chomh maith lena chinntiú go gcomhlíonann an Chomhairle a dualgais faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla. An Comh. Aidan Campbell (Cathaoirleach), an Comh. Seamus Coyle, an Comh. Richard Truell, an Comh. Pat Treanor agus an Comh. Niamh McCooey atá ina gcomhaltaí reatha den Choiste.

D'eagraigh an Coiste na gníomhaíochtaí seo a leanas le linn 2024

1. Reáchtáil an Coiste ceithre chruinniú.
2. D'eagraigh an Coiste ceolchoirm le haghaidh Nollaig na mBan agus Sheachtain na Gaeilge
3. Bronnadh 37 Scoláireacht Ghaeltachta ar scoláirí ón gContae a bhain leas astu.
4. Thug an Coiste tacaíocht do Fleadh Mhuineacháin agus tionóladh céilí amuigh faoin aer i mBaile an Scotaigh.
5. Thacaigh an Coiste le Muineachán le Gaeilge chun campa samhraidh Gaeilge a chur ar fáil.
6. Bhain 18 ngrúpa leas as deontais chun imeachtaí a chur ar siúl le linn Sheachtain na Gaeilge

## Tuairisc ar chomhlíonadh oibleagáidí faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla

Fuarthas gearán amháin ón gcoimisinéir teanga maidir le dáileadh fógráin ag an gComhairle ar gach teaghlach sa Chontae nár chloígh le forálacha an Achta.
Dúnadh an gearán chun sástachta an Choimisinéara tar éis do Chomhairle Contae Mhuineacháin aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna a ardaíodh.

## Report on compliance with obligations under the Official Languages Act

One complaint was received from the language commissioner regarding the distribution of a flyer by the Council to all households in the County which did not comply with the provisions of the Act. The complaint was closed to the satisfaction of the Commissioner after Monaghan County Council addressed the issues raised.

# Acmhainní Daonna

### Earcaíocht

| Earcaíocht | 2022 | 2023 | 2024 |
|---|---|---|---|
| Comórtais a reáchtáladh | 34 | 49 | 46 |
| Iarratais a próiseáladh | 720 | 1,140 | 1,187 |
| Agallaimh a rinneadh | 506 | 663 | 787 |
| Iarrthóirí a ceapadh/ a fuair ardú céime | 107 | 85 | Foireann Nua: 87<br>Arduithe Céime: 71 |

### Líon na nDaoine

Ba é seo a leanas líon na foirne i gComhairle Contae Mhuineacháin an 31 Nollaig 2024: -

| Príomhfhoireann | Líon | Coibhéis Fostaí Lánaimseartha |
|---|---|---|
| **Bainistiúil** | 4 | 4 |
| **Cléireachas/Riarachán** | 219 | 208.26 |
| **Gairmiúil/Teicniúil** | 96 | 94.9 |
| **Lasmuigh** | 135 | 128.45 |
| **Príomhfhoireann Iomlán** | **454** | **435.61** |
| **Poist ar Conradh** | 13 | 11.65 |
| **Sealadach/Séasúrach** | 4 | 4 |
| **Comhraiceoirí Dóiteáin ar Áirithíocht** | 60 | |
| **Neamh DoEC&LG** | 4 | 1.86 |
| **Poist Iomlána Eile** | **81** | **17.51** |

### Daoine a chuaigh ar scor/a d'éirigh as le linn 2024

Chuaigh 43 duine ar scor/nó d'éirigh siad as a bpost i gComhairle Contae Mhuineacháin in 2024.

### Printíseachtaí

Fostaíonn Comhairle Contae Mhuineacháin cúigear printíseach sna disciplíní seo a leanas: -

3 i gCuntasaíocht
1 Phrintíseach le Gairneoireacht
1 Mheicneoir Feithiclí Troma

Éascaítear an fhoghlaim chumaisc leis na printíseachtaí, rud a thugann an deis don phrintíseach freastal ar choláiste lá amháin sa tseachtain agus oibriú ina rogha réimse 4 lá sa tseachtain leis an gComhairle. Tá Meantóir ainmnithe ag gach Printíseach. Reáchtáil Comhairle Contae Mhuineacháin feachtas earcaíochta le haghaidh Printíseacht i nGairneoireacht agus Printíseacht mar Mheicneoir Feithiclí Troma in 2024.



An tUas. Cameron McMeel, Printíseach le Feithiclí Troma lena mheantóir an tUas. Dessie McBennett, Maoirseoir Clóis Innealra.

### Clár Céimithe

Bhí Comhairle Contae Mhuineacháin agus Comhairle Contae an Chabháin ina bpríomh-Údaráis le haghaidh Fheachtas Earcaíochta Réigiúnach do Chéimithe 2024 i Réigiún na Teorann agus an Iarthair. D'eagraigh Comhairle Contae Mhuineacháin mar phríomhúdarás comhpháirteach earcaíocht céimithe le haghaidh na nÚdarás Áitiúil seo a leanas:

Comhairle Contae an Chabháin
Comhairle Contae Dhún na nGall
Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Comhairle Contae na Gaillimhe
Comhairle Contae Liatroma
Comhairle Contae Mhaigh Eo
Comhairle Contae Mhuineacháin
Comhairle Contae Ros Comáin
Comhairle Contae Shligigh

D'earcaigh Comhairle Contae Mhuineacháin céimí d'Fhorbairt Fiontraíochta agus Gnó Eacnamaíochta.

## Clár WAM

Bunaíodh an clár WAM (Toilteanach, Ábalta, Meantóireacht) in 2005 agus é á mhaoiniú faoi láthair ag an Roinn Coimirce Sóisialaí. Is é príomhchuspóir WAM rochtain a leathnú ar fhostaíocht do chéimithe faoi mhíchumas agus oibriú ag an am céanna le fostóirí agus tacú leo chun áiteanna oibre níos cuimsithí a chruthú.

Fuarthas os cionn 700 socrúchán go dtí seo san earnáil phoiblí agus phríobháideach araon.
In 2024 glac Comhairlí Contae an Chabháin, Dhún na nGall, Chiarraí agus Liatroma, agus Comhairle Cathrach agus Contae Phort Láirge le céimithe faoin scéim.
Fuair Comhairle Contae Mhuineacháin lua speisialta as beirt chéimithe WAM a fhostú.



## Aip - An Fórsa Saothair a Phleanáil

In 2024, rinneadh rolladh amach rathúil ar an dara céim den Aip - An Fórsa Saothair a Phleanáil, agus tugadh isteach feabhsuithe tábhachtacha lenar feabhsaíodh inúsáidteacht d'Úsáideoirí AD.

Leis an gcéim fheabhsaithe den Aip - An Fórsa Saothair a Phleanáil, níltear ag brath chomh mór níos mó ar earcaíocht agus ar cheapachán iomlán ceapaí nua, rud lena mbítear níos solúbtha agus níos éifeachtúla maidir leis an gCairt Pleanála Fórsa Saothair a thabhairt cothrom le dáta don Bhainistíocht ionas gur féidir leo amharc ar fholúntais laistigh den eagraíocht.

Feabhsúchán mór sa dara céim den Aip - An Fórsa Saothair a Phleanáil ná an infheictheacht mhéadaithe, ag cuimsiú athbhreithniú agus mholtaí an Stiúrthóra Seirbhísí AD maidir le gach Cás Gnó do bhaill nua foirne sula gceadaíonn an Príomhfheidhmeannach é sa deireadh, agus leis sin cinntítear maoirseacht níos mó agus cinnteoireacht stuama.

Chomh maith leis an méid thuas, cuireadh an Chairt Eagraíochta ar fáil freisin don fhoireann ar fad, rud lena rabhthas in ann féachaint níos fearr ar struchtúir Rannóige Chomhairle Contae Mhuineacháin agus ar an bhfoireann i ngach Rannóg.

Tá sé beartaithe tuilleadh nuashonruithe a dhéanamh ar an Aip - An Fórsa Saothair a Phleanáil in 2025.



## Oiliúint & Forbairt

Chuaigh an Rannóg Acmhainní Daonna i gcomhairle le bainisteoirí líne agus leis an bhfoireann chun a bhforbairt phearsanta agus ghairme a chur chun cinn agus a chur ar a gcumas a n-inniúlacht a bhaint amach agus cur go hiomlán le haidhmeanna straitéiseacha agus gnó na Comhairle a bhaint amach.

Cuireadh clár cuimsitheach oiliúna ar fáil do bhaill foirne in 2023 agus ba é an príomhfhócas i mbliana Oiliúint Sláinte agus Sábháilteachta, Oiliúint Reachtúil, Ár gCeannairí agus Maoirseoirí a Chumasú, Meantóireacht, Oiliúint um Ghníomhú ar son na hAeráide, Dualgas na hEarnála Poiblí agus forbairt córais nua ePMDS a tugadh isteach in 2023 chun cabhrú le riachtanais oiliúna a ghabháil agus cuireadh oiliúint ar fáil do gach bainisteoir líne agus dá bhfoireann ar an gcóras nua seo.

D'fhreastail baill foirne éagsúla i gComhairle Contae Mhuineacháin ar 160 cúrsa Oiliúna (Duine le Duine/Ar Líne), Seimineáir, Seimineáir Ghréasáin agus ar chomhdhálacha san iomlán in 2024. Bhí 31 cúrsa oiliúna inmheánach mar chuid de sin. Cuireadh Oiliúint Ionduchtaithe ar fáil do 55 Iontrálaí Nua.

D'fhreastail Comhairle Contae Mhuineacháin ar 133 cinn de chúrsaí oiliúna, seimineáir, seimineáir ghréasáin agus comhdhálacha ar feadh na bliana 2024, lena n-áirítear 31 cúrsa intí. Tá na cúrsaí intí sin tugtha sa tábla thíos.

| |
|---|
| • Roithleáin Scríobacha |
| • CSCS - Soilsiú Comharthaí agus Gardáil ag Oibreacha Bóthair |
| • Láithreáin Thréigthe agus Struchtúir Chontúirteacha |
| • Oiliúint Feasachta ar Dhínit san Áit Oibre |
| • Oiliúint maidir le dífhibrileoir/ACS a úsáid |
| • Tiománaí CPC Modúl 1 |
| • Oiliúint i nGarchabhair |
| • Oiliúint do Mhaor Dóiteáin |
| • Sainaithint Guaiseacha agus Measúnú Riosca |

| |
|---|
| • Cur i Láthair Sláinte & Folláine - John Lonergan |
| • Oiliúint ar Ullmhú don Té atá ag dul faoi Agallamh |
| • Sláinte Sábháilteachta & Timpeallachta IOSH do Bhainisteoirí Láithreáin Tógála |
| • Oiliúint don Bhainistíocht Líne |
| • Suíomh Seirbhísí Faoi Thalamh |
| • Iompraíocht Anróiteach agus Ionsaitheach a Bhainistiú |
| • Láimhsiú Sábháilte |
| • Ardán Soghluaiste Ardaithe |
| • Il-Uirlisí le Forbhaill |
| • Lomaire léana/Ciumhaisire a oibriú |
| • Léargas Ginearálta ar an Dlí Pleanála |
| • Cúrsa ar Chothabháil agus Oibriú Prúnaire Cuaillí Cumhachtaithe |
| • Oiliúint i bPleanáil Scoir |
| • Oscailt agus Athchóiriú Bóithre – Ardchúrsa |
| • Oscailt agus Athchóiriú Bóithre – Bonnchúrsa |
| • Maoirseoirí Seirbhísí Bóithre |
| • Pas Sábháilte |
| • Oiliúint mar Ionadaí Sábháilteachta |
| • Oiliúint mar Mhaor Scoile |
| • Oiliúint i dTeagmhais Thromchúiseacha don Fhoireann Shinsearach |
| • Lá Feasachta Foirne |
| • Ag Obair ar Airdí |

Chomh maith le freastal ar na himeachtaí sin, thug an Chomhairle cúnamh airgeadais do 15 fhostaí a thug deis dóibh tabhairt faoi chúrsaí breisoideachais. Léiríonn an tacaíocht airgeadais sin tacaíocht na Comhairle do chultúr foghlama agus forbartha leanúnaí san eagraíocht.

Chuir an Chomhairle tús le clár píolótach, Clár Meantóireachta cuimsitheach d'fhoireann Ghairmiúil, Theicniúil, Riaracháin agus don Fhoireann Allamuigh in 2023/2024. Chomh maith leis sin, tugadh oiliúint ionduchtúcháin do 58 ball foirne nua in 2024, agus próiseáladh 32 iarratas ar thaithí oibre sa tréimhse.

## Laethanta Feasachta Foirne




Ar an 1 agus 15 Deireadh Fómhair 2024, rinne rannán Bainistíochta Acmhainní Daonna Chomhairle Contae Mhuineacháin óstáil ar Laethanta Feasachta Foirne arbh é ab aidhm leis foireann nua-earcaithe a thosaigh ag obair san eagraíocht in 2023 agus 2024 a chomhtháthú. Tá an Lá Feasachta Foirne leagtha amach chun léargas a thabhairt ar sheirbhísí fadréimseacha na Comhairle agus deis a thabhairt don fhoireann ceangal a dhéanamh lena chéile.

Thosaigh an lá le haitheasc ó Phríomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Mhuineacháin agus ina dhiaidh sin bhí cuir i láthair ó na Stiúrthóirí Seirbhíse agus Cinn Rannáin éagsúla. Thug na daoine a d'fhreastail faoi thuras bua san iarnóin agus iad ag feiceáil na dtionscadal atá curtha i gcrích ag an gComhairle. Thaitin an lá leis an dream a d'fhreastail, agus tá pleananna ann ócáidí cleachtaidh den sórt sin a leathnú in 2025 chun leanúint de chothú rannpháirtíochta agus feasachta foirne.

## Sláinte & Folláine

Chuir Comhairle Contae Mhuineacháin réimse scéimeanna um chothromaíocht oibre is saoil ar fáil chun cabhrú le baill foirne cothromaíocht oibre is saoil a bhaint amach, lena n-áirítear Scéim Oibre Bliain níos Giorra, Scéim Saoire Mháithreachais, Saoire Thuismitheoireachta, Saoire Atharthachta, Saoire Thuismitheoireachta Nua, Postroinnt, Sosanna Gairme, Saoire Scrúduithe, Obair Chumaisc, Saoire Force Majeure, Saoire Mhéala agus an Scéim Rothaíochta go hionad oibre.

Ceapadh an chéad Oifigeach Folláine Foirne in 2024 mar thiomantas do chur chun cinn leanúnach Shláinte agus Fholláine ár bhfoirne. Bunaíodh coiste nua folláine freisin chun cuidiú le forbairt imeachtaí agus gníomhaíochtaí folláine ábhartha agus spéisiúla don fhoireann.

Cuireann Clár Cúnaimh d'Fhostaithe de chuid Spectrum Life líne chúraim 24/7 ar fáil atá go hiomlán faoi rún agus a thairgeann tacaíocht agus comhairleoireacht do gach ball foirne de chuid na Comhairle agus dá dteaghlaigh.

Bhí na himeachtaí Sláinte & Folláine seo a leanas ar siúl le linn 2024.

- Cluichí de chuid na Comhairle
- John Lonergan, iar-Rialaitheoir
- ar Phríosún Mhuinseo, Cainteoir Spreagúil
- Pleanáil do Scor
- Siúlóidí folláine ag am lóin
- Imeachtaí den Ribín Glas
- Measúnuithe DSE le haghaidh an Bhaile/na hOifige
- Lá Feasachta Foirne
- Go píolótach - máistir-ranganna snámha




## An Bhearna Phá idir na hInscní 2024

D'fhoilsigh Comhairle Contae Mhuineacháin a Tuarascáil ar an mBearna Phá idir na hInscní do 2024 ar an 17 Nollaig 2024. Is ionann an bhearna phá idir na fir agus na mná agus an difríocht i meánphá in aghaidh na huaire na bhfear agus na mban ar fud lucht saothair.

Éilíonn An tAcht um Fhaisnéis faoin mBearna Phá idir na hInscní, 2021 ar eagraíochtaí ina bhfuil os cionn 250 fostaí sonraí maidir le bearna phá idir na fir agus na mná a fhoilsiú roimh dheireadh gach bliain féilire agus laistigh de shé mhí óna ndáta tagartha. Roghnaigh Comhairle Contae Mhuineacháin agus gach údarás áitiúil sa tír an 30 Meitheamh 2024 mar an dáta tagartha.

Ní mór an t-eolas a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin an fhostóra nó ar bhealach eile atá inrochtana do gach fostaí agus don phobal.

**Féach cóip de Thuarascáil ar an mBearna Phá idir na hInscní de chuid Chomhairle Contae Mhuineacháin 2024 ar shuíomh gréasáin Chomhairle Contae Mhuineacháin nó cliceáil anseo:**

**Tuarascáil ar an mBearna Phá idir na hInscní 2024 - Comhairle Contae Mhuineacháin**


# Ceantar Bardasach Bhéal Átha Beithe-Chluain Eois

## Clár Bóithre 2024

In 2024, thug Ceantar Bardasach Bhéal Átha Beithe-Chluain Eois faoi chlár substaintiúil forbartha ar an mbonneagar bóithre. Rinne an Ceantar Bardasach oibreacha draenála, forleagain bitmac agus cóiriú dromchla ar chúig bhóthar áitiúla agus ar thrí bhóthar réigiúnacha, 16km san iomlán sa cheantar ar luach €3.7 milliún faoin scéim deontas feabhsúcháin athchóirithe. Rinneadh cóiriú dromchla ar 33km eile ar fud an Cheantair Bhardasaigh. Thug an Ceantar Bardasach faoi dheisiúcháin/cothabháil ghinearálta fhairsing ar an ngréasán bóithre sa cheantar chomh maith, mar shampla deisiúcháin/glanadh lintilí, paisteáil bóithre, gearradh fálta, scuabadh agus easghlanadh.



**RI 2024**



**RI 2024**



**Scéim ar Chostas Íseal**

## Oibreacha Feabhsúcháin Sábháilteachta ar Chostas Íseal

Cuireadh trí thionscadal feabhsúcháin sábháilteachta ar chostas íseal i gcrích in 2024

ar an R189/LT22803 JCT Machaire na Coille,

Scoil Loch Moirne
LP3131/LP4210/LS8200/LP3134 agus
Buíochar – R193/188 JCT

## Clár Athghiniúna

## Athchóiriú ar an bPáirc Spraoi

Rinneadh athchóiriú ar áit súgartha Chorr Uí Bhraonáin agus úsáid á baint as maoiniú a daingníodh faoin Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte agus ar fiú €194,570 é, agus maoiniú meaitseála €29,519 soláthartha ag comhaltaí Cheantar Bardasach Bhéal Átha Beithe agus Chluain Eois. Daingníodh deontas breise €18,000 ón Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (RLCMLÓ), rud a d'fhág go rabhthas in ann gnéithe uathachais speisialaithe a ionchorprú lenar cinntíodh go raibh an áit súgartha sin níos cuimsithí agus níos tacúla fós do gach leanbh.
Fuair áit súgartha Pháirc Baile Bhéal Átha Beithe maoiniú €120,000 freisin faoin gCiste Aitheantais Pobail agus bhíothas in ann trealamh nua spraoi a chur isteach a bhuí leis an maoiniú sin.

D'oscail an tAire Heather Humphreys na páirceanna go hoifigiúil i mí Iúil 2024.



Clós Súgartha Pháirc Chorr Uí Bhraonáin




Páirc Spraoi Bhéal Átha Beithe

## Bonneagar Aeraíochta le haghaidh Ghormbhealach Abhainn an Droma Mhóir

Choimisiúnaigh Comhairle Contae Mhuineacháin (CCM) C.S. Pringle chun tograí bonneagair a fhorbairt le haghaidh Ghormbhealach Abhainn an Droma Mhóir (Béal Átha Beithe go Lios na Long).

Mar chuid de na tograí sin, thug CCM agus CS Pringle deis don phobal féachaint ar na tograí ag ócáid eolais phoiblí a bhí ar siúl i mí Feabhra 2024. Cuireadh an t-iarratas sin isteach chuig an mBord Pleanála agus déanfar cinneadh maidir leis an togra roimh an 9 Iúil 2025.





Tráthnóna Eolais Poiblí maidir le Gormbhealach an Droma Mhóir

## Coill Dhartraí

In 2014, d'fhorbair Comhairle Contae Mhuineacháin, i gcomhpháirt le Coillte 3 bhealach siúlóide i gCoill Dhartraí faoi thionscadal trasteorann INTERREG. Ó shin i leith, bhí an chomhairle agus an pobal áitiúil ar bís chun tógáil ar an infheistíocht sin agus tabhairt faoi fhorbairtí breise. Bhíothas in ann é sin a dhéanamh le maoiniú ón Scéim um Bonneagar Caithimh Aimsire Lasmuigh (ORIS) agus leis an méid céanna airgid ó Cheantar Bardasach Bhéal Átha Beithe-Chluain Eois le haghaidh forbairt siúlbhealaí agus comharthaí. Cuimsíodh leis an tionscadal:

- Feabhas ar an Áis Isteach & páirceáil fhoirmiúil a chur ar fáil
- Rochtain do choisithe ó shráidbhaile Bhuíochair
- Léarscáil tús siúlóide agus comharthaíocht ag pointe rochtana bhealach Mhuinchille
- Rochtain le haghaidh gach siúlóide
- Radhairc bhruach an uisce agus limistéir phicnice sna coillte
- Míniú ar na Siúlóidí - Eolas maidir leis na gnéithe speisialta faoin láthair, an ithir, an flóra, agus an fána.
- Daracha Bhealach Isteach Bhuíochair - Míniú/Áit Suite
- Deer Park Horse Chestnut – Míniú/Créfort/Suíochán
- Woodland Glade – Créfort le haghaidh Spraoi Neamhfhoirmiúil/Clocha cora/Lomáin dreapadóireachta
- Rochtain a bheith ag na boird phicnice go léir le haghaidh éascaíocht do chathaoireacha agus naíchóistí.

Tugadh na hoibreacha chun críche in 2024.



Páirc Choille Dhartraí, casadh an fhóid, feabhsúchán áineasa – ORIS

## Glasbhealach - Béal Átha Beithe go Baile na Lorgan

D'aontaigh Ceantar Bardasach Bhéal Átha Beithe – Chluain Eois, agus Ceantar Bardasach Charraig Mhachaire Rois – Bhaile na Lorgan i gcomhpháirt roimhe seo chun comhairleoir a mhaoiniú chun staidéar féidearthachta agus tuairisc srianta a dhéanamh ar ghlasbhealach beartaithe feadh líne an tsean-iarnróid idir Béal Átha Beithe agus Baile na Lorgan, ag nascadh Dúthamhlacht. Fuarthas maoiniú faoi Scéim um Bonneagar Caithimh Aimsire Lasmuigh na Roinne chun an tionscadal a chur chun cinn. Tá Comhairleoirí Sibhialta Clandillion tar éis dul ar aghaidh go Céim 2 - Roghnúchán Rogha.

Tá an Roghnúchán Rogha le haghaidh Ghlasbhealach Bhéal Átha Beithe go Baile na Lorgan tugtha i gcrích anois agus forbraíodh an Rogha maidir leis an mBealach Is Fearr. Tá Céim 2 den tionscadal seo tugtha i gcrích anois. Toisc go bhfuil an chuid seo den Ghlasbhealach atá beartaithe mar chuid den Ghréasán Rothaíochta Náisiúnta, cuireadh tuarascáil ar aghaidh chuig BIÉ agus ÚNI chun a chinneadh cén chaoi ab fhearr leis an tionscadal seo a chur chun cinn chuig an gcéad chéim eile. Rinneadh iarratas ar mhaoiniú chuig BIÉ chun dul ar aghaidh chuig an gcéim réamhdheartha.

Comhairliúchán Poiblí



## Glasbhealach Chluain Eois chuig na Mullaí

D'éirigh le Ceantar Bardasach Bhéal Átha Beithe/Chluain Eois maoiniú €100,000 a fháil tríd an gCiste Cánach Carbóin 2020 chun tuilleadh forbartha a dhéanamh ar na tograí chun Glasbhealach a chur ar fáil ó na Mullaí go Cluain Eois ag tógáil ar an staidéar féidearthachta a críochnaíodh i lár 2019.

Ceapadh Clandillon Civil Consulting, rud a d'fhág gur críochnaíodh staidéir chomhshaoil, agus cuireadh roghanna bealaí ar fáil. Tugadh faoi chomhairliúcháin phoiblí fhairsinge sular roghnaíodh na bealaí ab fhearr.

Tá Céim 3 den Mheasúnú ar Riosca Tuilte don scéim beagnach tugtha i gcrích, arna iarraidh sin ag BIÉ. Úsáidfear na torthaí ón FRA mar threoir ag dearadh mionsonraithe
na scéime.

Roghanna Bealaigh

## Feabhsú an Réimse Phoiblí agus Tionscadail Taistil Ghníomhaigh



Tá Cuid 8 Pleanáil ag dul ar aghaidh don Scéim Bailte agus Sráidbhailte 2021, Feabhsú an Réimse Phoiblí, ina gcuimseofar feabhsúcháin bonneagair chun páirceáil, an sruth tráchta agus saoráidí do choisithe a fheabhsú. Díreoidh na hoibreacha ar an gcúirt liathróide agus limistéar an Diamaint i mBaile Chluain Eois.

Chuir Ceantar Bardasach Bhéal Átha Beithe/Chluain Eois 3 Scéim Taistil Ghníomhaigh i gcrích in 2024, Scéim Nasc Síochána AT Chluain Eois, Cluain Eois a raibh leithdháileadh €75,000 aige, agus cheadaigh an tÚdarás Náisiúnta Iompair €700,000 le haghaidh Tógáil Chosán Bhóthar Thír Choininse - €323,000 agus Cosán Lána Cannon €56,000.

Forbraíodh Pleananna Soghluaisteachta Uirbí/Inbhuanaitheachta AT le haghaidh Bhaile Chluain Eois agus tá sé ag an gcéim chomhairliúcháin.

## Cruinnithe den Cheantar Bardasach

Tar éis na dToghchán Áitiúil i mí na Bealtaine 2024 bhí a chéad chruinniú de Chomhairle Cheantar Bardasach nua ag Ceantar Bardasach Bhéal Átha Beithe/Chluain Eoin i mí Meithimh 2024. Toghadh an Comh. Richard Truell mar Chathaoirleach agus an Comh. Pat Treanor mar Leas-Chathaoirleach.



Cathaoirleach nuathofa, an Comh. Richard Truell agus an Leas Chathaoirleach an Comh. Pat Treanor, Comhaltaí Tofa & Foireann.

## Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe

D'ullmhaigh Ceantar Bardasach Bhéal Átha Beithe - Chluain Eois iarratais shuntasacha roimhe seo do bhailte Chluain Eois agus Bhéal Átha Beithe agus d'éirigh leo maoiniú a fháil don dá bhaile.

In 2024 fuair Comhairle Contae Mhuineacháin Teach an Mhargaidh (Market House) i mBéal Átha Beithre trí Scéim am Chiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe 2023 agus tá foireann deartha ildisciplíneach ceaptha acu chun na dearaí a ullmhú. Cuireadh an tionscadal seo isteach le haghaidh Pleanáil Chuid VIII in R4 2024.



Teach an Mhargaidh, Béal Átha Beithe, an Conradh á Shíniú le haghaidh Foireann Deartha Ildisciplíneach.

Tugann tionscadal Bhaile Bhéal Átha Beithe an deis Teach an Mhargaidh, an Phríomhshráid i mBéal Átha Beithe, a athchóiriú ó thaobh ailtireachta de agus é a fhorbairt. Tá an struchtúr seo folamh agus fágtha díomhaoin i bhfad os cionn deich mbliana, tá drochbhail air le tamall anuas agus tá sé beartaithe ag Comhairle Contae Mhuineacháin é a athchóiriú agus an foirgneamh a úsáid mar Mhol Leabharlainne agus Pobail nua.



Teach an Mhargaidh, Béal Átha Beithe

Leithdháil Cistí um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe €400,000 ar Chomhairle Contae Mhuineacháin chun Teach an Mhargaidh a cheannach chun an tionscadal seo a chur chun cinn.

Fuair Ceantar Bardasach Bhéal Átha Beithe/Chluain Eois €5.137m faoin gCúigiú Glao ar Chatagóir 1 don Chiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe (RRDF) le haghaidh Mhoil Athghiniúna Chluain Eois (Oidhreacht agus Fiontraíocht). Áirítear leis an iarratas seo an Mol Gnó atá beartaithe ar Shráid Fhear Manach agus Lennard Arms (Lárionad Mainistreach) Sráid Mhic Curtáin/Sráid Áth an Lobhair/An Diamant, An Chrois Mhaol.


Rachaidh an Mol Gnó chun tairisceana i gcomhair tógála in R1 2025 agus ceapfar Creative Consultants in R1 2025 chun Plean Aitheantais Táirge/Eispéireas Cuairteora agus Plean Gnó a ullmhú i dtaca le ní is díol spéise do thurasóirí ag Lennard Arms Hotel, mar a bhí.

## Tionscadail Chaipitil

Iosta CCM nua beartaithe i gCnoc an Tí, Cluain Eois.
Tar éis cead a fháil ó SMT chun dul ar aghaidh leis an bhforbairt ar Iosta Foirne nua Faoin Spéir ag Cnoc an Tí, Cluain Eois, cheap Ceantar Bardasach Bhéal Átha Beithe-Chluain Eois foireann deartha, rinne siad imscrúduithe ar an láthair, fuarthas cead pleanála agus tá siad ag cur i gcrích an phacáiste deiridh dearaidh agus tairisceana chun go mbeifear in ann iosta nua a thógáil.

Is le haghaidh foirgneamh aon stóir é an Dearadh a bheidh 258 méadar cearnach ina mbeidh limistéar stórála d'fheithiclí agus trealamh, stór cothabhála, oifig, saoráidí leasa, clós faoin spéir agus carrchlós feadh Bhóthar Theach an Scotaigh ar an R212 i gCluain Eois.

Cuirfear oibreacha chun tairisceana in R2 2025.





Dearadh Tógála

## Ciste Aitheantais Pobail

Tá sé mar aidhm ag an gCiste Aitheantais Pobail 2023 seo tacú le bonneagar agus áiseanna pobail a fhorbairt mar aitheantas ar an méid atá á dhéanamh ag pobail ar fud na tíre chun fáilte a chur roimh líon suntasach daoine nua atá ag teacht isteach ón Úcráin agus ó thíortha eile agus iad a óstáil.

Tá 3 thionscadal á seachadadh ag Ceantar Bardasach Bhéal Átha Beithe/Chluain Eois tríd an gciste seo, ina measc,

Stad Bus Ascaill 98: -
Fuarthas leithdháileadh maoinithe de €120,000. Rinne foireann Innealtóireachta an Cheantair Bhardasaigh scrúdú ar an láthair, chun togra den dearadh a ullmhú. Oibreacha le dul chun tairisceana i mí Márta 2025.

Trealamh Aclaíochta Allamuigh, an Nasc Síochána: -
Fuarthas leithdháileadh maoinithe de €45,000 agus cuireadh oibreacha i gcrích in R1 2024

Trealamh nua do Chlós Súgartha le haghaidh Pháirc Bhaile Bhéal Átha Beithe: -
Fuarthas leithdháileadh maoinithe €120,000 agus tugadh oibreacha i gcrích in R2 2024.

D'éirigh le hiarratas le haghaidh €200,000 chun Uasghrádú agus Athchóiriú a dhéanamh ar Fhoirgneamh Pobail Ilúsáide Bhéal Átha Beithe. Cuireadh tús le hoibreacha suirbhéireachta tógála agus táthar ag súil go dtosóidh na hoibreacha athchóirithe in R1 2025.

## Athchóiriú Chanáil Uladh

I dtionscadal Athchóirithe Chanáil Uladh déanfaidh Uiscebhealaí Éireann an chuid den chanáil a athchóiriú ó Loch Éirne i gCo. Fhear Manach go Cluain Eois i gCo. Mhuineacháin. Is stráice é seo de thart ar 13.5 ciliméadar.

Osclaíodh Céim 2 den tionscadal go hoifigiúil i mí Meithimh 2024. Díríodh sa chéim sin ar athchóiriú na canála idir Cluain Eois agus Cluain Fada i gContae Mhuineacháin, lenar áiríodh muiríne in abhantrach na canála agus limistéar taitneamhachta i gCluain Eois. Fuarthas maoiniú €24 milliún chun an chéim seo a chríochnú ó Chiste an Oileáin Chomhroinnte, ón Roinn Forbartha Tuaithe agus ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

Thug Comhairle Contae Mhuineacháin, i gcomhar le Fáilte Éireann agus Uiscebhealaí Éireann, faoi chomhairliúchán poiblí chun ionchur a bhailiú ó chónaitheoirí áitiúla, grúpaí pobail, gnólachtaí agus eagraíochtaí níos leithne maidir le Plean Físe a ullmhú le comhfhís a chur i láthair do thodhchaí Mhuiríne Chluain Eois, i gcroílár Chontae Mhuineacháin.


Chuir Uiscebhealaí Éireann in iúl go dtabharfar oibreacha Chéim 3 atá beartaithe idir Cluain Eois agus Caisleán Shandarsan i gcrích ag deireadh 2027 nó ag tús 2028.



Muiríne Chluain Eois

## Oifigí Ceantar Bardasach

Bhí lúcháir ar an gCeantar Bardasach a bheith in ann páirt a ghlacadh sna himeachtaí a bhain le soilsiú foirgnimh phoiblí a lasadh i rith na bliana. Reáchtáladh na himeachtaí seo chun feasacht a ardú agus chun aird a tharraingt ar roinnt saincheisteanna an-tábhachtach a théann i bhfeidhm ar go leor daoine ar fud ár bpobal.



Oifigí Bardasach Chluain Eois

Tá Comhaltaí Tofa Cheantar Bardasach Bhéal Átha Beithe/Chluain Eois mórtasach i gcónaí tacú le tionscnaimh phobail agus oibriú i ndlúthchomhar lenár bpobail áitiúla.




Imeachtaí cosúil le Deireadh Seachtaine Fhéile Chluain Eois 2024 a óstáil. Bhí imeacht don teaghlach ar fad ag Féile Chluain Eois, áit ar thug lucht siamsaíochta cosúil le Tully, Mick Foster agus Oriel cuairt, bhí siamsaíocht na leanaí ar siúl i bPáirc Barry McGuigan agus bhí Songtales i mbun an cheoil. Deireadh seachtaine den scoth a bhí ann do chách.

Bhí a chéad Oíche Gradam Pobail bliantúil ag Ceantar Bardasach Bhéal Átha Beithe/Chluain Eoin i mí na Bealtaine 2024. Tugadh aitheantas ag an ócáid don obair thábhachtach a dhéanann grúpaí pobail ar fud an chontae ar bhonn bliantúil.

D'óstáil Ceantar Bardasach Bhéal Átha Beithe/Chluain Eoin thar ceann Chomhairle Contae Mhuineacháin in éineacht le Grúpaí Pobail Theampall Chríost Achadh na Muileann agus Leatón/An Bhábhúin an 50ú Comóradh ar shaol agus ar sheirbhís an tSeanadóra Billy Fox nach maireann, i mí Aibreáin 2024.



An Taoiseach Simon Harris, an tAire Heather Humphreys, Cathaoirleach Contae David Maxwell, Cathaoirleach an CB Seán Gilliland, an Comh. Richard Truell agus PF Robert Burns.

Bhí Craobhchomórtas Peile Sinsir Uladh, an 136ú bliain ag an gcomórtas, ar siúl i gCluain Eois i mí na Bealtaine 2024, d'eagraigh Ceantar Bardasach Bhéal Átha




Beithe/Chluain Eoin ag obair i gcomhpháirt le Foireann Baile Chluain Eois agus le Club CLG Naomh Tiarnach i gCluain Eois siamsaíocht roimh an gcluiche ar lá an chluiche. Bhí an ceol beo faoin spéir lonnaithe ar An Diamant agus bhí margaí bia sráide ag díol ar fud an bhaile. Bhí Crios don Teaghlach i bPáirc Barry McGuigan le ceol beo, péinteáil aghaidhe agus gníomhaíochtaí ealaíne do na leanaí.
Cuireadh pleananna bainistíochta tráchta i bhfeidhm i gcomhar le AGS agus fuarthas páirceáil bhreise ar na bóithre áitiúla.

## Tograí le haghaidh 2025

Tá os cionn 40% de ghréasán bóithre an chontae i gCeantar Bardasach Bhéal Átha Beithe-Chluain Eois. Tá infheistíocht mhór ag teastáil, go háirithe ar an ngréasán bóithre réigiúnach lena chinntiú go gcoinnítear an gréasán ar chaighdeán sásúil. Leanfaidh an Ceantar Bardasach ag obair leis na hionadaithe tofa agus leis an bhfoireann ó rannóga eile i gComhairle Contae Mhuineacháin chun a chinntiú go bhfaightear maoiniú, agus go seachadfar gach scéim in 2025. Tá iarratais ar mhaoiniú curtha isteach le haghaidh oibreacha feabhsúcháin sábháilteachta ar Chostas Íseal agus oibreacha deisiúcháin droichid in áiteanna éagsúla sa Cheantar Bardasach.

Leanfaidh an Ceantar Bardasach ar aghaidh ag cur na dtionscadal chun cinn i mBéal Átha Beithe agus i gCluain

Eois, atá á maoiniú faoi láthair faoin gCiste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe agus féachfaidh sé le scéimeanna a fhorbairt le haghaidh tuilleadh aighneachtaí maoinithe faoin gclár seo.

Tá aighneachtaí cuimsitheacha déanta ag an gCeantar Bardasach faoi Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte agus Scéim um Bonneagar Caithimh Aimsire Lasmuigh na Roinne agus cuirfidh sé na scéimeanna seo chun cinn tar éis maoiniú a fháil.

Leanfaimid orainn ag tacú le grúpaí pobail agus gnólachtaí ina gcuid gníomhaíochtaí agus oibreoimid go dlúth le rannóg Tithíochta agus Pleanála na Comhairle chun réitigh agus cláir oibre a fhorbairt chun aghaidh a thabhairt ar láithreáin thréigthe laistigh den Cheantar Bardasach.

# Ceantar Bardasach Mhuineacháin

### Cruinnithe den Cheantar Bardasach
Reáchtáil an Ceantar Bardasach a chruinnithe míosúla ar an tríú Luan de gach mí ach amháin mí Lúnasa. Ag an gCruinniú Cinn Bhliana i mí an Mheithimh, toghadh an Comh. Toghadh Seán Conlon mar Chathaoirleach agus toghadh an Comh. Séamus Treanor mar Leas-Chathaoirleach ar feadh aon bhliain amháin. Bhí roinnt cruinnithe fochoiste eile ann chun plé a dhéanamh ar bhóithre, buiséid agus saincheisteanna agus cláir eile laistigh den cheantar.

### Pobal

### Páirc Ros Mór
Lean Ceantar Bardasach Mhuineacháin ag infheistiú i limistéir áineasa na páirce agus á gcothabháil. D'éirigh leis an gCeantar Bardasach tailte an Tiarna Rossmore a fháil laistigh den pháirc lena n-áirítear 46 acra agus Másailéam Ros Mór. Thug an Ceantar Bardasach an maoiniú céanna chun na hoibreacha oidhreachta a chur i gcrích ar an másailéam.

Cuireadh dealbh mór nua, Medb, an iora rua mór, leis an mbealach Rochtain do Chách, bhí sé sin cómhaoinithe ag an gCeantar Bardasach agus ag Éire Ildánach. Cuireadh tús leis an Rian Uimhreacha (Number's Trail), arna mhaoiniú faoi ORIS, in 2024.


Medb Mór

### An Gairdín Portaigh
Cuireadh an Gairdín Portaigh i gcrích agus d'oscail an tAire Gnóthaí Tuaithe agus Forbartha
Pobail Heather Humphreys TD é an 11 Aibreán.

### Paráid Lá Fhéile Pádraig 2024
Chuir Ceantar Bardasach Mhuineacháin
Paráid Lá Fhéile Pádraig Bhaile Mhuineacháin ar siúl ar an 17 Márta leis an téama, Béaloideas Mhuineacháin.

Bhí os cionn 60 grúpa sa pharáid,
lena n-áirítear grúpa mór as Club
Carranna Seanré Mhuineacháin. Bhí go leor de mhuintir na háite amuigh
le haghaidh na paráide.

Bhí an Fhéile Ceoil Tíre ar ais in 2024 agus d'éirigh thar cionn léi agus thug na sluaite cuairt ar an mbaile thar 4 lá an imeachta, ón 18-21 Iúil. Is é an Ceantar Bardasach a phleanáil an dúnadh bóthair agus a d'fheidhmigh é.

### Forbairt Thodhchaí Lár an Bhaile
Ceapadh Ollscoil na Banríona chun Forbairt Thodhchaí Lár an Bhaile a dhéanamh, rud a thabharfaidh bonnlíne don bhaile, chun cuidiú forbairt na lár baile a fhaire agus a fhorbairt amach anseo. Tógfaidh sé ar staidéir roimhe seo a rinneadh i mbailte aonair.

Chomh maith leis an maoiniú le haghaidh Fhorbairt Thodhchaí Lár an Bhaile, fuair Comhairle Contae Mhuineacháin maoiniú faoin gCiste Tacaíochta Foirne do Bhailte ar dTús chun tógáil acmhainne foirne an bhaile a fhorbairt.

### Ciste Aitheantais Pobail

### Páirc Foraoise Ros Mór - Síneadh ar an bPáirc Spraoi, Rochtain do Chách, Limistéar Picnice
Tugadh i gcrích na hoibreacha chun an pháirc spraoi i bPáirc Foraoise Ros Mór a leathnú agus osclaíodh an síneadh ar an limistéar súgartha don phobal ar an 19 Nollaig 2024.

### Páirc Peile Pháirc na Beilge
Tugadh i gcrích na hoibreacha faoin gCiste
Aitheantais Pobail. D'oscail an tAire Forbartha Tuaithe agus Pobail Heather Humphreys TD
an tionscadal go hoifigiúil
an 11 Aibreán 2024.





Uasghrádú ar Pháirc Peile agus MUGA Pháirc na Beilge

## An Scéim um Bonneagar Caithimh Aimsire Lasmuigh (ORIS)

Fuair Páirc Choill an Chuilinn maoiniú €276,385 faoi ORIS agus thug Ceantar Bardasach Mhuineacháin maoiniú €30,710 anuas air sin. Rinneadh uasghrádú sa tionscadal seo ar an mbonneagar i bPáirc Choill an Chuilinn. Tugadh na hoibreacha i gcrích a bheag nó a mhór in 2024.



## Maoiniú Páirceanna Spraoi ón Roinn

Fuair Páirc Spraoi Chorr Leacht maoiniú €15,773 ón Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtiú agus Óige chun limistéir nua bhogshúgartha a chur isteach agus roinnt den trealamh a athsholáthar agus chuir Ceantar Bardasach Mhuineacháin €9,000 ar fáil freisin.

## Córas TCI Bhaile Mhuineacháin

Tá an córas TCI do Bhaile Mhuineacháin chun 43 ceamara a chur isteach ag 17 suíomh i Lár Bhaile Mhuineacháin beagnach tugtha i gcrích agus líon beag ceamaraí fós le suiteáil. Beidh na hoibreacha comharthaíochta do na ceamaraí slándála tugtha i gcrích faoi thús R1, 2025.

Tá an scéim seo maoinithe den chuid is mó leis an ioncam ón limistéar páirceála íoctha agus deontas ón Scéim TCI Pobalbhunaithe ón Roinn Dlí agus Cirt.

## Páirceáil Carranna

D’oscail an Ceantar Bardasach 88 bá páirceála ag an gCarrchlós nua ar an mBóthar Leathan ina gcuimsítear 66 spás Fanacht Fada, 18 spás Fanacht Ghearr agus 4 spás do Pháirceáil faoi Mhíchumas. Suiteáladh an bonneagar sibhialta le haghaidh luchtú feithiclí leictreacha amach anseo.

Lean an Ceantar Bardasach ag cur an chórais páirceála ‘Íoc tríd an Aip’ chun cinn. Leis an Aip seo is féidir le custaiméirí íoc go cianda ar líne ar an bhfón nó ar ghléasanna eile.

Bhí páirceáil in aisce i bhfeidhm ag an gCeantar Bardasach faoi Nollaig ó mheán lae gach lá agus é ar fáil ón 9 Nollaig 2024 go dtí an 1 Eanáir 2025.

Leanadh le clár athsholáthair do mheaisíní páirceála íoctha agus ceannaíodh 6 mheaisín nua arís in 2024.

Déantar airgead a bhailítear trí Pháirceáil Íoctha laistigh de Bhaile Mhuineacháin a athinfheistiú sa Cheantar Bardasach trí chothabháil a dhéanamh ar Pháirc Foraoise Ros Mór, trí Fheidhmeannach Gnó a chur ar fáil, tacú le Foireann an Bhaile, agus trí mhaoiniú a chur ar fáil do thionscadail/imeachtaí sa cheantar. Tá an t-airgead sin á úsáid freisin chun córas TCI Bhaile Mhuineacháin a mhaoiniú.

## Comóradh 50 Bliain - Buamálacha Bhaile Átha Cliath-Mhuineacháin

Mar chuid de Chomóradh 50 bliain ar Bhuamálacha Bhaile Átha Cliath-Mhuineacháin, chuir *Justice for the Forgotten* roinnt imeachtaí ar éirigh thar cionn leo ar bun chun an ócáid a cheiliúradh agus chuir searmanas speisialta fleascleagain clabhsúr leis an ócáid i gCearnóg na hEaglaise, ar an Aoine, 17 Bealtaine ar láthair chuimhneacháin na buamála. Leag Uachtarán na hÉireann, Michael D. Ó hUiginn fleasc, chomh maith le Cathaoirleach Chomhairle Contae Mhuineacháin, an Comh. David Maxwell, Cathaoirleach Cheantar Bardasach Mhuineacháin, an Comh. Cathy Bennett, an tAire Heather Humphreys, Marie Coyle, agus Paddy Askin thar ceann *Justice for the Forgotten* agus na dteaghlach.









**Searmanas fleascleagain i gCearnóg na hEaglaise – 17 Bealtaine**

## Turais Choisíochta

Lean na turais choisíochta ar aghaidh gach Satharn ag 12 meán lae ón 30 Márta go dtí deireadh mhí Mheán Fómhair. Bhí saorchead gabháil leis na siúlóidí agus cuireadh tús leo ag an Westenra hotel. Bhí na siúlóidí maoinithe ag Ceantar Bardasach Mhuineacháin.

## Bailte Slachtmhara

Thug Uachtarán na hÉireann, Micheál D. Ó hUiginn cuairt ar Ghlasloch ar an Satharn 18 Bealtaine 2024 mar chomóradh ar an éacht mhór a rinne Glasloch nuair a bhuaigh sé Gradam Bailte Slachtmhara na hÉireann in 2019. Cuireadh an chuairt roimhe sin ar ceall de bharr phaindéim Covid 19.





**Comóradh ar Ghlasloch a bhuaigh Gradam Bailte Slachtmhara na hÉireann in 2019-Dé Sathairn 18 Bealtaine 2024**

Lean Ceantar Bardasach Mhuineacháin ag obair go dlúth le Grúpaí Bailte Slachtmhara laistigh den cheantar ar roinnt tionscadal. Tugadh cúnamh freisin do Ghrúpaí Pobail/Cumainn Áitritheoirí i rith na bliana.

D'éirigh le Baile Mhuineacháin toradh iontach a bhaint amach arís in 2024 i gcomórtas bruscair IBAL, atá anois sa 3ú háit amach as an 40 Baile agus Cathair a ndearnadh suirbhé orthu. Aithníodh Baile Mhuineacháin mar áit atá "Níos Glaine ná Noirm Eorpacha" agus tuairisc dhearfach mhionsonraithe ag gabháil leis.

## Spásanna Oscailte Poiblí

Rinne an Ceantar Bardasach go leor de na spásanna oscailte poiblí sa cheantar a bhainistiú agus a chothabháil, lena n-áirítear páirc pheile Pháirc na Beilge.

## Deontais Phobail

Bhí Oíche Gradam Pobail ag Rannán an Cheantair Bhardasaigh agus Pobail ar an Luan 27 Bealtaine, agus fuair os cionn 55 grúpa gradaim ar an oíche.

## Clóis Shúgartha

Rinne Ceantar Bardasach Mhuineacháin cigireachtaí seachtainiúla agus rinne cothabháil ar 16 chlós súgartha sa cheantar.

## Bailte Ceannphointí - Cearnóg na hEaglaise

Cuireadh na hoibreacha i gcrích ar an gceann ó dheas de Chearnóg na hEaglaise in am do thús na Féile Ceoil Tíre i mí Iúil 2024.

D'fhill Margadh Feirmeoirí Bhaile Mhuineacháin ar Chearnóg na hEaglaise ar an Aoine 19 Iúil.



Seoladh oifigiúil Chearnóg na hEaglaise ar a ndearnadh athfhorbairt ar an Aoine 20 Meán Fómhair 2024



Seoladh oifigiúil Chearnóg na hEaglaise ar a ndearnadh athfhorbairt ar an Aoine 20 Meán Fómhair 2024

### Comhpháirtíocht Shliabh Beatha

Bhí an chéad chruinniú de Chomhpháirtíocht Shliabh Beatha, ó na toghcháin áitiúla, ar siúl an 4 Meán Fómhair. Rinneadh ionadaíocht ar na trí Chomhairle, ar Chomhairle Ceantair Fhear Manach agus na hÓmaí, Comhairle Ceantair Lár Uladh agus ar Chomhairle Contae Mhuineacháin (CB Mhuineacháin). Toghadh an Comhairleoir Sheamus Greene as FODC mar Chathaoirleach don bhliain. Tá an grúpa ag obair le chéile chun limistéar Shliabh Beatha a fhorbairt agus tá maoiniú á lorg acu faoi láthair chun an limistéar a fhorbairt mar cheann scríbe Éiceathurasóireachta.

### Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte

Cuireadh oibreacha i gcrích ar Fheabhsuithe Sráid-dreacha ar Shráid an Mhargaidh agus ar Shráid na Páirce. Is comhthionscadal a bhí anseo idir Comhairle Contae Mhuineacháin agus na Bailte Slachtmhara.

| | |
|---|---|
| Costas Iomlán an Tionscadail: | €166,950 |
| Cúnamh Deontais: | €136,635 |
| Cistiú Meaitseála: | €30,315 |

Rinne na húinéirí réadmhaoine cistiú meaitseála le forlíonadh de €3,075 ón gCeantar Bardasach.

### Bóithre

### Clár Feabhsúcháin Athchóirithe Bóithre 2024

Cuireadh tús le hoibreacha draenála sa cheantar i mí Feabhra. Rinneadh 5.8km de Bhóithre Áitiúla agus 2.5km de Bhóithre Réigiúnacha ar an iomlán a dhraenáil agus a athdhromchlú faoin gclár Athchóirithe Bóithre 2024.

### Clár um Chothabháil Athchóirithe

Rinneadh cóiriú dromchla ar 32km de bhóithre áitiúla agus 1.8km de bhóithre réigiúnacha ar an iomlán faoin gclár um Chothabháil Athchóirithe 2024.

### Cothabháil Ghinearálta ar Bhóithre

Deisíodh 6 sciorradh ciumhaise ar bhóithre áitiúla.
Deisíodh an damáiste do roinnt uchtbhallaí droichid.
Bearradh an féar ar thaobhanna Bóithre Náisiúnta faoi dhó in 2024, ina measc bruscar agus buachalán a bhaint.
Cuireadh oibreacha gearrtha crann i gcrích ar bhóithre náisiúnta freisin.

Chríochnaigh an Ceantar Bardasach clár oibreacha gearrtha fálta ar mhaoin faoi úinéireacht na Comhairle agus in áiteanna straitéiseacha laistigh den cheantar mar chuid de shábháilteacht ar bhóithre.

Chríochnaigh an Ceantar Bardasach conradh Bóithre (paisteáil mhór) ar bhóithre réigiúnacha agus áitiúla.

Rinneadh oibreacha athsholáthair cosáin i roinnt limistéar laistigh den cheantar.
Críochnaíodh oibreacha marcála bóithre ar bhóithre réigiúnacha agus áitiúla laistigh den cheantar.
Cuireadh oibreacha draenála i gcrích ar bhóithre réigiúnacha agus áitiúla i rith na bliana.

Cuireadh tús leis an gclár Cothabhála Geimhridh ar an 14 Deireadh Fómhair 2024 agus leanfaidh sé ar aghaidh go dtí deireadh mhí Aibreáin 2025.

### Straitéis Miondíola don Bhaile / Cheantar – Foireann an Bhaile

Lean Ceantar Bardasach Mhuineacháin mar chuid d'Fhoireann an Bhaile ag tacú leis an mbaile contae agus á chur chun cinn.

### Dearbhán Bhaile Mhuineacháin

Bhain Dearbhán Bhaile Mhuineacháin dhá éacht mhóra amach in 2024:

Pointe díolachán €10 milliún i mí na Nollag 2024 ó bunaíodh é in 2016.

Os cionn €2,000,000 díolachán i mbliain amháin.

Líon iomlán na ndíolachán in 2024: €2,051,400

Chuir an Ceantar Bardasach tús leis an soláthar chun réiteach digiteach a fháil ar an dearbhán páipéir atá ann faoi láthair agus rinneadh luacháil ar na tairiscintí don chéad chéim. Tógfaidh an próiseas iomlán tairisceana 4-5 mhí, agus táthar ag súil le réiteach faoi R2, 2025.

Lean Foireann Baile Mhuineacháin/Ceantar Bardasach Mhuineacháin ag cur na siopaí, na ngnólachtaí agus na hionaid fáilteachais a ghlacann leis na dearbháin chun cinn trí na meáin shóisialta, fógraíocht raidió agus imeachtaí go háitiúil.

## Feachtais Bholscaireachta sa Bhaile

Is cruinniú d'úinéirí gnó áitiúla, ionadaithe grúpaí pobail, comhordaitheoir arna mhaoiniú ag Comhairle Contae Mhuineacháin, agus ionadaí ó Cheantar Bardasach Mhuineacháin atá i bhFoireann Baile Mhuineacháin. Is é príomhaidhm na meithle líon na gcustaiméirí a fheabhsú, borradh a chur faoi ghníomhaíochtaí gnó, agus spiorad pobail a chothú i Muineachán.

Ina theannta sin, oibríonn Foireann Baile Mhuineacháin i gcomhar le Comhairle Contae Mhuineacháin agus le comhpháirtithe eile ar thionscadail athghiniúna faoi stiúir na hoidhreachta amhail 'Ag Athshamhlú Mhuineacháin', tionscnamh arb é is aidhm dó plean cuimsitheach a fhorbairt le haghaidh athbheochan an bhaile.

Ba thréimhse thábhachtach 2024 dár mbaile, tréimhse a raibh a lán féilte ar siúl agus tráth ar tháinig méadú mór ar líon na dturasóirí. Bhí ról ríthábhachtach ag na himeachtaí sin chun borradh a chur faoin turasóireacht áitiúil, geilleagar an bhaile a fheabhsú, agus an rannpháirtíocht chultúrtha a chur chun cinn. Bhí siad seo a leanas i measc na bhféilte:

Bhí Rás Bád Bréagáin ar an Abhainn de chuid Mhuireann ar siúl ar an Satharn, 15 Meitheamh. Bhí os cionn 100 leanbh rannpháirteach agus bhí teaghlaigh an-sásta leis an ócáid.

Bhí an chéad Fhéile Mhuisiriúin riamh do Bhaile Mhuineacháin ar siúl ar an 28 Meán Fómhair. D'éirigh go maith leis an bhféile sa chéad bhliain, agus pleananna ann cur léi amach anseo.

Maoiníodh an ócáid trí Éire Ildánach, Muisiriúin Mhuineacháin agus Turasóireacht Mhuineacháin trí dheontas Agra-Thurasóireachta agus fuair sí tacaíocht ó Cheantar Bardasach Muineacháin.




D'eagraigh Coiste na Féile Bia Sráide ina gcuimsítear comhaltaí den Fhoireann Baile, agus foireann an Cheantair Bhardasaigh, Féile Bia Sráide a d'éirigh thar cionn léi, ar an 24 Lúnasa, agus d'fhreastail thart ar 5,000 duine ar an ócáid.



**Féile Bia Sráide Mhuineacháin 24 Lúnasa 2024**

Chuir an Ceantar Bardasach tacaíocht mhaoinithe ar fáil d'Fhéile Dracula a bhí ar siúl ar an deireadh seachtaine fada i mí Dheireadh Fómhair, i gCearnóg na hEaglaise. D'éirigh go maith leis an ócáid in ainneoin na drochaimsire. Tús maith a bhí ann chun an fhéile a fhorbairt amach anseo. Tá sé i gceist go bhféadfadh lucht leanúna Dracula ar fud na cruinne tarraingt ar an ócáid seo agus Muineachán a chur ar an léarscáil i ngeall ar ár nasc speisialta.

Bhí ócáid an-rathúil ag coiste Chairde Pháirc Ros Mór 'Taibhsí Pháirc Foraoise Ros Mór' ar an Aoine an 25 agus ar an Satharn an 26 Deireadh Fómhair agus d'fhreastail slua mór ar an dá oíche agus bhíothas an-sásta leis.

Chuaigh Féile Bia Sráide na Nollag agus Féile Phluais na Nollag i dteannta a chéile chun deireadh seachtaine imeachtaí a chur ar fáil i mbaile Mhuineacháin ar an Satharn an 14 agus an Domhnach an 15 Nollaig. Bhí an-

bheocht ag baint leis na himeachtaí sa phlás nua i gCearnóg na hEaglaise agus i limistéar an Diamaint.

Sheol an Fhoireann Baile físeán ar na meáin shóisialta inar cuireadh an baile agus 'Siopadóireacht go hÁitiúil' chun cinn i gcomhair na Nollag.

Bhí imeacht an-rathúil ag Ceantar Bardasach Mhuineacháin in éineacht leis an gCoiste chun Soilse na Nollag a Lasadh ar an Domhnach, an 7 Samhain. Chuir an Ceantar Bardasach na soilse Nollag agus an crann Nollag ar fáil do bhaile Mhuineacháin agus rinne iad a bhainistiú.



**Imeacht - Lasadh Shoilse na Nollag**

D'eagraigh Coiste Fhéile Oriel scoth na n-imeachtaí le haghaidh Fhéile Oriel 2024 a bhí ar siúl ón 3-6 Bealtaine. Chuir an Ceantar Bardasach urraíocht ar fáil don ócáid.




**Féile Oriel Bealtaine 2024**



# Ceantar Bardasach Charraig Mhachaire Rois-Bhaile na Lorgan

## Bonneagar Bóthair

***Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla:***

In 2024, bhainistigh an Ceantar Bardasach (CB) infheistíocht €4.5 milliún sa líonra Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla. Neartaíodh 14km den ghréasán bóithre neamhnáisiúnta faoin gClár Feabhsaithe Athchóirithe agus rinneadh 28km eile a athshéalú faoin gClár um Chothabháil Athchóirithe.

Leis an gClár um Oiriúnú don Athrú Aeráide agus d'Oibreacha Athléimneachta 2024 bhí soláthar le haghaidh Chéim 2 de na hoibreacha maolaithe tuilte a chur i gcrích ar an LP3720 ag Eanach Dromainne agus fuarthas maoiniú faoi Oibreacha Feabhsúcháin Sábháilteachta 2024 ar chlár Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla lena rabhthas in ann bearta feabhsúcháin sábháilteachta a chur i bhfeidhm ag ceithre áit laistigh den Cheantar.

Bhí soláthar freisin leis an airgead a fuarthas faoin Iar-Dheontas Náisiúnta Athshlánúcháin Bóithre oibreacha athdhromchlaithe agus draenála a dhéanamh ar Shráid Eabhraic/Bóthar Bhaile Átha Cliath i mBaile na Lorgan.

***Taisteal Gníomhach:***

Lean an Ceantar Bardasach ag obair go dlúth leis an Aonad Taistil Ghníomhaigh i rith 2024. Tá sé scéim ar siúl sa Cheantar faoi láthair, le luach comhcheangailte de €530,000.

## Ár Láir Bailte agus Sráidbhailte a Athnuachan

Bhí baint ghníomhach ag an gCeantar Bardasach le hinfheistíocht saoráidí i rith 2024.

***C: TEK 2:***

I gCarraig Mhachaire Rois, osclaíodh an Mol Fiontraíochta Comhoibre C:TEK 2 go hoifigiúil ag tús mhí na Samhna agus tá sé ar fad in úsáid anois.

Ar chostas iomlán €5 mhilliún, chuir an Mol spás oibre ar fáil do ghnólachtaí nuathionscanta, ag athlonnú fiontar agus comhoibrithe atá ag iarraidh lonnú i mBaile Charraig Mhachaire Rois.



C: TEK 2 - Mol Fiontraíochta Comhoibre Nua, Carraig Mhachaire Rois

***Mol Pobail, Turasóireachta agus Ealaíon ag Teach na mBocht Charraig Mhachaire Rois:***

Tá sé beartaithe ag Comhairle Contae Mhuineacháin, i gcomhpháirtíocht le Grúpa Forbartha Pobail Fhearnaí (FCDG), láithreán Theach na mBocht Charraig Mhachaire Rois a athchóiriú go hiomlán.

Fostaíodh foireann deartha ildisciplíneach i mí na Bealtaine 2024 chun pleananna agus costálacha mionsonraithe a dhéanamh le haghaidh athchóiriú agus athfhorbairt a dhéanamh ar na foirgnimh fholmha chúil, mar aon le Mol Pobail ilchuspóireach a sholáthar. Samhlaítear go gcuirfear iarratas pleanála Chuid 8 don tionscadal isteach in R2 2025.



Teach na mBocht, Carraig Mhachaire Rois

Leis an maoiniú a fuarthas faoin Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte beifear in ann plean réidh le tógáil a fhorbairt chun athfhorbairt a dhéanamh ar fhoirgneamh *The Bridewell* i mBaile Charraig Mhachaire Rois

## Ag Infheistiú inár Spásanna Poiblí

***Feabhsuithe ar an Réimse Poiblí, ar an Oidhreacht agus ar Thaitneamhachtaí do limistéir Chroí an***

***tSráidbhaile agus Spás Naomh Muire i Sráidbhaile Inis Caoin:***

In 2023, d'fhostaigh an Feidhmeannas comhairleoirí chun an scéim a thabhairt ar aghaidh go dtí céim na tairisceana tógála. Tá an scéim ag Céim an Deartha faoi láthair. Táthar ag súil go dtosófar ar na hoibreacha in R2 2025.




Plean Spásúlachta Réimse Poiblí Inis Caoin

***Máistirphlean Tírdhreacha do Thailte an Chlochair:***
Ag obair dó i ndlúthchomhar le Foireann Athnuachana Baile na Comhairle, d'fhorbair an Ceantar Bardasach máistirphlean tírdhreacha coincheapa do limistéar Thailte an Chlochair ó dheas de Lár Baile Charraig Mhachaire Rois.

Tá téarmaí tagartha an Mháistirphlean atá beartaithe dírithe ar naisc shiúil agus rothaíochta níos fearr a sholáthar le lár an bhaile, freastal ar an síneadh a d'fhéadfaí a chur ar Mheánscoil Lughaidh agus infheistíochtaí a rinneadh le déanaí a chomhdhlúthú i saoráidí spóirt.



Limistéar staidéir, Máistirphlean Tírdhreacha do Thailte an Chlochair

Is gníomhaíocht í forbairt agus cur i bhfeidhm an Mháistirphlean atá leagtha amach i bPlean Lár Bailte ar dTús Charraig Mhachaire Rois, a d'fhorbair an Fhoireann Baile áitiúil, agus a foilsíodh in 2024.

## Saoráidí Áineasa Allamuigh a Fhorbairt

In 2024, chuir an Ceantar Bardasach forbairt agus uasghrádú na saoráidí slatiascaireachta agus seoltóireachta i gcrích ag Loch Nagarnaman agus Loch Rahans araon.



Caladh agus sleamhnán nua ag Loch Rahans



Uasghrádú ar an gcaladh agus ar an gcarrchlós ag Loch Nagarnaman

Leis an maoiniú a fuarthas faoin Scéim um Bonneagar Caithimh Aimsire Lasmuigh (ORIS) in 2024 beifear in ann leanúint den fhorbairt ar áiseanna caithimh aimsire faoin spéir sa Cheantar Bardasach. I measc na dtionscadal atá idir lámha faoi láthair tá siad seo a leanas:

- Máistirphlean Áineasa á fhorbairt do Loch Creevy.
- Lúb siúlóide aonair 7.9km á fhorbairt amach ó phríomhrian siúlóide Shlí Mhuineacháin ag Mullaigh Aise.
- Spás céadfaí faoin aer á dhéanamh os comhair an chlóis súgartha atá ann cheana féin i bPáirc Loch Mucnú

Maoiniú faighte faoi TVRS chun Máistirphlean do Spás Glas a fhorbairt do Limistéar Chnoc na Croiche i mBaile Charraig Mhachaire Rois. Soláthrófar leis an bPlean creat beart chun spás glas agus limistéar

taitneamhachta poiblí nua, inúsáidte, ardchaighdeáin agus inrochtana a chur ar fáil don taobh ó thuaidh den bhaile.

## Bearta Pobail

Lean an Ceantar Bardasach ag obair go dlúth le pobail chun díriú níos fearr ar infheistíocht agus chun an timpeallacht thógtha a fheabhsú.

I mí an Mhárta 2024, ceapadh comhairleoirí chun forbairt Plean Athghiniúna ardleibhéil a bhrú chun cinn le haghaidh cúlthailte amach ó cheann thiar thuaidh na príomhshráide, i mBaile na Lorgan. Cuimsítear leis an bPlean atá beartaithe limistéar thart ar 4.5 heicteár, agus an Phríomhshráid, an tSráid Thiar, Sráid Mhucnú agus Bóthar Mhic Craith timpeall air, agus é mar aidhm creat a sholáthar chun réadmhaoin tailte cúil a chur i mbun feidhme, agus treoir á tabhairt maidir le húsáidí inmharthana, dlúis, leagan amach, agus dearadh.



**Tailte cúil ar an taobh thiar thuaidh den Phríomhshráid, Baile na Lorgan**

Seoladh Plean Lár Bailte ar dTús Charraig Mhachaire Rois i mí an Mhárta 2024 freisin. Is í an Fhoireann Baile nuabhunaithe a d'fhorbair an plean, le tacaíocht ó Chomhairle Contae Mhuineacháin, agus léirítear sa Phlean fís an phobail d'fhorbairt inbhuanaithe an Bhaile amach anseo.

I mBaile na Lorgan, tá an Fhoireann Baile ag díriú ar na hearnálacha gnó agus pobail. Buaileann an Fhoireann le Feidhmeannacht an Cheantair Bhardasaigh go míosúil agus stiúrann sí tionscnaimh cosúil leis an deireadh seachtaine Filleadh ar Bhaile na Lorgan, an Scéim Dearbhán Baile agus Lasadh Shoilse na Nollag.

Bailte Slachtmhara - Tacaíonn an Ceantar Bardasach leis na grúpaí seo trí ranníocaíochtaí bliantúla agus cúnamh lóistíochta i rith na bliana. In 2024, bronnadh an Buaiteoir Náisiúnta ar Bhaile Slachtmhara Charraig Mhachaire Rois faoin gCatagóir Plean Lár Bailte ar dTús.

## Tionscnaimh Turasóireachta

Lean an Ceantar Bardasach ag obair i ndlúthchomhar leis an Oifigeach Turasóireachta in 2024, chun infheistíocht a threorú sna táirgí turasóireachta éagsúla inár gCeantar. Leis an maoiniú a fuarthas faoi ORIS bhíothas in ann feabhas a chur ar áiseanna caithimh aimsire agus ar rianta siúil ar an Oileán Dubh, Loch Mucnú. Tá an scéim á tógáil faoi láthair agus tá sé beartaithe í a thabhairt chun críche in R2 2025.

# Soláthar Corparáideach

## Léargas Ginearálta

Go luath in 2023 sheol an Oifig um Sholáthar Rialtais nuashonrú ar an tairseach eTenders, bhí gá le hathshtruchtúrú ar an gcaoi a n-úsáidfeadh agus a n-oibreodh Comhairle Contae Mhuineacháin an tairseach. Tá seoladh na tairsí nua eTenders ailínithe leis an gcinneadh ón mBainistíocht Shinsearach Aonad Soláthair láraithe a chur i bhfeidhm chun gníomhaíochtaí soláthair a bhainistiú agus cur chuige comhsheasmhach i leith soláthair a chinntiú ar fud na comhairle.

Bhí gníomhaíocht soláthair na Comhairle in 2024 mórán mar an gcéanna le 2023. In 2024, d'fhoilsigh an tAonad Soláthair 69 comórtas san iomlán (Glao ar Thairiscintí (CfT)) ag baint úsáid as ríomhthairiscintí (eTenders), agus 54 tairiscint tríd an ardán www.supplygov.ie, agus trí cinn ag úsáid shocruithe na hOifige um Sholáthar Rialtais.

B'fhiú os cionn thairseacha soláthair an AE cúig cinn de na comórtais a fógraíodh ar eTenders (i.e. €5,538,000 i gcomhair oibreacha nó €221,000 i gcomhair earraí nó seirbhísí). Baineadh úsáid níos mó as an tairseach SuppyGov in 2004 agus tháinig méadú ar an líon comórtas ó ocht gcinn déag go dtí caoga is a ceathair le beartais an rialtais úsáid a bhaint as Socruithe Soláthair ón Lár.

## Nósanna Imeachta Soláthair

Rinneadh Nósanna Imeachta Soláthair Athbhreithniú 7.0 de chuid na Comhairle a nuashonrú i Meitheamh 2024, ag cur san áireamh tairsí nuashonraithe an AE do sholáthar agus athrú struchtúrtha pearsanra soláthair laistigh de na ranna.

Cinntíonn na nósanna imeachta go ndéantar soláthar de réir riachtanais na hEarnála Poiblí, an Oifig um Sholáthar Rialtais, Treoracha ón AE agus Treoirlínte Náisiúnta.

Tá treoir céim ar chéim ar na nósanna imeachta Soláthair agus foirmeacha gaolmhara ar fáil ar SharePoint na Comhairle, le húsáid ag gach ball foirne.

I mí Meithimh 2024 d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí 'Ciorclán 09-2024 - Ag Tuairisciú ar Úsáid na

Socruithe Soláthair ón Lár'. Leagtar amach sa chiorclán sin na ceanglais atá ann tuairisc a thabhairt ar an úsáid a bhaintear as Socruithe Soláthair ón Lár (CPA), i gcomhair Earraí agus Seirbhísí ar fiú os cionn €143,000 iad. I gcás ina bhfuil CPA ar fáil agus nach n-úsáideann an tÚdarás Áitiúil é tá gá ann míniú agus cúiseanna a thabhairt nach bhfuiltear ag úsáid na Socruithe.

## An Fhoireann Soláthair

Líonadh ról an Oifigigh Soláthair go luath in 2023 agus bunaíodh aonad Soláthair láraithe
ina raibh triúr ball foirne.

Is ann don aonad sin le treoir agus tacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí soláthair agus iad a chur chun cinn ar fud an Údaráis Áitiúil, chun a chinntiú go gcloíonn earraí, seirbhísí agus oibreacha leis an reachtaíocht agus na treoirlínte ábhartha go léir agus riosca a bhainistiú agus luach ar airgead a bhaint amach ag an am céanna.

Déanann an tAonad Soláthair gach tairiscint/meastachán thar luach €25,000 a uaslódáil thar ceann na Comhairle, rud a chruthaíonn rian iniúchta iomlán agus cur chuige comhsheasmhach agus soiléir maidir le soláthar Chomhairle Contae Mhuineacháin.

## Cód Caiteachais Phoiblí

D'eisigh an Chomhairle Tuarascáil Ráthú Caighdeáin do NOAC i mí Lúnasa 2024, chun comhlíonadh a dhearbhú leis an gCód Caiteachais Phoiblí (PSC).

Áiríodh sa tuarascáil fardal de na tionscadail/clár ar fad a chosain níos mó ná €0.5m, ag idirdhealú idir caiteachas caipitil agus reatha agus a chatagóiriú de réir caiteachais a bhí á mheas, caiteachas á thabhú, agus caiteachas a tháinig chun críche le déanaí.

Éilíonn an Cód Caiteachais Phoiblí ar an Údarás Áitiúil soláthairtí a fhoilsiú le luach níos mó ná €10 milliún agus seicliosta féin-mheasúnaithe a chur isteach.

## Scéim Foilsitheoireachta Saorála Faisnéise

Tá an Chomhairle faoi oibleagáid tuairisc a thabhairt gach ráithe ar chonarthaí poiblí (tairiscintí), don Scéim Foilsitheoireachta Shamplach, atá mar chuid den chóras Saorála Faisnéise.

Baineann an foilsiú seo le gach conradh oibreacha poiblí/soláthairtí/seirbhísí a bhfuil luach os cionn €25,000 ag gabháil leo. Go dtí seo, thug gach Rannóg cúnamh chun na conarthaí a bronnadh in 2024 a chur i dtoll a chéile agus tá an t-eolas seo foilsithe anois ar shuíomh gréasáin na Comhairle agus is féidir é a fheiceáil ar an nasc seo a leanas:

https://monaghan.ie/corporateservices/model-publication-scheme-contracts-awarded/

## An Oifig um Sholáthar Rialtais

Shínigh an Chomhairle 'Meabhrán Tuisceana' leis an Oifig um Sholáthar Rialtais, a leagann amach na prionsabail a rialaíonn an caidreamh soláthair idir an dá pháirtí.

Aithníonn an socrú go bhfuil an Chomhairle agus an Oifig um Sholáthar Rialtais i gcomhpháirtíocht atá dírithe ar sheirbhísí éifeachtacha agus feiliúnacha soláthair agus luach ar airgead a chur ar fáil, chun cabhrú leis an údarás áitiúil riachtanais soláthair seirbhíse a bhaint amach.

Leanann an Chomhairle le leas a bhaint as creataí na hOifige um Sholáthar Rialtais do gach próiseas soláthair, nuair is féidir.

## Soláthar Glas

Éilíonn Soláthar Poiblí Glas, GPP, athruithe ar nósanna imeachta agus ar iompar ar fud eagraíochta.

Bíodh is go bhfuil gné ann de 'foghlaim trí thabhairt faoi', cabhraíonn pleanáil leis na rioscaí a bhaineann le Soláthar Glas a theorannú. Leanann an tAonad Soláthair ag rianú na húsáide a bhaintear as gnéithe den Soláthar Glas i ngach comórtas soláthair agus ag cinntiú go bhfuiltear ag cloí leis an gcleachtas is fearr.

# Coistí um Beartais Straitéiseacha

Tá sé mar ról ag Coistí um Beartais Straitéiseacha moltaí beartais a dhéanamh, cur i bhfeidhm beartais a mheas agus a thuairisciú a bheidh le meas; coistí lárnacha beartais a chur ar fáil chun tairbhe a bhaint as comhlachtaí seachtracha chun an beartas a dhéanamh.

Níl na coistí deartha chun plé le gnáthábhair oibríochtúla maidir le seirbhísí a chur ar fáil.

Baineann na Coistí um Beartais Straitéiseacha le baill thofa de Chomhairle Contae Mhuineacháin agus daoine eile atá ainmnithe ag / nó ionadaithe ó earnálacha ábhartha d'obair Choiste um Beartais Straitéiseacha.

Tá ceithre Choiste um Beartais Straitéiseacha (SPCanna) ag Comhairle Contae Mhuineacháin:

SPC 1 - Tithíocht, Sóisialta agus Cultúrtha

SPC 2 - Pobal & Iompar

SPC 3 - Pleanáil agus Forbairt Gheilleagrach

SPC 4 - Gníomhú ar son na hAeráide & Seirbhísí Comhshaoil

## Tuarascáil ar Ghníomhaíochtaí na gCoistí um Beartais Straitéiseacha le linn 2024

**SPC Tithíochta, Sóisialta agus Cultúrtha**

*(Reáchtáladh 2 chruinniú in 2024) (Feabh & Aib) (Ní reáchtáladh aon chruinnithe eile mar gheall ar na Toghcháin Áitiúla i Meith. 2024)*

Fuair an SPC cuir i láthair ar na topaicí seo a leanas:
- Straitéis Forbartha Ealaíon 2024 -2030
- Clár Cóiríochta don Lucht Siúil 2025-2029
- Scéim Tosaíochtaí le haghaidh Láithreáin Seirbhíse
- Straitéis um Thithíocht do Dhaoine faoi Mhíchumas
- Lucht Fágála Cúraim Tithíochta
- Caighdeáin/ Cigireachtaí Cíosa Phríobháidigh
- Scéim Cíosa Dhifreálach
- Clár Éire Ildánach
- Dul Chun Cinn an Champais Síochána
- Tionscadal Leanaí

**SPC Pobail agus Iompair**

*(Reáchtáladh 2 chruinniú in 2024)*

Fuair na baill cuir i láthair ar:
- Beartas Moillithe Tráchta Bóithre Poiblí sa Réimse Uirbeach de chuid Chomhairle Contae Mhuineacháin
- Cur i láthair ar an athbhreithniú ar theorainneacha luais
- Plean Gníomhaíochta Torainn Chomhairle Contae Mhuineacháin
- Bealaí Glasa/ Bóithre Ciúine
- Mar a láimhseáiltear Trasrianta Síogacha
- Foireann Comhtháthaithe Údarás Áitiúil Mhuineacháin

Fuair na baill nuashonruithe mionsonraithe freisin maidir le tograí éagsúla Bóthair agus Pobail.

**Coiste um Beartais Straitéiseacha - Pleanáil agus Forbairt Gheilleagrach**

*(Reáchtáladh 1 chruinniú amháin in 2024)*

Bhí 1 chruinniú amháin ar siúl i mí Eanáir 2024, ní raibh aon chóram ann don Chruinniú i mí Aibreáin agus bhí na Toghcháin Áitiúla agus na hOlltoghcháin ar siúl i mí an Mheithimh agus na Samhna 2024.

Scaipeadh Téarmaí Tagartha nua maidir leis an Dréacht-Fhóram Turasóireachta agus Caitheamh Aimsire lena mbreithniú.

Dréachtaíodh Plean Lár Bailte ar dTús Charraig Mhachaire Rois agus é le cur i láthair ag an gCruinniú den Cheantar Bardasach atá ar na bacáin i gcomhair athbhreithniú. Glacadh le Beartas maidir le Láithreáin Thréigthe, agus tugadh an scéal is déanaí maidir le Scéim Deontais Croí Cónaithe agus an líon iarratas a fuarthas agus a ceadaíodh.

**An coiste um Beartais Straitéiseacha um Ghníomhú ar son na hAeráide & Seirbhísí Timpeallachta**

*(Reáchtáladh 2 chruinniú in 2024)*

Cuireadh srian 2 chruinniú ar SPC um Ghníomhú ar son na hAeráide agus Comhshaoil a bhí ar siúl in 2024 i ngeall ar na toghcháin áitiúla agus náisiúnta a bhí ar siúl ar an 7 Meitheamh agus 29 Samhain 2024 faoi seach.

D'fhág na toghcháin nár cuireadh tús leis na Coistí nua le haghaidh 2024 - 2029 go dtí tús na bliana 2025.

In 2024, rinneadh cuir i láthair do na baill ar raon leathan topaicí. Rinne Gill McCann, Ceann Gnóthaí Rialála, Re-turn cur i láthair cuimsitheach do na baill ar "Scéim nua Éarlaise agus Aisíoca na hÉireann".


Ina theannta sin, thug an fhoireann Gníomhaithe ar son na hAeráide an t-eolas is deireanaí do na baill maidir leis an Dréachtphlean Gníomhaithe ar son na hAeráide de chuid an Údaráis Áitiúil a ghlacadh agus a fhoilsiú, agus maidir leis an bhforbhreathnú ar chéim chur i bhfeidhm an Phlean.

I measc na gcur i láthair eile do na baill bhí:

- RMCEI
- Tionscadal Téarnaimh Loch Mucnú
- Clár um Ghníomhú an Phobail ar son na hAeráide

Cuireadh na príomhghníomhaíochtaí lena raibh baint ag an gComhairle i gcónaí le linn 2024 in iúl do na baill freisin.

## Ionadaíocht Comhairleoirí ar Choistí Seachtracha agus Comhairle



# Strategic Policy Committees

## SPC for Housing, Social and Cultural

- Cllr. Colm Carthy, Chair
- Cllr. Aidan Campbell
- Cllr. PJ O'Hanlon
- Cllr. Sinead Flynn
- Cllr. Paul Gibbons
- Cllr. Alan Johnston

## SPC for Economic Development and Enterprise Support

- Cllr. Sean Gilliland, Chair
- Cllr. Pat Treanor
- Cllr. Colm Carthy
- Cllr. Niamh McCooey
- Cllr. P.J. O'Hanlon
- Cllr. Peter Conlon

## SPC for Transport and Community

- Cllr. Raymond Aughey, Chair
- Cllr. Seán Conlon
- Cllr. Bronagh McAree
- Cllr. Noel Keelan
- Cllr. Pauric Clerkin
- Cllr. Alan Johnston

## SPC for Climate Action and Environment

- Cllr. Richard Truell, Chair
- Cllr. Raymond Aughey
- Cllr. Noel Keelan
- Cllr. Sinead Flynn
- Cllr. Bronagh McAree
- Cllr. Pauric Clerkin

## SPC for Tourism, Rural and Community Development; An Ghaeilge & Cultural

- Cllr. Seán Conlon, Chair
- Cllr. Pat Treanor
- Cllr. Niamh McCooey
- Cllr. Paul Gibbons
- Cllr. Raymond Aughey
- Cllr. Aidan Campbell

**Local Community Development Committee**

- Cllr. Seamus Coyle
- Cllr. Paul Gibbons
- Cllr. Pauric Clerkin

**Audit Committee**

- Cllr. Raymond Aughey
- Cllr. Paul Gibbons

**Standing Orders & Procedures Committee**

- Cathaoirleach of the day
- Cllr. Peter Conlon
- Cllr. Alan Johnston
- Cllr. Seán Conlon
- Cllr. Sinead Flynn
- Cllr. Raymond Aughey
- Cllr. Niamh McCooey

**Appointment of members to witness the affixing of the Official Seal**

All Members of Monaghan County Council appointed to witness the affixing of the Official Seal.

| Committee | Members |
| --- | --- |
| Local Steering Group for the Use of Irish in Monaghan County Council (Coiste Gaeilge) | Cllr. Pat Treanor<br>Cllr. Richard Truell<br>Cllr. Seamus Coyle<br>Cllr. Aidan Campbell<br>Cllr. Niamh McCooey |
| Local Improvements Scheme Committee | Cllr. Aidan Campbell<br>Cllr. P.J. O' Hanlon<br>Cllr. Bronagh McAree<br>Cllr. Noel Keelan<br>Cllr. Sean Gilliland |
| Local Monitoring Committee (Rural Water Programme) | Cllr. Paul Gibbons<br>Cllr. Aidan Campbell<br>Cllr. P.J. O'Hanlon<br>Cllr. Noel Keelan |
| Speed Limits Committee | Cllr. Raymond Aughey<br>Cllr. Colm Carthy<br>Cllr. Peter Conlon<br>Cllr. Alan Johnston<br>Cllr. Sinead Flynn<br>Cllr. P.J. O'Hanlon |
| County Monaghan Heritage Forum | Cllr. Peter Conlon<br>Cllr. Bronagh McAree<br>Cllr. Seán Conlon<br>Cllr. Seamus Coyle |
| Road Safety Committee | Cllr.Seán Conlon |
| Museum Advisory Committee | Cllr. Paul Gibbons<br>Cllr. Raymond Aughey<br>Cllr. Alan Johnston<br>Cllr. Pauric Clerkin |
| Monaghan Local Sports Partnership Board | Cllr. Colm Carthy |
| Local Traveller Accommodation Consultative Committee | Cllr. Pauric Clerkin<br>Cllr. Niamh McCooey<br>Cllr. Seamus Coyle<br>Cllr. Seamus Treanor |
| Monaghan Leisure Complex Management Committee | Cllr. Pauric Clerkin<br>Cllr. Sean Conlon<br>Cllr. Raymond Aughey |
| Civic Offices Steering Group | Cllr. Bronagh McAree<br>Cllr. Seamus Treanor<br>Cllr. Raymond Aughey<br>Cllr. Seamus Coyle<br>Cllr. Alan Johnston<br>Cllr. Sean Gilliland<br>Cllr. Niamh McCooey |
| Muckno Development Committee | Cllr. Peter Conlon<br>Cllr. Aidan Campbell<br>Cllr. Paul Gibbons<br>Cllr. Noel Keelan<br>Cllr. Colm Carthy<br>Cllr. P.J. O' Hanlon<br>Cllr. Pat Treanor<br>Cllr. Pauric Clerkin |

| Committee | Members |
| --- | --- |
| A5/N2 Cross Border Committee | Cllr. Peter Conlon<br>Cllr. Seamus Treanor<br>Cllr. Noel Keelan<br>Cllr. PJ O'Hanlon |
| Peace Partnership Board | Cllr. Richard Truell<br>Cllr. Seamus Treanor<br>Cllr. Niamh McCooey<br>Cllr. Raymond Aughey<br>Cllr. Paul Gibbons |
| Twinning Committee | Cllr. Pauric Clerkin<br>Cllr. Aidan Campbell<br>Cllr. Sinead Flynn<br>Cllr. PJ O'Hanlon |
| East Border Region Members Forum | Cllr. P.J. O'Hanlon<br>Cllr. Peter Conlon<br>Cllr. Raymond Aughey<br>Cllr. Aidan Campbell<br>Cllr. Paul Gibbons<br>Cllr. Noel Keelan |
| Directors to the East Border Region Ltd | Cllr. Noel Keelan<br>Cllr. P. J. O'Hanlon<br>Cllr. Aidan Campbell |
| Board of the Garage Theatre | Cllr. Pauric Clerkin<br>Cllr. Bronagh McAree |
| Northern and Western Regional Assembly (NWRA) | Cllr. Seán Conlon<br>Cllr. Richard Truell |
| Management Board of ICBAN Ltd., (Irish Central Border Areas Network) | Cllr. Alan Johnston<br>Cllr. Pat Treanor<br>Cllr. Seamus Coyle |
| Clones Erne East Partnership | Cllr. Richard Truell<br>Cllr. Pat Treanor<br>Cllr. Sinead Flynn<br>Cllr. Seamus Coyle<br>Cllr. Sean Gilliland<br>Cllr. Pauric Clerkin |
| Association of Irish Local Government (AILG) | Cllr. Pat Treanor<br>Cllr. Noel Keelan<br>Cllr. Sean Gilliland |
| Regional Health Forum – Dublin and North East | Cllr. Seamus Coyle<br>Cllr. Bronagh McAree<br>Cllr. Alan Johnston |
| An Coiste Logainmneacha | Cllr. Pat Treanor<br>Cllr. Peter Conlon<br>Cllr. Seamus Coyle<br>Cllr. Bronagh McAree |
| Local Authority Members Association (LAMA) | Cllr. Sean Conlon |
| Cavan/Monaghan Education and Training Board | Cllr. Sinead Flynn<br>Cllr. Aidan Campbell<br>Cllr. Colm Carthy<br>Cllr. Alan Johnston<br>Cllr. Seamus Coyle |

| Committee | Members |
|---|---|
| North Eastern Regional Drugs and Alcohol Task Force | Cllr. Seamus Coyle |
| Connecting to Life Suicide Prevention Working Group | Cllr. Pauric Clerkin<br>Cllr. Bronagh McAree |
| Monaghan Tourism & Recreation Forum | Cllr. Peter Conlon<br>Cllr. Sean Conlon<br>Cllr. Raymond Aughey |
| Monaghan Walking & Cycling Forum | Cllr. Paul Gibbons<br>Cllr. Pauric Clerkin<br>Cllr. Seamus Coyle |
| Irish Public Bodies Mutual Insurances | Cllr. Richard Truell |
| Cavan/Monaghan Drugs & Alcohol Forum | Cllr. Niamh McCooey<br>Cllr. Richard Truell<br>Cllr. PJ O'Hanlon |
| Comhairle na nOg Steering Committee | Cllr. Pauric Clerkin |
| Monaghan Digital Steering Committee | Cllr. Colm Carthy<br>Cllr. Richard Truell |

# Comhdhálacha/Oiliúint ar ar Fhreastail Baill in 2024

| Údarás Cur Chun Cinn | Ábhar / Téama | Ionad | Dátaí | An Líon Ball a d'Fhreastail |
|---|---|---|---|---|
| Cumann Chomhaltaí na nÚdarás Áitiúil | Building for Success | Abbey Hotel Dún na nGall | 19 - 20 Eanáir 2024 | 6 |
| AILG | **"Seisiún Eolais do na Comhaltaí Tofa: Dearbhuithe Bliantúla, Tabhartais, Cód Iompair, agus an Scéal is Déanaí maidir leis an Lamháltas as Ionadaíocht Áitiúil"** | Luimneach | 26 & 27 Eanáir 2024 | 2 |
| Cumann Réigiún na hÉireann | Ag Díriú ar Réigiúin 2024 | Fitzgerald's Woodlands Luimneach | 7 & 8 Feabhra 2024 | 3 |
| AILG | *Comhairleoir an 21ú hAois i Rialtas Áitiúil na hÉireann agus Toghcháin Áitiúla 2024* | Arklow Bay Hotel, Co. Chill Mhantáin. | 14 & 15 Feabhra 2024 | 7 |
| AILG | Ullmhú do Thoghchán Áitiúil 2024 – Seisiún Eolais ón gCoimisiún Toghcháin | Chill Chainnigh | 21 Márta 2024 | 3 |
| AILG Modúil 2 | Ullmhú do Thoghchán Áitiúil 2024 – Seisiún Eolais ón gCoimisiún Toghcháin | Hodson, Baile Átha Luain | 23 Márta 2024 | 2 |
| **AILG** | Oiliúint Ionduchtúcháin Ghinearálta do Chomhaltaí Tofa AILG | Mullingar Park Hotel | 11 & 12 Iúil 2024 | 4 |
| AILG | ***Seimineár Oiliúna Fómhair AILG 2024*** | Hillgrove Hotel, Co. Mhuineacháin | 11 & 12 Meán Fómhair 2024 | 7 |
| AILG | **Modúil Oiliúna Mheán Fómhair:** *"Léargas Ginearálta ar an gCóras Pleanála" - arna sheachadadh ag OPR* | Bridge House Hotel, Tulach Mhór | 28 Meán Fómhair 2024 | 1 |
| Lama | Seimineár an Fhómhair | Newgrange Hotel san Uaimh | 17 & 18 Deireadh Fómhair 24 | 4 |
| Cácas Réigiúnach na mBan | | Sligo Park Hotel | 15 Deireadh Fómhair 2024 | 3 |
| IBP | Comhaltaí IBP Insurance | Mullingar Park Hotel | 4 Deireadh Fómhair 2024 | 1 |
| AILG | maidir le deontais uasghrádaithe fuinnimh baile de chuid SEAI | Baile Chláir na Gaillimhe | 16 Samhain 2024 | 1 |
| Comhdhálacha Ceilteacha | Teidlíochtaí na Seirbhíse Sláinte | Cloich na Coillte, Co. Chorcaí. | 13 - 15 Nollaig 2024 | 1 |

# Aguisín I Costais na gComhaltaí

| Íocaíochtaí le Comhaltaí Tofa Chomhairle Contae Mhuineacháin in 2024 ón 1 Eanáir - 31 Nollaig 2024 | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ainm an Chomhairleora | Íocaíocht Ionadaíochta / Tuarastal (Faoi réir ÍMAT etc.) | Liúntas Ionadaíochta Áitiúla (T&S, Deimhnithe agus Neamhdheimhnithe) | Cathaoirleach / Leas-Chathaoirleach / Cathaoirleach an Liúntais CB (Faoi réir ÍMAT etc.) | Liúntas Chathaoirleach an Choiste um Beartais Straitéiseacha (faoi réir ÍMAT etc.) | Taisteal & Cothabháil (Oiliúint, Comhdhálacha, Cruinnithe Trasteorann agus Eile) | Taisteal Thar Lear (Nascadh etc., Costas Eitiltí agus Speansais) | IOMLÁN ÍOCTHA |
| | | | | | | | |
| An Comh. Aidan Campbell | €29,877.56 | €7,959.37 | | | | €1,157.32 | €38,994.25 |
| An Comh. Aoife McCooey | €14,664.86 | €1,749.58 | €2,616.67 | | €1,500.00 | | €20,531.11 |
| An Comh. Brian McKenna | €14,661.41 | €1,698.33 | | | €1,667.25 | | €18,026.99 |
| An Comh. Cathy Bennett | €27,440.72 | €4,819.45 | €9,761.18 | | €927.27 | | €42,948.62 |
| An Comh. Colm Carthy | €29,877.56 | €9,119.41 | | €3,266.67 | €1,599.94 | | €43,863.58 |
| An Comh. David Maxwell | €27,440.72 | €5,736.09 | €13,349.14 | | €2,290.33 | €5,430.77 | €54,247.05 |
| An Comh. Hugh McElvaney | €14,664.86 | €2,239.74 | | | | | €16,904.60 |
| An Comh. Noel Keelan | €29,877.56 | €8,864.41 | | €2,616.87 | €1,098.39 | | €42,457.23 |
| An Comh. Pat Treanor | €29,877.56 | €7,265.85 | €1,744.42 | €2,616.67 | €799.09 | €421.92 | €42,725.51 |
| An Comh. Paudge Connolly | €14,664.86 | €2,818.28 | | | €4,459.78 | | €21,942.92 |
| An Comh. P.J. O'Hanlon | €29,877.56 | €6,564.41 | €3,266.67 | | €170.00 | | €39,878.64 |
| An Comh. Raymond Aughey | €29,877.56 | €4,512.70 | | €5,883.34 | | | €40,273.60 |
| An Comh. Richard Truell | €29,877.56 | €6,759.37 | €3,266.67 | €3,266.67 | €3,266.85 | | €46,437.12 |
| An Comh. Seamus Coyle | €29,877.56 | €6,761.32 | | | €330.00 | | €36,968.88 |
| An Comh. Seamus Treanor | €29,877.56 | €4,133.75 | | | | | €34,011.31 |
| An Comh. Sean Conlon | €29,877.56 | €6,064.66 | €3,266.67 | €3,266.67 | €2,950.26 | | €45,425.82 |
| An Comh. Sean Gilliland | €29,877.56 | €8,684.41 | €2,616.67 | €5,883.34 | | | €47,061.98 |
| An Comh. Peter Conlon | €29,877.56 | €8,408.76 | €2,177.76 | | €163.00 | | €40,627.08 |
| An Comh. Pauric Clerkin | €16,479.76 | €3,706.69 | | | | | €20,186.45 |
| An Comh. Sinéad FLYNN | €16,479.76 | €4,192.73 | | | €460.07 | | €21,132.56 |
| An Comh. Bronagh Mc Aree | €16,479.76 | €3,917.85 | | | €1,316.28 | | €21,713.89 |
| An Comh. Paul Gibbons | €16,479.76 | €4,428.32 | | | €393.17 | | €21,301.25 |
| | | | | | | | |
| Iomláin | €537,987.19 | €120,405.48 | €42,065.85 | €26,800.23 | €23,391.68 | €7,010.01 | €757,660.44 |

# Aguisín II Ráiteas Airgeadais 2024

**Ráiteas Airgeadais 2024**

**Achoimre ar Chaiteachas, Ioncam agus Iarmhéideanna**

Léiríonn an caiteachas sa Chuntas Caipitil de €58,317,848 an infheistíocht a rinne an Chomhairle chun bonneagar an Chontae a fheabhsú.

## Cuntas Caipitil

| Gníomhaíocht de réir an Ghrúpa Clár | 2024 Caiteachas | 2024 Ioncam | 2024 Glanchostas |
|---|---|---|---|
| Tithíocht & Foirgneamh | 35,058,962 | 33,468,534 | (1,590,428) |
| Iompar ar Bhóithre & Sábháilteacht | 7,968,733 | 6,830,681 | (1,138,052) |
| Seirbhísí Uisce | 205,117 | 22,521 | (182,596) |
| Bainistíocht Forbartha | 8,679,016 | 7,317,761 | (1,361,255) |
| Seirbhísí Comhshaoil | 2,100,236 | 1,982,419 | (117,817) |
| Áineasa agus Conláistí | 1,998,428 | 7,413,057 | 5,414,629 |
| Seirbhísí Ilchineálacha | 2,307,356 | 1,551,610 | (755,746) |
| **Caiteachas / Ioncam Iomlán** | **58,317,848** | **58,586,583** | **268,735** |

| | 2023 | 2024 |
|---|---|---|
| **Iarmhéid (Dochar) / Creidmheas an 1 Eanáir** | **6,118,312** | **(5,915,014)** |
| Caiteachas | 55,099,431 | 58,317,848 |
| Ioncam | 39,775,107 | 58,586,583 |
| Aistrithe go hIoncam | (1,244,402) | (881,566) |
| Aistrithe Glan ó Chuntas Ioncaim | 4,535,401 | 4,996,585 |
| **Iarmhéid (Dochar) / Creidmheas an 31 Nollaig** | **(5,915,014)** | **(1,531,260)** |

## Cuntas Ioncaim

| Gníomhaíocht de réir an Rannáin | 2024 Caiteachas | 2024 Ioncam | 2024 Glanchostas |
|---|---|---|---|
| Tithíocht & Foirgneamh | 14,280,911 | 16,463,497 | 2,182,586 |
| Iompar ar Bhóithre & Sábháilteacht | 29,787,332 | 22,392,055 | (7,395,277) |
| Seirbhísí Uisce | 8,205,332 | 7,689,534 | (515,798) |
| Bainistíocht Forbartha | 20,314,022 | 13,554,961 | (6,759,061) |
| Seirbhísí Comhshaoil | 9,071,590 | 2,398,254 | (6,673,336) |
| Áineasa agus Conláistí | 6,447,852 | 652,597 | (5,795,255) |
| Talmhaíocht, Oideachas, Sláinte & Leas | 587,615 | 425,841 | (161,774) |
| Seirbhísí Ilchineálacha | 6,065,910 | 6,764,477 | 698,567 |
| **Caiteachas / Ioncam Iomlán** | **94,760,563** | **70,341,217** | **(24,419,346)** |
| **Glanchostas na gClár le maoiniú ó Rátaí an Chontae agus Ciste Rialtais Áitiúil** | | | **(24,419,346)** |

| | € |
|---|---|
| Rátaí | 15,252,819 |
| Cáin Mhaoine Áitiúil | 13,225,238 |
| Barrachas / (Easnamh) don Bhliain | 4,058,711 |
| Aistrithe go Cúlchistí | (4,298,646) |
| Barrachas/ (Easnamh) Foriomlán | (239,934) |
| Iarmhéid (Dochar) / Creidmheas an 1 Eanáir | 531,313 |
| **Iarmhéid (Dochar) / Creidmheas an 31 Nollaig** | **291,378** |

## Cuntas Ioncaim

| **Cuntas Ioncaim agus Caiteachais** | | **2024** | | **2023** |
|---|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | | |
| Deontais agus Fóirdheontais an Stáit | 53,376,161 | 54.0% | 46,767,176 | 52.6% |
| Ranníocaíochtaí ó Údaráis Áitiúla eile | 574,329 | 0.6% | 296,708 | 0.3% |
| Earraí agus Seirbhísí | 16,390,727 | 16.6% | 15,441,827 | 17.4% |
| Cáin Mhaoine Áitiúil | 13,225,238 | 13.4% | 11,692,672 | 13.2% |
| Rátaí | 15,252,819 | 15.4% | 14,651,949 | 16.5% |
| **Ioncam Iomlán** | **98,819,274** | **100.0%** | **88,850,332** | **100.0%** |
| **Caiteachas** | | | | |
| Costais Phárolla | 34,885,834 | 36.8% | 30,923,924 | 36.3% |
| Costais Oibríochta | 46,487,579 | 49.1% | 43,345,111 | 50.9% |
| Costais Riaracháin | 4,355,447 | 4.6% | 3,287,982 | 3.9% |
| Costais Bhunaíochta | 1,817,244 | 1.9% | 1,729,119 | 2.0% |
| Costais Airgeadais | 6,075,880 | 6.4% | 4,754,667 | 5.6% |
| Ilchineálach | 1,138,580 | 1.2% | 1,035,357 | 1.2% |
| **Caiteachas Iomlán** | **94,760,563** | **100.0%** | **85,076,159** | **100.0%** |
| **Barrachas don Bhliain roimh Aistrithe** | **4,058,711** | | **3,774,173** | |
| Aistrithe go Cúlchistí | (4,298,646) | | (3,647,846) | |
| **Barrachas / (Easnamh) Foriomlán don Bhliain** | **(239,934)** | | **126,327** | |
| **Cúlchistí Ginearálta an 1 Eanáir** | **531,313** | | **404,986** | |
| **Cúlchistí Ginearálta an 31 Nollaig** | **291,378** | | **531,313** | |

## RÁITEAS FAOIN RIALÚ INMHEÁNACH AIRGEADAIS (SIFC)

**Réamhrá**

Tá mise, Robert Burns, Príomhfheidhmeannach (PF) Chomhairle Contae Mhuineacháin freagrach as an ráiteas airgeadais bliantúil (AFS), a d'ullmhaigh an Stiúrthóir Airgeadais, de réir an chóid chleachtais chuntasaíochta a d'eisigh an tAire faoi alt 107 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001.

Deimhním go bhfuil ráitis airgeadais Chomhairle Contae Mhuineacháin don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2024, ag teacht leis na leabhair chuntais agus gur ullmhaíodh iad de réir riachtanais chuntasaíochta an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

Tá an AFS faoi réir iniúchadh seachtrach, ag iniúchóir de chuid na Seirbhíse Iniúchóireachta Rialtais Áitiúil, arb é is cuspóir dó teacht ar thuairim neamhspleách ar na cuntais agus a rá cibé an léiríonn an ráiteas airgeadais bliantúil *staid airgeadais* an údaráis áitiúil agus a ioncam agus a chaiteachas *go cothrom* don tréimhse atá i gceist, agus an ndéantar idirbhearta an údaráis áitiúil faoina maítear go ndéantar iad.
Tuairiscíonn an AFS ar ghníomhaíochtaí laethúla Chomhairle Contae Mhuineacháin i bhfoirm an Ráitis ar Ioncam agus Caiteachas Cuimsitheach, achoimrithe de réir Rannáin. Tugann an Ráiteas ar Staid Airgeadais breac-chuntas ar staid airgeadais fhoriomlán Chomhairle Contae Mhuineacháin amhail an 31 Nollaig 2024.

Léiríonn an *Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach* caiteachas agus ioncam ar reáchtáil laethúil Chomhairle Contae Mhuineacháin.

Is iad seo a leanas na príomhfhoinsí ioncaim do Chomhairle Contae Mhuineacháin:

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Earraí agus Seirbhísí | 16,390,737 | 15,441,827 |
| Deontais agus Fóirdheontais | 53,376,161 | 46,767,176 |
| Ranníocaíochtaí Eile | 574,329 | 296,708 |
| Rátaí | 15,252,819 | 14,651,949 |
| Cáin Mhaoine Áitiúil | 13,225,238 | 11,692,672 |

Seo a leanas an ghníomhaíocht ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais le haghaidh 2024:

Tharla róchaiteachas i ngach Rannóg cé is moite de Rannóg C. Beidh gá le faomhadh na gcomhaltaí trí rún de réir fhorálacha an Achta Rialtais Áitiúil, 2001 mar gheall ar an róchaiteachas sin. Cuirfear tuarascáil ar an róchaiteachas agus Aistrithe chuig Cúlchistí i láthair ag Cruinniú na Comhairle i mí na Bealtaine 2025.

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Ioncam | 98,819,274 | 88,850,331 |
| Caiteachas | 94,760,563 | 85,076,159 |
| Aistrithe chuig Caipiteal | (4,298,646) | (3,647,846) |
| Barrachas /(Easnamh) le haghaidh | (239,934) | 126,327 |
| Cúlchiste Ioncaim Tosaigh | 531,313 | 404,993 |
| Cúlchiste Ioncaim Deiridh | 291,378 | 531,320 |

Ba é an barrachas ioncaim tosaigh do Chomhairle Contae Mhuineacháin ar an 1 Eanáir 2024 €531,313. Thaifead an Chomhairle easnamh €239,934 don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2024 a raibh barrachas carnach laghdaithe €291,378 mar thoradh air.

Léiríonn an *Ráiteas ar Staid Airgeadais (Clár Comhardaithe)* gníomhaíocht airgeadais iomlán na comhairle don bhliain mar aon le figiúirí na bliana comparáidí de réir mar is cuí.

Cuimsíonn an ráiteas sócmhainní agus dliteanais mar seo a leanas:

- Sócmhainní a tógadh/a ceannaíodh le déanaí agus sócmhainní stairiúla araon
- Obair ar siúl agus réamhscéimeanna - bóithre agus tithíocht den chuid is mó
- Féichiúnaithe Fadtéarmacha - iasachtaí tithíochta
- Sócmhainní Reatha - lena n-áirítear Stoc, Féichiúnaithe, Airgead Tirim sa bhanc
- Dliteanais reatha agus fadtéarmacha - iasachtaí morgáiste agus iasachtaí neamh-mhorgáiste
- Cúlchistí/Iarmhéideanna Éagsúla

Is ionann Glansócmhainní Chomhairle Contae Mhuineacháin ag deireadh 2024 agus €1,567,921,871 agus is iad seo a leanas iad:

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Sócmhainní Seasta | 1,559,808,626 | 1,512,446,439 |
| Oibreacha ar Siúl | 14,021,259 | 34,123,973 |
| Féichiúnaithe Fadtéarmacha | 29,237,526 | 27,817,403 |
| Sócmhainní Reatha | 17,106,856 | 14,922,447 |
| Dliteanais Reatha | (11,270,958) | (13,472,716) |
| Glansócmhainní Reatha / (Dliteanais) | 5,835,898 | 1,449,731 |
| Creidiúnaithe (Méideanna is mó ná 1 bhliain) | (40,981,437) | (39,502,593) |
| Glansócmhainní/(Dliteanais) | 1,567,921,871 | 1,536,334,953 |

Tugadh isteach *Ráiteas ar Shreabhadh Cistí* mar chuid de AFS 2011. Bíodh is gur leanadh treoir Chaighdeán Idirnáisiúnta Cuntasaíochta 7 Ráiteas ar Shreafaí Airgid, tá gnó na n-údarás áitiúil an-éagsúil le formhór na n-eagraíochtaí san earnáil phríobháideach agus dá bhrí sin comhaontaíodh roinnt mionathruithe ar an bhformáid chun a chinntiú go bhfuil na sonraí a thaispeántar fiúntach agus úsáideach laistigh d'earnáil an rialtais áitiúil.

**Córas um Rialuithe Inmheánacha Airgeadais**
Mar Phríomhfheidhmeannach ar Chomhairle Contae Mhuineacháin, admhaím an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann Comhairle Contae Mhuineacháin córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais a chothabháil agus a oibriú. Feidhmítear an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil do Chomhairle Contae Mhuineacháin. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras de rialú inmheánach airgeadais ach dearbhú réasúnta seachas dearbhú iomlán a thabhairt go ndéantar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó a bhrath in am trátha. Is próiseas leanúnach é córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus coinnítear athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

**Timpeallacht um rialú airgeadais**
Mar PF Chomhairle Contae Mhuineacháin, deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe airgeadais ina bhfuil na gnéithe seo a leanas i bhfeidhm:
- Sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta mar aon le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Bunaíodh socruithe don tuairisciú ag gach leibhéal mar ar leithdháileadh freagracht as bainistiú airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha ar rialú a thuairisciú agus chun gníomh ceartaitheach iomchuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann a dhéanann, mar chuid dá chlár oibre, athbhreithniú rialta ar an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Tá nósanna imeachta maidir le gach príomhphróiseas gnó doiciméadaithe.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

Rialuithe Riaracháin agus Tuairisciú Bainistíochta
Mar PF Chomhairle Contae Mhuineacháin, deimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithscaradh dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe:
- tá nósanna imeachta maidir leis na príomhphróisis ghnó doiciméadaithe.
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- tá córais i bhfeidhm chun sócmhainní an údaráis áitiúil a chosaint agus
- tá treoirlínte cuí maidir le rialú infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail i bhfeidhm.

**Comhlíontacht soláthair**

Cinntíonn Comhairle Contae Mhuineacháin go bhfuil fócas cuí agus leanúnach ar dhea-chleachtas i dtairiscint agus i gceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte soláthair ábhartha go léir.

**Iniúchadh Inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta**
I mo cháil mar Phríomhfheidhmeannach, is féidir liom a dheimhniú go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag Comhairle Contae Mhuineacháin le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairt scríofa. Tá a cuid oibre bunaithe ar anailís ar na rioscaí airgeadais a nochtar do Chomhairle Contae Mhuineacháin agus tá a pleananna iniúchóireachta inmheánaí bliantúla bunaithe ar an anailís seo. Táim sásta go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go ndéantar obair leantach ar thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

Is féidir liom a dheimhniú go bhfuil coiste iniúchóireachta éifeachtach ag Comhairle Contae Mhuineacháin a dhéanann athbhreithniú éifeachtachta bliantúil ar a gcuid gníomhaíochtaí. Is féidir liom a dheimhniú freisin go bhfuil Coiste Iniúchóireachta i bhfeidhm de réir cheanglais Alt 122 den Acht Rialtais Áitiúil, 2001 (arna leasú).

Is iad seo a leanas feidhmeanna reachtúla na gcoistí iniúchóireachta mar atá leagtha amach in alt 59 agus 60 den Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014:

I. athbhreithniú a dhéanamh ar chleachtais agus ar nósanna imeachta tuairiscithe airgeadais agus buiséadacha laistigh den údarás áitiúil a bhunaigh é;

II. forbairt dea-chleachtais a chothú i bhfeidhmiú a fheidhme iniúchóireachta inmheánaí ag an údarás áitiúil;

III. athbhreithniú a dhéanamh ar aon ráiteas airgeadais iniúchta, ar thuarascáil iniúchóra nó ar thuarascáil speisialta iniúchóra i ndáil leis an údarás áitiúil agus measúnú a dhéanamh ar aon ghníomhartha a rinne a phríomhfheidhmeannach laistigh den údarás sin mar fhreagairt ar ráiteas nó tuarascáil den sórt sin agus tuairisc a thabhairt don údarás sin ar a thorthaí;

IV. éifeachtúlacht agus luach ar airgead a mheasúnú agus a chur chun cinn maidir le comhlíonadh a fheidhmeanna ag an údarás áitiúil; agus

V. athbhreithniú a dhéanamh ar chórais a oibríonn an t-údarás áitiúil chun rioscaí a bhainistiú.

Aithním go bhfuil ról ríthábhachtach ag an gcoiste iniúchóireachta i gcreat rialachais na n-údarás áitiúil, go háirithe i gcomhthéacs cuntasacht mhéadaithe na hearnála poiblí. Tá ról neamhspleách acu maidir le comhairle a chur ar an gComhairle maidir le próisis tuairiscithe airgeadais, rialú inmheánach, bainistíocht riosca agus cúrsaí iniúchóireachta mar chuid den athbhreithniú córasach ar thimpeallacht rialaithe agus nósanna imeachta rialachais an údaráis áitiúil.

Admhaím ról an Choiste Iniúchóireachta sa phróiseas bainistíochta riosca agus san athbhreithniú leanúnach ar an timpeallacht rialaithe agus nósanna imeachta rialachais i gComhairle Contae Mhuineacháin.

**Creat riosca agus rialaithe**
Tá córas bainistithe riosca curtha i bhfeidhm ag Comhairle Contae Mhuineacháin, ar córas é a aithníonn príomhrioscaí agus a dhéanann iad a thuairisciú chomh maith leis na gníomhaíochtaí bainistíochta atá á nglacadh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus chun iad a mhaolú a oiread agus is féidir.


Tá clár riosca corparáideach i bhfeidhm a shainaithníonn na príomhrioscaí agus a dhéanann meastóireacht agus grádú orthu de réir a dtábhacht. Déanann an Fhoireann Bainistíochta an clár a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn rialta. Tá clár riosca i bhfeidhm freisin do gach rannóg seirbhíse agus déantar iad seo a athbhreithniú agus a nuashonrú ar bhonn rialta freisin.

Baintear leas as torthaí na measúnachtaí sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú chuig leibhéal inghlactha. Sonraítear sa chlár rioscaí na rialuithe agus na gníomhartha is gá chun rioscaí a mhaolú agus sanntar na freagrachtaí as oibriú na rialuithe do bhaill foirne áirithe.

Mar Phríomhfheidhmeannach, deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh aitheanta a thuairisciú.

Cuirfear an Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais san áireamh sa dréacht-Thuarascáil Bhliantúil a chuirfear faoi bhráid chomhaltaí na Comhairle faoin 30 Aibreán 2025 agus a chuirfear san áireamh ina dhiaidh sin sa Tuarascáil Bhliantúil fhoilsithe arna hullmhú agus arna glacadh ag an gComhairle faoin 30 Meitheamh 2025.

Sínithe ag: Dátaithe:



_____________________ 18 Márta 2025

**Príomhfheidhmeannach**

# Aguisín III Ráiteas Rialachais

**Ráiteas Rialachais**

**Aidhm**

Is é is aidhm don ráiteas rialachais seo faisnéis ábhartha a thabhairt maidir leis na struchtúir rialachais agus na socruithe rialachais laistigh den údarás áitiúil, lena n-áirítear ar an gcomhairle, na coistí, an bhainistíocht shinsearach agus réimsí gaolmhara. Léiríonn sé ár dtiomantas don rialachas éifeachtach, ag aithint príomhcheanglais reachtúla agus dea-rialachais agus deimhnítear leis go bhfuil an Chomhairle ag comhlíonadh oibleagáidí an Rialtais Áitiúil i dtaca leis an gCód Rialachais.

**Dea-Rialachas**

Go bunúsach, baineann dea-rialachas in earnáil an údaráis áitiúil agus san earnáil phoiblí i gcoitinne le tosaíochtaí a sheachadadh, cuspóirí a bhaint amach, tú féin a iompar le hionracas agus a bheith ag gníomhú ar mhaithe le leas an phobail, ar bhealaí atá comhsheasmhach le hoibleagáidí dlíthiúla, rialála agus beartais rialtais. Tagraíonn Rialachas don chreat rialacha, caidreamh, córas agus próiseas faoina ndéantar an t-údarás áitiúil a stiúradh, a rialú agus a dhéanamh freagrach agus ina ndéantar údarás laistigh d'eagraíocht a fheidhmiú agus a choinneáil ar bun. Cuimsítear leis údarás, cuntasacht, maoirseacht agus ceannaireacht, treoir agus rialú.

**Prionsabail an Dea-Rialachais**

**CROÍ-PHRIONSABAL 1** - Ciallaíonn dea-rialachas díriú ar aidhm an údaráis, ar thorthaí lena ndéantar buntáistí eacnamaíocha, pobail agus buntáistí don tsochaí trí chéile a sheachadadh agus lena ndéantar fís a chur i bhfeidhm don údarás áitiúil.

**CROÍ-PHRIONSABAL 2** - Ciallaíonn dea-rialachas luachanna na seirbhíse poiblí a chur chun cinn agus a léiriú trí sheasamh le caighdeáin arda iompair agus iompraíochta.

**CROÍ-PHRIONSABAL 3** - Ciallaíonn dea-rialachas comhaltaí agus oifigigh ag oibriú le chéile chun aidhm choiteann a bhaint amach faoi chuimsiú feidhmeanna agus róil atá sainithe go soiléir.

**CROÍ-PHRIONSABAL 4** - Ciallaíonn dea-rialachas acmhainn na heagraíochta agus cumas agus inniúlachtaí ceannaireachta na gcomhaltaí agus na n-oifigeach a fhorbairt chun feidhmiú go héifeachtach agus chun aidhm na heagraíochta a chomhlíonadh.

**CROÍ-PHRIONSABAL 5** - Ciallaíonn dea-rialachas cinntí stuama agus trédhearcacha a ghlacadh agus rioscaí agus feidhmíocht a bhainistiú.

**CROÍ-PHRIONSABAL 6** - Ciallaíonn dea-rialachas a bheith ag obair go hoscailte agus go cuimsitheach le muintir na háite, le saoránaigh agus le páirtithe leasmhara eile chun cuntasacht phoiblí láidir a chinntiú.

**CROÍ-PHRIONSABAL 7** - Ciallaíonn dea-rialachas a bheith ag rannchuidiú le forbairt agus le baint amach na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe ach na tosaíochtaí agus na gníomhaíochtaí laistigh den Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide agus forálacha an Achta Aeráide a bhaint amach.

**Ár dTiomantas don Dea-Rialachas**

Mar Chathaoirleach agus Príomhfheidhmeannach na comhairle, agus thar ceann na gcomhaltaí tofa, na bainistíochta agus na foirne, deimhnímid na rudaí seo a leanas;

1. Ghlacamar leis na prionsabail rialachais mar bhunchloch agus mar fhealsúnacht faoin gcaoi a n-oibrímid mar chomhlacht rialaithe agus mar fheidhmeannach.
2. Glacadh le Cód Rialachais an Rialtais Áitiúil agus rinneadh athbhreithniú agus measúnú ar a mhéid atá an Chomhairle ag comhlíonadh an Chóid.
3. Cuireann an Príomhfheidhmeannach an Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais chuig na Comhaltaí Tofa agus chuig an gCoiste Iniúchóireachta. Déanann an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú ar an SIFC agus tugann sé dearbhú do na Comhaltaí Tofa ar bhonn bliantúil. Tá sásraí ar fáil don Choiste Iniúchóireachta chun fógra a thabhairt do na Comhaltaí Tofa maidir le haon saincheisteanna a thagann chun cinn lasmuigh den ghnáth-thuairisciú bliantúil.
4. Tugtar aitheantas do chomhlíonadh oibleagáidí dlíthiúla agus rialála agus cloítear leo.
5. Tá soiléireacht maidir le róil agus freagrachtaí bunaithe ar fheidhmeanna coimeádta agus feidhmeannacha agus bunaithe ar théarmaí tagartha an choiste.
6. Tá Cóid Iompair agus dearbhuithe eitice i bhfeidhm do chomhaltaí agus d'fhostaithe.
7. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm chun nochtadh cosanta a dhéanamh i gcomhréir le halt 21(1) den Acht um Nochtadh Cosanta, 2014 agus deimhniú gur foilsíodh an tuarascáil bhliantúil a mbíonn gá léi faoi alt 22(1) den Acht.
8. Déanann an Chomhairle agus na Coistí athbhreithniú ar a bhfeidhmíocht féin ar bhonn tréimhsiúil.
9. Chuireamar socruithe maoirseachta rialachais iomchuí i bhfeidhm i dtaca le fochuideachtaí, cuideachtaí comhlachaithe agus gaolmhara.
10. Mar chuid dár dtiomantas do mhaoirseacht agus cuntasacht éifeachtach, d'fhorbraíomar agus leanaimid ag cur feabhais ar ár gcreat dearbhaithe foriomlán ag úsáid foinsí dearbhaithe seachtracha agus inmheánacha chun dea-fheidhmíocht a chinntiú mar chuid dár gcultúr rialachais.

________________________ Dáta: 1 Aibreán 2025

Cathaoirleach/Méara

________________________ Dáta: 1 Aibreán 2025

Príomhfheidhmeannach

Comhairle Contae Mhuineacháin
Monaghan County Council

# Comhairle Contae Mhuineacháin
# Tuarascáil Bhliantúil 2024

# Monaghan County Council
# Annual Report 2024